Uimhir 1 *de* 2024

An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

Uimhir 1 *de* 2024

AN tACHT UM PÓILÍNEACHT, SLÁNDÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT POBAIL, 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú (Ginearálta)
3. Seirbhísí slándála
4. Prionsabail phóilíneachta
5. Aisghairmeacha
6. Caiteachais

CUID 2

An Garda Síochána

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 2)

7. Mínithe (Cuid 2)
8. An Garda Síochána do leanúint ar marthain
9. Feidhm an Gharda Síochána
10. Comhaltaí den Gharda Síochána d'ionchúiseamh cionta

Caibidil 2

An Bord

11. An Bord a bhunú
12. Feidhmeanna an Bhoird
13. Coimisinéir an Gharda do sholáthar faisnéise don Bhord
14. Cuntasacht an Bhoird don Aire

15. Comhaltas an Bhoird

16. Moltaí maidir le daoine a cheapadh ina gcomhaltaí den Bhord

17. Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige comhaltaí den Bhord

18. Neamh-incheapthacht, dícháiliú chun oifig a shealbhú mar chomhalta den Bhord nó de choiste den Bhord nó de choiste iniúchóireachta, scor de chomhaltas, etc.

19. Comhalta den Bhord a chur as oifig

20. Comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig

21. Coistí den Bhord a bhunú

22. Cruinnithe agus nósanna imeachta an Bhoird

23. An Rúnaí don Bhord

24. Feidhmeanna an Rúnaí don Bhord

25. Rúnaíocht, áitreabh agus foireann an Bhoird

Caibidil 3

Coimisinéir an Gharda agus Leas-Choimisinéir den Gharda

26. Coimisinéir an Gharda a cheapadh

27. Leas-Choimisinéir den Gharda a cheapadh

28. Cumhacht Leas-Choimisinéara den Gharda chun feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh

29. Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda d'éirí as oifig

30. Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda a chur ar fionraí ó dhualgas

31. Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda a chur as oifig

32. Fiosrúchán faoi alt 31(3)(a)

Caibidil 4

Feidhmeanna agus dualgais Choimisinéir an Gharda

33. Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda

34. Neamhspleáchas agus cuntasacht Choimisinéir an Gharda

35. Dualgas Choimisinéir an Gharda cuntas a thabhairt don Rialtas agus don Aire agus ábhar a sholáthar don Ard-Aighne

36. Dualgas Choimisinéir an Gharda faisnéis a sholáthar don Aire

37. Treoracha ón Aire

38. Ábhar a sholáthar don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh

39. Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a tharmligean

40. Cumhachtaí Choimisinéir an Gharda i ndáil le conarthaí, cuntais bhainc, etc.

41. Cumhacht Choimisinéir an Gharda chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a cheapadh

42. Socruithe chun tuairimí a fháil ón bpobal

43. Seirbhísí a sholáthar le haghaidh ócáidí áirithe, etc.

Caibidil 5

Pearsanra an Gharda

44. Pearsanra an Gharda

45. Céimeanna, an líon ar gach céim, téarmaí agus coinníollacha

46. Dearbhú sollúnta

47. Daoine a cheapadh chun na céime arb éard í Coimisinéir Cúnta den Gharda nó ardcheannfort

48. Coimisinéir Cúnta den Gharda nó ardcheannfort a chur ar fionraí ó dhualgas, a chur as oifig

49. Fiosrúchán faoi alt 48(3)(a)

50. Daoine a cheapadh chun céimeanna, daoine a chur ar fionraí ó chéimeanna, is ísle céim ná ardcheannfort

51. Comhaltaí is ísle céim ná ardcheannfort a dhífhostú ar chúiseanna ar mhaithe le muinín an phobail

52. Cumhachtaí daoine a cheapfar chun na céime arb éard í garda cúltaca

53. Oiliúnaithe a ligean isteach

54. Comhaltaí d'fhoireann an Gharda a cheapadh

55. Aoisliúntas (Cuid 2)

56. Treorú agus rialú an Gharda Síochána

57. Dualgas comhaltaí de phearsanra an Gharda cuntas a thabhairt

58. Gealltanas ó chomhaltaí d'fhoireann an Gharda

59. Comhlachais ionadaitheacha

60. Cruthúnas ar chomhaltas den Gharda Síochána nó ar chéim nó ar ghrád sa Gharda Síochána

Caibidil 6

Rialachas agus cuntasacht an Gharda Síochána

61. An tÚdarás do cheapadh tosaíochtaí le haghaidh seirbhísí póilíneachta

62. An tAire do chinneadh tosaíochtaí le haghaidh seirbhísí slándála

63. Plean straitéiseach

64. Plean straitéiseach a fhoilsiú agus a chur i ngníomh

65. Plean seirbhíse bliantúil

66. Leasú ar phlean seirbhíse bliantúil tar éis é a cheadú faoi alt 65

67. Plean seirbhíse bliantúil a chur i ngníomh

68. Plean caipitiúil

69. Plean caipitiúil a fhoilsiú agus a chur i ngníomh

70. Tuarascáil bhliantúil

71. Creat rialachais i gcomhair an Gharda Síochána

72. Cuntasacht Choimisinéir an Gharda i leith chuntais an Gharda Síochána

73. Coimisinéir an Gharda do fhreastal os comhair coistí Oireachtais eile

74. An coiste iniúchóireachta

75. Feidhmeanna an choiste iniúchóireachta

76. Forálacha d'fhorlíonadh alt 75

77. Faisnéis staidrimh

Caibidil 7

Cóid eitice, caighdeáin chóirchuibhis, nochtadh neamhúdaraithe faisnéise

78. Cód eitice do chomhaltaí de phearsanra an Gharda

79. Caighdeáin chóirchuibhis, cóid eitice do chomhaltaí den Bhord nó de choiste, do chomhairleoirí nó do shainchomhairleoirí, etc.

80. Rúndacht faisnéise áirithe (Cuid 2)

Caibidil 8

Fiosrúcháin speisialta a bhaineann le riaradh, oibriú, cleachtas nó nós imeachta an Gharda Síochána nó le hiompar comhaltaí de phearsanra an Gharda

81. Léiriú (Cuid 2) (Caibidil 8)

82. Fiosrúcháin speisialta a bhaineann le riaradh, oibriú, cleachtas nó nós imeachta an Gharda Síochána nó le hiompar comhaltaí de phearsanra an Gharda

83. Téarmaí tagartha fiosrúchán speisialta

84. Creat ama fiosrúchán speisialta

85. Cumhachtaí duine cheaptha

86. Fiosrúcháin speisialta a sheoladh

87. Rialacha agus nósanna imeachta fiosrúchán speisialta

88. Tuarascálacha ar fhiosrúcháin speisialta

89. Duine ceaptha ionaid a cheapadh

90. Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le fiosrúcháin speisialta faoi Acht 2005

Caibidil 9

Seirbhís agus comhar idirnáisiúnta le seirbhísí póilíneachta, le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí nó le duine iomchuí eile lasmuigh den Stát

91. Léiriú (Cuid 2) (Caibidil 9)

92. Seirbhís idirnáisiúnta

93. Cumhacht chun comhaontuithe a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile, le daoine nó comhlachtaí iomchuí eile lasmuigh den Stát

94. Iasachtú ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann chuig céimeanna áirithe den Gharda Síochána

95. Iasachtú ón nGarda Síochána chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann

96. Sárú ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla ag comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht

97. Sárú ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla ag comhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann atá ar iasacht

Caibidil 10

Cionta arb éard iad míshásamh a chur ar bun, pearsanú

98. Míshásamh a chur ar bun

99. An cion arb éard é comhalta den Gharda Síochána a phearsanú

100. Cionta eile a bhaineann le pearsanú

Caibidil 11

Ilghnéitheach (Cuid 2)

101. Dliteanas i leith gníomhartha áirithe de chuid comhaltaí den Gharda Síochána

102. Cúnamh dlíthiúil do chomhaltaí den Gharda Síochána

CUID 3

Sábháilteacht Pobail

103. Mínithe (Cuid 3)

104. Comhlacht seirbhíse poiblí a shainainmniú

105. Coiste den Rialtas a shainainmniú

106. Straitéis náisiúnta chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú

107. An Grúpa Stiúrtha

108. An Oifig Náisiúnta

109. Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta

110. An Stiúrthóir do fhreastal os comhair coistí Oireachtais

111. Foireann na hOifige Náisiúnta

112. Aoisliúntas (Cuid 3)

113. Seirbhísí a sholáthar don Oifig Náisiúnta

114. Rialacháin maidir le comhpháirtíochtaí sábháilteachta

115. Rialacháin maidir le fóraim chomharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail

116. Feidhmeanna comhpháirtíochtaí sábháilteachta

117. Foireann do chomhpháirtíochtaí sábháilteachta

118. Dualgais comhlachtaí seirbhíse poiblí

CUID 4

AN tÚDARÁS

CAIBIDIL 1

Mínithe (Cuid 4)

119. Mínithe (Cuid 4)

CAIBIDIL 2

An tÚdarás

120. Lá bunaithe an Údaráis

121. An tÚdarás a bhunú

122. Cuspóir, feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis

123. Comhaltas an Údaráis

124. Moltaí maidir le gnáthchomhaltaí den Údarás a cheapadh

125. Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige comhaltaí den Údarás

126. Neamh-incheapthacht, dícháiliú chun oifig a shealbhú mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás, scor de chomhaltas, etc.

127. Comhalta den Údarás a chur as oifig

128. Coistí den Údarás

129. Príomhfheidhmeannach an Údaráis a cheapadh

130. Cruinnithe agus gnó an Údaráis

131. Foireann an Údaráis

132. Cumhacht an Údaráis chun conarthaí a dhéanamh agus chun sainchomhairleoirí, comhairleoirí agus oifigigh phóilíneachta a fhruiliú

133. Dualgas Choimisinéir an Gharda éascaíocht a dhéanamh don Údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh

134. Dualgas an Stiúrthóra cabhrú leis an Údarás

135. Feidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 maidir leis an Údarás

CAIBIDIL 3

Rialachas agus cuntasacht an Údaráis

136. Creat rialachais don Údarás

137. Ráiteas straitéise don Údarás

138. Tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha eile don Aire

139. Caighdeáin chóirchuibhis, cóid eitice do chomhaltaí den Údarás nó de choiste den Údarás, do chomhairleoirí nó do shainchomhairleoirí, etc.

140. Cuntasacht i leith chuntais an Údaráis

141. Príomhfheidhmeannach an Údaráis do fhreastal os comhair coistí Oireachtais eile

Caibidil 4

Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Údarás

142. Cigirí seirbhísí póilíneachta

143. Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Údarás

144. Comhlacht iniúchta forordaithe

145. Iniúchtaí comhpháirteacha

146. Plean iniúchta

147. Cumhachtaí cigire seirbhísí póilíneachta

148. Meabhrán tuisceana

149. Tuarascálacha ar iniúchtaí arna ngabháil de láimh ag an Údarás ar a thionscnamh féin

150. Tuarascálacha ar iniúchtaí arna ngabháil de láimh ar iarraidh a fháil ón Aire

151. Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar bhearta i ndáil le moltaí i dtuarascálacha iniúchta

Caibidil 5

Nochtadh neamhúdaraithe faisnéise

152. Rúndacht faisnéise a bhaineann le hiniúchadh

153. Rúndacht faisnéise áirithe (Cuid 4)

Caibidil 6

An tÚdarás Póilíneachta a dhíscaoileadh

154. An tÚdarás Póilíneachta a dhíscaoileadh

155. Foireann an Údaráis Póilíneachta a aistriú

156. Maoin an Údaráis Póilíneachta a aistriú

157. Cearta agus dliteanais a aistriú, agus léasanna, ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag an Údarás Póilíneachta do leanúint i bhfeidhm

158. Conarthaí arna ndéanamh ag an Údarás Póilíneachta a choimeád ar marthain

159. Taifid an Údaráis Póilíneachta

160. Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an Údarás Póilíneachta

161. Dliteanas i leith caillteanas ar thaobh an Údaráis Póilíneachta a tharlóidh roimh lá bunaithe an Údaráis

162. Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach an Údaráis Póilíneachta

Caibidil 7

Cigireacht an Gharda Síochána a dhíscaoileadh

163. Cigireacht an Gharda Síochána a dhíscaoileadh

164. Comhalta de Chigireacht an Gharda Síochána a aistriú

165. Conarthaí arna ndéanamh ag Cigireacht an Gharda Síochána a choimeád ar marthain

166. Taifid Chigireacht an Gharda Síochána

167. Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le Cigireacht an Gharda Síochána

168. Dliteanas i leith caillteanas ar thaobh Chigireacht an Gharda Síochána a tharlóidh roimh lá bunaithe an Údaráis

CUID 5

An tOmbudsman Póilíneachta

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 5)

169. Míniú (Cuid 5)

170. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána do leanúint ar marthain mar Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta

Caibidil 2

Ceapadh agus feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta

171. An tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta a cheapadh

172. Dífheidhmiú alt 171(4) in imthosca eisceachtúla

173. Cuspóirí, feidhmeanna agus cumhachtaí an Ombudsman Póilíneachta

174. Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige an Ombudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta

175. Cumhacht an Leas-Ombudsman Póilíneachta chun feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a chomhlíonadh

176. Oifigigh don Ombudsman Póilíneachta

177. Oifigigh shainainmnithe agus oifigigh shainainmnithe shinsearacha

178. Príomh-oifigeach feidhmiúcháin an Ombudsman Póilíneachta a cheapadh

179. Feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a tharmligean

180. Cumhacht an Ombudsman Póilíneachta chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a fhruiliú agus chun conarthaí a dhéanamh

181. Cúnamh speisialta

182. Cumhacht an Ombudsman Póilíneachta chun comhaontuithe a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí nó le daoine nó comhlachtaí iomchuí eile lasmuigh den Stát

Caibidil 3

Rialachas agus cuntasacht an Ombudsman Póilíneachta

183. Creat rialachais Oifig an Ombudsman Póilíneachta

184. Ráiteas straitéise Oifig an Ombudsman Póilíneachta

185. Tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha speisialta ón Ombudsman Póilíneachta

186. Caighdeáin chóirchuibhis, cóid eitice don Ombudsman Póilíneachta, don Leas-Ombudsman Póilíneachta, d'oifigigh don Ombudsman Póilíneachta, do chomhairleoirí nó do shainchomhairleoirí, etc.

187. Cuntasacht i leith chuntais Oifig an Ombudsman Póilíneachta

188. Duine iomchuí do fhreastal os comhair coistí Oireachtais eile

189. Díolúine agus slánú

Caibidil 4

Ilghnéitheach (Cuid 5)

190. Pribhléid shrianta i leith ráitis agus foilseacháin áirithe

191. Rúndacht faisnéise a gheobhaidh an tOmbudsman Póilíneachta

192. Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

CUID 6

Gearáin, Imscrúduithe agus nithe eile

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 6)

193. Léiriú (Cuid 6)

194. Feidhm na Coda seo

Caibidil 2

Gearáin, imscrúduithe agus nithe eile

195. Gearáin ó dhaoine den phobal

196. Gearáin a dhéanamh, a thaifeadadh, etc.

197. Teorainneacha ama chun gearáin a dhéanamh

198. Inghlacthacht gearán a chinneadh

199. Gearáin inghlactha

200. Catagóirí gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána

201. Socruithe a bhunú chun gearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a láimhseáil

202. Feidhm socruithe chun gearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a láimhseáil

203. Ní a bhaineann le bás duine nó le díobháil thromchúiseach do dhuine

204. Fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta i dtaobh teagmhas is ábhar imní

205. Nithe a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail

206. Nochtaí cosanta a bhaineann leis an nGarda Síochána

207. An tOmbudsman Póilíneachta do dhéanamh imscrúdú ar nithe a bhaineann le Coimisinéir an Gharda

208. Imscrúduithe

209. Cumhachtaí atá comhionann le comhalta den Gharda Síochána nuair atá imscrúdú á ghabháil de láimh

210. Cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána

211.Cumhachtaí breise chun imscrúduithe a ghabháil de láimh

212. Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid

213. Cumhacht chun imscrúdú a scor

214. Tarchur arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

215. Tarchuir eile arna ndéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta tar éis imscrúdú

216. An dualgas daoine áirithe a choimeád ar an eolas

217. Coimisinéir an Gharda do sholáthar faisnéise agus doiciméad don Ombudsman Póilíneachta

218. Oifigigh shainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta do chomhlíonadh feidhmeanna faoi na hAchtanna Cróinéirí, 1962 go 2020

Caibidil 3

Ilghnéitheach (Cuid 6)

219. An dualgas fianaise a chaomhnú

220. Dualgas comhaltaí de phearsanra an Gharda cuntas a thabhairt d'oifigeach sainainmnithe

221. Fadú leis an teorainn ama chun imeachtaí achoimre i leith cionta a thionscnamh

222. Féadfaidh an gníomh nó an neamhghníomh céanna a bheith ina bhonn le gearán nó le cúiseamh

223. Prótacail

224. Athbhreithniú ag an Ombudsman Póilíneachta

225. Fiosrúchán breithiúnach i dtaobh iompar an Ombudsman Póilíneachta, iompar an Leas-Ombudsman Póilíneachta agus i dtaobh bheartais, chleachtais nó nósanna imeachta Oifig an Ombudsman Póilíneachta

226. An cion arb éard é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar

227. Dlínse chun cionta faoin gCuid seo a imscrúdú

228. Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le gearáin, le himscrúduithe agus le nithe eile faoi Acht 2005

CUID 7

An Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 7)

229. Mínithe (Cuid 7)

230. Reachtaíocht slándála a shonrú

Caibidil 2

An oifig a bhunú

231. Lá bunaithe na hoifige

232. An oifig a bhunú

Caibidil 3

An Scrúdaitheoir Neamhspleách

233. An Scrúdaitheoir Neamhspleách a cheapadh

234. Cuspóirí, feidhmeanna agus cumhachtaí an Scrúdaitheora Neamhspleách

235. Téarmaí agus coinníollacha ceapacháin an Scrúdaitheora Neamhspleách

236. Cumhacht an Taoisigh duine a shainainmniú chun feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách a chomhlíonadh

237. Neamh-incheapthacht agus dícháiliú chun oifig a shealbhú mar Scrúdaitheoir Neamhspleách

238. An Scrúdaitheoir Neamhspleách d'éirí as oifig

239. An Scrúdaitheoir Neamhspleách a chur as oifig

240. Seirbhísí agus foireann a sholáthar don Scrúdaitheoir Neamhspleách

241. Cumhacht an Scrúdaitheora Neamhspleách chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a cheapadh agus chun conarthaí a dhéanamh

242. Cumhachtaí breise an Scrúdaitheora Neamhspleách

243. Athbhreithnithe agus moltaí ón Scrúdaitheoir Neamhspleách

Caibidil 4

Tuairisciú

244. Tuarascáil bhliantúil an Scrúdaitheora Neamhspleách

245. Tuarascálacha speisialta ón Scrúdaitheoir Neamhspleách

246. Tuarascáil ón Scrúdaitheoir Neamhspleách ar éifeachtacht na hoifige agus ar éifeachtacht feidhmeanna

247. An Scrúdaitheoir Neamhspleách d'fhoilsiú tuarascálacha

248. Freagra ón Taoiseach ar thuarascálacha ón Scrúdaitheoir Neamhspleách

249. Faisnéis íogair

Caibidil 5

Faisnéis

250. Rúndacht faisnéise íogaire (Cuid 7)

251. Slándáil faisnéise

CUID 8

Rialacháin

252. Rialacháin agus orduithe

253. Cumhacht ghinearálta chun rialacháin a dhéanamh

254. Rialacháin a bhaineann le bainistiú an Gharda Síochána

255. Rialacháin a bhaineann le córas tástála le haghaidh drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha a bhunú, a chothabháil agus a oibriú

256. Rialacháin Feidhmíochta

257. Rialacháin Iompair

258. Rialacháin a bhaineann le caighdeáin iompraíochta gairmiúla

259. Rialacháin a bhaineann le táillí ar sheirbhísí grinnfhiosrúcháin a sholáthar

260. Rialacháin i ndáil le nithe a bhaineann le slándáil an Stáit

261. Rialacháin agus orduithe áirithe do leanúint i bhfeidhm

CUID 9

Ilghnéitheach

262. Ciste Luaíochta an Gharda Síochána a dhíscaoileadh

263. Oifigigh shlándála d'fheidhmiú cumhachtaí speisialta

264. Faisnéis a chomhroinnt chun feidhmeanna a chomhlíonadh

CUID 10

Leasuithe ar Achtanna eile den Oireachtas

265. Leasú ar an Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959

266. Leasú ar an Acht Cróinéirí, 1962

267. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980

268. Leasú ar alt 98 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983

269. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984

270. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986

271. Leasú ar an Acht Caidrimh Thionscail, 1990

272. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992

273. Leasú ar alt 18A d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

274. Leasú ar an Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993

275. Leasú ar Sceideal 13 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

276. Leasú ar alt 257C d'Acht na Leanaí, 2001

277. Leasú ar alt 4 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004

278. Leasú ar alt 46 den Acht um Míchumas, 2005

279. Leasú ar alt 38 d'Acht 2005

280. Leasú ar alt 95A den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008

281. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009

282. Leasú ar alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009

283. Leasú ar alt 40A den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010

284. Leasú ar alt 81 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010

285. Leasú ar an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011

286. Leasú ar alt 26 den Acht um Leas Cúnna, 2011

287. Leasú ar alt 6 den Acht um Europol, 2012

288. Leasú ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012

289. Leasú ar alt 55 den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013

290. Leasú ar alt 9 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013

291. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014

292. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

293. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016

294. Leasú ar alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta a bhaineann le Córais Faisnéise), 2017

295. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017

296. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017

297. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018

298. Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta), 2019

299. Leasú ar alt 2 den Acht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise), 2019

300. Leasú ar Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta), 2022

301. Leasú ar Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022

302. Leasú ar Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023

SCEIDEAL 1

Aisghairmeacha

SCEIDEAL 2

Dearbhú sollúnta ó chomhaltaí

SCEIDEAL 3

Téarmaí agus coinníollacha comhaltaí den fhoireann shibhialtach a thagann chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an gharda

SCEIDEAL 4

Cuid 1

An Comhaontú idir rialtas na hÉireann agus rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar póilíneachta, arna dhéanamh i mBéal Feirste an 29 Aibreán 2002

Cuid 2

Leasú ar an gcomhaontú idir rialtas na hÉireann agus rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar póilíneachta

SCEIDEAL 5

Duine a Shealbhaíonn Oifig Bhreithiúnach a Cheapadh ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta

SCEIDEAL 6

Duine a Shealbhaíonn Oifig Bhreithiúnach a Cheapadh ina Scrúdaitheoir Neamhspleách

SCEIDEAL 7

Rialacháin agus Orduithe arna ndéanamh faoi, nó arna gcoimeád i bhfeidhm faoi, Achtacháin a aisghairtear le hAlt 5 nach gcoimeádfar i bhfeidhm faoin Acht seo

Na hAchtanna dá dTagraítear

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005

An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 (Uimh. 15)

An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 (Uimh. 19)

Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)

An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)

Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005

An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004 (Uimh. 23)

An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 (Uimh. 3)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (Uimh. 8)

Na hAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998

An tAcht Cróinéirí, 1962 (Uimh. 9)

Na hAchtanna Cróinéirí, 1962 go 2020

Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 (Uimh. 39)

An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1947 (Uimh. 20)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018 (Uimh. 9)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014 (Uimh. 11)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta), 2019 (Uimh. 27)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú), 2004 (Uimh. 20)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962 (Uimh. 12)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 (Uimh. 6)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008 (Uimh. 7)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta a Bhaineann le Córais Faisnéise), 2017 (Uimh. 11)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Substaintí Sícighníomhacha), 2010 (Uimh. 22)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016 (Uimh. 4)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 (Uimh. 19)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Uimh. 2)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 (Uimh. 28)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984 (Uimh. 22)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007 (Uimh. 29)

An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976 (Uimh. 32)

An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1997 (Uimh. 14)

An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (Uimh. 12)

An tAcht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise), 2019 (Uimh. 51)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018

An tAcht um Míchumas, 2005 (Uimh. 14)

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Uimh. 11)

An tAcht Toghcháin, 1992 (Uimh. 23)

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)

An tAcht um Europol, 2012 (Uimh. 53)

An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14)

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Uimh. 30)

Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34)

Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 (Uimh. 33)

Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta), 2022 (Uimh. 7)

Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 (Uimh. 49)

Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023 (Uimh. 32)

Acht an Ghárda Síochána, 1924 (Uimh. 25)

Acht an Gharda Síochána, 2005 (Uimh. 20)

An tAcht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 (Uimh. 33)

Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (Uimh. 22)

An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Uimh. 19)

An tAcht um Iascach Intíre, 2010 (Uimh. 10)

An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993 (Uimh. 10)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Uimh. 25)

An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 (Uimh. 3)

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Uimh. 65)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)

Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 go 2022

Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005

An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 (Uimh. 21)

An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12)

An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Uimh. 11)

Na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015

An tAcht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017 (Uimh. 26)

An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 (Uimh. 39)

An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Uimh. 23)

An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 (Uimh. 47)

Na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998

An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963 (Uimh. 1)

An tAcht Ombudsman, 1980 (Uimh. 26)

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20)

An tAcht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 (Uimh. 35)

Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 go 2023

An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016 (Uimh. 11)

Petty Sessions (Ireland) Act, *1851* (14 & 15 Vict., c.93)

Acht Có-nasctha na bhFórsaí Póilíneachta, 1925 (Uimh. 7)

An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 (Uimh. 24)

Acht na bPríosún, 2007 (Uimh. 10)

An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 (Uimh. 12)

An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 (Uimh. 22)

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (Uimh. 14)

An Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 (Uimh. 29)

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45)

An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 (Uimh. 33)

An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Uimh. 7)

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2022

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 (Uimh. 25)

An tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001 (Uimh. 18)

An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (Uimh. 31)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014

Na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015

An tAcht um Leas Cúnna, 2011 (Uimh. 29)

Uimhir 1 *de* 2024

AN tACHT UM PÓILÍNEACHT, SLÁNDÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT POBAIL, 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú breise agus feabhsaithe i ndáil leis an nGarda Síochána agus, go háirithe, do neartú rialachas an Gharda Síochána agus do dhéanamh socrú maidir le formhaoirsiú soiléir éifeachtach ar an nGarda Síochána agus maidir le cuntasacht an Gharda Síochána a bheith soiléir éifeachtach; do dhéanamh socrú go mbeidh Bord ag an nGarda Síochána ar a dtabharfar Bord an Gharda Síochána agus do dhéanamh socrú maidir lena fheidhmeanna; do dhéanamh socrú maidir le neamhspleáchas Choimisinéir an Gharda i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna; do dhéanamh socrú maidir le comhaltaí den Gharda Síochána agus comhaltaí d'fhoireann an Gharda a cheapadh; d'fheabhsú sábháilteacht pobal, agus d'fheabhsú na tuisceana ar an tsábháilteacht i bpobail, trí chomhar idir Ranna Stáit agus comhlachtaí seirbhíse poiblí iomchuí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus do dhéanamh socrú maidir le páirteachas pobail ó thaobh coireacht agus dochar a chosc agus, chun na críche sin, do dhéanamh socrú maidir le grúpa a bhunú ar a dtabharfar an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail agus do dhéanamh socrú maidir lena fheidhmeanna; do dhéanamh socrú maidir le comhlacht a bhunú ar a dtabharfar an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail agus do dhéanamh socrú maidir lena feidhmeanna; do dhéanamh socrú maidir le comhpháirtíochtaí áitiúla um shábháilteacht pobail; do dhéanamh socrú maidir le comhlacht a bhunú ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus do dhéanamh socrú maidir lena fheidhmeanna; do dhéanamh socrú maidir le hainm an chomhlachta ar a dtugtar Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nó, sa Bhéarla, *the Garda Síochána Ombudsman Commission*, a athrú ionas go ndéanfar Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta a thabhairt air agus do leasú agus do leathnú fheidhmeanna an chomhlachta sin; do dhéanamh socrú maidir leis an Ombudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta nó, sa Bhéarla, *the Police Ombudsman* agus *the Deputy Police Ombudsman*, faoi seach, a cheapadh; do dhéanamh socrú maidir le comhlacht a bhunú ar a dtabharfar Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála agus do dhéanamh socrú maidir lena feidhmeanna; do dhéanamh socrú maidir le duine a cheapadh mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála nó, sa Bhéarla, *the Independent Examiner of Security Legislation*; do

dhéanamh socrú maidir le hAcht an Gharda Síochána, 2005 a aisghairm; do leasú achtacháin áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[7 *Feabhra* 2024]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú (Ginearálta)

2. (1) San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1963" an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963;

ciallaíonn "Acht 1975" An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975;

ciallaíonn "Acht 2004", seachas in *alt 263*, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004;

ciallaíonn "Acht 2005" Acht an Gharda Síochána, 2005;

ciallaíonn "Acht 2014", seachas in *alt 38* agus i *gCuid 6*, Acht na gCuideachtaí, 2014;

ciallaíonn "i mbaol" i ndáil le pearsa aonair, pearsa aonair (lena n-áirítear pearsa aonair atá faoi bhun 18 mbliana d'aois) atá i mbaol díobhála, ag pointe áirithe aimsire, agus óna dteastaíonn cúnamh, mar gheall ar shainghnéithe pearsanta nó imthosca pearsanta na pearsan aonair sin, chun é féin nó í féin a chosaint ar an díobháil sin an tráth sin;

tá le "Údarás" an bhrí a shanntar dó le *halt 121(1)*;

tá le "Bord" an bhrí a shanntar dó le *halt 11*;

tá le "príomhfheidhmeannach an Údaráis" an bhrí a shanntar dó le *halt 129(1)*;

ciallaíonn "an Coiste um Chuntais Phoiblí" an coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi rialacha Dháil Éireann agus faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna;

ciallaíonn "cuideachta"—

(a) cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht 2014, nó

(b) cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin;

ciallaíonn "gearán" gearán (cibé acu ó bhéal, i scríbhinn nó leictreonach) arna dhéanamh faoi *alt 196(1)*;

ciallaíonn "cód iompair", i ndáil le comhalta d'fhoireann an Gharda, an cód iompair faoina bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda aghaidh a thabhairt ar mhí-iompar an chomhalta;

ciallaíonn "imeachtaí iompair"—

(a) i ndáil le comhalta den Gharda Síochána, bearta a dhéanamh i ndáil leis an gcomhalta faoi na Rialacháin Iompair, agus

(b) i ndáil le comhalta d'fhoireann an Gharda, bearta a dhéanamh de réir an chóid iompair;

tá le "Rialacháin Iompair" an bhrí a shanntar dó le *halt 257(1)*;

tá le "druga rialaithe" an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977;

ciallaíonn "an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí" Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016[1] maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí);

ciallaíonn "oifigeach sainainmnithe" duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 177(1)* chun bheith ina oifigeach sainainmnithe nó ina hoifigeach sainainmnithe chun críoch aon cheann d'fhorálacha *Chuid 6*;

tá le "Stiúrthóir" an bhrí a shanntar dó le *halt 109(1)*;

ciallaíonn "doiciméad" aon ní ina dtaifeadtar faisnéis d'aon tuairisc, lena n-áirítear aon doiciméad leictreonach nó doiciméad a ghintear go huathoibríoch agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—

(a) aon ní ar a bhfuil scríbhneoireacht,

(b) léarscáil, plean, graf, líníocht nó grianghraf,

(c) diosca, téip, fuaimrian, scannán, micreascannán, claonchló nó feiste eile ónar féidir fuaimeanna, íomhánna nó sonraí eile a atáirgeadh le cúnamh nó gan cúnamh trealaimh eile, agus

(d) atáirgeadh (lena n-áirítear méadú) i mbuanfhoirm inléite, le ríomhaire nó ar mhodh eile, ar fhaisnéis atá i bhfoirm neamh-inléite;

tá le "achtachán", seachas in *alt 209*, an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005;

ciallaíonn "Coimisinéir an Gharda", seachas i *gCuid 6*, Coimisinéir an Gharda Síochána;

1 IO Uimh. L119, 4.5.2016, lch. 1

tá le "Scrúdaitheoir Neamhspleách" an bhrí a shanntar dó le *halt 232(2)*;

folaíonn "faisnéis" aon léiriú ar fhíoras, cibé acu i bhfocail nó i bhfoirm eile;

folaíonn "faisnéis atá i bhfoirm neamh-inléite" faisnéis atá ar mhicreascannán, ar mhicrifís, ar théip mhaighnéadach nó ar dhiosca maighnéadach;

tá le "údarás áitiúil" an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn "comhalta", i ndáil leis an nGarda Síochána, comhalta d'aon chéim (lena n-áirítear Coimisinéir an Gharda) atá ceaptha, nó a mheastar a bheith ceaptha, faoi *Chuid 2*, faoi achtachán a aisghairtear leis an Acht seo nó faoi achtachán a aisghairtear le hAcht 2005, ach ní fholaíonn sé comhalta d'fhoireann an Gharda;

ciallaíonn "comhalta d'fhoireann an Gharda"—

(a) duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 54*, nó

(b) duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú le hordú ón Aire faoi *alt 54(5)*;

tá le "comhaltaí de phearsanra an Gharda", seachas i *gCuid 6*, an bhrí a shanntar dó le *halt 44*;

ciallaíonn "Aire" an tAire Dlí agus Cirt;

tá le "Oifig Náisiúnta" an bhrí a shanntar dó le *halt 108(2)*;

tá le "straitéis náisiúnta" an bhrí a shanntar dó le *halt 106(1)* agus folaíonn sé straitéis arna hathleasú de réir *fho-alt (7)* den alt sin;

ciallaíonn "Oifig an Ombudsman Póilíneachta" an comhlacht arna bhunú faoi alt 64 d'Acht 2005 agus arna choimeád ar marthain le *halt 170(1*);

tá le "oifigeach don Ombudsman Póilíneachta" an bhrí a shanntar dó le *halt 176(1)*;

ciallaíonn "coiste Oireachtais"—

(a) coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar (seachas an Coiste um Chuntais Phoiblí, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann), nó

(b) fochoiste de choiste a shonraítear i *mír (a)*;

tá le "Rialacháin Feidhmíochta" an bhrí a shanntar dó le *halt 256(1)*;

déanfar "prionsabail phóilíneachta" a fhorléiriú de réir *alt 4*;

tá le "tosaíochtaí póilíneachta" an bhrí a shanntar dó le *halt 61(1)*;

ní fholaíonn "seirbhísí póilíneachta" seirbhísí slándála;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin;

tá le "nochtadh cosanta" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014;

tá le "substaint shícighníomhach" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Cheartas Coiriúil (Substaintí Sícighníomhacha), 2010;

ciallaíonn "comhlacht poiblí"—

(a) Aire den Rialtas,

(b) údarás áitiúil,

(c) comhlacht (seachas cuideachta) arna bhunú le hachtachán nó faoi achtachán, nó

(d) cuideachta arna bunú de bhun cumhacht a thugtar le hachtachán nó faoi achtachán, agus atá á maoiniú go hiomlán nó go páirteach—

(i) le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas, nó

(ii) le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas;

tá le "áit phoiblí" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;

ciallaíonn "rialacháin", seachas in *alt 261*, rialacháin arna ndéanamh nó arna gcoimeád i bhfeidhm faoin Acht seo;

ciallaíonn "sampla" sampla d'aon cheann de na nithe seo a leanas a bheidh tógtha, nó le tógáil, ó dhuine:

(a) fual;

(b) gruaig, seachas gruaig phúbasach;

(c) leacht béil, lena n-áirítear seile;

(d) fuil;

tá le "tosaíochtaí slándála" an bhrí a shanntar dó le *halt 62(1)(a);*

déanfar "seirbhísí slándála", seachas i *gCuid 7*, a fhorléiriú de réir *alt 3*;

ciallaíonn "oifigeach sainainmnithe sinsearach" oifigeach sainainmnithe arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 177(2)* chun bheith ina oifigeach sainainmnithe sinsearach nó ina hoifigeach sainainmnithe sinsearach chun críoch aon cheann d'fhorálacha *Chuid 6*;

ciallaíonn "comhalta sinsearach d'fhoireann an Gharda" seachas in *alt 57*, comhalta d'fhoireann an Gharda atá ar ghrád, atá comhionann leis an ngrád, nó is airde ná an grád, atá comhionann leis an gcéim arb éard í ardcheannfort;

ciallaíonn "Seirbhís" an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;

tá le "caighdeáin iompraíochta gairmiúla" an bhrí a shanntar dó le *halt 258(1)*;

tá le "Grúpa Stiúrtha" an bhrí a shanntar dó le *halt 107(1)*;

tá le "oiliúnaí" an bhrí a shanntar dó le *halt 53(1)*;

ciallaíonn "soghonta", i ndáil le pearsa aonair, pearsa aonair—

(a) atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó

(b) a bhfuil a chumas nó a cumas cúram a ghlacadh in aghaidh díobháil ó phearsa aonair eile lagaithe go suntasach de dheasca na nithe seo a leanas—

(i) míchumas coirp, breoiteacht nó díobháil,

(ii) neamhord aigne, cibé acu de thoradh tinneas meabhrach nó néaltrú, nó

(iii) míchumas intleachtúil.

(2) Sula dtiocfaidh ordú arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 54(5)* i ngníomh, maidir le tagairt san Acht seo—

(a) do chomhalta d'fhoireann an Gharda, seachas i *bhfo-ailt (3)* agus *(4)(a) d'alt 54* agus in *ailt 58* agus *258(3)*,

(b) do chomhalta de phearsanra an Gharda, seachas in *alt 258(1)*, agus

(c) do chomhalta sinsearach d'fhoireann an Gharda,

forléireofar í mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhuine ba chomhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána (de réir bhrí alt 19 d'Acht 2005) díreach roimh theacht i ngníomh *d'alt 54*.

(3) Maidir le tagairt san Acht seo—

(a) do na tosaíochtaí póilíneachta, déanfar í, más féidir é sa chomhthéacs, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do na tosaíochtaí a bhaineann le seirbhísí póilíneachta arna gcinneadh ag an Údarás Póilíneachta (de réir bhrí *Chuid 4*) faoi alt 20 d'Acht 2005 a bhí i ngníomh díreach roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5*, go dtí cibé tráth a chinnfidh an tÚdarás tosaíochtaí póilíneachta,

(b) do na tosaíochtaí slándála, déanfar í, más féidir é sa chomhthéacs, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do na tosaíochtaí a bhaineann le seirbhísí slándála arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 20A d'Acht 2005 a bhí i ngníomh díreach roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5*, go dtí cibé tráth a chinnfidh an tAire tosaíochtaí slándála,

(c) don phlean straitéiseach arna leagan faoi *alt 64(1)*, déanfar í, más féidir é sa chomhthéacs, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don ráiteas straitéise arna ullmhú faoi alt 21 d'Acht 2005 a bhí i ngníomh díreach roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5*, go dtí cibé tráth a leagfar an plean straitéiseach amhlaidh,

(d) don phlean seirbhíse bliantúil arna leagan faoi *alt 65(12)* nó *66(10)*, déanfar í, más féidir é sa chomhthéacs, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don phlean póilíneachta arna ullmhú faoi alt 22 d'Acht 2005 a bhí i ngníomh díreach roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5*, go dtí cibé tráth a leagfar an plean seirbhíse bliantúil amhlaidh,

(e) don phlean caipitiúil arna leagan faoi *alt 69(1)*, déanfar í, más féidir é sa chomhthéacs, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do phlean den sórt sin le haghaidh caiteachas caipitiúil don Gharda Síochána a bhí i ngníomh díreach roimh theacht i ngníomh don alt sin, go dtí cibé tráth a leagfar an plean caipitiúil amhlaidh, agus

(f) do chód eitice arna eisiúint ag an Údarás faoi *alt 78*, déanfar í, más féidir é sa chomhthéacs, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don chód arna bhunú ag an Údarás Póilíneachta (de réir bhrí *Chuid 4*) faoi alt 17 d'Acht 2005, sa mhéid go raibh an cód deiridh sin i bhfeidhm díreach roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5*, go dtí cibé tráth a eiseofar cód eitice amhlaidh.

Seirbhísí slándála

3. (1) San Acht seo, seachas i *gCuid 7,* ciallaíonn "seirbhísí slándála", faoi réir *fho-alt (2),* na seirbhísí arna soláthar ag an nGarda Síochána fad a bheidh na feidhmeanna dá dtagraítear in alt 9 á gcomhlíonadh aige, ar feidhmeanna chun na gcríoch seo a leanas iad—

(a) slándáil an Stáit a chosaint, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

(i) cionta faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998, faoin Acht um an Dlí Coiriúil, 1976, faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 agus faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;

(ii) an Stát a chosaint ar na nithe seo a leanas—

(I) spiaireacht,

(II) sabaitéireacht,

(III) gníomhartha neamhdhleathacha a dhéanann, nó lena bhfuil ar intinn, an daonlathas parlaiminteach nó institiúidí an Stáit a threascairt nó a bhonnbhriseadh,

(IV) gníomhartha a bhaineann le cur isteach coigríche a dhéanann dochar, nó lena bhfuil ar intinn dochar a dhéanamh, do leasanna an Stáit agus atá folaitheach nó mealltach nó lena ngabhann bagairt ar aon duine, agus

(V) gníomhartha atá contrártha do leas eacnamaíoch an Stáit i gcás go bhfuil tionchar ag na gníomhartha sin ar leasanna slándála náisiúnta,

cibé acu is gníomhartha a threoraítear ón Stát, nó a dhéantar nó a bhfuil ar intinn iad a dhéanamh laistigh den Stát, nó nach ea,

(b) cumais, intinní nó gníomhaíochtaí coigríche laistigh den Stát nó a bhaineann leis an Stát a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar leas idirnáisiúnta nó ar leas eacnamaíoch an Stáit, agus

(c) comhoibriú le húdaráis i stáit eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta arb é is aidhm dóibh an tsíocháin idirnáisiúnta, an t-ord poiblí agus an tslándáil phoiblí a chosaint.

(2) Maidir leis an tagairt i *bhfo-alt (1)* don Gharda Síochána do sholáthar seirbhísí slándála chun slándáil an Stáit a chosaint, ní fholaíonn sí na seirbhísí sin a sholáthar chun freagairt d'aighníocht dhleathach agus d'agóid dhleathach arna déanamh, ná d'easaontas dleathach arna tharraingt, ag aon duine.

(3) I gcás go n-ardófar ceist nó go n-eascróidh díospóid i dtaobh an mbaineann ní áirithe le seirbhísí póilíneachta nó le seirbhísí slándála, cuirfear an cheist nó an díospóid faoi bhráid an Aire lena cinneadh.

(4) Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Aire ar an gceist nó ar an díospóid a tharchuirfear chuige nó chuici faoi *fho-alt (3)*.

Prionsabail phóilíneachta

4. San Acht seo, ciallaíonn "prionsabail phóilíneachta"—

(a) an prionsabal go gcuireann póilíneacht éifeachtach feabhas ar shábháilteacht pearsan aonair, pobal agus ceantar,

(b) an prionsabal nach mór seirbhísí póilíneachta a sholáthar—

(i) go neamhspleách agus go neamhchlaonta,

(ii) ar mhodh a dhéanann cearta an duine a chosaint agus a shuíomh, agus

(iii) ar mhodh a thacaíonn le riaradh cuí éifeachtach an cheartais,

(c) an prionsabal go bhfuil póilíneacht éifeachtach ag brath ar na nithe seo a leanas—

(i) tacaíocht agus muinín an phobail a áirithiú, agus

(ii) rochtain a bheith ag pobail uirthi agus a bheith i dteagmháil le pobail,

(d) an prionsabal nach mór seirbhísí póilíneachta a sholáthar laistigh de chreat náisiúnta agus aird ar leith á tabhairt ag an am céanna ar phobail, agus

(e) an prionsabal go gceanglaítear ar gach comhalta de phearsanra an Gharda, agus seirbhísí póilíneachta á soláthar acu, gníomhú go gairmiúil, go heiticiúil, go cóirchuibhiúil agus ar mhodh a dhéanann cearta an duine a chosaint agus a shuíomh.

Aisghairmeacha

5. Aisghairtear na hachtacháin a shonraítear i *gcolún (3)* de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i *gcolún (4)* den Sceideal sin.

Caiteachais

6. Déanfar na caiteachais a thabhófar i leith an Gharda Síochána, an Údaráis agus Oifig an Ombudsman Póilíneachta agus aon chaiteachais eile a thabhófar ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

An Garda Síochána

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 2)

Mínithe (*Cuid 2*)

7. Sa Chuid seo—

ciallaíonn "coiste iniúchóireachta" an coiste iniúchóireachta arna bhunú faoi *alt 74(1)*;

ciallaíonn "caiteachas caipitiúil" caiteachas chun sócmhainn dhocht a fháil nó chun fad suntasach a chur le ré sócmhainne doichte láithrí;

tá le "coiste den Bhord" an bhrí a shanntar dó le *halt 21(1)*;

tá le "creat rialachais" an bhrí a shanntar dó le *halt 71(1)*;

tá le "spriocanna feidhmíochta" an bhrí a shanntar dó le *halt 62(1)(b)*;

tá le "Rúnaí" an bhrí a shanntar dó le *halt 23(1).*

An Garda Síochána do leanúint ar marthain

8. (1) Maidir leis an tseirbhís póilíneachta ar a dtugtaí sa Bhéarla, *the Garda Síochána*, roimh theacht i ngníomh don alt seo, déanfar, ar an teacht i ngníomh sin agus dá éis, *An Garda Síochána* a thabhairt uirthi, agus leanfaidh sí ar marthain faoin Acht seo.

(2) Maidir le tagairtí sa Bhéarla—

(a) in aon achtachán,

(b) in aon imeachtaí dlí atá ar feitheamh, agus

(c) in aon doiciméad eile,

roimh theacht i ngníomh don alt seo, do *the Gharda Síochána*, déanfar iad, ar an teacht i ngníomh sin agus dá éis, a fhorléiriú mar thagairtí do *An Garda Síochána*.

(3) Féadfaidh an Rialtas leanúint den Gharda Síochána a chothabháil, a threalmhú agus a íoc.

Feidhm an Gharda Síochána

9. (1) Is é feidhm an Gharda Síochána seirbhísí póilíneachta agus seirbhísí slándála, lena n-áirítear seirbhísí grinnfhiosrúcháin, a sholáthar don Stát agus é mar chuspóir aige—

(a) an tsíocháin agus an t-ord poiblí a shlánchoimeád,

(b) beatha agus maoin a chosaint,

(c) cearta an duine atá ag gach pearsa aonair a chosaint agus a shuíomh,

(d) slándáil an Stáit a chosaint,

(e) an choireacht a chosc,

(f) díobháil do phearsana aonair a chosc, go háirithe pearsana aonair atá soghonta nó i mbaol,

(g) coirpigh a thabhairt faoi réim an cheartais, lena n-áirítear trí choireanna a bhrath agus a imscrúdú,

(h) íospartaigh na coireachta a chosaint agus tacú leo, agus

(i) trácht ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

(2) D'fhonn an cuspóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bhaint amach, comhoibreoidh an Garda Síochána, de réir mar is cuí, le Ranna eile Stáit, le gníomhaireachtaí eile agus le

comhlachtaí eile ar a bhfuil freagracht, de réir dlí, as aon ní a bhaineann le haon ghné den chuspóir sin.

(3) De bhreis ar an bhfeidhm atá aige faoi *fho-alt (1)*, tá ag an nGarda Síochána agus ag comhaltaí de phearsanra an Gharda cibé feidhmeanna a thugtar dóibh de réir dlí, lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann le hinimirce.

(4) Ní dhéanann an t-alt seo difear d'aon chumhachtaí, d'aon díolúintí ná d'aon phribhléidí atá ag comhaltaí de phearsanra an Gharda, ná d'aon dualgais atá orthu, de bhua aon achtachán eile nó faoin dlí coiteann.

(5) Ní mheasfar go dtugann an t-alt seo ceart faoin dlí d'aon duine, ar ceart é nach mbeadh aige nó aici thairis sin—

(a) chun a cheangal ar an nGarda Síochána feidhm a chomhlíonadh nó seirbhís a sholáthar, ar feidhm nó seirbhís í dá dtagraítear san alt seo, nó aon ghníomh a dhéanamh, nó scor d'aon ghníomh, nó

(b) chun damáistí a lorg i leith comhalta de phearsanra an Gharda do chomhlíonadh na feidhme sin nó do mhainneachtain an fheidhm sin a chomhlíonadh nó i leith é nó í do sholáthar na seirbhíse sin nó do mhainneachtain an tseirbhís sin a sholáthar, nó i leith é nó í do dhéanamh an ghnímh sin nó do mhainneachtain an gníomh sin a dhéanamh nó do mhainneachtain scor den ghníomh sin a dhéanamh.

Comhaltaí den Gharda Síochána d'ionchúiseamh cionta

10. (1) Ní dhéanfaidh comhalta den Gharda Síochána ionchúiseamh a thionscnamh i gcúrsa a dhualgas nó a dualgas oifigiúil ach amháin mar a fhoráiltear faoin alt seo.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh aon chomhalta den Gharda Síochána ionchúisimh a thionscnamh nó a sheoladh i gcúirt dlínse achoimre, ach sin in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí amháin.

(3) I gcás go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána ionchúiseamh a thionscnamh de bhun *fho-alt (2)*, féadfaidh an comhalta sin nó aon chomhalta eile den sórt sin an t-ionchúiseamh a sheoladh.

(4) Le linn dó nó di breith a thabhairt i dtaobh ionchúiseamh a thionscnamh agus le linn dó nó di ionchúiseamh a thionscnamh nó a sheoladh, comhlíonfaidh comhalta den Gharda Síochána aon treorú is infheidhme (cibé acu is de chineál ginearálta nó de chineál sonrach é) arna thabhairt ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi *fho-alt (5)*.

(5) Féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí treoruithe maidir le comhaltaí den Gharda Síochána do thionscnamh agus do sheoladh ionchúiseamh a thabhairt, a athrú nó a chealú.

(6) Féadfaidh treoruithe faoi *fho-alt (5)* a bheith de chineál ginearálta nó de chineál sonrach agus féadfaidh siad, i measc nithe eile, a thoirmeasc ar chomhaltaí den Gharda Síochána—

(a) ionchúisimh a thionscnamh nó a sheoladh ar chineálacha sonraithe cionta nó in imthosca sonraithe, nó

(b) ionchúisimh a sheoladh thar chéim shonraithe de na himeachtaí.

(7) I gcás go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána ionchúiseamh a thionscnamh nó a sheoladh in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí—

(a) toimhdeofar, mura gcruthófar a mhalairt, go ndearna an comhalta an t-alt seo agus aon treorú is infheidhme arna thabhairt ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoin alt seo a chomhlíonadh, agus

(b) ní bheidh aon ní a dhéanfaidh an comhalta le linn dó nó di an t-ionchúiseamh a thionscnamh nó a sheoladh neamhbhailí de bhíthin gur mhainnigh an comhalta an t-alt seo nó treorú den sórt sin a chomhlíonadh agus dá bhíthin sin amháin.

(8) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo—

(a) a chosc ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, aon tráth le linn na n-imeachtaí, seoladh ionchúisimh arna thionscnamh ag comhalta den Gharda Síochána a ghabháil chuige nó chuici féin, ná

(b) a údarú do chomhalta den Gharda Síochána imeacht a thionscnamh gan toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí más rud é go dtoirmisctear le hachtachán an t-imeacht sin a thionscnamh ach amháin le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(9) Chun críoch an ailt seo—

(a) treorú de chineál ginearálta is ea treorú má bhaineann sé le haicme ionchúiseamh, agus

(b) treorú de chineál sonrach is ea treorú má bhaineann sé le duine a ionchúiseamh i gcion sonrach.

Caibidil 2

An Bord

An Bord a bhunú

11. Beidh Bord ag an nGarda Síochána ar a dtabharfar Bord an Gharda Síochána (dá ngairtear an "Bord" san Acht seo).

Feidhmeanna an Bhoird

12. (1) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an mBord:

(a) formhaoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt straitéise corparáidí don Gharda Síochána agus forbairt straitéise corparáidí don Gharda Síochána a cheadú i ndáil le mórphleananna gníomhaíochta, beartas priacail, buiséid bhliantúla agus pleananna seirbhíse;

(b) caighdeáin arda i rialachas corparáideach a chur chun cinn agus aird ar leith á tabhairt ar chód eitice arna eisiúint ag an Údarás faoi *alt 78(1)* nó arna eisiúint ag an mBord faoi *alt 79(3)*;

(c) faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh fheidhmíocht na heagraíochta;

(d) formhaoirsiú a dhéanamh ar mhórchaiteachas caipitiúil agus ar mhórinfheistíocht chaipitiúil ag féachaint *d'alt 68*;

(e) a chinntiú, maidir leis na socruithe arna mbunú chun comhaltaí de phearsanra an Gharda a earcú, a cheapadh, a oiliúint agus a fhorbairt agus chun feidhmíocht na gcomhaltaí sin a bhainistiú, go gcomhlíontar dea-chleachtas leo;

(f) ag féachaint do na hacmhainní a bhfuil coinne leis go mbeidh siad ar fáil don Gharda Síochána, sláine chórais chuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais an Gharda Síochána a chinntiú, agus a chinntiú go bhfuil córais chuí rialaithe i bhfeidhm, go háirithe córais le haghaidh bainistiú priacail, rialú airgeadais agus oibríochta, agus a chinntiú go gcomhlíonfar an dlí agus caighdeáin iomchuí;

(g) a chinntiú go bhfuil beartais, pleananna agus gníomhartha cuí i bhfeidhm ag an nGarda Síochána chun a chumasú go gcomhlíonfar a oibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014;

(h) socruithe a bhunú chun feidhmíocht Choimisinéir an Gharda a bhainistiú agus na próisis is gá a chur i ngníomh chun an fheidhmíocht sin a fhorbairt agus breithmheas a thabhairt uirthi;

(i) aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó faoin Acht seo nó leis na rialacháin nó faoi na rialacháin a chomhlíonadh.

(2) Beidh ag an mBord na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh an Bord aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh tríd an Rúnaí nó trí aon chomhalta d'fhoireann an Bhoird (de réir bhrí *alt 24*) a bheidh údaraithe go cuí ag an mBord chuige sin.

(4) I *bhfo-alt (1)(a),* folaíonn "mórphleananna gníomhaíochta" pleananna a bhaineann le stiúradh straitéiseach an Gharda Síochána, le hacmhainn agus cumas an Gharda Síochána agus comhaltaí de phearsanra an Gharda a fhorbairt agus leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní an Gharda Síochána ach ní fholaíonn sé pleananna póilíneachta oibríochta, pleananna i ndáil le seirbhísí slándála a sholáthar ná pleananna chun mórócáidí a bhainistiú.

Coimisinéir an Gharda do sholáthar faisnéise don Bhord

13. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh Coimisinéir an Gharda an fhaisnéis sin go léir agus an cúnamh eile sin go léir is gá chun go gcomhlíonfaidh an Bord a fheidhmeanna go héifeachtach a sholáthar don Bhord.

(2) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda aon ní a eisiamh as faisnéis a bheidh le soláthar don Bhord faoi *fho-alt (1)* ar ní é a d'fhéadfadh, ina thuairim nó ina tuairim, dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit, dá nochtfaí é.

(3) Déanfaidh an Bord agus Coimisinéir an Gharda, laistigh de 3 mhí ó theacht i ngníomh don alt seo, socruithe, ar mhodh prótacail scríofa, i ndáil le hoibriú *fho-alt (2)*.

Cuntasacht an Bhoird don Aire

14. (1) Beidh an Bord cuntasach don Aire as a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Déanfaidh an Bord aon ní a measfaidh sé is gá don Aire aird a thabhairt air a chur in iúl i scríbhinn dó nó di.

Comhaltas an Bhoird

15. (1) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an mBord:

(a) cathaoirleach;

(b) 8 ngnáthchomhalta.

(2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird.

(3) Faoi réir *fho-ailt (4)* agus *(11)* agus *alt 17(5)*, ceapfaidh an tAire comhaltaí an Bhoird as measc cibé daoine a mholfaidh an tSeirbhís de réir *alt 16* lena gceapadh ina gcomhaltaí den sórt sin.

(4) Is iad a bheidh ar an mBord—

(a) comhalta amháin ar a laghad ag a bhfuil taithí agus saineolas leordhóthanach a bhaineann leis na nithe a shonraítear i *mír (a) d'alt 16(3)*,

(b) comhalta amháin ar a laghad ag a bhfuil taithí agus saineolas leordhóthanach a bhaineann leis na nithe a shonraítear i *mír (b) d'alt 16(3)*, agus

(c) comhalta amháin ar a laghad ag a bhfuil taithí agus saineolas leordhóthanach a bhaineann leis na nithe a shonraítear i *mír (c) d'alt 16(3)*.

(5) Féachfaidh an tAire, a mhéid is indéanta, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Bhoird.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, ceapfaidh an tAire cathaoirleach an Bhoird as measc chomhaltaí an Bhoird.

(7) Féadfaidh an tAire, roimh theacht i ngníomh don alt seo, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad chathaoirleach nó ina céad chathaoirleach ar an mBord.

(8) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (7)*, beidh an duine sin arna cheapadh nó arna ceapadh, ar an teacht i ngníomh sin, ina chéad chathaoirleach nó ina céad chathaoirleach ar an mBord.

(9) Féadfaidh an tAire, roimh theacht i ngníomh don alt seo, daoine a shainainmniú chun a gceaptha ina gcéad ghnáthchomhaltaí den Bhord.

(10) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (9)*, beidh an duine sin, ar an teacht i ngníomh sin, arna cheapadh nó arna ceapadh ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Bhord.

(11) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) duine a shainainmniú ina chéad chathaoirleach nó ina céad chathaoirleach ar an mBord faoi *fho-alt (7),* ná

(b) daoine a shainainmniú ina gcéad ghnáthchomhaltaí den Bhord faoi *fho-alt (9)*.

Moltaí maidir le daoine a cheapadh ina gcomhaltaí den Bhord

16. (1) Faoi réir *alt 15(11)*, tabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh chun daoine atá oiriúnach lena gceapadh ag an Aire ina gcomhaltaí den Bhord a chéannú agus a mholadh don Aire.

(2) Faoi réir *fho-alt (3),* déanfaidh an tAire na critéir roghnóireachta agus an próiseas roghnóireachta a mbeidh feidhm acu maidir le comórtas roghnóireachta faoin alt seo a chomhaontú leis an tSeirbhís.

(3) Ní dhéanfaidh an tSeirbhís duine a mholadh lena cheapadh nó lena ceapadh ag an Aire mura deimhin leis an tSeirbhís go bhfuil taithí agus saineolas leordhóthanach ag an duine chun a chumasú dó nó di fónamh go substaintiúil d'oibriú éifeachtach éifeachtúil an Gharda Síochána maidir le nithe a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) feidhmeanna an Gharda Síochána;

(b) rialachas eagraíochtúil, bainistíocht, cosaint sonraí nó riarachán poiblí;

(c) nithe airgeadais, lena n-áirítear úsáid éifeachtach acmhainní airgeadais a leithdháileadh, a bhainistiú agus a bheith cuntasach as úsáid éifeachtach acmhainní airgeadais.

(4) Soláthróidh an tSeirbhís sonraí don Aire de thaithí agus saineolas gach duine a mholfaidh sí faoin alt seo mar dhuine atá oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh mar chomhalta den Bhord.

Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige comhaltaí den Bhord

17. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh comhalta den Bhord i seilbh oifige, mura túisce a gheobhaidh an comhalta bás, a éireoidh sé nó sí as oifig, a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó a chuirfear as oifig é nó í, ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an tAire.

(2) Maidir leis na gnáthchomhaltaí den Bhord a chéadcheapfar faoin Acht seo—

(a) beidh 4 chomhalta i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar ghnáthchomhaltaí den sórt sin, agus

(b) beidh 4 chomhalta i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar ghnáthchomhaltaí den sórt sin.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, beidh comhalta den Bhord a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag le himeacht aimsire in-athcheaptha chun an Bhoird.

(4) Maidir le duine a athcheapfar chun an Bhoird de réir *fho-alt (3)*, ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí is faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.

(5) I gcás go mbeartófar duine a athcheapadh mar chomhalta den Bhord, ní gá don duine—

(a) páirt a ghlacadh i gcomórtas roghnóireachta arna ghabháil de láimh ag an tSeirbhís faoi *alt 16*, ná

(b) a bheith molta ag an tSeirbhís de réir *alt 16* lena cheapadh nó lena ceapadh.

(6) Maidir le cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird—

(a) beidh sé nó sí nó siad i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, tráth an cheapacháin nó an athcheapacháin, agus

(b) íocfar é nó í nó iad as airgead a bheidh faoina réir ag an nGarda Síochána.

(7) Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as oifig le fógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Aire agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má chomhaontaíonn an tAire leis an dáta sin, an dáta sin.

(8) Faoi réir *alt 22(7)*, féadfaidh an Bord gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó ná folúntas amháin a bheith ina chomhaltas.

Neamh-incheapthacht, dícháiliú chun oifig a shealbhú mar chomhalta den Bhord nó de choiste den Bhord nó de choiste iniúchóireachta, scor de chomhaltas, etc.

18. (1) Ní bheidh duine inmholta lena cheapadh nó lena ceapadh, ná ní bheidh sé nó sí incheaptha, mar chomhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta, más rud é—

(a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,

(b) go bhfuil sé nó sí, faoi rialacha nóis imeachta Pharlaimint na hEorpa, i dteideal suí sa Pharlaimint sin,

(c) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í,

(d) gur comhalta de phearsanra an Gharda é nó í,

(e) gur comhalta den Údarás é nó í, nó

(f) gurb é nó í an tOmbudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta é nó í.

(2) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, mar chomhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta, más rud é—

(a) faoi réir *fho-alt (3)*, go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í,

(b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,

(c) go gciontófar ar díotáil é nó í i gcion, nó go gciontófar é nó í lasmuigh den Stát i gcion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion ab intriailte ar díotáil iad dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,

(d) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,

(e) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,

(f) go mbeidh dearbhú faoi alt 819 d'Acht 2014 déanta ina choinne nó ina coinne nó go measfar é nó í a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin, nó

(g) go mbeidh sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháiliúcháin (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht 2014), cibé acu de bhua na Caibidle sin nó aon fhoráil eile den Acht sin nó faoi réir dícháiliú lasmuigh den Stát, a mbeidh an éifeacht chéanna leis, agus a bheidh i gcomhréir le hordú dícháiliúcháin den sórt sin.

(3) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú mar chomhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta faoi *mhír (a) d'fho-alt (2)* fad nach mbeidh deimhniú urscaoilte ón bhféimheacht faighte aige nó aici.

(4) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(d) go dtoghfar nó go gcomhthoghfar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta, de réir mar a bheidh.

(5) I gcás nach bhfreastalóidh comhalta den Bhord, ar feadh tréimhse chomhleanúnach 6 mhí, ar chruinniú den Bhord, scoirfidh sé nó sí, ag deireadh na tréimhse sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord mura léireoidh sé nó sí chun sástacht an Aire gur mar gheall ar easláinte, nó ar chúis dhosheachanta eile, nár fhreastail sé nó sí.

Comhalta den Bhord a chur as oifig

19. Féadfaidh an tAire comhalta den Bhord a chur as oifig tráth ar bith, más rud é, i dtuairim an Aire—

(a) go bhfuil an comhalta tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte nó ar chúis éigin eile, ar a fheidhmeanna nó ar a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach,

(b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,

(c) go bhfuil sé riachtanach an comhalta a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Bord a fheidhmeanna go héifeachtach éifeachtúil,

(d) fad a bhí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh ag an gcomhalta—

(i) nár choimeád sé nó sí na caighdeáin chuí chóirchuibhis, iompair ná chúraim a cheanglaítear faoi *alt 79(1)*,

(ii) gur sháraigh sé nó sí cód eitice arna eisiúint faoi *alt 79(3)*, nó

(iii) gur sháraigh sé nó sí foráil de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, nó gur mhainnigh sé nó sí dualgas a fhorchuirtear le foráil de na

hAchtanna sin a chomhall, is foráil a bhfuil feidhm aici, de bhua rialachán faoi alt 3 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, maidir leis nó léi,

nó

(e) go ndearna an comhalta, fad a bhí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh aige nó aici, sárú ar chód iompair a tarraingíodh suas faoi alt 10(3) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 agus a bhfuil feidhm aige maidir leis an gcomhalta.

Comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig

20. (1) Féadfaidh an tAire comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig, más rud é—

(a) go mainneoidh an Bord córam a bheith aige ag 3 chruinniú as a chéile,

(b) nach ndéanfaidh an Bord de réir breithiúnas, ordú nó foraithne ó aon chúirt,

(c) nach ndéanfaidh an Bord de réir aon cheanglas eile arna fhorchur air le haon achtachán, nó faoi aon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, nó

(d) gurb é tuairim an Aire nach bhfuil feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ar mhodh éifeachtach éifeachtúil.

(2) Sula ndéanfaidh an tAire comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig faoi *fho-alt (1)(d),* féadfaidh sé nó sí duine a cheapadh—

(a) chun athbhreithniú neamhspleách a sheoladh ar aon ní is bun lena thuairim nó lena tuairim nach bhfuil feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ar mhodh éifeachtach éifeachtúil, agus

(b) chun tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire faoi fhionnachtana an athbhreithnithe.

(3) Comhoibreoidh an Bord agus Coimisinéir an Gharda le hathbhreithniú faoi *fho-alt (2)* agus tabharfaidh siad gach cúnamh réasúnach don duine a mbeidh an t-athbhreithniú á sheoladh aige nó aici, lena n-áirítear rochtain ar cibé áitreabh, trealamh agus doiciméid a theastóidh ón duine chun críocha an athbhreithnithe.

(4) Maidir le duine a cheapfar chun athbhreithniú a sheoladh faoi *fho-alt (2)*, íocfar leis nó léi cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachais a thabhóidh sé nó sí agus a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Coistí den Bhord a bhunú

21. (1) Féadfaidh an Bord, i dteannta an choiste iniúchóireachta, cibé coistí eile agus cibé líon coistí eile is cuí leis a bhunú chun cabhrú leis agus chun é a chomhairliú i ndáil le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh (dá ngairtear "coiste den Bhord" sa Chuid seo).

(2) Maidir le coiste den Bhord—

(a) beidh air cibé líon comhaltaí a chinnfidh an Bord, agus

(b) féadfaidh, faoi réir *alt 18*, daoine nach comhaltaí den Bhord a bheith air.

(3) Tráth a bheidh na comhaltaí de choiste den Bhord á gceapadh aige, beidh aird ag an mBord ar an raon cáilíochtaí agus taithí a bheidh riachtanach chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach.

(4) Is é an Bord a dhéanfaidh an cathaoirleach ar choiste den Bhord a cheapadh as measc chomhaltaí an choiste.

(5) Maidir le comhalta de choiste den Bhord—

(a) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag an nGarda Síochána.

(6) Féadfaidh an Bord comhalta de choiste den Bhord a chur as oifig, tráth ar bith, ar chúiseanna sonraithe.

(7) Féadfaidh an Bord téarmaí tagartha coiste den Bhord a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

(8) Beidh gníomhartha coiste den Bhord faoi réir a ndaingnithe ag an mBord mura gcinnfidh an Bord a mhalairt.

(9) Déanfaidh coiste den Bhord cibé faisnéis a theastóidh ón mBord ó am go ham, i leith ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí an choiste, a sholáthar don Bhord chun go gcomhlíonfaidh an Bord a fheidhmeanna.

(10) Féadfaidh an Bord, tráth ar bith, coiste den Bhord a dhíscaoileadh.

(11) Féadfaidh coiste den Bhord gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó ná folúntas amháin a bheith ina chomhaltas.

Cruinnithe agus nósanna imeachta an Bhoird

22. (1) Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach tionólfaidh sé aon chruinniú amháin ar a laghad i ngach tréimhse 2 mhí i ngach bliain.

(2) Déanfaidh an tAire, i gcomhairle le cathaoirleach an Bhoird, dáta, am agus ionad chéadchruinniú an Bhoird a shocrú.

(3) Féadfaidh an cathaoirleach cruinniú den Bhord a ghairm aon tráth réasúnach.

(4) Féadfaidh 5 chomhalta ar bith den Bhord cruinniú den Bhord a ghairm, más rud é—

(a) go ndiúltóidh an cathaoirleach cruinniú a ghairm tar éis foréileamh chuige sin arna shíniú ag líon nach lú ná 5 chomhalta den Bhord a bheith tíolactha dó nó di, nó

(b) cé nach ndiúltóidh an cathaoirleach cruinniú a ghairm, nach ndéanfaidh sé nó sí ceann a ghairm laistigh de 7 lá tar éis an foréileamh a thíolacadh dó nó di.

(5) Déanfaidh na comhaltaí atá i láthair ag cruinniú arna ghairm faoi *fho-alt (4)* duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(6) Faoi réir *fho-alt (5)*, ag cruinniú den Bhord—

(a) is é nó is í cathaoirleach an Bhoird, i gcás go bhfuil sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(b) i gcás nach bhfuil, agus fad nach bhfuil, cathaoirleach an Bhoird i láthair nó i gcás go bhfuil an oifig sin folamh, déanfaidh na comhaltaí eile den Bhord atá i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(7) Is é is córam do chruinniú den Bhord—

(a) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (4)*, 4 ghnáthchomhalta agus an comhalta a roghnófar faoi *fho-alt (5)* chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú,

(b) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (6)(b),* 4 ghnáthchomhalta agus an comhalta a roghnófar faoin bhfo-alt sin chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(c) in aon chás eile, 4 ghnáthchomhalta agus an cathaoirleach.

(8) Beidh vóta ag gach comhalta den Bhord atá i láthair ag cruinniú den Bhord.

(9) Déanfar gach ceist ag cruinniú den Bhord a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Bhord atá i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(10) Ní bheidh Coimisinéir an Gharda ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord ná de choiste den Bhord ach féadfaidh Coimisinéir an Gharda, de réir nósanna imeachta a bheidh sonraithe ag an mBord nó ag coiste den sórt sin, freastal ar chruinnithe den Bhord nó den choiste lena mbaineann agus féadfaidh sé nó sí labhairt, agus comhairle a thabhairt, ag cruinnithe den sórt sin.

(11) Féadfaidh an Bord, chomh maith le cruinniú ag a mbeidh na rannpháirtithe go léir i láthair go fisiciúil, cruinniú a thionól nó a choinneáil ar siúl trí aon mheán cumarsáide a úsáid lena bhféadfaidh na rannpháirtithe go léir an cruinniú a chloisteáil, agus lena bhféadfar, ag an am céanna, na rannpháirtithe go léir a chloisteáil (dá ngairtear "cruinniú cianda" san alt seo).

(12) Maidir le comhalta den Bhord a ghlacann páirt i gcruinniú cianda, glacfar leis chun gach críche go raibh sé nó sí i láthair ag an gcruinniú.

(13) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh an Bord a nós imeachta a rialáil le rialacha nó ar shlí eile.

(14) Ní chuirfear aon bhreith ón mBord ó bhail mar gheall ar neamhchomhlíonadh rialacha an Bhoird.

An Rúnaí don Bhord

23. (1) Déanfaidh an Bord, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, comhalta sinsearach d'fhoireann an Gharda a cheapadh chun bheith ina Rúnaí don Bhord (dá ngairtear an "Rúnaí" sa Chuid seo).

(2) Ní cheapfaidh an Bord duine faoin alt seo mura deimhin leis an mBord go bhfuil na scileanna agus an taithí iomchuí ag an duine chun feidhmeanna an Rúnaí a chomhlíonadh.

(3) Beidh an Rúnaí i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh an Bord.

Feidhmeanna an Rúnaí don Bhord

24. (1) Déanfaidh an Rúnaí riaradh an Bhoird a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne, agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chinnfidh an Bord.

(2) Comhlíonfaidh an Rúnaí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo de réir cibé treoruithe a thabharfaidh an Bord dó nó di ó am go ham agus beidh sé nó sí cuntasach don Bhord as na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(3) Ní bheidh an Rúnaí, nuair a bheidh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo á gcomhlíonadh aige nó aici, faoi réir threorú ná rialú Choimisinéir an Gharda de bhun *mhír (a) d'alt 56*.

(4) Soláthróidh an Rúnaí do chathaoirleach an Bhoird cibé faisnéis a theastóidh ón mBord i ndáil lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh.

(5) Féadfaidh an Rúnaí, le toiliú an Bhoird, comhalta d'fhoireann an Bhoird a údarú chun feidhm shonraithe de chuid an Rúnaí a chomhlíonadh agus féadfaidh comhalta den sórt sin den fhoireann a bheidh údaraithe amhlaidh an fheidhm a chomhlíonadh dá réir sin.

(6) Féadfaidh an Bord comhalta d'fhoireann an Bhoird a shainainmniú chun feidhmeanna an Rúnaí a chomhlíonadh i gcás go bhfuil an Rúnaí as láthair nó go bhfuil oifig an Rúnaí folamh, agus déanfaidh comhalta d'fhoireann an Bhoird a bheidh sainainmnithe amhlaidh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh fad a bheidh an Rúnaí as láthair nó fad a bheidh an oifig sin folamh.

(7) San alt seo, ciallaíonn "comhalta d'fhoireann an Bhoird" comhalta d'fhoireann an Gharda arna shannadh nó arna sannadh ag Coimisinéir an Gharda faoi *alt 25(1).*

Rúnaíocht, áitreabh agus foireann an Bhoird

25. (1) Sannfaidh Coimisinéir an Gharda don Bhord cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí d'fhoireann an Gharda agus cibé acmhainní eile is cuí leis an mBord le réasún chun feidhmeanna rúnaíochta don Bhord, lena n-áirítear don choiste iniúchóireachta agus d'aon choistí den Bhord, a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an Bord an ré a mhairfidh an sannadh a dhéanfar ar chomhaltaí d'fhoireann an Gharda faoi *fho-alt (1)* a chinneadh.

(3) Ní bheidh comhaltaí d'fhoireann an Gharda a shannfar faoi *fho-alt (1)*, nuair a bheidh a bhfeidhmeanna faoin alt seo á gcomhlíonadh acu, faoi réir threorú ná rialú Choimisinéir an Gharda de bhun *mhír (a) d'alt 56*.

(4) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda áitreabh cuí a sholáthar don Bhord ina bhféadfaidh sé a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Caibidil 3

Coimisinéir an Gharda agus Leas-Choimisinéir den Gharda

Coimisinéir an Gharda a cheapadh

26. (1) Faoi réir an ailt seo, is é an Rialtas a cheapfaidh duine mar Choimisinéir an Gharda.

(2) Tabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh chun duine a chéannú agus a mholadh don Rialtas lena cheapadh nó lena ceapadh mar Choimisinéir an Gharda.

(3) Sula dtabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh faoi *fho-alt (2),* rachaidh sé nó sí i gcomhairle—

(a) leis an mBord, agus

(b) leis an Údarás,

maidir leis na critéir a bhaineann le heolas, le cumas agus le hoiriúnacht an duine lena cheapadh nó lena ceapadh mar Choimisinéir an Gharda (dá ngairtear na "critéir roghnóireachta" san alt seo) agus maidir leis an bpróiseas earcaíochta le haghaidh an cheapacháin sin.

(4) Déanfaidh an tAire na critéir roghnóireachta agus an próiseas earcaíochta a mbeidh feidhm acu maidir le comórtas roghnóireachta faoin alt seo a chomhaontú leis an tSeirbhís, ag féachaint do na tuairimí a bheidh faighte ón mBord agus ón Údarás de bhun *fho-alt (3)*.

(5) Ní dhéanfaidh an tSeirbhís duine a mholadh faoin alt seo mura deimhin leis an tSeirbhís go bhfuil an duine oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh mar Choimisinéir an Gharda mar gheall ar cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas iomchuí a bheith aige nó aici is cuí ag féachaint, go háirithe, d'fheidhmeanna Choimisinéir an Gharda faoin Acht seo.

(6) Is go ceann tréimhse—

(a) 5 bliana, nó

(b) dar críoch an dáta a scoirfidh an duine d'oifig Choimisinéir an Gharda de réir aon rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 254*,

cibé acu tréimhse is lú, a bheidh ceapachán duine mar Choimisinéir an Gharda.

(7) D'ainneoin *fho-alt (6)*, féadfaidh an Rialtas, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord agus leis an Údarás, téarma oifige Coimisinéara den Gharda a fhadú go ceann tréimhse bhreise—

(a) nach faide ná 2 bhliain, nó

(b) dar críoch an dáta ar a scoirfidh an duine den oifig sin de réir aon rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 254*,

cibé acu tréimhse is lú.

(8) Faoi réir *fho-alt (9)*, beidh duine a cheapfar mar Choimisinéir an Gharda i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(9) Maidir leis an duine a mbeidh, ar theacht i ngníomh don alt seo, oifig Choimisinéir an Gharda ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, measfar gur ceapadh é nó í faoin alt seo agus leanfaidh sé nó sí de bheith in oifig—

(a) de réir an Achta seo,

(b) de réir na rialachán, agus

(c) a mhéid nach bhfuil téarmaí ná coinníollacha a cheapacháin nó a ceapacháin faoi Acht 2005 ar neamhréir leis an Acht seo ná leis na rialacháin, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin.

Leas-Choimisinéir den Gharda a cheapadh

27. (1) Faoi réir an ailt seo, is é an Rialtas a cheapfaidh duine chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda.

(2) Tabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh chun duine a chéannú agus a mholadh don Rialtas lena cheapadh nó lena ceapadh chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda.

(3) Sula dtabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh faoi *fho-alt (2),* rachaidh sé nó sí i gcomhairle—

(a) leis an mBord, agus

(b) leis an Údarás,

maidir leis na critéir a bhaineann le heolas, le cumas agus le hoiriúnacht an duine lena cheapadh nó lena ceapadh chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda (dá ngairtear na "critéir roghnóireachta" san alt seo) agus maidir leis an bpróiseas earcaíochta le haghaidh an cheapacháin sin.

(4) Déanfaidh an tAire na critéir roghnóireachta agus an próiseas earcaíochta a mbeidh feidhm acu maidir le comórtas roghnóireachta faoin alt seo a chomhaontú leis an tSeirbhís, ag féachaint do na tuairimí a bheidh faighte ón mBord agus ón Údarás de réir *fho-alt (3)*.

(5) Ní dhéanfaidh an tSeirbhís duine a mholadh faoin alt seo mura deimhin leis an tSeirbhís go bhfuil an duine oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda mar gheall ar cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas iomchuí a bheith aige nó aici is cuí ag féachaint, go háirithe, do na feidhmeanna a fhéadfar a shannadh do chomhalta ar an gcéim sin.

(6) Faoi réir *fho-alt (7*), beidh duine a cheapfar chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(7) Maidir le duine a mbeidh an chéim arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda aige nó aici ar theacht i ngníomh don alt seo, measfar gur ceapadh é nó í faoin alt seo agus leanfaidh sé nó sí de bheith in oifig—

(a) de réir an Achta seo,

(b) de réir na rialachán, agus

(c) a mhéid nach bhfuil téarmaí ná coinníollacha a cheapacháin nó a ceapacháin faoi Acht 2005 ar neamhréir leis an Acht seo ná leis na rialacháin, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin.

Cumhacht Leas-Choimisinéara den Gharda chun feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh

28. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Leas-Choimisinéir cuí den Gharda feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh le linn tréimhse ar bith nach mbeidh Coimisinéir an Gharda ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an Leas-Choimisinéir cuí den Gharda feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh de bhun *fho-alt (1)*—

(a) ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí, nó

(b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 mhí le toiliú an Aire.

(3) Más rud é—

(a) go bhfuil níos mó ná Leas-Choimisinéir amháin den Gharda arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 27*, agus

(b) nach bhfuil an Leas-Choimisinéir den Gharda, a bheadh thairis sin ina Leas-Choimisinéir cuí den Gharda, ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh,

beidh an chéad Leas-Choimisinéir eile is sinsearaí den Gharda, in ord dháta a cheaptha nó a ceaptha chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda, ina Leas-Choimisinéir cuí den Gharda ar feadh na tréimhse nach bhfuil an Leas-Choimisinéir den Gharda dá dtagraítear i *mír (b)* ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh lena linn.

(4) Más rud é—

(a) nach bhfuil Coimisinéir an Gharda ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(b) nach bhfuil gach Leas-Choimisinéir den Gharda ábalta na feidhmeanna a chomhlíonadh ach an oiread,

féadfaidh an tAire Coimisinéir Cúnta den Gharda a shainainmniú chun feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh le linn na tréimhse nach bhfuil Coimisinéir an Gharda ná gach Leas-Choimisinéir den Gharda ábalta iad a chomhlíonadh ach an oiread (dá ngairtear "Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda" san alt seo).

(5) Féadfaidh an Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh de bhun *fho-alt (4)*—

(a) ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí, nó

(b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 mhí, le toiliú an Aire.

(6) Sula ndéanfaidh an tAire sainainmniúchán faoi *fho-alt (4)*, rachaidh sé nó sí i gcomhairle—

(a) leis an mBord, agus

(b) más indéanta, le Coimisinéir an Gharda.

(7) I gcás go bhfuil feidhmeanna Choimisinéir an Gharda á gcomhlíonadh ag Leas-Choimisinéir cuí den Gharda nó Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda de bhun *fho-alt (1)* nó *(4)*, beidh feidhm ag *ailt 30*, *31* agus *32* maidir leis an Leas-Choimisinéir sin den Gharda nó leis an gCoimisinéir Cúnta sin den Gharda mar atá feidhm acu maidir le Coimisinéir an Gharda.

(8) I gcás go bhfuil feidhmeanna Choimisinéir an Gharda á gcomhlíonadh nó le comhlíonadh ag Leas-Choimisinéir cuí den Gharda nó ag Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda de bhun *fho-alt (1)* nó *(4)*, déanfaidh siad seo a leanas, gan mhoill, fógra i scríbhinn a thabhairt amhlaidh don Aire agus don Údarás—

(a) faoi réir *mhír (b)*, Coimisinéir an Gharda, nó

(b) i gcás go bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda folamh nó i gcás nach bhfuil Coimisinéir an Gharda ábalta fógra a thabhairt amhlaidh, an Leas-Choimisinéir cuí den Gharda nó an Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda, de réir mar a bheidh.

(9) Sonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (8)*—

(a) an dáta ónar thosaigh an Leas-Choimisinéir cuí den Gharda nó an Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda, nó óna dtosóidh sé nó sí, ar fheidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh,

(b) an chúis atá aige nó aici leis na feidhmeanna sin a chomhlíonadh amhlaidh, agus

(c) más eol, an dáta ar a scoirfidh sé nó sí de na feidhmeanna a chomhlíonadh amhlaidh.

(10) Más rud é, maidir leis an Aire—

(a) go dtoileoidh sé nó sí go ndéanfaidh an Leas-Choimisinéir cuí den Gharda feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh go ceann tréimhse is faide ná 2 mhí faoi *fho-alt (2)(b),*

(b) go ndéanfaidh sé nó sí sainainmniúchán faoi *fho-alt (4)*, nó

(c) go dtoileoidh sé nó sí go ndéanfaidh an Coimisinéir Cúnta sainainmnithe den Gharda feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a chomhlíonadh go ceann tréimhse is faide ná 2 mhí faoi *fho-alt (5)(b),*

tabharfaidh an tAire fógra don Údarás, a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin, á rá go bhfuil toiliú tugtha nó sainainmniúchán déanta amhlaidh.

(11) San alt seo—

(a) ciallaíonn tagairt do Choimisinéir an Gharda gan bheith ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh—

(i) go bhfuil Coimisinéir an Gharda as láthair, éagumasaithe nó curtha ar fionraí ó dhualgas, nó

(ii) go bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda folamh,

(b) ciallaíonn tagairt do Leas-Choimisinéir den Gharda gan bheith ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh—

(i) go bhfuil an Leas-Choimisinéir den Gharda as láthair, éagumasaithe nó curtha ar fionraí ó dhualgas, nó

(ii) go bhfuil oifig Leas-Choimisinéara den Gharda, nó gach oifig de Leas-Choimisinéir den Gharda, de réir mar a bheidh, folamh,

agus

(c) ciallaíonn "Leas-Choimisinéir cuí den Gharda"—

(i) i gcás nach bhfuil níos mó ná Leas-Choimisinéir amháin den Gharda arna cheapadh nó arna ceapadh de bhun *alt 27*, an Leas-Choimisinéir sin den Gharda, nó

(ii) faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás go bhfuil níos mó ná Leas-Choimisinéir amháin den Gharda arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh, an Leas-Choimisinéir is sinsearaí den Gharda in ord dháta a cheaptha nó a ceaptha chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda.

Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda d'éirí as oifig

29. (1) Féadfaidh duine, a bheidh i seilbh oifig Choimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéara den Gharda, éirí as oifig le fógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Aire agus a mbeidh cóip de tugtha don Bhord agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má chomhaontaíonn an tAire leis an dáta sin, an dáta sin.

(2) Cuirfidh an tAire in iúl don Údarás, a luaithe is indéanta, gur éirigh duine as faoi *fho-alt (1)*.

Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda a chur ar fionraí ó dhualgas

30. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an tAire duine, a bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéara den Gharda ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a chur ar fionraí ó dhualgas, más rud é—

(a) go bhfuil an duine ina ábhar nó ina hábhar d'imscrúdú i dtaobh líomhaintí go bhféadfadh sé go ndearna sé nó sí—

(i) cion, nó

(ii) é féin nó í féin a iompar ar mhodh arbh ionann é agus mí-iompar tromchúiseach,

agus

(b) gur deimhin leis an Aire gurb é leas an phobail é, sna himthosca, an duine a chur ar fionraí ó dhualgas.

(2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, féadfaidh an Bord a mholadh don Aire duine, a bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéara den Gharda ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a chur ar fionraí ó dhualgas, más rud é—

(a) go bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir leis an duine, agus

(b) gurb é a thuairim gurb é leas an phobail é an duine a chur ar fionraí ó dhualgas.

(3) Breithneoidh an tAire aon mholadh a bheidh déanta ag an mBord dó nó di faoi *fho-alt (2)*.

(4) Sula gcuirfidh an tAire duine ar fionraí ó dhualgas faoi *fho-alt (1)*—

(a) tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don duine á rá go bhfuil sé beartaithe ag an Aire an duine a chur ar fionraí ó dhualgas, agus áireoidh sé nó sí ráiteas san fhógra faoi na cúiseanna atá aige nó aici lena bhfuil beartaithe,

(b) tabharfaidh sé nó sí deis don duine aighneachtaí a dhéanamh maidir lena bheith beartaithe an duine sin a chur ar fionraí ó dhualgas,

(c) breithneoidh sé nó sí aon aighneachtaí den sórt sin arna ndéanamh ag an duine nó thar ceann an duine, agus

(d) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an mBord.

(5) Féadfaidh an tAire, maidir le duine a bheidh curtha ar fionraí ó dhualgas faoi *fho-alt (1)*, an fhionraí sin a fhoirceannadh i gcás gur deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag *mír (a)* ná *(b)* den fho-alt sin maidir leis an duine, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an mBord ina leith sin.

Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda a chur as oifig

31. (1) Gan dochar do na Rialacháin Feidhmíochta ná do na Rialacháin Iompair agus faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Rialtas duine, a bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéara den Gharda ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe, lena n-áirítear, más rud é—

(a) gur mhainnigh an duine feidhmeanna na hoifige atá ina sheilbh aige nó ina seilbh aici a chomhlíonadh le dúthracht agus éifeachtacht chuí,

(b) i gcás Choimisinéir an Gharda, gur mhainnigh sé nó sí aird chuí a bheith aige nó aici ar cheann amháin nó níos mó de na nithe a shonraítear in *alt 33(2)*,

(c) gur ghabh an duine d'iompar a tharraingíonn míchlú ar an oifig nó a fhéadfaidh dochar a dhéanamh do chomhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige, nó

(d) gurbh fhearr a rachadh sé chun leasa an Gharda Síochána, i dtuairim an Rialtais, dá gcuirfí an duine as oifig.

(2) Féadfaidh an Bord, chun críocha *fho-alt (1)*, a mholadh don Rialtas duine, a bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéara den Gharda ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a chur as oifig, agus breithneoidh an Rialtas aon mholadh den sórt sin.

(3) Féadfaidh an Rialtas, i gcás go measfaidh sé gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh chun críocha *fho-alt (1)*, a iarraidh ar an bPríomh-Bhreitheamh cuireadh a thabhairt do bhreitheamh (le linn dó nó di a bheith ag fónamh mar bhreitheamh)—

(a) fiosrúchán a sheoladh i dtaobh aon ní a fhágann go mbeartaítear duine a chur as oifig faoin alt seo, agus

(b) tuarascáil ar fhionnachtana an fhiosrúcháin a thabhairt don Rialtas.

(4) Féadfaidh an Príomh-Bhreitheamh cuireadh a thabhairt—

(a) do bhreitheamh den Chúirt Uachtarach,

(b) le toiliú Uachtarán na Cúirte Achomhairc, do bhreitheamh den Chúirt Achomhairc, nó

(c) le toiliú Uachtarán na hArd-Chúirte, do bhreitheamh den Ard-Chúirt,

fiosrúchán a sheoladh faoin alt seo agus tuarascáil ar fhionnachtana an fhiosrúcháin a thabhairt don Rialtas agus, má ghlactar leis an gcuireadh, ceapfaidh an Príomh-Breitheamh an breitheamh chun an fiosrúchán a sheoladh agus chun tuarascáil a thabhairt amhlaidh (dá ngairtear "breitheamh ceaptha" san alt seo agus in *alt 32*).

(5) Sula gcuirfidh an Rialtas duine as oifig faoin alt seo—

(a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don duine á rá go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas breithniú a dhéanamh i dtaobh an duine a chur as oifig, agus áireoidh sé ráiteas san fhógra faoi na cúiseanna atá aige le déanamh amhlaidh,

(b) i gcás go gceapfaidh an Rialtas duine ceaptha chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh ní a fhágann go mbeartaítear an duine a chur as oifig—

(i) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don duine sin i dtaobh an cheapacháin sin,

(ii) breithneoidh sé an tuarascáil ar fhionnachtana an fhiosrúcháin,

(iii) cuirfidh sé fionnachtana an fhiosrúcháin in iúl don Bhord agus, i gcás gur cuí leo é, tabharfaidh sé cóip den tuarascáil don Bhord, agus

(iv) tabharfaidh sé cóip den tuarascáil don duine sin,

(c) tabharfaidh sé deis don duine aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an gcúis nár chóir é nó í a chur as oifig,

(d) breithneoidh sé aon aighneachtaí den sórt sin arna ndéanamh ag an duine nó thar ceann an duine, agus

(e) rachaidh sé i gcomhairle leis an mBord.

(6) Ar fhógra a thabhairt do dhuine de bhun *fho-alt (5)(a)* á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Rialtas breithniú a dhéanamh i dtaobh é nó í a chur as oifig, féadfaidh an Rialtas, i gcás

nach bhfuil an duine curtha ar fionraí de bhun *alt 30* agus i gcás gur cuí leis é, an duine a chur ar fionraí ó dhualgas.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, leanfaidh duine de bheith curtha ar fionraí ó dhualgas faoi *fho-alt (6)* go dtí go dtabharfaidh an Rialtas breith i dtaobh ar chóir an duine a chur as oifig faoin alt seo.

(8) I gcás go bhfuil duine curtha ar fionraí ó dhualgas faoi *fho-alt (6)* agus gurb é tuairim an Rialtais nach bhfuil na bearta a cheanglaítear a dhéanamh faoi *fho-alt (5)* déanta gan moill mhíchuí, déanfaidh an Rialtas an fhionraí a fhoirceannadh.

(9) A luaithe is indéanta tar éis duine a chur as oifig faoin alt seo, cuirfidh an tAire faoi deara ráiteas faoi na cúiseanna atá leis an gcur as oifig a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Fiosrúchán faoi *alt 31(3)(a)*

32. (1) Féadfaidh breitheamh ceaptha fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 31(3)(a)* ar an modh is cuí leis nó léi, cibé acu trí fhinnéithe a cheistiú nó ar shlí eile, agus féadfaidh sé nó sí, go háirithe, aon imeachtaí i ndáil leis an bhfiosrúchán a sheoladh ar shlí eile seachas go poiblí.

(2) Chun críche fiosrúcháin faoin alt seo, beidh ag an mbreitheamh ceaptha na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear do bhreitheamh den Ard-Chúirt ar chaingean a éisteacht, lena n-áirítear an chumhacht chun an méid seo a leanas a dhéanamh—

(a) tabhairt ar fhinnéithe freastal, agus

(b) a cheangal go ndéanfar taifid a thabhairt ar aird.

(3) Aon duine a dhéanfaidh, nó a fhágfaidh gan déanamh, aon ní ar dhíspeagadh ar an gcúirt sin a bheadh ann dá mba chúirt dlí an fiosrúchán agus an chumhacht aici pionós a ghearradh mar gheall ar dhíspeagadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Ní bheidh ráiteas ná admháil a thabharfaidh duine do bhreitheamh ceaptha i bhfiosrúchán faoi *alt 31(3)(a)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion (seachas cion faoi *fho-alt (3)*).

(5) Féadfaidh an tAire treoir a eisiúint chuig Coimisinéir an Gharda, chuig Leas-Choimisinéir den Gharda nó chuig Coimisinéir Cúnta den Gharda á cheangal ar an duine sin aon bhearta dleathacha a dhéanamh a ndealraíonn sé don duine iad a bheith riachtanach nó fóirsteanach—

(a) chun fianaise a bhaineann leis an ní is ábhar don fhiosrúchán faoi *alt 31(3)(a)* a chaomhnú, agus

(b) chun a éascú don bhreitheamh ceaptha an fhianaise sin a fháil.

Caibidil 4

Feidhmeanna agus dualgais Choimisinéir an Gharda

Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda

33. (1) Faoi réir an Achta seo, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag Coimisinéir an Gharda:

(a) a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána a fheidhmeanna a chomhall;

(b) an Garda Síochána a threorú agus a rialú;

(c) riaradh agus gnó an Gharda Síochána a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, lena n-áirítear—

(i) trína bheith freagrach as na hacmhainní atá ar fáil dó nó di a leithroinnt agus a chur chun úsáide agus as an modh ar a ndéanfar comhaltaí de phearsanra an Gharda a lonnú agus a chur ar stáisiún ar fud an Stáit a chinneadh, agus

(ii) trí shocrú a dhéanamh chun comhaltaí de phearsanra an Gharda a earcú, oiliúint a chur orthu agus iad a cheapadh agus maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach na gcomhaltaí sin;

(d) féachaint lena áirithiú go gcuirfear feabhas leanúnach ar chúrsaí póilíneachta agus slándála an Stáit;

(e) an tAire a chomhairliú ar chúrsaí póilíneachta agus slándála;

(f) cabhrú agus comhoibriú leis an Údarás agus leis an Ombudsman Póilíneachta chun a éascú don Údarás agus don Ombudsman Póilíneachta a bhfeidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh;

(g) aon fheidhmeanna eile a shannfar dó nó di leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh.

(2) Nuair a bheidh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna á gcomhlíonadh ag Coimisinéir an Gharda, féachfaidh sé nó sí lena chinntiú go ndéanfar na feidhmeanna sin a chomhall ag féachaint go cuí do na nithe seo a leanas—

(a) na prionsabail phóilíneachta,

(b) an cuspóir arb éard é éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht a chur chun cinn sa Gharda Síochána,

(c) na hoibleagáidí atá ar an nGarda Síochána faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014,

(d) na tosaíochtaí póilíneachta,

(e) na tosaíochtaí slándála,

(f) an plean straitéiseach arna leagan faoi *alt 64(1)*,

(g) an plean seirbhíse bliantúil arna leagan faoi *alt 65(12)* nó *66(10)*,

(h) an plean caipitiúil arna leagan faoi *alt 69(1)*,

(i) na hacmhainní a bheidh leithdháilte,

(j) aon bheartais iomchuí de chuid an Aire nó an Rialtais, agus

(k) aon treoir a eiseofar chuige nó chuici faoi *alt 37(1)*.

(3) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda, a mhéid is indéanta, go bhfuil comhaltaí de phearsanra an Gharda atá ar stáisiún i gcuid de rannán Garda Síochána ina bhfuil limistéar Gaeltachta inniúil a ndóthain sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.

(4) I gcás go mbeidh cinneadh déanta ag Coimisinéir an Gharda faoi alt 33(1) d'Acht 2005 roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus gur cinneadh é atá i bhfeidhm díreach roimh an aisghairm sin, measfar, maidir leis an gcinneadh, gur cinneadh é a bheidh déanta ag Coimisinéir an Gharda de bhun é nó í do chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *fho-alt (1)(c)(i)*.

(5) San alt seo, ciallaíonn "limistéar Gaeltachta" limistéar a bhfuil cinneadh déanta ina leith, de thuras na huaire, le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 gur limistéar Gaeltachta é agus a lean de bheith ina limistéar den sórt sin faoi alt 7(1) d'Acht na Gaeltachta, 2012.

Neamhspleáchas agus cuntasacht Choimisinéir an Gharda

34. (1) Faoi réir an Achta seo, beidh Coimisinéir an Gharda neamhspleách agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna á gcomhlíonadh aige nó aici.

(2) Beidh Coimisinéir an Gharda cuntasach don Bhord as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Dualgas Choimisinéir an Gharda cuntas a thabhairt don Rialtas agus don Aire agus ábhar a sholáthar don Ard-Aighne

35. (1) Tabharfaidh Coimisinéir an Gharda cuntas iomlán don Rialtas agus don Aire trí Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt i ndáil le nithe a bhaineann leis an nGarda Síochána do sholáthar seirbhísí póilíneachta agus seirbhísí slándála.

(2) Beidh ar áireamh sa dualgas atá ar Choimisinéir an Gharda faoi *fho-alt (1)* an dualgas aon doiciméad atá faoi chumhacht nó faoi rialú an Gharda Síochána a sholáthar, ar iarraidh a fháil ó Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, lena n-áirítear ábhar i bhfoirm taifid de chuid an Gharda, ráitis arna ndéanamh ag comhaltaí de phearsanra an Gharda agus ag daoine eile agus tuarascálacha.

(3) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda an t-ábhar go léir a shonraítear i *bhfo-alt (2)* agus a theastóidh ón Ard-Aighne i dtaca le himeachtaí dlí a sheoladh thar ceann an Stáit a sholáthar don Ard-Aighne.

Dualgas Choimisinéir an Gharda faisnéis a sholáthar don Aire

36. (1) Coimeádfaidh Coimisinéir an Gharda an tAire agus Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt ar an eolas go hiomlán faoi na nithe seo a leanas:

(a) nithe a bhaineann le forbairtí suntasacha maidir leis an méid seo a leanas—

(i) an tsíocháin agus an t-ord poiblí a shlánchoimeád sa Stát,

(ii) beatha agus maoin a chosaint sa Stát, nó

(iii) slándáil an Stáit a chosaint;

(b) forbairtí suntasacha a bhféadfaí a bheith ag súil leis, le réasún, go ndéanfaidís dochar don mhuinín atá ag an bpobal as an nGarda Síochána;

(c) forbairtí suntasacha a bhféadfaí a bheith ag súil leis, le réasún, go ndéanfaidís dochar d'fheidhmíocht an Gharda Síochána;

(d) nithe is iomchuí maidir le cuntasacht an Rialtais do Thithe an Oireachtais;

(e) aon nithe eile ar cheart, i dtuairim an Choimisinéara, aird an Aire a dhíriú orthu.

(2) Aon uair a cheanglóidh an tAire air nó uirthi é, déanfaidh Coimisinéir an Gharda tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar aon nithe a bhfuil baint acu leis an nGarda Síochána do sholáthar seirbhísí póilíneachta nó seirbhísí slándála nó le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin de chuid an Choimisinéara a shonróidh an tAire.

(3) Maidir le tuarascáil faoi *fho-alt (2)*—

(a) tabharfar aghaidh inti ar nithe ar cás leis an Aire iad, go ginearálta nó go sonrach, agus a bheidh sonraithe i gceanglas an Aire, agus

(b) déanfar í san fhoirm agus laistigh den tréimhse sin a bheidh sonraithe sa cheanglas.

(4) I gcás go mbaineann, agus sa mhéid go mbaineann, tuarascáil faoi *fho-alt (2)* le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, cuirfidh an tAire na nithe sin in iúl don Údarás.

(5) Féadfaidh an tAire tuarascáil iomlán, nó cuid de thuarascáil, a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (2*) a fhoilsiú.

Treoracha ón Aire

37. (1) Faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh an tAire, le ceadú an Rialtais, treoracha scríofa a eisiúint chuig Coimisinéir an Gharda maidir le haon ní a bhaineann leis an nGarda Síochána.

(2) Féadfaidh an tÚdarás a mholadh don Aire gur chóir treoir maidir le ní sonraithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a eisiúint faoi *fho-alt (1).*

(3) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, aon treoir a eiseofar chuige nó chuici faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis treoir a eisiúint faoi *fho-alt (1)*, cóip den treoir a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(5) I gcás gurb é tuairim an Aire go bhféadfaí, dá gcuirfí faoi deara cóip de threoir a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas de réir *fho-alt (4)*, dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit nó bac a chur ar chosc, imscrúdú nó ionchúiseamh ciona, cuirfidh an tAire faoi deara ráiteas scríofa a leagan faoi bhráid gach Tí á rá gur eisíodh treoir den sórt sin.

(6) Ní dhéanfar cumhacht an Aire faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú chun teorainn a chur le neamhspleáchas comhalta den Gharda Síochána feidhmeanna a bhaineann le cion sonraithe a imscrúdú nó cion a ionchúiseamh mar a údaraítear le *halt 10* a chomhlíonadh.

(7) Maidir leis na bearta a dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda chun treoir a eiseofar faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, cuirfidh an Coimisinéir na bearta sin in iúl don Aire agus déanfaidh an Coimisinéir an fhaisnéis sin a sholáthar laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an tAire.

(8) I gcás go mbaineann, agus sa mhéid go mbaineann, faisnéis arna soláthar ag Coimisinéir an Gharda don Aire faoi *fho-alt (7)* le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, soláthróidh an tAire an fhaisnéis sin don Údarás.

Ábhar a sholáthar don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh

38. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarraidh a fháil ón nGníomhaireacht Stáit um Éilimh, aon doiciméad atá faoi chumhacht nó faoi rialú an Gharda Síochána a sholáthar don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh, lena n-áirítear ábhar i bhfoirm taifid de chuid an Gharda, ráitis arna ndéanamh ag comhaltaí de phearsanra an Gharda agus ag daoine eile agus tuarascálacha, is doiciméad a theastaíonn ón nGníomhaireacht Stáit um Éilimh chun críoch éileamh dlíthiúil nó éileamh dlíthiúil ionchasach, nó i dtaca leis an gcéanna, i gcoinne údarás Stáit nó thar a cheann.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda aon ní a eisiamh as aon doiciméad a bheidh le soláthar don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh faoi *fho-alt (1)* ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit, dá soláthrófaí é,

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil, nó beatha nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol, dá soláthrófaí é, nó

(c) nach mbeadh, ar chúis ar bith eile, ar mhaithe le leas an phobail, dá soláthrófaí é.

(3) San alt seo—

ciallaíonn 'Acht 2000' an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000;

ciallaíonn 'Acht 2014' an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014;

ciallaíonn "éileamh dlíthiúil"—

(a) éileamh (de réir bhrí Chuid 2 d'Acht 2000) a bhfuil bainistiú an éilimh sin arna tharmligean chuig an nGníomhaireacht Stáit um Éilimh faoi alt 9(1) den Acht sin,

(b) éileamh ar chostais (de réir bhrí Chuid 5 d'Acht 2014) a bhfuil bainistiú an éilimh sin ar chostais arna tharmligean chuig an nGníomhaireacht Stáit um Éilimh faoi alt 34(1) den Acht sin, nó

(c) frithéileamh (de réir bhrí Chuid 2 d'Acht 2000);

tá le "údarás Stáit"—

(a) i gcás éileamh dlíthiúil lena mbaineann *mír (a)* nó *(c)* den mhíniú ar "éileamh dlíthiúil", an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d'Acht 2000, agus

(b) i gcás éileamh dlíthiúil lena mbaineann *mír (b)* den mhíniú ar "éileamh dlíthiúil", an bhrí chéanna atá leis i gCuid 5 d'Acht 2014.

Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a tharmligean

39. (1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus cibé teorainneacha, srianta nó coinníollacha a bheidh i rialacháin (más ann) faoi *alt 254(1)(n),* féadfaidh Coimisinéir an Gharda, i scríbhinn, aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a tharmligean chuig comhaltaí de phearsanra an Gharda a bheidh sonraithe sa tarmligean—

(a) i gcás comhaltaí ar comhaltaí den Gharda Síochána iad, de réir céime nó ainm, agus

(b) i gcás comhaltaí ar comhaltaí d'fhoireann an Gharda iad, de réir gráid, poist, ainm nó ar shlí eile.

(2) I gcás go mbainfidh tarmligean faoin alt seo le comhlíonadh feidhme arna sannadh do Choimisinéir an Gharda le haon achtachán nó faoi aon achtachán, seachas an tAcht seo, ní fheidhmeoidh Coimisinéir an Gharda an chumhacht faoin alt seo chun an fheidhm a tharmligean gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire i ndáil leis an bhfeidhm sin.

(3) Maidir le tarmligean faoin alt seo—

(a) féadfaidh baint a bheith aige le feidhm a chomhlíonadh, i gcoitinne nó i gcás áirithe nó in aicme áirithe cáis nó i leith ní áirithe,

(b) féadfar é a chur faoi réir coinníollacha nó srianta, agus

(c) féadfaidh Coimisinéir an Gharda é a chúlghairm nó a athrú tráth ar bith.

(4) Ní choiscfidh tarmligean feidhme faoin alt seo ar Choimisinéir an Gharda an fheidhm a chomhlíonadh.

(5) I gcás go ndéanfar feidhmeanna Choimisinéir an Gharda a tharmligean chuig duine faoin alt seo, déanfar aon tagairtí do Choimisinéir an Gharda a fhorléiriú mar thagairtí don duine sin.

(6) Maidir le gníomh nó le ní arna dhéanamh ag duine de bhun tarmligean faoin alt seo, beidh an fheidhm chéanna aige, agus beidh an éifeacht chéanna leis, amhail is dá mba é nó í Coimisinéir an Gharda a rinne é.

(7) Ní scoirfidh tarmligean faoin alt seo d'éifeacht a bheith leis ar mhalairt duine do ghníomhú go dleathach mar Choimisinéir an Gharda nó do chomhlíonadh fheidhmeanna Choimisinéir an Gharda agus dá bhíthin sin amháin.

Cumhachtaí Choimisinéir an Gharda i ndáil le conarthaí, cuntais bhainc, etc.

40. (1) Faoi réir an Achta seo agus cibé teorainneacha, srianta nó coinníollacha a bheidh i rialacháin (más ann) faoi *alt 254(1)(o),* féadfaidh Coimisinéir an Gharda, d'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le riaradh agus gnó an Gharda Síochána—

(a) conradh a dhéanamh thar ceann an Gharda Síochána le haon duine nó le haon chomhlacht maidir le haon ní a eascróidh i ndáil leis na feidhmeanna sin,

(b) ach toiliú a bheith faighte roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cuntais bhainc d'aon tuairisc a oibriú sa Stát nó in áit eile, agus

(c) aon rud eile is gá a dhéanamh chun a chumasú do Choimisinéir an Gharda na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, folaíonn an chumhacht a thugtar le *fo-alt (1)(a)* an chumhacht chun conradh a dhéanamh i ndáil le talamh nó leas i dtalamh nó in aon mhaoin eile.

(3) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda agairt a dhéanamh, agus beidh sé nó sí inagartha, in ainm a oifige nó a hoifige.

(4) Maidir le conradh a dhéanfaidh duine faoin alt seo, ar duine é nó í a bhfuil oifig Choimisinéir an Gharda ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, beidh sé ina cheangal ar an duine sin agus ar a chomharbaí oifige nó ar a comharbaí oifige agus beidh sé infhorfheidhmithe aige nó aici nó acu, ach ní bheidh an duine sin ná aon chomharba oifige faoi dhliteanas pearsanta maidir leis an gconradh.

(5) Tá feidhm ag *fo-alt (4)*, is cuma an ndearnadh, nó nach ndearnadh, an conradh de bhun cumhacht a tarmligeadh faoi *alt 39*.

(6) D'ainneoin *fho-alt (1)(b),* níl an chumhacht ag Coimisinéir an Gharda airgead a fháil ar iasacht ar mhodh rótharraingt bhainc ná ar shlí eile.

Cumhacht Choimisinéir an Gharda chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a cheapadh

41. Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhruiliú a mheasfaidh an Coimisinéir is gá chun cabhrú leis nó léi a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus feidhmeanna an Gharda Síochána, a chomhlíonadh faoin Acht seo.

Socruithe chun tuairimí a fháil ón bpobal

42. (1) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda socruithe chun tuairimí a fháil ón bpobal faoi nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus leis an nGarda Síochána.

(2) Sula ndéanfaidh Coimisinéir an Gharda aon socruithe faoin alt seo, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás i ndáil le haon socruithe atá beartaithe.

Seirbhísí a sholáthar le haghaidh ócáidí áirithe, etc.

43. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarraidh a fháil ó dhuine, seirbhísí a sholáthar le haghaidh ócáidí ar mhaoin phríobháideach nó i limistéir a bhfuil cead isteach ag an bpobal iontu, nó seirbhísí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a sholáthar, agus muirear a ghearradh i leith na seirbhísí sin, más rud é—

(a) gurb é leas an phobail é, agus go bhfuil sé i gcomhréir le feidhmeanna an Gharda Síochána, na seirbhísí a sholáthar, agus

(b) gur deimhin le Coimisinéir an Gharda go ndearna nó go ndéanfaidh an duine na muirir i leith na seirbhísí a íoc leis nó léi.

(2) Is iad seo a leanas na cineálacha ócáidí ar lena n-aghaidh a fhéadfar seirbhísí a sholáthar faoin alt seo:

(a) clár imeachtaí spóirt;

(b) ceolchoirmeacha;

(c) féilte agus taispeántais;

(d) cruinnithe agus comhdhálacha;

(e) scannáin, físeáin, cláir theilifíse agus fógráin a dhéanamh;

(f) láithris ag pearsana aonair nó ag grúpaí pearsan aonair ar dóigh dóibh líon mór daoine a mhealladh.

(3) Maidir le seirbhísí a bhaineann le daoine nó maoin, atá i mbaol díobhála le linn iad nó í a bheith faoi bhealach laistigh den Stát, a chosaint, cibé acu trí choimhdeachtaí póilíní nó ar shlí eile, féadfar na seirbhísí sin a sholáthar faoin alt seo faoi réir cibé imthosca ina bhféadfar, agus faoi réir a mhéid a fhéadfar, na seirbhísí sin a sholáthar de réir mar a bheidh i rialacháin (más ann) faoi *alt 254(1)(p)*.

(4) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, tar éis dó nó di cibé costais a shonrófar i rialacháin (más ann) faoi *alt 254(1)(q)* a chur i gcuntas, muirir a shocrú i leith seirbhísí a sholáthrófar faoin alt seo ar muirir iad is leor faoi chomhair na gcostas a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar.

(5) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda aon mhéid atá dlite faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón duine a bhfuil sé iníoctha aige nó aici.

Caibidil 5

Pearsanra an Gharda

Pearsanra an Gharda

44. Is éard a bheidh i bpearsanra an Gharda Síochána na comhaltaí seo a leanas (dá ngairtear "comhaltaí de phearsanra an Gharda" san Acht seo):

(a) comhaltaí den Gharda Síochána;

(b) comhaltaí d'fhoireann an Gharda.

Céimeanna, an líon ar gach céim, téarmaí agus coinníollacha

45. (1) Faoi réir rialacháin (más ann) arna ndéanamh faoi *fho-alt (2)*, is iad seo a leanas na céimeanna ina ndéanfar comhaltaí an Gharda Síochána a roinnt:

(a) Coimisinéir an Gharda;

(b) Leas-Choimisinéir den Gharda;

(c) Coimisinéir Cúnta den Gharda;

(d) ardcheannfort;

(e) ceannfort;

(f) cigire;

(g) sáirsint;

(h) garda;

(i) garda cúltaca.

(2) Féadfaidh an tAire, faoi réir *alt 252(2)*, rialacháin a dhéanamh—

(a) chun céim, is ísle céim ná Coimisinéir Cúnta den Gharda, a chur leis na céimeanna a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, nó

(b) chun aon chéim, is ísle céim ná Coimisinéir Cúnta den Gharda, a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, nó a chuirfear leis faoi *mhír (a)*, a bhaint.

(3) Beidh duine amháin, nó cibé líon daoine is mó ná sin, ar gach ceann de na céimeanna (seachas an chéim arb éard í Coimisinéir an Gharda) a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, nó a chuirfear leis na céimeanna faoi *fho-alt (2)(a)*—

(a) i gcás na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda, a chinnfidh an Rialtas ag féachaint go cuí do thuairimí Choimisinéir an Gharda, agus

(b) in aon chás eile, a chinnfidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(4) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) comhaltaí den Gharda Síochána, seachas Coimisinéir an Gharda nó Leas-Choimisinéir den Gharda, a cheapfar faoin Acht seo, a chinneadh.

(5) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, chun críocha *fho-alt (3)(b)* agus *alt 54(4)(b),* riachtanais phearsanra an Gharda Síochána a choimeád faoi athbhreithniú.

Dearbhú sollúnta

46. Ní bheidh éifeacht le ceapachán duine mar chomhalta den Gharda Síochána, ar theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis, ach amháin i gcás go ndéanfaidh an duine dearbhú ó bhéal agus i scríbhinn os comhair Feidhmeannach Síochána san fhoirm a shonraítear i *Sceideal 2*.

Daoine a cheapadh chun na céime arb éard í Coimisinéir Cúnta den Gharda nó ardcheannfort

47. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, tar éis comórtas roghnóireachta arna ghabháil de láimh ag an tSeirbhís chun na críche sin, daoine a cheapadh, le ceadú an Bhoird, agus de réir cibé nithe a bheidh i rialacháin i ndáil le ceapacháin den sórt sin, chun na céime arb éard í Coimisinéir Cúnta den Gharda nó ardcheannfort.

(2) Aon duine a bhfuil, ar theacht i ngníomh don alt seo, oifig Coimisinéara Cúnta den Gharda nó ardcheannfoirt ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, measfar gur ceapadh é nó í faoin alt seo agus leanfaidh sé nó sí de bheith in oifig—

(a) de réir an Achta seo,

(b) de réir na rialachán, agus

(c) a mhéid nach bhfuil téarmaí ná coinníollacha a cheapacháin nó a ceapacháin faoi Acht 2005 ar neamhréir leis an Acht seo ná leis na rialacháin, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin.

Coimisinéir Cúnta den Gharda nó ardcheannfort a chur ar fionraí ó dhualgas, a chur as oifig

48. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, de réir cibé nósanna imeachta agus i cibé imthosca a shonrófar i rialacháin i ndáil leis an bhfionraí sin, duine, a bhfuil oifig Coimisinéara Cúnta den Gharda nó ardcheannfoirt ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a chur ar fionraí ó dhualgas.

(2) Gan dochar do na Rialacháin Feidhmíochta ná do na Rialacháin Iompair agus faoi réir an ailt seo, féadfaidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Bhoird, duine, a bhfuil oifig Coimisinéara Cúnta den Gharda nó ardcheannfoirt ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe, lena n-áirítear más rud é—

(a) gur mhainnigh an duine feidhmeanna na hoifige atá ina sheilbh aige nó ina seilbh aici a chomhlíonadh le dúthracht agus éifeachtacht chuí,

(b) gur ghabh an duine d'iompar a tharraingíonn míchlú ar an oifig nó a fhéadfaidh dochar a dhéanamh do chomhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige, nó

(c) gurbh fhearr a rachadh sé chun leasa an Gharda Síochána, i dtuairim Choimisinéir an Gharda, dá gcuirfí an duine as oifig.

(3) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, i gcás gur dóigh leis nó léi gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh chun críocha *fho-alt (2)*, agus le ceadú an Bhoird, duine a cheapadh (dá ngairtear "duine ceaptha" san alt seo agus in *alt 49*)—

(a) chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh aon ní a fhágann go mbeartaítear duine a chur as oifig faoin alt seo, agus

(b) chun tuarascáil ar fhionnachtana an fhiosrúcháin a thabhairt do Choimisinéir an Gharda.

(4) Sula gcuirfidh Coimisinéir an Gharda duine as oifig faoin alt seo—

(a) tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don duine á rá go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisinéir breithniú a dhéanamh i dtaobh an duine a chur as oifig, agus áireoidh sé nó sí ráiteas san fhógra faoi na cúiseanna atá aige nó aici le déanamh amhlaidh,

(b) i gcás go gceapfaidh sé nó sí duine ceaptha chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh ní a fhágann go mbeartaítear an duine a chur as oifig—

(i) déanfaidh sé nó sí an ceapachán sin a chur in iúl i scríbhinn don duine sin,

(ii) breithneoidh sé nó sí an tuarascáil ar fhionnachtana an fhiosrúcháin,

(iii) cuirfidh sé nó sí fionnachtana an fhiosrúcháin in iúl don Bhord agus, i gcás gur cuí leis nó léi é, tabharfaidh sé nó sí cóip den tuarascáil don Bhord, agus

(iv) tabharfaidh sé nó sí cóip den tuarascáil don duine sin,

(c) tabharfaidh sé nó sí deis don duine aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an gcúis nár chóir é nó í a chur as oifig, agus

(d) breithneoidh sé nó sí aon aighneachtaí den sórt sin arna ndéanamh ag an duine nó thar ceann an duine.

(5) Ar fhógra a thabhairt do dhuine faoi *fho-alt (4)(a)* á rá go bhfuil beartaithe ag Coimisinéir an Gharda breithniú a dhéanamh i dtaobh é nó í a chur as oifig, féadfaidh Coimisinéir an Gharda, i gcás nach bhfuil an duine curtha ar fionraí de bhun *fho-alt (1)* agus i gcás gur cuí leis nó léi é, an duine a chur ar fionraí ó dhualgas.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, leanfaidh duine de bheith curtha ar fionraí ó dhualgas faoi *fho-alt (5)* go dtí go dtabharfaidh Coimisinéir an Gharda breith i dtaobh ar chóir an duine a chur as oifig faoin alt seo.

(7) I gcás go bhfuil duine curtha ar fionraí ó dhualgas faoi *fho-alt (5)* agus gurb é tuairim Choimisinéir an Gharda nach bhfuil na bearta a cheanglaítear a dhéanamh faoi *fho-alt (4)* déanta gan moill mhíchuí, déanfaidh Coimisinéir an Gharda an fhionraí a fhoirceannadh.

Fiosrúchán faoi *alt 48(3)(a)*

49. (1) Chun críoch fiosrúcháin faoi *alt 48(3)(a),* féadfaidh an duine ceaptha cibé nithe díobh seo a leanas a dhéanamh is cuí leis nó léi:

(a) a threorú do dhuine, le fógra arna sheachadadh air nó uirthi, aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a bheidh sonraithe san fhógra agus atá iomchuí maidir leis an bhfiosrúchán, agus a bhfuil gá léi nó leis chun críocha an fhiosrúcháin, a sholáthar;

(b) a threorú d'aon duine, le fógra arna sheachadadh air nó uirthi, doiciméad nó rud a bheidh sonraithe san fhógra agus atá iomchuí maidir leis an bhfiosrúchán, agus a bhfuil gá leis chun críocha an fhiosrúcháin, agus atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine, a thabhairt ar aird an tráth agus san áit a bheidh sonraithe san fhógra;

(c) finnéithe a thoghairm chun freastal ar an bhfiosrúchán;

(d) a threorú d'fhinné ceist a bheidh curtha air nó uirthi ag an bhfiosrúchán a fhreagairt;

(e) aon treorú eile a thabhairt is dealraitheach don duine ceaptha a bheith riachtanach, cóir agus réasúnach chun críocha an fhiosrúcháin;

(f) finnéithe a chur faoi mhionn agus faoi dhearbhasc agus finnéithe atá ag freastal ar an bhfiosrúchán a cheistiú.

(2) I gcás go mainneoidh duine (an "duine céadluaite") nó go ndiúltóidh sé nó sí treorú nó toghairm faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, nó i gcás nach ndéanfaidh sé nó sí dá réir, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ón duine ceaptha lena mbaineann agus iar bhfógra chun an duine chéadluaite—

(a) a ordú don duine céadluaite an treorú a chomhlíonadh nó, i gcás toghairme, freastal ar an bhfiosrúchán, agus

(b) cibé ordú eile (más ann) a mheasfaidh sí is gá agus is cóir a dhéanamh chun go mbeidh lánéifeacht leis an treorú nó, i gcás toghairme, chun a chinntiú go bhfreastalóidh an duine ar an bhfiosrúchán.

(3) Maidir le duine—

(a) is ábhar do threorú le fógra faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* agus a dhiúltóidh nó a mhainneoidh, gan leithscéal dleathach, treorú faoin mír lena mbaineann a chomhlíonadh,

(b) a mhainneoidh, gan leithscéal dleathach, freastal ar fhiosrúchán mar fhreagairt do thoghairm faoi *fho-alt (1)(c),*

(c) a dhiúltóidh ceist a fhreagairt, is ceist a bhféadfaidh an duine ceaptha a threorú dó nó di go dleathach í a fhreagairt faoi *fho-alt (1)(d),* nó

(d) a dhéanfaidh, nó a fhágfaidh gan déanamh, aon ní eile ar dhíspeagadh ar an gcúirt sin a bheadh ann dá mba chúirt dlí an fiosrúchán agus an chumhacht aici pionós a ghearradh mar gheall ar dhíspeagadh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Ní bheidh ráiteas ná admháil a dhéanfaidh duine de bhun treorú faoi *fho-alt (1)* nó ordú faoi *fho-alt (2)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion (seachas cion faoi *fho-alt (3)*).

(5) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda treoir a eisiúint chuig comhaltaí de phearsanra an Gharda á cheangal orthu aon bhearta dleathacha a dhéanamh a ndealraíonn sé dóibh iad a bheith riachtanach nó fóirsteanach—

(a) chun fianaise a bhaineann leis an ní is ábhar don fhiosrúchán faoi *alt 48(3)(a)* a chaomhnú, agus

(b) chun a éascú don duine ceaptha an fiosrúchán a sheoladh chun an fhianaise sin a fháil.

Daoine a cheapadh chun céimeanna, daoine a chur ar fionraí ó chéimeanna, is ísle céim ná ardcheannfort

50. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda daoine a cheapadh chun aon chéime is ísle céim ná ardcheannfort de réir cibé nithe a bheidh i rialacháin i ndáil le ceapacháin den sórt sin.

(2) Aon duine a bhfuil, ar theacht i ngníomh don alt seo, céim is ísle céim ná ardcheannfort aige nó aici, measfar gur ceapadh é nó í faoin alt seo agus leanfaidh sé nó sí de bheith in oifig—

(a) de réir an Achta seo,

(b) de réir na rialachán, agus

(c) a mhéid nach bhfuil téarmaí ná coinníollacha a cheapacháin nó a ceapacháin ar neamhréir leis an Acht seo ná leis na rialacháin, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin.

(3) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, de réir cibé nósanna imeachta agus i cibé imthosca a shonrófar i rialacháin i ndáil leis an bhfionraí sin, duine is comhalta d'aon chéim is ísle céim ná ardcheannfort a chur ar fionraí ó dhualgas.

Comhaltaí is ísle céim ná ardcheannfort a dhífhostú ar chúiseanna ar mhaithe le muinín an phobail

51. Gan dochar do na Rialacháin Feidhmíochta ná do na Rialacháin Iompair, féadfaidh Coimisinéir an Gharda comhalta is ísle céim ná ardcheannfort a dhífhostú as an nGarda Síochána más rud é—

(a) gurb é tuairim Choimisinéir an Gharda de dheasca iompar an chomhalta (lena n-áirítear aon ghníomh nó aon neamhghníomh)—

(i) go mbainfeadh sé an mhuinín atá ag an bpobal as an nGarda Síochána dá bonn dá leanfadh an comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, agus

(ii) gur gá an comhalta a dhífhostú chun an mhuinín sin a choimeád ar bun,

(b) go bhfuil an bonn atá le tuairim Choimisinéir an Gharda faoi *mhír (a)* curtha in iúl don chomhalta,

(c) go bhfuil deis tugtha don chomhalta aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an gcúis nár chóir é nó í a dhífhostú, agus

(d) go bhfuil Coimisinéir an Gharda tar éis aon aighneachtaí a rinne an duine, nó a rinneadh thar ceann an duine, faoi *mhír (c)* a bhreithniú, agus go seasann sé nó sí lena thuairim nó lena tuairim.

Cumhachtaí daoine a cheapfar chun na céime arb éard í garda cúltaca

52. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh ag duine a cheapfar faoi *alt 50* chun na céime arb éard í garda cúltaca, le linn dó nó di a bheith ar dualgas, na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí céanna atá ag duine, agus beidh na dualgais chéanna air nó uirthi atá ar dhuine, arna cheapadh nó arna ceapadh faoin alt sin chun na céime arb éard í garda.

(2) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Údarás agus leis an Aire, raon na gcumhachtaí a bheidh le feidhmiú, agus raon na ndualgas a bheidh le comhall, ag comhaltaí den Gharda Síochána ar chéim garda cúltaca a chinneadh.

(3) Is saorálaí comhalta den Gharda Síochána ar chéim garda cúltaca agus ní chomhlíonann sé nó sí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta den sórt sin faoi chonradh fostaíochta.

Oiliúnaithe a ligean isteach

53. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, de réir rialacháin (más ann) faoi *alt 254(1)(c),* socrú a dhéanamh chun cibé líon daoine is cuí leis nó léi a ligean isteach mar oiliúnaithe (dá ngairtear "oiliúnaí" san Acht seo) d'fhonn na daoine sin a cheapadh faoi *alt 50,* agus a rollú, mar chomhaltaí den Gharda Síochána.

(2) Beidh coinníollacha seirbhíse oiliúnaí faoi rialú ag conradh oiliúna (nach conradh fostaíochta) arna dhéanamh idir Coimisinéir an Gharda agus an t-oiliúnaí.

(3) Maidir le duine a ligeadh isteach mar oiliúnaí de réir bhrí Rialacháin an Gharda Síochána (Ligean Isteach agus Ceapacháin), 2013 (I.R. Uimh. 470 de 2013) agus de réir na Rialachán sin agus atá, an tráth a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, fós faoi oiliúint—

(a) measfar gur ligeadh isteach é nó í mar oiliúnaí faoi *fho-alt (1)*, agus

(b) leanfaidh sé nó sí den oiliúint sin a fháil—

(i) de réir an Achta seo,

(ii) de réir na rialachán, agus

(iii) a mhéid nach bhfuil na téarmaí ná na coinníollacha a bhaineann lena ligean isteach de réir Rialacháin an Gharda Síochána (Ligean Isteach agus Ceapacháin), 2013 ar neamhréir leis an Acht seo ná leis na rialacháin, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin.

Comhaltaí d'fhoireann an Gharda a cheapadh

54. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh Coimisinéir an Gharda daoine a cheapadh mar chomhaltaí d'fhoireann an Gharda.

(2) Is é nó is í Coimisinéir an Gharda a dhéanfaidh, le ceadú an Bhoird, comhaltaí sinsearacha d'fhoireann an Gharda a cheapadh.

(3) Déanfar comhaltaí d'fhoireann an Gharda a earcú de réir Acht 2004.

(4) Is é nó is í Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a chinnfidh—

(a) na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a bheidh ag comhaltaí d'fhoireann an Gharda, agus

(b) na gráid d'fhoireann an Gharda agus an líon comhaltaí i ngach grád.

(5) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus *(8)*, maidir le gach comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána is státseirbhíseach de chuid an Rialtais díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo agus a bheidh sainainmnithe le hordú ón Aire chun críocha an ailt seo, tiocfaidh sé nó sí, ar é nó í a shainainmniú amhlaidh, chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda.

(6) Sula ndéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (5)*, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt d'aon cheardchumann aitheanta nó d'aon chomhlachas foirne aitheanta lena mbaineann á rá go bhfuil ar intinn ag an Aire déanamh amhlaidh, agus

(b) laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra faoi *mhír (a)*, aon uiríll arna ndéanamh ag an gceardchumann sin nó ag an gcomhlachas foirne sin i ndáil leis an ní a bhreithniú.

(7) Déanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (5)* tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis don alt seo teacht i ngníomh.

(8) Tá feidhm ag *Sceideal 3* maidir le foireann shibhialtach a thagann chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Gharda de bhun ordú faoi *fho-alt (5)*.

Aoisliúntas (*Cuid 2*)

55. (1) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú d'aon duine, nó i leith aon duine, a cheapfar mar chomhalta d'fhoireann an Gharda, nó d'aon duine, nó i leith aon duine, nach dtiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar é nó í do theacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda.

(2) Socrófar le scéim faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh lena leasófar scéim faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda scéim faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, a chomhall de réir a téarmaí.

(5) Áireofar i scéim faoin alt seo foráil maidir le hachomhairc a dhéanamh i gcoinne breith a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.

(6) I gcás go n-eascróidh aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéim nó scéimeanna faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chun an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(7) Ní dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda aon sochair aoisliúntais a dheonú do dhuine, nó ina leith, ar scor dó nó di de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda, ach amháin—

(a) de réir scéim nó scéimeanna faoin alt seo, nó

(b) le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(8) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(9) Beidh feidhm ag *fo-alt (8)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le leasú ar scéim faoin alt seo mar atá feidhm aige maidir le scéim faoin alt seo.

(10) San alt seo—

folaíonn "lena leasófar", i ndáil le scéim faoin alt seo, an scéim a chúlghairm;

ciallaíonn "sochar aoisliúntais" aon phinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha le duine, nó i leith duine, ar scor dó nó di de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda.

Treorú agus rialú an Gharda Síochána

56. Maidir le comhaltaí de phearsanra an Gharda—

(a) beidh siad faoi réir threorú agus rialú Choimisinéir an Gharda fad a bheidh a bhfeidhmeanna (lena n-áirítear aon fheidhmeanna atá acu de bhua chéim nó ghrád áirithe an chomhalta) á gcomhall acu,

(b) déanfaidh siad orduithe dleathacha a chomhall, agus

(c) comhlíonfaidh siad na dualgais go léir a cheapfar agus déanfaidh siad freastal ar na nithe go léir atá faoi réim oifig nó réimse freagrachta an chomhalta ar mhodh dleathach, gairmiúil, poncúil agus pras.

Dualgas comhaltaí de phearsanra an Gharda cuntas a thabhairt

57. (1) Déanfaidh comhalta de phearsanra an Gharda, nuair a threoróidh comhalta níos sinsearaí de phearsanra an Gharda dó nó di déanamh amhlaidh, cuntas a thabhairt ar aon ghníomh nó aon neamhghníomh arna dhéanamh ag an gcomhalta céadluaite le linn dó nó di a bheith ar dualgas.

(2) Má mhainníonn comhalta de phearsanra an Gharda treorú faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, beidh an mhainneachtain sin ina hábhar do bheart araíonachta de réir na Rialachán Iompair nó de réir an chóid iompair is infheidhme maidir leis an gcomhalta lena mbaineann, de réir mar a bheidh.

(3) Ní bheidh ráiteas ná admháil a dhéanfaidh comhalta de phearsanra an Gharda de bhun treorú faoi *fho-alt (1)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an chomhalta sin mar gheall ar chion.

(4) Ar threorú faoi *fho-alt (1)* a thabhairt do chomhalta de phearsanra an Gharda, cuirfidh an comhalta níos sinsearaí de phearsanra an Gharda lena mbaineann in iúl don chomhalta lena mbaineann—

(a) go bhféadfadh sé gurbh é a leanfadh as mainneachtain an treorú a chomhlíonadh go ndéanfaí an comhalta lena mbaineann a dhífhostú as an nGarda Síochána, agus

(b) an éifeacht atá le *fo-alt (3)*.

(5) San alt seo, ciallaíonn "comhalta níos sinsearaí de phearsanra an Gharda"—

(a) i gcás comhalta den Gharda Síochána, comhalta den Gharda Síochána is airde céim nó comhalta d'fhoireann an Gharda ar ghrád atá comhionann le céim níos airde, agus

(b) i gcás comhalta d'fhoireann an Gharda, comhalta d'fhoireann an Gharda is airde grád nó comhalta den Gharda Síochána ar chéim atá comhionann le grád níos airde.

Gealltanas ó chomhaltaí d'fhoireann an Gharda

58. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh comhalta d'fhoireann an Gharda, sula dtosóidh sé nó sí ar a dhualgais nó a dualgais mar chomhalta d'fhoireann an Gharda, gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé nó sí na dualgais sin go dílis.

(2) Déanfar gealltanas ó chomhalta d'fhoireann an Gharda faoi *fho-alt (1)* a thabhairt agus a thaifeadadh ar cibé modh a chinnfidh Coimisinéir an Gharda ó am go ham.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda de bhun ordú faoi *alt 54(5)*.

Comhlachais ionadaitheacha

59. (1) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar socrú maidir le comhlachas amháin nó níos mó ná aon chomhlachas amháin a bhunú, i gcomhair chéimeanna uile an Gharda Síochána nó i gcomhair ceann amháin ar leith nó níos mó de chéimeanna an Gharda Síochána is ísle céim ná Coimisinéir Cúnta den Gharda d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí den Gharda Síochána i leith gach ní a fhearann ar a leas agus ar a n-éifeachtúlacht (lena n-áirítear pá, pinsin agus coinníollacha seirbhíse).

(2) Maidir le comhlachas a bhunófar de réir *fho-alt (1)*—

(a) beidh sé neamhspleách ar aon duine nó ar aon chomhlacht lasmuigh den Gharda Síochána agus ní bheidh baint aige le duine ná le comhlacht den sórt sin, agus

(b) féadfaidh sé, gan dochar do *mhír (a)*, daoine nach comhaltaí den Gharda Síochána a fhostú.

(3) Ní bheidh comhalta den Gharda Síochána ina chomhalta nó ina comhalta, ná ní thiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta, d'aon cheardchumann ná d'aon chomhlachas, seachas comhlachas a bhunófar de réir *fho-alt (1)* a bhfuil sé i measc a chuid cuspóirí pá, pinsin nó coinníollacha seirbhíse an Gharda Síochána a rialú nó tionchar a imirt ar na nithe sin.

(4) I gcás go n-ardófaí aon cheist i dtaobh an amhlaidh gur ceardchumann nó comhlachas lena mbaineann *fo-alt (3)* é aon chomhlacht nó comhlachas, cinnfidh an tAire an cheist agus is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Aire.

(5) Féadfaidh an tAire, d'ainneoin *fho-alt (2)*, a údarú i scríbhinn do chomhlachas a bhunófar de réir *fho-alt (1)* a bheith bainteach le duine nó le comhlacht lasmuigh den Gharda Síochána i cibé cásanna agus ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha nó srianta a shonróidh sé nó sí.

(6) Féadfaidh an tAire údarú faoi *fho-alt (5)* a athrú nó a tharraingt siar.

(7) Féadfar oiliúnaí agus duine a mheasfar a bheith ligthe isteach mar oiliúnaí faoi *alt 53(3)* a áireamh mar oiliúnaí i gcomhlachas a bhunófar de réir *fho-alt (1)* chun ionadaíocht a dhéanamh do chomhaltaí den Gharda Síochána a bhfuil céim gharda acu.

(8) Déanfar tagairt san Acht seo do chomhlachas a bhunófar de réir *fho-alt (1)* a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do na nithe seo a leanas—

(a) comhlachas arna bhunú faoi alt 18(1) d'Acht 2005,

(b) comhlachas arna bhunú faoi alt 14 d'Acht Có-nasctha na bhFórsaí Póilíneachta, 1925, agus

(c) comhlachas arna bhunú faoi alt 13 d'Acht an Ghárda Síochána, 1924.

Cruthúnas ar chomhaltas den Gharda Síochána nó ar chéim nó ar ghrád sa Gharda Síochána

60. In imeachtaí dlí, maidir le duine a airbheartaíonn gur comhalta den Gharda Síochána de chéim ar bith é nó í nó gur comhalta d'fhoireann an Gharda ar ghrád ar bith é nó í, toimhdeofar, cheal fianaise ar a mhalairt, gur comhalta den Gharda Síochána den chéim sin é nó í nó gur comhalta d'fhoireann an Gharda ar an ngrád sin é nó í, de réir mar a bheidh.

Caibidil 6

Rialachas agus cuntasacht an Gharda Síochána

An tÚdarás do cheapadh tosaíochtaí le haghaidh seirbhísí póilíneachta

61. (1) Déanfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, tosaíochtaí don Gharda Síochána a chinneadh ó thaobh na feidhmeanna atá aige agus a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chomhlíonadh (dá ngairtear "tosaíochtaí póilíneachta" san Acht seo).

(2) Sula gcinnfidh sé tosaíochtaí póilíneachta, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle—

(a) le Coimisinéir an Gharda,

(b) leis an Oifig Náisiúnta, agus

(c) le cibé daoine eile is cuí leis an Údarás.

(3) Nuair a bheidh tosaíochtaí póilíneachta á gcinneadh aige, beidh aird ag an Údarás ar na prionsabail phóilíneachta.

(4) I gcás go gceadóidh an tAire an cinneadh a bheidh déanta i dtaobh na dtosaíochtaí póilíneachta, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don Údarás faoin gceadú sin agus,

an tráth céanna, déanfaidh sé nó sí cóip de na tosaíochtaí póilíneachta arna gceadú amhlaidh a thabhairt don Údarás.

(5) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dó fógra faoi *fho-alt (4)* a fháil, cóip de na tosaíochtaí póilíneachta a sholáthar don Aire, do Choimisinéir an Gharda agus don Bhord.

(6) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di cóip de na tosaíochtaí póilíneachta a fháil faoi *fho-alt (5)*, cóip de na tosaíochtaí póilíneachta a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(7) Cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de na tosaíochtaí póilíneachta a leagan faoi *fho-alt (6)*, na tosaíochtaí póilíneachta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Údarás.

(8) Déanfaidh an tÚdarás, ó am go ham agus de réir mar is cuí leis, na tosaíochtaí póilíneachta a athbhreithniú agus déanfaidh sé cibé athleasuithe orthu is cuí leis.

(9) Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, maidir le tagairtí—

(a) don chinneadh a bheidh déanta i dtaobh na dtosaíochtaí sin, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do na tosaíochtaí sin a athleasú, agus

(b) do na tosaíochtaí sin, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do na tosaíochtaí sin arna n-athleasú amhlaidh.

An tAire do chinneadh tosaíochtaí le haghaidh seirbhísí slándála

62. (1) Féadfaidh an tAire—

(a) tosaíochtaí a chinneadh don Gharda Síochána ó thaobh na feidhmeanna atá aige agus a bhaineann le seirbhísí slándála a chomhlíonadh (dá ngairtear "tosaíochtaí slándála" san Acht seo), agus

(b) na leibhéil feidhmíochta (dá ngairtear "spriocanna feidhmíochta" sa Chuid seo) a bheidh ag an nGarda Síochána i leith gach tosaíochta dá dtagraítear i *mír (a)* a shonrú, ar leibhéil iad trínar féidir leis an Aire éifeachtúlacht an Gharda Síochána, ó thaobh a mhéid a bhainfear gach tosaíocht den sórt sin amach, a thomhas.

(2) Sula ndéanfaidh an tAire tosaíochtaí slándála a chinneadh faoi *fho-alt (1)(a)* nó spriocanna feidhmíochta a shonrú faoi *fho-alt (1)(b),* rachaidh an tAire i gcomhairle—

(a) le Coimisinéir an Gharda, agus

(b) le cibé daoine eile is cuí leis an Aire.

(3) Déanfaidh an tAire mionsonraí i scríbhinn i dtaobh na dtosaíochtaí slándála a chinnfear faoi *fho-alt (1)(a)* agus i dtaobh na spriocanna feidhmíochta a shonrófar faoi *fho-alt (1)(b)* a sholáthar do Choimisinéir an Gharda.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di tosaíochtaí slándála a chinneadh agus spriocanna feidhmíochta a shonrú faoi *mhír (a)* nó faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)*, cóip de na tosaíochtaí agus de na spriocanna—

(a) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus

(b) a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire nó ar cibé modh eile is cuí leis an Aire.

(5) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as an gcóip de na tosaíochtaí slándála agus de na spriocanna feidhmíochta a bheidh le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (4)(a)* nó a bheidh le foilsiú faoi *fho-alt (4)(b),* ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a dhéanfadh dochar do leasanna shlándáil an Stáit, nó

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó a d'fhéadfadh sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(6) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, i cibé foirm agus laistigh de cibé tréimhse ama a shonróidh an tAire, na bearta a bheidh déanta chun na spriocanna feidhmíochta a bhaint amach agus toradh na mbeart sin a chur in iúl don Aire.

(7) Féadfaidh an tAire, ó am go ham agus de réir mar is cuí leis nó léi, na tosaíochtaí slándála agus na spriocanna feidhmíochta, nó iad araon, a athbhreithniú agus cibé athleasuithe is cuí leis nó léi a dhéanamh orthu.

(8) Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, maidir le tagairtí—

(a) don chinneadh a bheidh déanta i dtaobh na dtosaíochtaí sin, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do na tosaíochtaí sin a athleasú,

(b) do na spriocanna sin a shonrú, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do na spriocanna sin a athleasú, agus

(c) do na tosaíochtaí sin nó do na spriocanna sin, nó dóibh araon, de réir mar a bheidh, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do na tosaíochtaí sin nó do na spriocanna sin, nó dóibh araon, de réir mar a bheidh, arna n-athleasú amhlaidh.

Plean straitéiseach

63. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarraidh a fháil ón mBord agus de réir an ailt seo, laistigh de 6 mhí tar éis *d'alt 11* teacht i ngníomh, agus tráth nach déanaí ná deireadh gach tréimhse iardain 3 bliana tar éis an teacht i ngníomh sin, plean straitéiseach don Gharda Síochána a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i leith na tréimhse 3 bliana díreach tar éis na bliana ina gcuirfear an plean faoi bhráid an Aire amhlaidh.

(2) Ní chuirfear plean straitéiseach faoi bhráid an Aire mura mbeidh glactha ag an mBord leis.

(3) Maidir le plean straitéiseach—

(a) ullmhófar é i cibé foirm agus ar cibé modh a bheidh de réir aon treoruithe a eiseoidh an tAire,

(b) sonrófar ann i ndáil leis an tréimhse lena mbaineann an plean—

(i) príomhchuspóirí an Gharda Síochána (lena n-áirítear na cúiseanna atá le gach cuspóir),

(ii) na straitéisí a shaothrófar chun na príomhchuspóirí a bhaint amach,

(iii) más indéanta le réasún, na torthaí trína bhféadfar a mhéid a bhainfear amach na príomhchuspóirí a thomhas,

(iv) na húsáidí arb ina leith a bheartaíonn Coimisinéir an Gharda acmhainní an Gharda Síochána a chur chun feidhme, agus

(v) aon fhaisnéis eile atá bainteach le feidhmeanna an Gharda Síochána agus is cuí leis an mBord nó le Coimisinéir an Gharda,

agus

(c) ach amháin i gcás an chéad phlean acu sin, beidh ann athbhreithniú agus meastóireacht ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh a chuid feidhmeanna faoin Acht seo sna 3 bliana roimhe sin.

(4) Sula n-ullmhóidh Coimisinéir an Gharda plean straitéiseach, rachaidh sé nó sí i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis nó léi.

(5) Tráth a bheidh plean straitéiseach á ullmhú, beidh aird ag Coimisinéir an Gharda ar na nithe seo a leanas—

(a) tuairimí cibé daoine a rachfar i gcomhairle leo faoi *fho-alt (4)*,

(b) cibé tuairimí a bheidh ag an Údarás agus a sholáthrófar faoi *alt 122(2)(p),*

(c) beartais an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a fhéadfaidh na beartais sin difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an Gharda Síochána nó a bheith bainteach leo,

(d) na prionsabail phóilíneachta,

(e) na tosaíochtaí póilíneachta,

(f) na tosaíochtaí slándála,

(g) an straitéis náisiúnta, agus

(h) na hacmhainní a mbeifear ag súil leis, go réasúnach agus go stuama, a bheidh ar fáil don Gharda Síochána i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean agus an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin.

(6) Déanfaidh an tAire, laistigh de 3 mhí ón tráth a chuirfear plean straitéiseach faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (1)*—

(a) an plean a cheadú gan é a leasú, nó

(b) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, cibé treoruithe maidir le leasuithe ar an bplean a mheasfaidh an tAire is gá a eisiúint chuig an mBord.

(7) Laistigh de 3 mhí ón tráth a chuirfear plean straitéiseach faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*—

(a) i gcás go ndéanfar an plean a leasú de réir aon treoruithe a thabharfaidh an tAire faoi *fho-alt (6)(b),* ceadóidh an tAire é, nó

(b) i gcás nach ndéanfar an plean a leasú de réir aon treoruithe a thabharfaidh an tAire faoi *fho-alt (6)(b),* féadfaidh an tAire diúltú é a cheadú.

(8) Maidir le plean straitéiseach—

(a) féadfaidh an tAire é a leasú aon tráth, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, nó

(b) féadfaidh an Bord é a leasú más rud é—

(i) go gcuirfidh an Bord leasú faoi bhráid an Aire lena cheadú aige nó aici, agus

(ii) go gceadóidh an tAire an leasú.

(9) Beidh feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(5)*, fairis na modhnuithe is gá, maidir le leasú a dhéanfaidh an Bord faoi *fho-alt (8)(b)* ar phlean straitéiseach.

(10) Ní mheasfar, maidir le haon ní i bplean straitéiseach, go gcuirfidh sé cosc ná srian ar Choimisinéir an Gharda ná ar an mBord a bhfeidhmeanna faoi seach faoin Acht seo a chomhlíonadh.

Plean straitéiseach a fhoilsiú agus a chur i ngníomh

64. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóip de phlean straitéiseach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas—

(a) tar éis don Aire an plean a cheadú faoi *fho-alt (6)(a)* nó *(7)(a) d'alt 63,*

(b) i gcás go ndéanfaidh an tAire an plean a leasú de réir *alt 63(8)(a),* tar éis an leasú sin a bheith déanta, agus

(c) i gcás go ndéanfaidh an Bord an plean a leasú de réir *alt 63(8)(b),* tar éis don Aire an leasú sin a cheadú faoi *fhomhír (ii)* den alt sin.

(2) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de phlean straitéiseach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an plean arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

(3) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as an gcóip de phlean straitéiseach a bheidh le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (1)* nó a bheidh le foilsiú faoi *fho-alt (2)*, ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a dhéanfadh dochar do leasanna shlándáil an Stáit, nó

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó a d'fhéadfadh sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(4) Déanfaidh an Bord, i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, tuarascálacha a sholáthar don Aire maidir le cur i ngníomh an phlean straitéisigh—

(a) mar chuid den tuarascáil bhliantúil (de réir bhrí *alt 70*), agus

(b) ar cibé modh eile agus i gceann cibé eatraimh a threoróidh an tAire.

Plean seirbhíse bliantúil

65. (1) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, roimh dheireadh na tréimhse sonraithe in aon bhliain, plean seirbhíse bliantúil a ullmhú don Gharda Síochána don bhliain dár gcionn agus é a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú fara leasú nó dá éagmais.

(2) Faoi réir *fho-alt (5)*, ní dhéanfar plean seirbhíse bliantúil arna ullmhú ag Coimisinéir an Gharda a chur faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)* mura mbeidh glactha ag an mBord leis.

(3) Maidir le plean seirbhíse bliantúil—

(a) ullmhófar é i cibé foirm agus ar cibé modh a bheidh de réir aon treoruithe a eiseoidh an tAire,

(b) leagfar amach ann cineál, agus líon, na seirbhísí a bheidh le soláthar ag an nGarda Síochána i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean,

(c) leagfar amach ann na cuspóirí a bheidh le baint amach leis na seirbhísí a bheidh le soláthar agus beidh meastacháin ann ar na hacmhainní airgeadais a bheidh ag teastáil chun gach cuspóir acu sin a bhaint amach,

(d) leagfar amach ann na spriocanna feidhmíochta a bheidh le baint amach i ndáil le gach cuspóir dá dtagraítear i *mír (c)*,

(e) leagfar amach ann aon chaiteachas caipitiúil atá beartaithe ag an nGarda Síochána,

(f) leagfar amach ann meastacháin ar ioncam agus caiteachas an Gharda Síochána i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean,

(g) beidh sé i gcomhréir leis na hacmhainní a mbeifear ag súil leis, go réasúnach agus go stuama, a bheidh ar fáil don Gharda Síochána i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean,

(h) leagfar amach ann meastacháin ar líon lucht pearsanra an Gharda i gcomhair na tréimhse lena mbaineann an plean agus ar na seirbhísí lena mbaineann an plean,

(i) beidh sé i gcomhréir le haon treoracha a eiseoidh an tAire faoi *alt 37*, agus

(j) beidh ann cibé faisnéis eile a shonróidh an tAire.

(4) Nuair a bheidh plean seirbhíse bliantúil á ullmhú—

(a) cinnteoidh Coimisinéir an Gharda nach bhfuil an plean ar neamhréir leis na nithe seo a leanas—

(i) na tosaíochtaí póilíneachta,

(ii) na tosaíochtaí slándála,

(iii) an plean straitéiseach arna leagan faoi *alt 64(1)*, agus

(iv) aon treoir arna heisiúint ag an Aire faoi *alt 37*,

agus

(b) beidh aird chuí ag Coimisinéir an Gharda ar na nithe seo a leanas—

(i) cibé tuairimí a bheidh ag an Údarás agus a sholáthrófar faoi *alt 122(2)(q),*

(ii) beartais agus cuspóirí an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a fhéadfaidh na beartais sin difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an Gharda Síochána nó a bheith bainteach leo, agus

(iii) an ceanglas chun na caighdeáin is airde ó thaobh bainistíocht airgeadais agus bhuiséadach atá stuama agus éifeachtach a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceanglas chun luach ar airgead a bhaint amach agus chun aitheantas a thabhairt dá thábhachtaí atá sé a bheith ag oibriú de réir acmhainní údaraithe airgeadais agus foirne.

(5) I gcás go mainneoidh Coimisinéir an Gharda plean seirbhíse bliantúil a mbeidh glactha ag an mBord leis a chur faoi bhráid an Aire sula rachaidh an tréimhse shonraithe in éag, féadfaidh an tAire treorú a eisiúint i scríbhinn chuig Coimisinéir an Gharda lena dtreorófar dó nó di plean seirbhíse bliantúil a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid tráth nach déanaí ná—

(a) 10 lá tar éis an dáta ar a n-eiseoidh an tAire an treorú chuig Coimisinéir an Gharda, nó

(b) cibé dáta is luaithe ná sin a shonrófar sa treorú.

(6) Maidir le plean seirbhíse bliantúil a bheidh curtha faoi bhráid an Aire ag Coimisinéir an Gharda de bhun *fho-alt (5)*, measfar go bhfuil glactha ag an mBord leis.

(7) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis plean seirbhíse bliantúil a bheith curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoin alt seo—

(a) an plean a cheadú,

(b) an plean a cheadú fara cibé leasuithe a chinnfidh an tAire tar éis dó nó di dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, nó

(c) treorú a eisiúint chuig Coimisinéir an Gharda faoi *fho-alt (8)* lena dtreorófar dó nó di an plean a leasú.

(8) Féadfaidh an tAire treorú a thabhairt do Choimisinéir an Gharda plean seirbhíse bliantúil a leasú más rud é, i dtuairim an Aire—

(a) nach gcomhlíonann an plean *fo-alt (3)*, nó

(b) gur ullmhaigh Coimisinéir an Gharda an plean gan na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a chur i gcuntas go cuí.

(9) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda de réir treorú arna eisiúint chuige nó chuici faoin alt seo.

(10) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis plean seirbhíse bliantúil, arna leasú de réir treorú faoin alt seo, a bheith curtha faoina bhráid nó faoina bráid, an plean a cheadú.

(11) I gcás go mbeidh plean seirbhíse bliantúil ina ábhar do threorú arna eisiúint faoin alt seo chun é a leasú, féadfaidh an tAire diúltú an plean a cheadú mura ndéanfar é a leasú de réir an treoraithe.

(12) Faoi réir *fho-alt (14)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóip de phlean seirbhíse bliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas—

(a) tar éis don Aire an plean a cheadú faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (7)*, nó

(b) i gcás go ndéanfar an plean a leasú de bhun treorú arna eisiúint faoi *fho-alt (8)*, tar éis an leasú sin a bheith déanta.

(13) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de phlean seirbhíse bliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an plean arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

(14) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as an gcóip de phlean seirbhíse bliantúil a bheidh le leagan faoi bhráid Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (12)* nó faoi *alt 66(10)*, ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a dhéanfadh dochar do leasanna shlándáil an Stáit, nó

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó a d'fhéadfadh sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(15) San alt seo, ciallaíonn 'tréimhse shonraithe', i ndáil le bliain—

(a) an tréimhse dar críoch 42 lá tar éis an dáta a fhoilseoidh an Rialtas na Measctacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí (de réir bhrí alt 17 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011) don bhliain sin, nó

(b) cibé tréimhse eile a cheadóidh an tAire.

Leasú ar phlean seirbhíse bliantúil tar éis é a cheadú faoi *alt 65*

66. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis plean seirbhíse bliantúil a cheadú faoi *alt 65*, a threorú do Choimisinéir an Gharda plean seirbhíse bliantúil leasaithe a chur faoina bhráid nó faoina bráid agus déanfaidh sé nó sí an modh ar a mbeidh an plean le leasú a shonrú sa treorú.

(2) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go *(9) d'alt 65*, fairis na modhnuithe is gá, maidir le treorú ón Aire faoi *fho-alt (1)*.

(3) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, faoi réir *fho-ailt (4)* agus *(5)*, plean seirbhíse bliantúil a bheidh leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (10)* a leasú.

(4) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go *(4) d'alt 65*, fairis na modhnuithe is gá, maidir le leasú ar phlean seirbhíse bliantúil de réir *fho-alt (3)*.

(5) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta agus in aon chás tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis don Bhord plean seirbhíse bliantúil leasaithe a ghlacadh, an plean a chur faoi bhráid an Aire.

(6) Féadfaidh an tAire, laistigh de 21 lá tar éis plean seirbhíse bliantúil arna leasú de réir *fho-alt (3)* a fháil—

(a) a threorú do Choimisinéir an Gharda an plean a leasú tuilleadh agus sonróidh sé nó sí an modh ar a mbeidh an plean le leasú, nó

(b) fógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda á rá go bhfuil ar intinn aige nó aici an plean a leasú i gcomhairle leis nó léi.

(7) Comhlíonfaidh Coimisinéir an Gharda treorú a eiseofar chuige nó chuici faoi *fho-alt (6)(a)*.

(8) Mura n-eiseoidh an tAire treorú ná fógra faoi *fho-alt (6)* laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin, measfar an plean seirbhíse bliantúil, arna leasú de réir *fho-alt (3),* a bheith ceadaithe ag an Aire díreach roimh dheireadh na tréimhse sin.

(9) I gcás go n-eiseoidh an tAire treorú de réir *fho-alt (6)(a),* ní bheidh éifeacht ar bith le haon leasú a dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda ar phlean seirbhíse bliantúil de réir *fho-alt (3)* go dtí go gceadóidh an tAire é.

(10) Faoi réir *alt 65(14)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóip de phlean seirbhíse bliantúil arna leasú de réir an ailt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas—

(a) i gcás go leasófar an plean de bhun treorú faoi *fho-alt (1)*, tar éis an leasú sin a bheith déanta, nó

(b) i gcás go leasófar an plean de réir *fho-alt (3)*—

(i) tar éis don Aire an leasú sin a cheadú, nó

(ii) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (8)*, tar éis dul in éag don tréimhse dá dtagraítear san alt sin.

(11) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de phlean seirbhíse bliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (10)*, an plean arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

Plean seirbhíse bliantúil a chur i ngníomh

67. (1) Bainisteoidh Coimisinéir an Gharda na seirbhísí a bheidh leagtha amach i bplean seirbhíse bliantúil, arna leagan faoi *alt 65(12)* nó faoi *alt 66(10)*, chun a chinntiú go ndéanfar na seirbhísí sin a sheachadadh, a mhéid is indéanta, de réir an phlean agus ar mhodh nach rachaidh thar na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an tuairim gurb é an éifeacht a bheidh le haon ghníomhartha, gníomhartha beartaithe, neamhghníomhartha nó neamhghníomhartha beartaithe dá chuid nó dá cuid go rachaidh an Garda Síochána thar na hacmhainní atá ar fáil dó i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann plean seirbhíse bliantúil, an méid sin a chur in iúl don Bhord agus don Aire.

Plean caipitiúil

68. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, a iarraidh ar Choimisinéir an Gharda plean i gcomhair caiteachas caipitiúil don Gharda Síochána a chur faoina bhráid nó faoina bráid lena cheadú.

(2) Maidir le plean caipitiúil—

(a) ullmhófar é i cibé foirm agus beidh cibé faisnéis ann, agus

(b) bainfidh sé le cibé tréimhse,

a shonróidh an tAire.

(3) Tráth a bheidh plean caipitiúil á ullmhú, beidh aird ag Coimisinéir an Gharda ar na nithe seo a leanas—

(a) na hacmhainní a mbeifear ag súil leis, le réasún, a bheidh ar fáil don Gharda Síochána i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean, agus

(b) aon tosaíochtaí is iomchuí maidir le plean den sórt sin a chinnfidh an tAire le haghaidh na tréimhse lena mbaineann an plean.

(4) Ní chuirfidh Coimisinéir an Gharda plean caipitiúil faoi bhráid an Aire mura mbeidh glactha ag an mBord leis.

(5) Cuirfear plean caipitiúil faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse shonraithe.

(6) Má mhainníonn Coimisinéir an Gharda plean caipitiúil a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse shonraithe, féadfaidh an tAire treorú a eisiúint, i scríbhinn, chuig Coimisinéir an Gharda lena dtreorófar dó nó di plean caipitiúil a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid tráth nach déanaí ná—

(a) 10 lá tar éis an dáta ar a n-eiseoidh an tAire an treorú chuig Coimisinéir an Gharda, nó

(b) cibé dáta is luaithe ná sin a shonrófar sa treorú.

(7) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda de réir treorú arna eisiúint chuige nó chuici faoin alt seo.

(8) Maidir le plean caipitiúil a bheidh curtha faoi bhráid an Aire ag Coimisinéir an Gharda de bhun treorú faoi *fho-alt (6)*, measfar go bhfuil glactha ag an mBord leis.

(9) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis plean caipitiúil a fháil faoi *fho-alt (1)* nó de bhun treorú faoi *fho-alt (6)*—

(a) an plean a cheadú,

(b) an plean a cheadú fara cibé leasuithe a chinnfidh an tAire tar éis dó nó di dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, nó

(c) treorú a eisiúint chuig Coimisinéir an Gharda faoi *fho-alt (10)* lena dtreoraítear dó nó di an plean a leasú.

(10) Féadfaidh an tAire a threorú do Choimisinéir an Gharda plean caipitiúil a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoin alt seo a leasú más rud é, i dtuairim an Aire—

(a) nach gcomhlíonann an plean *fo-alt (2)*, nó

(b) gur ullmhaigh Coimisinéir an Gharda an plean gan aird leordhóthanach ar na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*.

(11) Féadfaidh an tAire tráth ar bith a threorú do Choimisinéir an Gharda plean caipitiúil a leasú.

(12) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, le ceadú an Bhoird agus faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón Aire, plean caipitiúil a leasú.

(13) San alt seo, ciallaíonn "tréimhse shonraithe"—

(a) 21 lá tar éis do Choimisinéir an Gharda iarraidh a fháil ón Aire faoi *fho-alt (1)*, nó

(b) cibé tréimhse is faide ná sin a shonróidh an tAire.

Plean caipitiúil a fhoilsiú agus a chur i ngníomh

69. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóip de phlean caipitiúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas—

(a) tar éis don Aire an plean a cheadú faoi *mhír (a)* nó *(b) d'alt 68(9),* agus

(b) más rud é—

(i) go leasófar an plean de bhun treorú faoi *fho-alt (10)* nó *(11) d'alt 68*, nó

(ii) go leasóidh Coimisinéir an Gharda an plean de réir *alt 68(12)*,

tar éis an leasú sin a bheith déanta.

(2) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de phlean caipitiúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an plean arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

(3) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as an gcóip de phlean caipitiúil a bheidh le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a dhéanfadh dochar do leasanna shlándáil an Stáit, nó

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(4) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda bearta chun a chinntiú nach rachaidh an caiteachas caipitiúil faoi phlean caipitiúil arna leagan faoi *fho-alt (1)* thar na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána, i gcomhair an chaiteachais sin, i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an plean.

(5) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an tuairim gurb é an éifeacht a bheidh le haon ghníomhartha, gníomhartha beartaithe, neamhghníomhartha nó neamhghníomhartha beartaithe dá chuid nó dá cuid go rachaidh an Garda Síochána thar na hacmhainní atá ar fáil dó i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann plean caipitiúil, an méid sin a chur in iúl don Bhord agus don Aire.

Tuarascáil bhliantúil

70. (1) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i rith na bliana roimhe sin (dá ngairtear "tuarascáil bhliantúil" san alt seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Ní chuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire mura mbeidh glactha ag an mBord léi.

(3) Beidh ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil, i leith na bliana lena mbaineann sí—

(a) ráiteas ginearálta faoi na seirbhísí arna soláthar agus faoi na gníomhaíochtaí arna ngabháil de láimh ag an nGarda Síochána,

(b) tuarascáil ar chur i ngníomh an phlean straitéisigh arna leagan faoi *alt 64(1)*,

(c) tuarascáil ar chur i ngníomh an phlean seirbhíse bliantúil arna leagan faoi *alt 65(12)* nó *66(10)*, lena n-áirítear a mhéid atá na spriocanna feidhmíochta á mbaint amach,

(d) tuarascáil ar chur i ngníomh an phlean chaipitiúil arna leagan faoi *alt 69(1)*,

(e) ráiteas faoi na socruithe atá ag an nGarda Síochána chun a chreat rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear leis i gcónaí,

(f) tuarascáil ar chur i ngníomh aon treoracha arna n-eisiúint ag an Aire faoi *alt 37*, agus

(g) aon nithe eile is cuí leis an mBord.

(4) Faoi réir *fho-alt (6)*, déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis cóip den tuarascáil bhliantúil a chur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (1)*, a chur faoi deara cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(5) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip den tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an tuarascáil arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

(6) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as an gcóip den tuarascáil bhliantúil a bheidh le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a dhéanfadh dochar do leasanna shlándáil an Stáit, nó

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Creat rialachais i gcomhair an Gharda Síochána

71. (1) Déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta tar éis *d'alt 11* teacht i ngníomh, creat (dá ngairtear "creat rialachais" sa Chuid seo), ina mbeidh sracléiriú ar na nithe seo a leanas, a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú aige nó aici—

(a) na treoirphrionsabail is infheidhme maidir leis an nGarda Síochána mar chomhlacht poiblí ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus seirbhísí slándála,

(b) struchtúir bhainistíochta, eagraíochtúla agus rialachais an Gharda Síochána, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí an Bhoird agus Choimisinéir an Gharda,

(c) na próisis agus na treoirlínte a bheidh le leanúint chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais tuairiscithe arna bhforchur ar Choimisinéir an Gharda leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, agus

(d) na rialuithe inmheánacha sa Gharda Síochána, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá aige maidir le hiniúchtaí inmheánacha, le bainistiú priacail, leis an tsainfháil phoiblí, le tuairisciú airgeadais agus le nochtaí cosanta.

(2) Tráth a bheidh an creat rialachais á ullmhú ag an mBord, nó tráth a bheidh aon athleasú á dhéanamh aige air—

(a) rachaidh an Bord i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, agus

(b) beidh aird ag an mBord ar aon treoracha arna n-eisiúint ag an Aire faoi *alt 37*.

(3) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis creat rialachais a bheith curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (1)*, an creat rialachais a cheadú, fara nó d'éagmais modhnuithe.

(4) Déanfaidh an Bord an creat rialachais a athbhreithniú go tréimhsiúil agus ag cibé tráthanna a shonróidh an tAire.

(5) Déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta, tar éis don Aire an creat rialachais a cheadú faoi *fho-alt (3),* socrú chun an creat a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

(6) San alt seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, maidir le tagairtí—

(a) do chreat rialachais a ullmhú, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'athleasuithe ar chreat den sórt sin a ullmhú, agus

(b) don chreat rialachais, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don chreat sin arna athleasú amhlaidh.

Cuntasacht Choimisinéir an Gharda i leith chuntais an Gharda Síochána

72. (1) Beidh Coimisinéir an Gharda ina oifigeach cuntasaíochta nó ina hoifigeach cuntasaíochta i ndáil le cuntais leithreasa an Gharda Síochána chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, aon uair a cheanglóidh an Coiste um Chuntais Phoiblí air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise ar na nithe seo a leanas a thabhairt dó:

(a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a gceanglaítear iad a thaifeadadh, in aon leabhar nó taifead cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;

(b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Gharda Síochána i dtaca lena acmhainní a úsáid;

(c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Garda Síochána chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid oibríochtaí;

(d) aon ní a fhearann ar an nGarda Síochána agus dá dtagraítear—

(i) i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó

(ii) in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna leagan faoi bhráid Dháil Éireann sa mhéid go mbaineann an tuarascáil le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*.

(3) Ní dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoi *fho-alt (2)*—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin,

(b) nithe a bhaineann le slándáil an Stáit a phlé,

(c) faisnéis, seachas faisnéis airgeadais, a sholáthar, is faisnéis a bhaineann le himscrúduithe coiriúla sonracha nó le hionchúisimh choiriúla shonracha seachas imscrúdú nó ionchúiseamh a bhaineann le hairgead nó le sócmhainní arb é nó í Coimisinéir an Gharda an t-oifigeach cuntasaíochta maidir leis nó maidir leo, ná

(d) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Coimisinéir an Gharda do fhreastal os comhair coistí Oireachtais eile

73. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, freastalóidh Coimisinéir an Gharda os comhair coiste Oireachtais, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gcoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Gharda Síochána.

(2) Ní cheanglófar ar Choimisinéir an Gharda cuntas a thabhairt os comhair coiste Oireachtais ar aon ní atá, a bhí, nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát.

(3) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina thaobh os comhair coiste Oireachtais, an tuairim sin agus na cúiseanna atá leis an tuairim a chur in iúl don choiste.

(4) Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi *fho-alt (3)* a thabhairt don choiste Oireachtais, is i scríbhinn a thabharfar í mura dtabharfar í nuair a bheidh Coimisinéir an Gharda os comhair an choiste.

(5) Más rud é, ar thuairim Choimisinéir an Gharda ar an ní a bheith curtha in iúl do choiste Oireachtais, go dtabharfaidh an coiste Oireachtais breith gan an iarraidh uaidh i ndáil leis an ní a tharraingt siar, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (6)*, a chinneadh an amhlaidh go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní.

(6) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda nó an coiste Oireachtais iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte ar chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ach sin i gcás go ndéanfar an t-iarratas laistigh de 21 lá tar éis an dáta ar a ndéanfar breith an choiste gan an iarraidh uaidh a tharraingt siar a chur in iúl do Choimisinéir an Gharda, agus sa chás sin amháin.

(7) Go dtí go ndéanfar iarratas faoi *fho-alt (6)* a chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh Coimisinéir an Gharda os comhair an choiste Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(8) I gcás go gcinnfidh an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (5)* go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní, déanfaidh an coiste Oireachtais an iarraidh uaidh a tharraingt siar sa mhéid go mbaineann sí leis an ní, ach i gcás go gcinnfidh an Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2),* freastalóidh Coimisinéir an Gharda os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(9) Ní dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoin alt seo—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin,

(b) nithe a bhaineann le slándáil an Stáit a phlé,

(c) faisnéis a sholáthar a bhaineann le himscrúduithe coiriúla sonracha nó le hionchúisimh choiriúla shonracha, ná

(d) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(10) Le cead ón gcathaoirleach ar choiste Oireachtais a mbeidh iarraidh faoi *fho-alt (1)* á déanamh aige, féadfaidh—

(a) cathaoirleach an Bhoird, nó

(b) comhalta de phearsanra an Gharda a bheidh ainmnithe ag Coimisinéir an Gharda,

freastal os comhair an choiste in áit Choimisinéir an Gharda chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Gharda Síochána, agus sa chás sin, déanfar tagairt i *bhfo-ailt (2)* go *(9)* do Choimisinéir an Gharda a fhorléiriú mar thagairt don duine atá ag freastal ina áit nó ina háit.

An coiste iniúchóireachta

74. (1) A luaithe is indéanta tar éis *d'alt 11* teacht i ngníomh, bunóidh an Bord coiste ar a dtabharfar an coiste iniúchóireachta chun na feidhmeanna a shonraítear in *alt 75* a chomhlíonadh.

(2) Is é an Bord a cheapfaidh an coiste iniúchóireachta agus is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh air:

(a) líon nach lú ná 3 chomhalta den Bhord;

(b) líon nach lú ná 4 dhuine eile a bhfuil, i dtuairim an Bhoird, na scileanna agus an taithí iomchuí acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, agus a mbeidh cáilíocht ghairmiúil sa chuntasaíocht nó san iniúchóireacht ag duine amháin díobh ar a laghad.

(3) Ceapfaidh an Bord cathaoirleach an choiste iniúchóireachta as measc na ndaoine a cheapfar faoi *fho-alt (2)(b).*

(4) Maidir le comhalta den choiste iniúchóireachta—

(a) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag an nGarda Síochána.

(5) Féadfaidh an Bord comhalta den choiste iniúchóireachta a chur as oifig, tráth ar bith, ar chúiseanna sonraithe.

(6) Féadfaidh an Bord téarmaí tagartha an choiste iniúchóireachta a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

(7) Féadfaidh comhalta den choiste iniúchóireachta éirí as an gcoiste le fógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an mBord agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht an dáta a gheobhaidh an Bord an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má chomhaontaíonn an Bord leis an dáta sin, an dáta sin.

(8) Déanfaidh an coiste iniúchóireachta cibé faisnéis a theastóidh ón mBord ó am go ham, i leith ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí an choiste, a sholáthar don Bhord chun go gcomhlíonfaidh an Bord a fheidhmeanna.

(9) Féadfaidh an coiste iniúchóireachta gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó ná folúntas amháin a bheith ina chomhaltas.

Feidhmeanna an choiste iniúchóireachta

75. (1) Beidh ag an gcoiste iniúchóireachta, an lá iomchuí agus dá éis, na feidhmeanna seo a leanas:

(a) Coimisinéir an Gharda a chomhairliú ar rialachas agus ar chúrsaí airgeadais a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna faoin Acht seo agus faoi aon achtachán eile;

(b) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt do Choimisinéir an Gharda uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana faoi na nithe dá dtagraítear i *mír (a)* agus faoi ghníomhaíochtaí

an choiste sa bhliain roimhe sin agus cóip den tuarascáil sin a thabhairt don Bhord agus don Aire;

(c) an Bord a chomhairliú ar rialachas agus ar chúrsaí airgeadais a bhaineann lena fheidhmeanna;

(d) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Bhord uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana faoi na nithe dá dtagraítear i *mír (c)* agus cóip den tuarascáil sin a thabhairt don Aire.

(2) Áireofar ar fheidhmeanna an choiste iniúchóireachta faoi *mhíreanna (a)* agus *(c) d'fho-alt (1)* comhairle a thabhairt i dtaobh na nithe seo a leanas:

(a) treoirlínte Rialtais ar rialachas agus ar shaincheisteanna airgeadais a chur i ngníomh go cuí;

(b) an Garda Síochána do chomhlíonadh na nithe seo a leanas—

(i) *alt 67* agus *fo-ailt (4)* agus *(5) d'alt 69*, agus

(ii) aon oibleagáidí eile a fhorchuirtear le dlí agus a bhaineann le rialachas agus le cúrsaí airgeadais;

(c) Coimisinéir an Gharda do chomhlíonadh *alt 40*;

(d) cuibheas, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta an Gharda Síochána maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) an tsainfháil phoiblí,

(ii) ceadú a lorg le haghaidh caiteachais agus déanamh de réir an cheadaithe sin,

(iii) sócmhainní a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt,

(iv) bainistiú priacail,

(v) tuairisciú airgeadais,

(vi) iniúchtaí inmheánacha,

(vii) calaois a chosc,

(viii) éilliú a chosc,

(ix) nochtaí cosanta, agus

(x) cibé nithe eile a chinnfidh an Bord.

(3) Faoi réir *fho-alt (7)*, tiocfaidh an coiste iniúchóireachta le chéile 4 huaire ar a laghad in aghaidh na bliana agus féadfaidh sé cuireadh a thabhairt d'aon duine is dóigh leis is cuí (cibé acu is comhalta de phearsanra an Gharda an duine sin nó nach ea) freastal ar chruinniú den choiste.

(4) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda—

(a) a chinntiú go ndéanfar tuarascálacha iniúchóireachta agus pleananna iniúchóireachta an Gharda Síochána agus tuarascálacha míosúla an Gharda Síochána ar chaiteachas a sholáthar don choiste iniúchóireachta, agus

(b) i gcás go bhfuil cúis aige nó aici le drochamhras a bheith air nó uirthi go bhféadfadh sé gur tharla aon mhídhílsiú ábhartha ar an airgead arb é nó í an t-oifigeach cuntasaíochta ina leith, nó go bhféadfadh sé gur tharla aon chomhshó calaoiseach nó mífheidhmiú i leith mhaoin an Gharda Síochána, an méid sin a thuairisciú don choiste iniúchóireachta a luaithe is indéanta.

(5) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda faisnéis faoi aon ní a bhaineann le cúrsaí airgeadais nó le nós imeachta airgeadais a thabhairt don choiste iniúchóireachta nuair a iarrfaidh an coiste iniúchóireachta air nó uirthi déanamh amhlaidh, ar faisnéis í a bhfuil gá léi chun go gcomhlíonfaidh an coiste a fheidhmeanna, lena n-áirítear i gcás go mbaineann an fhaisnéis sin leis an méid seo a leanas—

(a) aon chonradh a bheartaíonn Coimisinéir an Gharda a dhéanamh agus lena ngabhann caiteachas de mhéid is mó ná tairseach a bheidh sonraithe ag an gcoiste, nó

(b) aon imeachtaí dlí a bheidh tionscanta, nó aon imeachtaí dlí ionchasacha a thionscnófar, in aghaidh Choimisinéir an Gharda a bhféadfadh dliteanas airgeadais ionchasach a bheith dá dtoradh.

(6) Féadfaidh an coiste iniúchóireachta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh a fháil ón mBord, athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an choiste iniúchóireachta agus tuarascáil a thabhairt don Bhord ina leith sin.

(7) Chun críocha *fho-alt (3)*, déanfar cruinniú den iarchoiste iniúchóireachta, arna thionól sa bhliain chéanna leis an mbliain ina mbeidh an lá iomchuí, a áireamh mar chruinniú den choiste iniúchóireachta.

(8) San alt seo agus in *alt 76*—

ciallaíonn "iarchoiste iniúchóireachta" an coiste iniúchta arna bhunú de bhun alt 44 d'Acht 2005;

ciallaíonn "lá iomchuí" an lá ar a mbunóidh an Bord an coiste iniúchóireachta faoi *alt 74*.

Forálacha d'fhorlíonadh *alt 75*

76. (1) An lá iomchuí, beidh an t-iarchoiste iniúchóireachta arna dhíscaoileadh.

(2) Maidir le haon ní a bheidh tosaithe ach nach mbeidh críochnaithe díreach roimh an lá iomchuí le húdarás an iarchoiste iniúchóireachta nó faoi údarás an iarchoiste iniúchóireachta, féadfaidh an coiste iniúchóireachta, sa mhéid go mbaineann sé le feidhm de chuid an choiste iniúchóireachta, leanúint ar aghaidh leis nó é a chríochnú an lá sin nó dá éis sin.

(3) Maidir le gach doiciméad arna dheonú nó arna dhéanamh ag an iarchoiste iniúchóireachta, más rud é go raibh an doiciméad i bhfeidhm agus sa mhéid go raibh an doiciméad i bhfeidhm díreach roimh an lá iomchuí, beidh éifeacht leis an lá sin agus dá éis sin amhail is dá mba rud é gurbh é an coiste iniúchóireachta a dheonaigh nó a rinne é.

(4) Gach taifead a bheidh ina sheilbh ag an iarchoiste iniúchóireachta díreach roimh an lá iomchuí, beidh sé, an lá sin, arna aistriú chuig an gcoiste iniúchóireachta agus, an lá sin agus dá éis sin, is maoin de chuid an choiste iniúchóireachta a bheidh ann agus measfar é a bheith i seilbh an choiste iniúchóireachta.

Faisnéis staidrimh

77. (1) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda, i ndáil le gach tréimhse shonraithe, go ndéanfar faisnéis staidrimh faoi chionta, imeachtaí coiriúla agus staid na coireachta sa Stát a thiomsú agus a stóráil.

(2) Cuirfidh Coimisinéir an Gharda faisnéis arna tiomsú de réir *fho-alt (1)* ar fáil don Aire agus don Phríomh-Oifig Staidrimh ag cibé tráthanna agus ar cibé modh a éileoidh an tAire.

(3) San alt seo, ciallaíonn "tréimhse shonraithe"—

(a) an tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2024 agus dar críoch 3 mhí tar éis an dáta sin, agus

(b) gach tréimhse iardain 3 mhí dar tosach an lá i ndiaidh dheireadh na tréimhse roimhe sin.

Caibidil 7

Cóid eitice, caighdeáin chóirchuibhis, nochtadh neamhúdaraithe faisnéise

Cód eitice do chomhaltaí de phearsanra an Gharda

78. (1) Eiseoidh an tÚdarás cód eitice ina n-áireofar—

(a) caighdeáin iompair agus cleachtais do chomhaltaí de phearsanra an Gharda, agus

(b) forálacha chun spreagadh a thabhairt do chomhaltaí de phearsanra an Gharda, agus chun a éascú dóibh, éagóiritheoireacht sa Gharda Síochána a thuairisciú.

(2) Sula n-eiseoidh an tÚdarás cód eitice faoin alt seo, rachaidh sé i gcomhairle leo seo a leanas i ndáil leis an lánas atá sa chód:

(a) an tAire;

(b) an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe;

(c) Coimisinéir an Gharda;

(d) an Bord;

(e) na comhlachais arna mbunú de réir *alt 59(1)*;

(f) aon cheardchumann aitheanta nó aon chomhlachas foirne aitheanta a dhéanann ionadaíocht do chomhaltaí d'fhoireann an Gharda;

(g) Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas;

(h) an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;

(i) an tOmbudsman Póilíneachta;

(j) aon duine eile nó aon chomhlacht eile ar dealraitheach don Údarás go bhfuil leas aige nó aici sa ní.

(3) Tráth a bheidh cód eitice á ullmhú faoin alt seo, beidh aird ag an Údarás ar na nithe seo a leanas—

(a) na prionsabail phóilíneachta,

(b) na caighdeáin, na cleachtais agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le hiompar oifigeach póilíneachta agus foirne póilíneachta i mBallstáit den Aontas Eorpach seachas an Stát, agus sa Ríocht Aontaithe, agus

(c) aon mholtaí iomchuí ó Chomhairle na hEorpa.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cód eitice arna eisiúint faoin alt seo a leasú agus maidir le tagairtí san alt seo do chód eitice a eisiúint, forléireofar iad, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chód den sórt sin a leasú.

(5) Féadfaidh an tÚdarás cód eitice arna eisiúint faoin alt seo a chúlghairm.

(6) Aon uair a eiseoidh an tÚdarás cód eitice faoin alt seo, déanfaidh an tÚdarás cóip den chód arna eisiúint amhlaidh a sholáthar don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di í a fháil, cóip de a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(7) Déanfaidh an tÚdarás cód eitice arna eisiúint faoin alt seo a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Údarás.

(8) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda cibé bearta is gá chun a chinntiú—

(a) go bhfuil cód eitice arna eisiúint faoin alt seo léite ag na comhaltaí go léir de phearsanra an Gharda agus go dtuigeann siad é, agus

(b) go gcoimeádfar taifead ar na bearta a bheidh déanta faoi *mhír (a)* i ndáil le gach comhalta de phearsanra an Gharda.

Caighdeáin chóirchuibhis, cóid eitice do chomhaltaí den Bhord nó de choiste, do chomhairleoirí nó do shainchomhairleoirí, etc.

79. (1) Agus feidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh aige nó aici, déanfaidh—

(a) duine atá fruilithe ag Coimisinéir an Gharda faoi *alt 41* mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir,

(b) faoi réir *fho-alt (2)*, fostaí nó conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *mír (a)*, nó

(c) comhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta,

caighdeáin chuí chóirchuibhis, iompair agus cúraim i leith leas an phobail a choimeád.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le fostaí nó conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin i leith na ndualgas fostaíochta nó i leith an chonartha, de réir mar a bheidh, agus ina leith sin amháin, a bhaineann leis na críocha ar chucu a rinne Coimisinéir an Gharda an duine sin a fhruiliú.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, eiseoidh an Bord cód eitice mar threoir do dhaoine lena mbaineann an fo-alt sin.

(4) Leagfar amach i gcód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* na caighdeáin chóirchuibhis agus iompair a bheidh le coimeád ag na daoine lena mbaineann sé le linn dóibh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(5) Aon duine lena mbaineann cód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)*, gníomhóidh sé nó sí de réir an chóid le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(6) I gcás duine ar fostaí é nó í de chuid duine atá fruilithe ag Coimisinéir an Gharda faoi *alt 41* mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir, measfar go bhfolaítear lena théarmaí nó lena téarmaí agus lena choinníollacha nó lena coinníollacha na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfostóir faoi *fho-alt (5)*.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta tar éis cód eitice a eisiúint faoi *fho-alt (3)*, an cód a chur ar fáil do dhaoine lena mbaineann *fo-alt (1)*.

(8) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda cóip de chód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* a sholáthar do dhuine atá fruilithe aige nó aici mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir faoi *alt 41* agus déanfaidh an duine arna fhruiliú nó arna fruiliú amhlaidh an chóip sin a chur ar fáil dá fhostaithe nó dá fostaithe nó dá chonraitheoirí nó dá conraitheoirí lena mbaineann *fo-alt (1)(b).*

(9) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* é, measfar, cheal fianaise ar a mhalairt, gurb é an cód sin é agus beidh sé inghlactha mar chód den sórt sin in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile.

(10) Aon fhoráil de chód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* is dealraitheach do chúirt nó do bhinse eile a bheith iomchuí maidir le ceist in imeachtaí os comhair na cúirte nó an bhinse, de réir mar a bheidh, féadfaidh sí nó sé í a chur i gcuntas agus an cheist á cinneadh.

Rúndacht faisnéise áirithe (*Cuid 2*)

80. (1) Maidir le duine atá nó a bhí—

(a) ina chomhalta nó ina comhalta de phearsanra an Gharda,

(b) ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, de choiste den Bhord nó den choiste iniúchóireachta,

(c) faoi chonradh le Coimisinéir an Gharda de bhun *alt 40(1)(a)* nó fruilithe aige nó aici de bhun *alt 41,* nó

(d) ina fhostaí nó ina fostaí nó ina chonraitheoir nó ina conraitheoir de chuid duine lena mbaineann *mír (c)*,

ní nochtfaidh sé nó sí, sa Stát ná lasmuigh de, mura gceanglaítear air nó uirthi nó mura gceadaítear dó nó di le dlí nó mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag Coimisinéir an Gharda ar mhaithe lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur chun cinn, aon fhaisnéis a bheidh faighte aige nó aici i gcúrsa na dualgais a ghabhann le hoifig, fostaíocht, conradh nó socrú eile an duine sin a chomhall, cibé acu a bheidh an fhaisnéis faighte roimh aisghairm Acht 2005 le *halt 5* nó dá éis sin, i gcás gur dóigh go mbeidh éifeacht dhochrach leis an nochtadh sin agus gurb eol don duine, nó go gcreideann sé nó sí, gur dóigh go mbeidh éifeacht den sórt sin leis an nochtadh.

(2) Chun críoch an ailt seo, is dóigh go mbeidh éifeacht dhochrach le nochtadh faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i gcás gur dóigh—

(a) go n-éascófar leis cion a dhéanamh,

(b) go ndéanfaidh sé dochar do shlánchoimeád duine atá faoi choimeád dleathach,

(c) go gcuirfidh sé bac ar chion a chosc, a bhrath nó a imscrúdú,

(d) go gcuirfidh sé bac ar ghabháil nó ionchúiseamh ciontóra amhrasta,

(e) go ndéanfaidh sé dochar do shlándáil aon chórais cumarsáide de chuid an Gharda Síochána,

(f) go mbeidh de thoradh air go ndéanfar duine a chéannú—

(i) ar finné é nó í in imeacht coiriúil nó a mbeidh faisnéis tugtha aige nó aici ar mhodh rúin do chomhalta de phearsanra an Gharda, agus

(ii) nach bhfuil a chéannacht nó a céannacht ar eolas ag an bpobal tráth an nochta,

(g) go mbeidh de thoradh air go bhfoilseofar faisnéis—

(i) a bhaineann le duine ar finné ar chion é nó í, nó ar íospartach ciona é nó í, agus

(ii) de chineál a d'fhágfadh gur dhóigh, dá bhfoilseofaí í, go gcuirfí drogall ar an duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó ar aon duine eile, fianaise a thabhairt nó cion a thuairisciú,

(h) go mbeidh de thoradh air go bhfoilseofar faisnéis phearsanta (de réir bhrí an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014) a bhaineann le duine agus gurb ionann é sin agus sárú tromchúiseach gan údar ar cheart an duine sin chun príobháideachta,

(i) go scaoilfidh sé faisnéis a bheidh curtha ar fáil ar mhodh rúin ag stát eile, ag eagraíocht idirnáisiúnta, ag seirbhís póilíneachta eile nó ag seirbhís faisnéiseachta, nó

(j) go ndéanfaidh sé dochar do chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit nó do leasanna an Stáit amuigh as an Stát, lena n-áirítear caidreamh agus leasanna i leith Thuaisceart Éireann.

(3) Chun críoch an ailt seo, toimhdeofar, mura gcruthófar a mhalairt, gurb eol do dhuine gur dhóigh go mbeadh éifeacht dhochrach le nochtadh faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* dá mbeadh duine réasúnach, sna himthosca go léir, ar an eolas go bhféadfadh an éifeacht sin a bheith le nochtadh na faisnéise sin.

(4) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is cosaint é a shuíomh maidir leis an nochtadh—

(a) go ndearnadh é—

(i) don Aire,

(ii) don Ard-Aighne,

(iii) don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

(iv) don Phríomh-Aturnae Stáit,

(v) don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla,

(vi) don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó d'fhoireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

(vii) don Ombudsman Póilíneachta, don Leas-Ombudsman Póilíneachta nó d'oifigeach don Ombudsman Póilíneachta,

(viii) don Údarás,

(ix) do na Coimisinéirí Ioncaim,

(x) don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh,

(xi) don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,

(xii) do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas i gcás gurb iomchuí déanamh amhlaidh i ndáil le comhall cuí fheidhmeanna an chomhalta,

(xiii) do chúirt, nó

(xiv) do bhinse arna cheapadh faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011, do choimisiún imscrúdúcháin arna bhunú faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, nó do choiste (de réir bhrí alt 2 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013) chun críoch fiosrúcháin de chuid Chuid 2 (de réir bhrí an ailt sin) faoin Acht sin,

(b) go ndearnadh é i gcúrsa, agus de réir, na ndualgas a ghabhann le hoifig nó fostaíocht an duine sin nó i gcúrsa, agus de réir, a dhualgas nó a dualgas faoi chonradh nó faoi shocrú eile chun obair a dhéanamh leis an nGarda Síochána nó dó, nó

(c) gur chreid an duine a rinne an nochtadh, le réasún, gur ceanglaíodh nó gur ceadaíodh an nochtadh le dlí, go raibh an nochtadh údaraithe go cuí ag Coimisinéir an Gharda ar mhaithe lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur chun cinn nó go ndearnadh an nochtadh de réir *mhír (a)* nó *(b)*.

(5) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* agus a gheobhaidh aon bhronntanas, aon chomaoin nó aon bhuntáiste mar aslú chun an fhaisnéis lena mbaineann an sárú a nochtadh nó mar luaíocht as nochtadh na faisnéise sin nó ar shlí eile de thoradh an nochtadh sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €75,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, ní gá a chruthú go raibh éifeacht dhochrach leis an nochtadh.

(8) Maidir le forálacha an ailt seo, is forálacha iad i dteannta, agus ní forálacha iad in ionad, fhorálacha Acht 1963.

Caibidil 8

Fiosrúcháin speisialta a bhaineann le riaradh, oibriú, cleachtas nó nós imeachta an Gharda Síochána nó le hiompar comhaltaí de phearsanra an Gharda

Léiriú (*Cuid 2*) (*Caibidil 8*)

81. (1) Sa Chaibidil seo—

tá le 'duine ceaptha' an bhrí a shanntar dó le *halt 82(1)(b)*;

tá le 'tuarascáil chríochnaitheach' an bhrí a shanntar dó le *halt 82(1)(c)*;

ciallaíonn "fiosrúchán" fiosrúchán arna ordú ag an Aire faoi *alt 82(1)*;

tá le 'tuarascáil eatramhach' an bhrí a shanntar dó le *halt 88(1)*;

ciallaíonn "costais dlí" táillí, eisíocaíochtaí, muirir agus caiteachais a áirítear i mbille costas i leith abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach, nó ina leith araon (de réir bhrí an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015);

tá le "duine ceaptha ionaid" an bhrí a shanntar dó le *halt 89(1)*.

(2) I gcás go ndéanfar ordú faoi *alt 89(1)*, déanfar tagairt sa Chaibidil seo do dhuine ceaptha a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhuine ceaptha ionaid.

Fiosrúcháin speisialta a bhaineann le riaradh, oibriú, cleachtas nó nós imeachta an Gharda Síochána nó le hiompar comhaltaí de phearsanra an Gharda

82. (1) Féadfaidh an tAire, faoi réir na Caibidle seo, maidir le haon ní ar dóigh leis nó léi gur cás suntasach leis an bpobal é—

(a) a ordú fiosrúchán a dhéanamh i dtaobh aon ghné de riaradh, oibriú, cleachtas nó nós imeachta an Gharda Síochána nó i dtaobh iompar comhaltaí de phearsanra an Gharda,

(b) duine a cheapadh chun an fiosrúchán a sheoladh (dá ngairtear "duine ceaptha" sa Chaibidil seo), agus

(c) a threorú go ndéanfaidh duine ceaptha, ar an bhfiosrúchán a chur i gcrích, tuarascáil faoin bhfiosrúchán (dá ngairtear "tuarascáil chríochnaitheach" sa Chaibidil seo) a thabhairt don Aire.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, i gcás gur deimhin leis go bhfuil gá le fiosrúchán i dtaobh ní a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, a iarraidh ar an Aire fiosrúchán a ordú.

(3) I gcás go n-iarrfaidh an tÚdarás ar an Aire faoi *fho-alt (2)* fiosrúchán a ordú agus nach n-ordóidh an tAire amhlaidh, déanfaidh an tAire na cúiseanna atá aige nó aici gan an fiosrúchán a ordú a chur in iúl don Údarás.

(4) Ní dhéanfaidh an tAire, seachas i gcás go mbeidh iarraidh déanta ag an Údarás faoi *fho-alt (2)*, fiosrúchán a ordú mura mbeidh sé nó sí tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás i dtaobh an gá fiosrúchán den sórt sin a dhéanamh.

(5) Ní cheapfaidh an tAire duine faoi *fho-alt (1)(b)* mura deimhin leis an Aire go bhfuil cibé scileanna, taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas ag an duine is cuí chun fiosrúchán a sheoladh.

(6) Faoi réir na Caibidle seo, beidh duine ceaptha neamhspleách agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCaibidil seo á gcomhlíonadh aige nó aici.

(7) Maidir leis an gcumhacht faoi *fho-alt (1)(a)* chun fiosrúchán a ordú, is cumhacht í gan dochar d'aon chumhacht a thugtar leis an Acht seo nó le haon achtachán eile i ndáil le fiosrúcháin nó le himscrúduithe, cibé tuairisc atá orthu.

Téarmaí tagartha fiosrúchán speisialta

83. (1) Faoi réir an ailt seo, sonróidh an tAire téarmaí tagartha fiosrúcháin in ordú faoi *alt 82(1)(a).*

(2) Sula sonróidh sé nó sí téarmaí tagartha fiosrúcháin, féadfaidh an tAire dul i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis nó léi.

(3) I gcás go mbainfidh an ní is ábhar d'fhiosrúchán le seirbhísí póilíneachta, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás sula sonróidh sé nó sí téarmaí tagartha an fhiosrúcháin.

(4) Sonrófar i dtéarmaí tagartha fiosrúcháin, de réir mar is cuí agus a mhéid is féidir, an ghné de riaradh, d'oibriú, de chleachtas nó de nós imeachta an Gharda Síochána nó d'iompar comhaltaí de phearsanra an Gharda a mbeifear le fiosrú a dhéanamh ina taobh d'fhonn a áirithiú go ndéanfar raon an fhiosrúcháin a thuairisciú go cruinn.

(5) Beidh aird ag an Aire, i gcás go mbeidh téarmaí tagartha fiosrúcháin á sonrú aige nó aici faoi *fho-alt (1)*, ar na cuspóirí arb éard iad an fiosrúchán a sheoladh agus an tuarascáil chríochnaitheach a aighniú—

(a) chomh dlúsúil agus is féidir ach breithniú mar is cuí a bheith déanta ar na nithe is ábhar don fhiosrúchán, agus

(b) de réir *alt 86*.

(6) Féadfaidh an tAire le hordú, a dhéanfar tráth ar bith roimh an tuarascáil chríochnaitheach a aighniú, téarmaí tagartha fiosrúcháin a leasú chun raon an fhiosrúcháin a shoiléiriú, a theorannú nó a leathnú.

(7) Déanfaidh duine ceaptha an fhaisnéis go léir a theastóidh ón Aire chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi *fho-alt (6)* agus faoi *alt 84(4)* a sholáthar don Aire.

(8) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go *(5)*, fairis na modhnuithe is gá, i ndáil le leasú faoi *fho-alt (6)* ar théarmaí tagartha fiosrúcháin.

Creat ama fiosrúchán speisialta

84. (1) Beidh ag gabháil le hordú faoi *alt 82(1)(a)* ráiteas i scríbhinn ón Aire ina sonrófar an creat ama chun an tuarascáil chríochnaitheach a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Sula n-ullmhófar ráiteas faoi *fho-alt (1)*, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an duine ceaptha lena mbaineann.

(3) Déanfaidh duine ceaptha, faoi réir na Caibidle seo, fiosrúchán, arb i ndáil leis a ceapadh é nó í faoi *alt 82(1),* a sheoladh agus déanfaidh sé nó sí an tuarascáil chríochnaitheach i ndáil leis sin a thabhairt don Aire, laistigh den chreat ama a shonróidh an tAire i ráiteas faoi *fho-alt (1)*.

(4) Féadfaidh an tAire fad a chur leis an gcreat ama a shonrófar i ráiteas faoi *fho-alt (1)* chun tuarascáil chríochnaitheach a aighniú i ndáil le fiosrúchán—

(a) i gcás gur leasaigh sé nó sí, faoi *alt 83(6)*, téarmaí tagartha an fhiosrúcháin, nó

(b) ar iarraidh a fháil ón duine ceaptha,

i gcás gur deimhin leis an Aire, ag féachaint do na cuspóirí arb éard iad an fiosrúchán a sheoladh agus an tuarascáil chríochnaitheach a aighniú chomh dlúsúil agus is féidir ach breithniú mar is cuí a bheith déanta ar na nithe is ábhar don fhiosrúchán, go bhfuil cúis mhaith ann chun fad a chur leis an gcreat ama.

(5) Sula gcuirfidh an tAire fad leis an gcreat ama faoi *fho-alt (4)* chun tuarascáil chríochnaitheach a aighniú, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an duine ceaptha lena mbaineann.

(6) I gcás go ndéanfaidh duine ceaptha iarraidh faoi *fho-alt (4)(b)* go gcuirfear fad leis an gcreat ama chun a thuarascáil nó a tuarascáil chríochnaitheach a aighniú, déanfaidh sé nó sí, nuair a bheidh iarraidh den sórt sin á déanamh aige nó aici, tuarascáil eatramhach a chur faoi bhráid an Aire i dteannta na hiarrata.

Cumhachtaí duine cheaptha

85. (1) Chun críoch fiosrúcháin, féadfaidh duine ceaptha ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a threorú do dhuine, le fógra arna sheachadadh air nó uirthi, aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a bheidh sonraithe san fhógra agus atá iomchuí maidir leis an bhfiosrúchán, agus a bhfuil gá léi nó leis chun críocha an fhiosrúcháin, a sholáthar;

(b) a threorú d'aon duine, le fógra arna sheachadadh air nó uirthi, aon doiciméad nó aon ní a bheidh sonraithe san fhógra agus atá iomchuí maidir leis an bhfiosrúchán, agus a bhfuil gá leis chun críocha an fhiosrúcháin, agus atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine, a thabhairt ar aird an tráth agus san áit a bheidh sonraithe san fhógra;

(c) finnéithe a thoghairm chun freastal ar an bhfiosrúchán;

(d) a threorú d'fhinné ceist a bheidh curtha air nó uirthi ag an bhfiosrúchán a fhreagairt;

(e) aon treorú eile a thabhairt is dealraitheach don duine ceaptha a bheith riachtanach, cóir agus réasúnach chun críocha an fhiosrúcháin;

(f) finnéithe a chur faoi mhionn agus faoi dhearbhasc agus finnéithe atá ag freastal ar an bhfiosrúchán a cheistiú.

(2) Maidir le duine—

(a) dá dtabharfar treorú faoi *mhír (a), (b), (d)* nó *(e) d'fho-alt (1)*—

(i) comhoibreoidh sé nó sí leis an bhfiosrúchán, agus

(ii) déanfaidh sé nó sí an treorú a chomhlíonadh go hiomlán,

nó

(b) ar a seirbheálfar toghairm faoi *fho-alt (1)(c)*—

(i) comhoibreoidh sé nó sí leis an bhfiosrúchán,

(ii) freastalóidh sé nó sí ar cibé dáta agus ag cibé tráth agus i cibé áit a bheidh sonraithe sa toghairm, agus

(iii) freagróidh sé nó sí go hiomlán agus go fírinneach aon cheist a chuirfidh an duine ceaptha air nó uirthi.

(3) Más rud é, i dtuairim duine cheaptha, go raibh moill dholeithscéil ar thaobh duine treorú a tugadh faoi *mhír (a), (b), (d)* nó *(e) d'fho-alt (1)* a chomhlíonadh, déanfaidh an duine ceaptha—

(a) i gcás gur ar thaobh comhalta de phearsanra an Gharda atá an mhoill, an mhoill a thuairisciú do Choimisinéir an Gharda,

(b) i gcás gur ar thaobh comhalta den Údarás atá an mhoill, an mhoill a thuairisciú do phríomhfheidhmeannach an Údaráis, nó

(c) i gcás gur ar thaobh aon duine eile is fostaí nó ionadaí d'aon chomhlacht poiblí eile atá an mhoill, an mhoill a thuairisciú do phríomh-oifigeach feidhmiúcháin an chomhlachta, cibé tuairisc atá air nó uirthi.

(4) Má mhainníonn nó má dhiúltaíonn comhalta de phearsanra an Gharda treorú arna thabhairt faoi *mhír (a)*, *(b)*, *(d)* nó *(e) d'fho-alt (1)* nó toghairm faoi *mhír (c)* den fho-alt sin a chomhlíonadh, féadfaidh an mhainneachtain nó an diúltú sin a bheith ina hábhar caingne nó ina ábhar caingne de réir na Rialachán Iompair nó an chóid iompair.

(5) I gcás go mainneoidh duine nó go ndiúltóidh duine treorú nó toghairm faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, nó i gcás nach ndéanfaidh sé nó sí dá réir, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ón duine ceaptha agus iar bhfógra don chomhalta de phearsanra an Gharda, do chomhalta den Údarás nó don duine eile, de réir mar a bheidh—

(a) a ordú don duine a ndearnadh an t-iarratas i ndáil leis nó léi an treorú a chomhlíonadh nó, i gcás toghairme, freastal ar an bhfiosrúchán, agus

(b) cibé ordú eile (más ann) a mheasfaidh sí is gá agus is cóir a dhéanamh chun go mbeidh lánéifeacht leis an treorú nó, i gcás toghairme, chun a chinntiú go bhfreastalóidh an duine ar an bhfiosrúchán.

(6) I gcás go mainneoidh duine nó go ndiúltóidh duine ordú faoi *fho-alt (5)* a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt déileáil leis an mainneachtain, chun gach críche, amhail is dá mba dhíspeagadh cúirte í.

(7) Ní bheidh ráiteas ná admháil a dhéanfaidh duine de bhun treorú nó toghairm faoi *fho-alt (1)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion.

Fiosrúcháin speisialta a sheoladh

86. (1) Maidir le fiosrúchán, is de chineál cúistiúnach é.

(2) Seolfaidh duine ceaptha fiosrúchán—

(a) ar mhodh atá chomh neamhfhoirmiúil agus is indéanta agus i gcomhréir le nósanna imeachta córa, agus

(b) leis an méid dlúis is féidir ach breithniú mar is cuí a bheith déanta ar na nithe is ábhar don fhiosrúchán.

(3) Seolfar fiosrúchán ar shlí seachas go poiblí murab é tuairim duine cheaptha gurb inmhianaithe, ar mhaithe leis an bhfiosrúchán agus le nósanna imeachta córa, an fiosrúchán go léir nó cuid de a sheoladh go poiblí.

(4) Nuair a bheidh fiosrúchán á sheoladh aige nó aici, déanfaidh duine ceaptha, a mhéid riamh is féidir i gcomhréir le comhlíonadh cuí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCaibidil seo—

(a) comhar saorálach daoine a lorg ar daoine iad a bhfuil fianaise uathu á lorg aige nó aici i ndáil le haon ní atá laistigh de théarmaí tagartha an fhiosrúcháin, agus

(b) comhar den sórt sin a éascú.

(5) Ní mheasfar go gcuireann *fo-alt (4)* teorainn ar bhealach ar bith le cumhachtaí duine cheaptha faoin gCaibidil seo.

Rialacha agus nósanna imeachta fiosrúchán speisialta

87. (1) Féadfaidh an tAire, ag féachaint don ghá atá le fiosrúchán a sheoladh ar mhodh tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach agus de réir nósanna imeachta córa, rialacha nó nósanna imeachta a fhorordú chun fiosrúcháin a sheoladh.

(2) Faoi réir aon rialacha nó nósanna imeachta a fhorordóidh an tAire faoi *fho-alt (1)*, cinnfidh duine ceaptha a rialacha agus a nósanna imeachta féin chun fiosrúchán a sheoladh.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, rialacha a fhorordú a bhaineann le híocaíocht arna déanamh ag an Aire, le finné ag fiosrúchán, i leith na gcostas agus na gcaiteachas dlí réasúnach a ghabhann le hionadaíocht dhlíthiúil agus a raibh gá ag an bhfinné lena dtabhú i dtaca leis an bhfiosrúchán.

(4) Chun críocha *fho-alt (3)*, maidir le costais agus caiteachais dlí a ghabhann le hionadaíocht dhlíthiúil, beidh gá ag an bhfinné lena dtabhú i dtaca le fiosrúchán más rud é—

(a) go dtabharfar, le haon fhianaise a bheidh faighte ag duine ceaptha, dea-chlú nó dea-iompar an fhinné faoi cheist, nó

(b) go bhfuil baol ann go gcuirfear cearta pearsanta nó maoine eile an fhinné i gcontúirt mar gheall ar aon fhianaise a bheidh faighte ag duine ceaptha.

(5) Féadfar le rialacha arna bhforordú faoi *fho-alt (3)*—

(a) srian a chur leis na cineálacha seirbhísí nó táillí dlí a bhféadfar íocaíocht a dhéanamh ina leith de réir na rialacha sin, agus

(b) teorainn a chur thairis sin (lena n-áirítear trí uasmhéideanna a shonrú) lena mhéid a fhéadfar costais agus caiteachais dlí a ghabhann le hionadaíocht dhlíthiúil a íoc.

(6) Sula dtabharfaidh finné fianaise d'fhiosrúchán, soláthróidh duine ceaptha cóip d'aon rialacha arna bhforordú faoi *fho-alt (3)* don fhinné.

Tuarascálacha ar fhiosrúcháin speisialta

88. (1) Déanfaidh duine ceaptha, i gcás go n-iarrfaidh an tAire é, tuarascáil a thabhairt don Aire (dá ngairtear "tuarascáil eatramhach" sa Chaibidil seo) sula dtabharfar an tuarascáil chríochnaitheach don Aire i gceann cibé eatraimh a bheidh sonraithe san iarraidh.

(2) Féadfaidh an tAire tuarascáil eatramhach a iarraidh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh go ginearálta ar fhiosrúchán nó ar ghné áirithe d'fhiosrúchán.

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le duine ceaptha, an tuarascáil chríochnaitheach go léir nó an tuarascáil eatramhach go léir, nó cibé cuid díobh, is cuí leis nó léi, a fhoilsiú.

Duine ceaptha ionaid a cheapadh

89. (1) Más rud é—

(a) nach bhfuil duine ceaptha (dá ngairtear "duine ceaptha bunaidh" san alt seo) in ann leanúint d'fhiosrúchán a sheoladh, nó

(b) gurb é tuairim an Aire nach mbeidh an duine ceaptha bunaidh in ann a thuarascáil chríochnaitheach nó a tuarascáil chríochnaitheach a chur faoi bhráid an Aire laistigh den chreat ama a bheidh sonraithe ag an Aire faoi *fho-alt (1) d'alt 84* nó arna fhadú ag an Aire faoi *fho-alt (4)* den alt sin, de réir mar a bheidh, agus nach bhfuil aon chúis mhaith ann leis an gcreat ama lena mbaineann a fhadú, ná a fhadú tuilleadh,

féadfaidh an tAire, le hordú, ceapachán an duine cheaptha bhunaidh a bhaint de nó di agus duine (dá ngairtear "duine ceaptha ionaid" sa Chaibidil seo) a cheapadh in áit an duine cheaptha bhunaidh chun leanúint den fhiosrúchán a sheoladh.

(2) Gan dochar *d'alt 88(1)*, déanfaidh duine ceaptha bunaidh an fhaisnéis go léir a theastóidh ón Aire chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo a sholáthar don Aire.

(3) Beidh feidhm ag *alt 82(5)* maidir le ceapachán faoi *fho-alt (1)*.

(4) I gcás go gceapfar duine ceaptha ionaid faoi *fho-alt (1)*, ní dhéanfaidh an ceapachán difear do bhailíocht aon ní a rinne an duine ceaptha bunaidh roimhe sin faoin gCaibidil seo.

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le fiosrúcháin speisialta faoi Acht 2005

90. (1) Más rud é, roimh theacht i ngníomh *d'alt 5*, go mbeidh fiosrúchán tosaithe faoi alt 42 d'Acht 2005 agus nach mbeidh sé críochnaithe ar dháta an teacht i ngníomh sin, maidir leis an duine a ceapadh chun an fiosrúchán a sheoladh faoin alt sin 42, measfar é nó í a bheith ceaptha faoi *alt 82(1)(b)* agus beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir leis an bhfiosrúchán sin faoi réir aon mhodhnuithe is gá.

(2) Tá feidhm ag an gCaibidil seo fiú amháin más roimh an Acht seo a rith a tharla an ní a measfaidh an tAire ina leith gur cás suntasach leis an bpobal é.

Caibidil 9

Seirbhís agus comhar idirnáisiúnta le seirbhísí póilíneachta, le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí nó le duine iomchuí eile lasmuigh den Stát

Léiriú (*Cuid 2*) (*Caibidil 9*)

91. (1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "Ard-Chonstábla" Ard-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann;

ciallaíonn "smachtbhanna araíonachta"—

(a) rabhadh scríofa,

(b) laghdú sealadach ar phá nach mó ná pá 2 sheachtain,

(c) rabhadh críochnaitheach scríofa, nó

(d) dífhostú;

ciallaíonn "comhalta incháilithe", i ndáil le seirbhís idirnáisiúnta, comhalta den Gharda Síochána a mbeidh tairiscint i scríbhinn déanta aige nó aici a bheith ar fáil le linn tréimhse shonraithe i gcomhair seirbhís den sórt sin agus a mbeidh glactha lena thairiscint nó lena tairiscint ag Coimisinéir an Gharda;

folaíonn "eagraíocht idirnáisiúnta"—

(a) na Náisiúin Aontaithe,

(b) an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip,

(c) an tAontas Eorpach nó aon institiúid nó aon chomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh, agus

(d) aon fhórsa nó aon mhisean atá á eagrú ag eagraíocht idirnáisiúnta a shonraítear i *mír (a), (b)* nó *(c)* nó atá ag oibriú faoi shainordú eagraíochta den sórt sin;

ciallaíonn "seirbhís idirnáisiúnta" seirbhís lasmuigh den Stát chun críche a shonraítear—

(a) i *mír (a), (b)* nó *(c) d'fho-alt (1) d'alt 92*, nó

(b) i *mír (a), (b), (c), (d)* nó *(e) d'fho-alt (2)* den alt sin.

(2) Tá téacs an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le Comhar Póilíneachta, arna dhéanamh i mBéal Feirste an 29 Aibreán 2002, agus téacs an leasaithe ar an gComhaontú sin a tháinig i bhfeidhm an 19 Aibreán 2010, leagtha amach i *Sceideal 4* mar áis tagartha.

Seirbhís idirnáisiúnta

92. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh Coimisinéir an Gharda comhaltaí incháilithe den Gharda Síochána, ar comhaltaí iad a gcinnfidh an Rialtas a líon agus a gcéimeanna, a shannadh le haghaidh seirbhís lasmuigh den Stát—

(a) chun dualgais de chineál póilíneachta a chomhall le heagraíocht idirnáisiúnta,

(b) chun daoine eile a chomhairliú i dtaobh na ndualgas sin, nó chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndualgas sin acu, nó

(c) chun páirt a ghlacadh in aonad idirghabhála speisialta (de réir bhrí alt 94B d'Acht 2008) i mballstát (de réir bhrí an Achta sin).

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh Coimisinéir an Gharda comhaltaí incháilithe den Gharda Síochána a shannadh le haghaidh seirbhís lasmuigh den Stát—

(a) chun dualgais idirchaidrimh a chomhall le Europol nó, faoi réir chomhaontú an Rialtais, le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí de chuid stáit seachas an Stát,

(b) mar chomhaltaí d'fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú (de réir bhrí an Achta um Cheartas Coiriúil (Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú), 2004),

(c) i dtaca le seachadadh rialaithe a dhéanamh (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 6 d'Acht 2008) lasmuigh den Stát de bhun iarraidh faoi alt 89 den Acht sin,

(d) le toiliú an Aire, ar iasacht chuig eagraíocht idirnáisiúnta, nó

(e) le toiliú an Aire agus an Aire Gnóthaí Eachtracha, mar chomhaltaí de mhisean taidhleoireachta Éireannach.

(3) Ní dhéanfar comhalta incháilithe a shannadh faoin alt seo ach amháin le haghaidh na tréimhse a bheidh sonraithe ag an gcomhalta ina thairiscint nó ina tairiscint chun bheith ar fáil le haghaidh seirbhís idirnáisiúnta.

(4) Leanfaidh an tAcht seo, na rialacháin, agus Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 d'fheidhm a bheith acu maidir le comhaltaí le linn dóibh a bheith ar seirbhís idirnáisiúnta.

(5) Ní choiscfidh aon ní san alt seo ar chomhalta den Gharda Síochána atá ar stáisiún sa Stát taisteal lasmuigh den Stát i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais a chomhall.

(6) I gcás gur sannadh comhalta den Gharda Síochána le haghaidh seirbhís lasmuigh den Stát de bhun alt 51 d'Acht 2005 roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus go leanfaidh an duine de bheith sannta amhlaidh an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, measfar é nó í a bheith sannta le haghaidh seirbhís lasmuigh den Stát faoin alt seo.

(7) San alt seo, ciallaíonn "Acht 2008" an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008.

Cumhacht chun comhaontuithe a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile, le daoine nó comhlachtaí iomchuí eile lasmuigh den Stát

93. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, le toiliú roimh ré ón Rialtas, comhaontú a dhéanamh leo seo a leanas thar ceann an Gharda Síochána—

(a) seirbhís póilíneachta nó gníomhaireacht forfheidhmithe dlí eile lasmuigh den Stát, nó

(b) duine nó comhlacht iomchuí,

chun a éascú do gach páirtí sa chomhaontú a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh.

(2) Féadfar, le comhaontú faoi *fho-alt (1)*, socrú a dhéanamh—

(a) maidir le comhar idir na páirtithe,

(b) maidir le faisnéis a mhalartú idir na páirtithe,

(c) gan dochar *d'alt 92, 94* ná *95*, maidir le pearsanra a iasachtú chuig an nGarda Síochána agus uaidh, nó

(d) maidir le cibé nithe eile is cuí le Coimisinéir an Gharda.

(3) Faoi réir an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, féadfaidh Coimisinéir an Gharda, de bhun téarmaí comhaontaithe faoi *fho-alt (1)* agus dá réir, faisnéis a sholáthar don pháirtí eile sa chomhaontú agus faisnéis a fháil ón bpáirtí eile sa chomhaontú.

(4) I gcás go ndearna Coimisinéir an Gharda comhaontú—

(a) faoi alt 28 d'Acht 2005 le seirbhís póilíneachta nó le gníomhaireacht forfheidhmithe dlí eile lasmuigh den Stát, nó

(b) faoi alt 28A d'Acht 2005 le duine nó comhlacht iomchuí (de réir bhrí an ailt sin),

roimh aisghairm na n-alt sin le *halt 5*, de réir mar a bheidh, measfar an comhaontú a bheith déanta faoin alt seo.

(5) San alt seo (seachas i *bhfo-alt (4)(b)*), ciallaíonn 'duine nó comhlacht iomchuí' duine nó comhlacht lasmuigh den Stát dá ndílsítear feidhmeanna faoi dhlí áite seachas an Stát atá coibhéiseach, nó atá comhchosúil, leis na feidhmeanna seo a leanas—

(a) feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile,

(b) feidhmeanna an Údaráis faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile,

(c) feidhmeanna cróinéara faoi na hAchtanna Cróinéirí, 1962 go 2020,

(d) feidhmeanna coimisiúin imscrúdúcháin faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004,

(e) feidhmeanna binse fiosrúcháin faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011, nó

(f) feidhmeanna an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Iasachtú ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann chuig céimeanna áirithe den Gharda Síochána

94. (1) Faoi réir *alt 46*, féadfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarraidh a fháil ón Ard-Chonstábla—

(a) comhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a cheapadh mar chomhalta den Gharda Síochána ar chéim nach airde ná ceannfort ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana, nó

(b) faoi réir cheadú an Bhoird, cibé comhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a cheapadh mar chomhalta den Gharda Síochána ar chéim arb éard í Coimisinéir Cúnta den Gharda nó ardcheannfort ar feadh na tréimhse sin.

(2) Maidir le duine a cheapfar faoin alt seo—

(a) de réir *alt 56*, beidh sé nó sí faoi stiúradh agus rialú Choimisinéir an Gharda le linn an cheapacháin sin, agus

(b) faoi réir *fho-alt (3)*, beidh aige nó aici, le linn an cheapacháin sin, na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí atá ag comhalta den Gharda Síochána, agus na dualgais atá ar chomhalta den Gharda Síochána, ag a bhfuil an chéim ar ceapadh chuici é nó í.

(3) Ní bheidh feidhm ag Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 i ndáil le duine a cheapfar faoin alt seo.

(4) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, faoi réir *fho-alt (5)*, ceapachán faoin alt seo a fhoirceannadh.

(5) Ní dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda ceapachán lena mbaineann *fo-alt (1)(b)* a fhoirceannadh gan ceadú an Bhoird.

(6) I gcás go ndearnadh comhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a cheapadh chun an Gharda Síochána de bhun alt 53 d'Acht 2005 roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus go leanfaidh an duine de bheith ceaptha amhlaidh an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, measfar é nó í a bheith ceaptha chun an Gharda Síochána faoin alt seo ar feadh an chuid atá fágtha de thréimhse an cheapacháin atá fós gan chaitheamh faoin alt sin 53.

Iasachtú ón nGarda Síochána chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann

95. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarratas a fháil ó chomhalta den Gharda Síochána, socrú a dhéanamh leis an Ard-Chonstábla go ndéanfar an comhalta a iasachtú chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana.

(2) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda iasachtú faoi *fho-alt (1)* a fhoirceannadh.

(3) Le linn tréimhse iasachta faoi *fho-alt (1)*—

(a) leanfar den chomhalta a íoc mar chomhalta den Gharda Síochána, ach ní bheidh sé nó sí faoi réir stiúradh ná rialú Choimisinéir an Gharda ná ní bheidh sé nó sí i dteideal aon chumhachtaí a bheadh ag comhalta den sórt sin a fheidhmiú sa Stát,

(b) measfar gurb ionann seirbhís an chomhalta agus seirbhís leis an nGarda Síochána chun críoch pinsin, ardaithe céime agus sinsearachta, agus

(c) beidh comhalta i dteideal cúiteamh a éileamh faoi Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 i leith díobhálacha a bhain dó nó di de dheasca teagmhas mailíseach de réir bhrí an Achta sin i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a chomhall, nó i ndáil le comhall na ndualgas sin, amhail is dá mba rud é nach raibh sé nó sí ar iasacht agus gur bhain na díobhálacha

dó nó di i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais mar chomhalta den Gharda Síochána a chomhall, nó i ndáil le comhall na ndualgas sin.

(4) I gcás go raibh comhalta den Gharda Síochána ar iasacht chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann de bhun alt 54 d'Acht 2005 roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus go leanfaidh an duine de bheith ar iasacht amhlaidh an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, measfar é nó í a bheith ar iasacht chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann faoin alt seo ar feadh an chuid atá fágtha de thréimhse na hiasachta atá fós gan chaitheamh faoin alt sin 54.

Sárú ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla ag comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht

96. (1) Maidir le comhalta den Gharda Síochána a dhéanfaidh aon ghníomh nó a fhágfaidh aon ghníomh gan déanamh, le linn dó nó di a bheith ar iasacht chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann faoi *alt 95*, ar shárú ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ag comhalta den tseirbhís sin é an gníomh a dhéanamh nó an gníomh a fhágáil gan déanamh, dlífear, ar éag don tréimhse iasachta nó ar fhoirceannadh na tréimhse iasachta, smachtbhanna araíonachta arna fhorchur ag Coimisinéir an Gharda i leith an tsáraithe a chur air nó uirthi.

(2) Féadfar smachtbhanna araíonachta arna fhorchur faoi *fho-alt (1)* a bhunú ar an méid seo a leanas—

(a) fionnachtain, faoin dlí agus faoin nós imeachta is infheidhme de thuras na huaire i ndáil le himscrúdú ar sháruithe ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ag comhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, go bhfuil sárú ar na caighdeáin sin déanta ag an gcomhalta lena mbaineann den Gharda Síochána,

(b) breith ar aon achomharc i gcoinne na fionnachtana nó ar aon athbhreithniú uirthi,

(c) aon imeachtaí cúirte iomchuí, nó

(d) aon doiciméid ghaolmhara.

(3) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, sula bhforchuirfidh sé nó sí aon smachtbhanna araíonachta faoi *fho-alt (1)*—

(a) cóip de na fionnachtana a chur chuig an gcomhalta lena mbaineann den Gharda Síochána, agus

(b) deis a thabhairt don chomhalta sin aighneachtaí a dhéanamh, laistigh de thréimhse shonraithe, i ndáil leis an gcúis nár chóir an chaingean a thionscnamh ina choinne nó ina coinne.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-ailt (2)* ná *(3)*, féadfaidh an tAire, faoi réir *alt 252(2)*, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir leis na nósanna imeachta faoina bhféadfar smachtbhanna araíonachta a fhorchur i gcoinne comhalta den Gharda Síochána faoi *fho-alt (1)*.

(5) In aon imeachtaí—

(a) aon doiciméad a airbheartaíonn gur fionnachtain nó breith a luaitear i *bhfo-alt (2)* é, is fianaise é, mura gcruthaítear a mhalairt, ar an bhfionnachtain nó ar an mbreith, agus

(b) aon doiciméad a airbheartaíonn gur tuarascáil ar imeachtaí cúirte nó doiciméad gaolmhar a luaitear san fho-alt sin é, is fianaise é, mura gcruthaítear a mhalairt, ar na nithe dá dtagraítear sa tuarascáil nó sa doiciméad gaolmhar.

(6) San alt seo, ciallaíonn "sárú ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann" gníomh nó neamhghníomh a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar do smachtbhanna araíonachta ag na húdaráis i dTuaisceart Éireann dá mba chomhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a rinne é.

Sárú ar chaighdeáin iompraíochta gairmiúla ag comhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann atá ar iasacht

97. (1) Fad is gur comhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann duine a cheapfar mar chomhalta den Gharda Síochána faoi *alt 94,* féadfar dul ar aghaidh le himscrúdú faoi *Chuid 6* agus le haon imscrúdú nó imeacht faoi na Rialacháin Iompair i ndáil leis an duine sin is cuma an mbeidh sé nó sí fós ina chomhalta nó ina comhalta den Gharda Síochána.

(2) Ní ceadmhach aon smachtbhanna araíonachta a fhorchur ar dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* faoin Acht seo ná faoi na rialacháin.

(3) D'ainneoin *fho-alt (2)*, i gcás go mbeidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ina ábhar nó ina hábhar d'imscrúdú nó d'imeachtaí faoi na Rialacháin Iompair, féadfaidh Coimisinéir an Gharda aon fhionnachtana arna ndéanamh i gcúrsa imscrúdú nó imeachtaí den sórt sin nó cibé ábhar a bhaineann leo agus is cuí leis nó léi a tharchur chuig an Ard-Chonstábla.

(4) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda aon doiciméid a tharchuirfear faoi *fho-alt (3)* a chur in iúl don Aire.

Caibidil 10

Cionta arb éard iad míshásamh a chur ar bun, pearsanú

Míshásamh a chur ar bun

98. (1) Beidh duine ciontach i gcion má aslaíonn sé nó sí aon chomhalta den Gharda Síochána chun a chuid seirbhísí nó a cuid seirbhísí a choinneáil siar nó chun sárú ar na caighdeáin iompraíochta gairmiúla a dhéanamh, nó má dhéanann sé nó sí aon ghníomh atá ceaptha aon chomhalta den Gharda Síochána a aslú amhlaidh.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

An cion arb éard é comhalta den Gharda Síochána a phearsanú

99. (1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

(a) go ndéanfaidh sé nó sí comhalta den Gharda Síochána a phearsanú, nó

(b) go ndéanfaidh sé nó sí aon ráiteas nó aon ghníomh atá ceaptha chun a thabhairt le tuiscint go bréagach gur comhalta den sórt sin é nó í.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Cionta eile a bhaineann le pearsanú

100. (1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é gurb amhlaidh, gan é nó í a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Gharda Síochána—

(a) go bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh aon airceadal d'éide Gharda nó aon trealamh a sholáthraítear do chomhalta den Gharda Síochána agus nach féidir leis nó léi cuntas sásúil a thabhairt i leith an t-airceadal nó an trealamh sin a bheith ina sheilbh nó ina seilbh amhlaidh,

(b) go ndéanfaidh sé nó sí—

(i) gan cead Choimisinéir an Gharda a fháil, aon airceadal d'éide Gharda a bhaineann le haon chéim nó le haon chomhalta den Gharda Síochána a chur air nó uirthi nó a chaitheamh, nó

(ii) gan leithscéal réasúnach, aon aithris ar airceadal nó éide den sórt sin a chur air nó uirthi nó a chaitheamh,

nó

(c) d'fhonn aon ghníomh a dhéanamh, nó a chur faoi deara go ndéanfar aon ghníomh, nach mbeadh teideal aige nó aici de réir dlí é a dhéanamh nó a chur faoi deara go ndéanfar é as a údarás féin nó a húdarás féin, go ndéanfaidh sé nó sí an t-ainm, an sainainmniúchán nó an tuairisc a bhaineann le haon chéim nó le haon chomhalta den Gharda Síochána a ghlacadh chuige féin nó chuici féin.

(2) Beidh duine ciontach i gcion más rud é, gan údarás dleathach, go bhfuil aon airceadal, trealamh nó feithicil ina bhfuil nó ar a bhfuil aon suaitheantas nó armas sainiúil ina sheilbh nó ina seilbh atá chomh cosúil sin le suaitheantas nó armas an Gharda Síochána gur dóigh dó meabhlú a dhéanamh nó go n-úsáidfidh sé nó sí aon airceadal, trealamh nó feithicil den sórt sin i dtaca le haon trádáil, gnó, slí bheatha nó gairm nó chun aon chríche eile.

(3) Beidh duine ciontach i gcion más rud é, gan údarás dleathach, go dtiomáinfidh sé nó sí feithicil inneallghluaiste, in áit phoiblí, ar a bhfuil lampa feistithe atá in ann solas gorm gealánach a thaispeáint, atá infheicthe lasmuigh den fheithicil, agus ar de chineál é ar dóigh dó duine eile a mheabhlú go bhfuil an fheithicil á húsáid ag comhalta den Gharda Síochána i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh.

(4) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Ní choisceann aon ní san alt seo aon éide nó aon ghléasadh a chaitheamh sna cásanna seo a leanas—

(a) i dtaibhiúchán in amharclann, i scannán nó ar an teilifís nó i meáin eile, nó

(b) le ceadú roimh ré ó Choimisinéir an Gharda, in áit phoiblí fad a bheidh léiriú scannáin, teilifíse nó meán eile á dhéanamh.

(6) Ní choisceann aon ní san alt seo aon fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, le ceadú roimh ré ó Choimisinéir an Gharda, in áit phoiblí fad a bheidh léiriú scannáin, teilifíse nó meán eile á dhéanamh.

(7) San alt seo agus in *alt 101*, tá le "feithicil inneallghluaiste" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

Caibidil 11

Ilghnéitheach (Cuid 2)

Dliteanas i leith gníomhartha áirithe de chuid comhaltaí den Gharda Síochána

101. (1) I gcás go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána éagóir inchaingne i gcúrsa feidhmeanna an chomhalta faoin Acht seo a chomhlíonadh—

(a) beidh Coimisinéir an Gharda faoi dhliteanas i leith caingne le haghaidh damáistí i leith damáiste a thig ón éagóir amhail is dá mba é nó í Coimisinéir an Gharda fostóir an chomhalta, agus

(b) measfar, chun críocha an dliteanais sin, gurb é nó í an comhalta seirbhíseach Choimisinéir an Gharda sa mhéid go raibh an comhalta ag gníomhú i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(2) In imeachtaí a thionscnófar i gcoinne Choimisinéir an Gharda de bhua an ailt seo, ní gá don ghearánaí an comhalta nó na comhaltaí den Gharda Síochána a líomhnaítear ina leith go ndearna sé nó sí an éagóir inchaingne a ainmniú mar chosantóir.

(3) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'aon cheart de chuid Choimisinéir an Gharda chun an méid seo a leanas a dhéanamh—

(a) uamadh le comhalta aonair mar chosantóir in imeachtaí i leith éagóir inchaingne lena mbaineann an t-alt seo, nó

(b) rannioc a ghnóthú nó slánaíocht a lorg ó chomhalta aonair den Gharda Síochána atá, nó a bheadh dá n-agrófaí é nó í tráth déanta na héagóra sin, faoi dhliteanas i leith an damáiste chéanna.

(4) Tá feidhm ag an alt seo maidir le himeachtaí arna dtionscnamh tar éis don alt seo teacht i ngníomh, is cuma an roimh an teacht i ngníomh sin nó dá éis a rinneadh an éagóir inchaingne lena mbaineann na himeachtaí.

(5) Níl feidhm ag an alt seo maidir le héagóir a rinneadh trí fheithicil inneallghluaiste atá ar úinéireacht ag an Stát a úsáid.

(6) D'ainneoin aisghairm alt 48 d'Acht 2005 le *halt 5*, ní dhéanfaidh an aisghairm sin difear d'imeachtaí lenar bhain an t-alt sin 48, ar imeachtaí iad a bheidh tionscanta, agus nach mbeidh tugtha chun críche, roimh an aisghairm sin.

(7) San alt seo—

ciallaíonn "éagóir inchaingne" tort nó sárú ar cheart bunreachtúil, cibé acu is coir an éagóir freisin nó nach ea agus cibé acu is éagóir intinniúil an éagóir nó nach ea;

folaíonn "damáiste" caillteanas maoine, cailliúint beatha agus díobháil phearsanta;

folaíonn "damáistí" damáistí eiseamláireacha agus damáistí forthromaithe;

folaíonn "díobháil phearsanta" aon ghalar agus aon mhallachar ar bhail choirp nó mheabhrach duine.

Cúnamh dlíthiúil do chomhaltaí den Gharda Síochána

102. (1) Féadfaidh Coimisinéir an Gharda ranníoc a dhéanamh i leith costais dlí comhalta den Gharda Síochána a chúiseofar i gcion coiriúil más rud é—

(a) gur bhain aon cheann de na gníomhartha a líomhnaítear gurb iad an cion iad go díreach le comhlíonadh fheidhmeanna an chomhalta,

(b) gurb é tuairim Choimisinéir an Gharda go bhfuil imthosca airgeadais an chomhalta de chineál a fhágann go mbeadh na costais sin ina gcúis le cruatan míchuí, agus

(c) faoi réir *fho-alt (2),* nach mó an ranníoc ná an tsuim a bheadh iníoctha dá ndeonófaí deimhniú um chúnamh dlíthiúil i leith na n-imeachtaí cúirte infheidhme.

(2) I gcás go ndéanfar comhalta den Gharda Síochána a chúiseamh i gcion coiriúil ar scór ionchúiseamh príobháideach, féadfaidh Coimisinéir an Gharda ranníoc, nach mó ná na costais dlí arna dtabhú ag an gcomhalta, a dhéanamh, d'ainneoin go bhféadfadh méid an ranníoca a bheith níos mó ná an tsuim ab iníoctha dá ndeonófaí deimhniú um chúnamh dlíthiúil i leith na n-imeachtaí cúirte infheidhme.

(3) Chun críocha *fho-ailt (1)* agus *(2)*, i gcás gurb é nó gurb í Coimisinéir an Gharda an comhalta a chúisítear i gcion coiriúil, ansin déanfar tagairtí do Choimisinéir an Gharda sna fo-ailt sin a fhorléiriú mar thagairtí don Bhord.

(4) San alt seo—

tá le "deimhniú um chúnamh dlíthiúil" an bhrí chéanna atá leis in alt 9(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962;

ciallaíonn "costais dlí" aon táillí, costais nó caiteachais eile a thabhóidh comhalta den Gharda Síochána go cuí agus na nithe seo a leanas á n-ullmhú agus á seoladh aige nó aici—

(a) cosaint an chomhalta in aghaidh an chiona ina gcúisítear é nó í, agus

(b) más infheidhme, achomharc an chomhalta nó cás an chomhalta a shonraítear i ndáil leis an gcion sin;

ciallaíonn "ionchúiseamh príobháideach" ionchúiseamh arna thionscnamh ag faisnéisí coiteann faoin dlí coiteann.

CUID 3

Sábháilteacht Pobail

Mínithe (*Cuid 3*)

103. Sa Chuid seo—

tá le "limistéar riaracháin" an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn "fóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail" fóram arna bhunú de réir rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 115(a)*;

tá le "coiste sainainmnithe den Rialtas" an bhrí a shanntar dó le *halt 105*;

ciallaíonn "bord oideachais agus oiliúna" bord oideachais agus oiliúna arna bhunú faoi alt 9 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013;

ciallaíonn "lá bunaithe na hOifige Náisiúnta" an lá a cheapfar faoi *alt 108(1)*;

ciallaíonn "limistéar feidhme" i ndáil le comhpháirtíocht sábháilteachta, an limistéar riaracháin, nó cuid de, de chuid an údaráis áitiúil arb i ndáil leis a bhunaítear an chomhpháirtíocht sábháilteachta;

ciallaíonn "Seirbhís Phríosúin na hÉireann" seirbhís príosún na Roinne Dlí agus Cirt, a bhfuil de chúram uirthi príosúin a bhainistiú de réir bhrí alt 2 d'Acht na bPríosún, 2007;

ciallaíonn "comhchoiste póilíneachta" coiste arna bhunú faoi alt 36 d'Acht 2005;

tá le "plean áitiúil um shábháilteacht pobail" an bhrí a shanntar dó le *halt 116(1)(b)*;

ciallaíonn "fóram póilíneachta áitiúil" fóram póilíneachta áitiúil arna bhunú ag comhchoiste póilíneachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 35 d'Acht 2005;

ciallaíonn "Airí iomchuí eile"—

(a) an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,

(b) an tAire Oideachais,

(c) An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta,

(d) an tAire Sláinte,

(e) an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,

(f) an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail,

(g) an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus

(h) cibé Airí eile den Rialtas a fhorordóidh an tAire;

ciallaíonn "Seirbhís Phromhaidh" na hoifigigh sin don Aire atá sannta chun feidhmeanna a chomhlíonadh sa chuid den Roinn Stáit a bhfuil an tAire freagrach aisti agus ar a dtugtar an t-ainm sin de ghnáth;

ciallaíonn "comhlacht seirbhíse poiblí"—

(a) an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,

(b) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,

(c) Roinn Stáit,

(d) bord oideachais agus oiliúna,

(e) An Garda Síochána,

(f) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(g) Seirbhís Phríosúin na hÉireann,

(h) údarás áitiúil,

(i) an tSeirbhís Phromhaidh, nó

(j) comhlacht atá sainainmnithe faoi *alt 104* mar chomhlacht seirbhíse poiblí;

tá le "comhpháirtíocht sábháilteachta" an bhrí a shanntar dó le *halt 114(1)*.

Comhlacht seirbhíse poiblí a shainainmniú

104. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an tAire, le hordú, comhlacht a shainainmniú, cibé acu a cruthaíodh é, nó nár cruthaíodh é, le haon achtachán nó faoi aon achtachán mar chomhlacht seirbhíse poiblí chun críoch cibé forálacha den Chuid seo a shonrófar sa sainainmniúchán.

(2) Ní ceadmhach don Aire ordú a dhéanamh lena sainainmneofar comhlacht faoi *fho-alt (1)* ach amháin más deimhin leis nó léi—

(a) go bhfuil cuid d'fheidhmeanna an chomhlachta, nó iad go léir, iomchuí maidir le cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, agus

(b) gurb inmhianaithe go gcomhoibreodh an comhlacht le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (1)* i leith comhlacht a bhfuil Aire den Rialtas seachas an tAire freagrach as agus a bhfuil feidhmeanna, cibé acu reachtúil nó eile, i leith an chomhlachta dílsithe dó nó di, seachas le toiliú an Aire sin den Rialtas.

Coiste den Rialtas a shainainmniú

105. Féadfaidh an Taoiseach, chun críocha na Coda seo, le hordú, coiste den Rialtas a shainainmniú (dá ngairtear an "coiste sainainmnithe den Rialtas" sa Chuid seo), ar coiste é arna cheapadh ag an Rialtas agus arb iad seo a leanas a chomhaltaí—

(a) comhaltaí den Rialtas, nó

(b) comhalta amháin nó níos mó den Rialtas mar aon le ceachtar díobh seo a leanas nó leo araon:

(i) Aire Stáit amháin nó níos mó;

(ii) an tArd-Aighne.

Straitéis náisiúnta chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú

106. (1) Maidir le straitéis náisiúnta chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú (dá ngairtear an "straitéis náisiúnta" san Acht seo)—

(a) déanfaidh an tAire agus na hAirí iomchuí eile, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis don alt seo teacht i ngníomh, an straitéis a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena ceadú, agus

(b) féadfaidh an tAire agus na hAirí iomchuí eile, ag féachaint d'athbhreithniú faoi *fho-alt (2)*, tráth ar bith dá éis sin, an straitéis a athleasú agus a chur faoi bhráid an Rialtais amhlaidh.

(2) Déanfaidh an tAire agus na hAirí iomchuí eile athbhreithniú ar an straitéis náisiúnta uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 6 bliana tar éis an dáta a cheadaigh an Rialtas an straitéis náisiúnta sin.

(3) Maidir le straitéis náisiúnta a ullmhófar nó a athleasófar de réir *fho-alt (1)*—

(a) beidh inti—

(i) creat beartais, agus

(ii) clár gníomhartha,

chun tacú le comhlachtaí seirbhíse poiblí agus le pobail a bhíonn ag obair le chéile ar mhodh comhordaithe chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, agus

(b) áireofar inti forálacha chun na gcríoch seo a leanas—

(i) cineálacha cur chuige ildisciplíneacha agus comhar idir comhlachtaí seirbhíse poiblí a chur chun cinn chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú,

(ii) páirteachas a chur chun cinn i measc an phobail agus straitéisí á bhforbairt agus á gcur i ngníomh chun cúrsaí sábháilteachta pobail ina gceantair a fheabhsú, agus

(iii) tacú le comhtháthú le straitéisí náisiúnta agus áitiúla eile is iomchuí maidir le sábháilteacht pobail.

(4) Sula ndéanfar straitéis náisiúnta a ullmhú nó a athleasú faoi *fho-alt (1)*, rachaidh an tAire i gcomhairle leo seo a leanas i ndáil leis an lánas atá sa straitéis—

(a) an tÚdarás, agus

(b) cibé daoine nó grúpaí atá ionadaitheach do leasanna pobail de réir mar is cuí leis nó léi.

(5) Déanfaidh an tAire, sula gcuirfidh sé nó sí straitéis náisiúnta faoi bhráid an Rialtais lena ceadú faoi *fho-alt (1)*—

(a) dréacht den straitéis náisiúnta a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis nó léi,

(b) fógra a fhoilsiú, ar an idirlíon agus i níos mó ná nuachtán náisiúnta amháin, á iarraidh ar dhaoine den phobal agus ar aon pháirtithe leasmhara aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an Aire i ndáil leis an straitéis náisiúnta laistigh de cibé tréimhse (nach faide ná 2 mhí ó dháta foilsithe an fhógra nó, má fhoilsítear an fógra ar an idirlíon agus sa nuachtán ar laethanta éagsúla, nach faide ná 2 mhí ón dáta is déanaí a fhoilseofar an fógra) a shonrófar san fhógra, agus

(c) aird a thabhairt ar aon aighneachtaí arna ndéanamh de réir fógra a fhoilseofar faoi *mhír (b)*.

(6) Féadfaidh an Rialtas straitéis náisiúnta a chuirfear faoina bhráid faoin alt seo a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis.

(7) Féadfaidh an Rialtas, tráth ar bith, straitéis náisiúnta a bheidh ceadaithe aige faoi *fho-alt (6)* a athleasú.

(8) Cuirfidh an tAire faoi deara straitéis náisiúnta a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis don Rialtas í a cheadú nó a athleasú.

(9) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis straitéis náisiúnta a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an straitéis náisiúnta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire nó ar cibé modh eile is cuí leis an Aire.

(10) Déanfaidh Aire den Rialtas, a mhéid is indéanta, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh atá i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta.

(11) Ní mheasfar go dtugann *fo-alt (10)* ceart faoin dlí d'aon duine, ar ceart é nach mbeadh aige nó aici thairis sin, chun a cheangal ar Aire aon bhearta a dhéanamh nó damáistí a lorg mar gheall ar mhainneachtain na bearta sin a dhéanamh.

(12) San alt seo, ciallaíonn "nuachtán náisiúnta" nuachtán a fhoilsítear agus a scaiptear sa Stát i gcoitinne.

An Grúpa Stiúrtha

107. (1) A luaithe is féidir tar éis don alt seo teacht i ngníomh, bunóidh an tAire grúpa ar a dtabharfar an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail (dá ngairtear an "Grúpa Stiúrtha" san Acht seo) chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó le haon achtachán eile a chomhlíonadh.

(2) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an nGrúpa Stiúrtha:

(a) comhlíonadh a ndualgas faoin Acht seo a chur chun cinn i measc comhlachtaí seirbhíse poiblí agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin;

(b) comhar a chothú idir comhlachtaí seirbhíse poiblí i dtaca le seirbhísí a sholáthar chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú;

(c) treorú a thabhairt don Oifig Náisiúnta i ndáil leis an straitéis náisiúnta a chur i ngníomh;

(d) faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh na straitéise náisiúnta;

(e) aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh go tráthúil ar chur i ngníomh na straitéise náisiúnta;

(f) athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na straitéise náisiúnta;

(g) formhaoirsiú a dhéanamh ar an Oifig Náisiúnta le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh;

(h) athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na hOifige Náisiúnta le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh;

(i) cláir bhliantúla oibre arna n-ullmhú ag an Oifig Náisiúnta de bhun *alt 108(3)(b)* a cheadú;

(j) cibé faisnéis agus tuarascálacha a sholáthar do choiste sainainmnithe an Rialtais maidir le cur i ngníomh na straitéise náisiúnta agus maidir le haon nithe eile a bhaineann le feidhmeanna an Ghrúpa Stiúrtha agus a iarrfaidh an coiste ó am go ham;

(k) cibé faisnéis a sholáthar don Aire agus cibé comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh nithe a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú de réir mar a iarrfaidh an tAire ó am go ham;

(l) cibé foghrúpaí den Ghrúpa Stiúrtha a bhunú a mheasfaidh sé is gá chun tacú le cur i ngníomh na straitéise náisiúnta.

(3) Beidh ag an nGrúpa Stiúrtha na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an nGrúpa Stiúrtha:

(a) cathaoirleach a cheapfaidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis na hAirí iomchuí eile;

(b) na gnáthchomhaltaí seo a leanas, agus is é nó is í an tAire a cheapfaidh gach duine acu tar éis dul i gcomhairle leis na hAirí iomchuí eile:

(i) oifigeach don Aire;

(ii) oifigeach do gach duine de na hAirí iomchuí eile;

(iii) ionadaithe ó cibé comhlachtaí seirbhíse poiblí a fhorordófar de réir *fho-alt (6)(a);*

(iv) ionadaí don Údarás;

(v) cibé daoine eile is cuí leis an Aire;

(c) an Stiúrthóir, a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta *ex officio*.

(5) Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis na hAirí iomchuí eile, rialacháin maidir le hoibriú agus nósanna imeachta an Ghrúpa Stiúrtha.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (5)*, féadfar le rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt sin—

(a) na comhlachtaí seirbhíse poiblí a fhorordú óna bhféadfar ionadaithe a cheapadh chun an Ghrúpa Stiúrtha de bhun *fho-alt (4)(b)(iii)*,

(b) an taithí, an saineolas nó na critéir eile a fhorordú a mbeidh feidhm acu maidir le daoine a fhéadfar a cheapadh chun an Ghrúpa Stiúrtha de bhun *fho-alt (4)(b)(v)*,

(c) socrú a dhéanamh i ndáil le téarmaí agus coinníollacha oifige chathaoirleach agus ghnáthchomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha,

(d) socrú a dhéanamh i ndáil leis na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu maidir le gnó an Ghrúpa Stiúrtha a sheoladh, nó

(e) socrú a dhéanamh i ndáil leis na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu maidir le foghrúpaí den Ghrúpa Stiúrtha arna mbunú de bhun *fho-alt (2)(l)*, lena n-áirítear i ndáil le comhaltas agus téarmaí tagartha na bhfoghrúpaí sin.

(7) Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire, tuarascáil ar chomhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana roimhe sin nó, i gcás na chéad tuarascála den sórt sin, ar chomhlíonadh a fheidhmeanna ón dáta a bunaíodh é suas go dtí an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin agus an dáta sin san áireamh, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(8) Maidir le tuarascáil faoi *fho-alt (7),* ullmhófar í i cibé foirm agus beidh inti cibé faisnéis a shonróidh an tAire ó am go ham.

(9) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de thuarascáil faoi *fho-alt (7)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó nó di í a fháil.

(10) Cinnteoidh an Grúpa Stiúrtha go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip den tuarascáil faoi *fho-alt (7)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an tuarascáil a

fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Oifig Náisiúnta nó thar a ceann nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

(11) Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha, i gcás go n-iarrfaidh an tAire air déanamh amhlaidh, tuarascáil ar aon ní a bhaineann le feidhmeanna an Ghrúpa Stiúrtha, de réir mar a shonróidh an tAire san iarraidh, a sholáthar don Aire.

(12) Maidir le tuarascáil faoi *fho-alt (11),* beidh sí i cibé foirm agus déanfar í laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an tAire.

(13) Tabharfaidh an Grúpa Stiúrtha tuarascáil do choiste sainainmnithe an Rialtais chun cibé críoch, agus i gceann cibé eatraimh, a iarrfaidh an coiste.

An Oifig Náisiúnta

108. (1) Déanfaidh an tAire, le hordú, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, lá a cheapadh chun bheith mar lá bunaithe na hOifige Náisiúnta chun críocha na Coda seo.

(2) Beidh arna bhunú, ar lá bunaithe na hOifige Náisiúnta, comhlacht ar a dtabharfar an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail (dá ngairtear an "Oifig Náisiúnta" san Acht seo) chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó le haon achtachán eile a chomhlíonadh.

(3) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Oifig Náisiúnta:

(a) tacaíocht a sholáthar do chomhlachtaí seirbhíse poiblí nuair a bheidh an straitéis náisiúnta á cur i ngníomh acu agus comhar a chothú idir na comhlachtaí sin nuair a bheidh seirbhísí á soláthar acu chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú;

(b) cláir bhliantúla oibre a ullmhú chun tacú le cur i ngníomh na straitéise náisiúnta;

(c) oiliúint, treoir agus tacaíocht a sholáthar do chomhpháirtíochtaí sábháilteachta ó thaobh oibriú na gcomhpháirtíochtaí agus le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh;

(d) faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh na straitéise náisiúnta;

(e) faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh pleananna áitiúla um shábháilteacht pobail;

(f) taighde agus meastóireachtaí a bhaineann le haon cheann d'fheidhmeanna na hOifige Náisiúnta agus le hoibriú comhpháirtíochtaí sábháilteachta a sheoladh nó a choimisiúnú;

(g) feasacht a chur chun cinn i measc an phobail maidir le saincheisteanna a fhearann ar chúrsaí sábháilteachta pobail agus ar obair na hOifige Náisiúnta;

(h) cibé faisnéis agus tuarascálacha a sholáthar a iarrfaidh an tAire, an Grúpa Stiúrtha agus coiste sainainmnithe an Rialtais;

(i) cibé tacaíocht eile a sholáthar a theastóidh ón nGrúpa Stiúrtha chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Beidh ag an Oifig Náisiúnta na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(5) Maidir le haon fheidhm de chuid na hOifige Náisiúnta, féadfar í a chomhlíonadh tríd an Stiúrthóir nó trí aon chomhalta d'fhoireann na hOifige Náisiúnta nó féadfaidh an Stiúrthóir nó aon chomhalta d'fhoireann na hOifige Náisiúnta í a chomhlíonadh, is comhalta a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an Stiúrthóir.

Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta

109. (1) Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, duine a cheapadh chun bheith ina Stiúrthóir ar an Oifig Náisiúnta (dá ngairtear an "Stiúrthóir" san Acht seo).

(2) Féadfaidh an tAire, roimh lá bunaithe na hOifige Náisiúnta, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad Stiúrthóir nó ina céad Stiúrthóir.

(3) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe na hOifige Náisiúnta, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (2)*, beidh an duine sin arna cheapadh nó arna ceapadh, an lá sin, ina chéad Stiúrthóir nó ina céad Stiúrthóir.

(4) Maidir le duine a cheapfar ina Stiúrthóir—

(a) beidh sé nó sí i seilbh oifige faoi chonradh seirbhíse i scríbhinn (is conradh a fhéadfar a athnuachan) ar feadh cibé tréimhse a shonrófar sa chonradh agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag an Oifig Náisiúnta.

(5) Maidir leis an Stiúrthóir—

(a) beidh aige nó aici cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas is cuí maidir leis an gceapachán, agus

(b) ceapfaidh an tAire é nó í tar éis comórtas roghnóireachta arna ghabháil de láimh de réir Acht 2004.

(6) Ní shealbhóidh an Stiúrthóir aon oifig eile ná ní rachaidh sé nó sí i mbun aon phost, a mbeidh luach saothair iníoctha ina leith, ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó, trádáil ná gairm, gan toiliú an Aire.

(7) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Stiúrthóir:

(a) beartais agus breitheanna an Ghrúpa Stiúrtha a chur i ngníomh;

(b) foireann, riaradh agus gnó na hOifige Náisiúnta a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne;

(c) cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh, is feidhmeanna a chinnfidh an Grúpa Stiúrtha nó a údarófar faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile.

(8) Déanfaidh an Stiúrthóir cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (7*) agus a theastóidh ón nGrúpa Stiúrtha nó ón Aire a sholáthar don Ghrúpa Stiúrtha nó don Aire.

(9) Beidh an Stiúrthóir cuntasach—

(a) don Aire as feidhmeanna an Stiúrthóra a chomhlíonadh, agus

(b) don Ghrúpa Stiúrtha as feidhmeanna na hOifige Náisiúnta a chomhlíonadh.

(10) Féadfaidh an tAire, ar chúiseanna sonraithe, an Stiúrthóir a chur as oifig nó a chur ar fionraí ó oifig.

(11) Más rud é, maidir leis an Stiúrthóir—

(a) go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, nó go gcuirfear as oifig é nó í, nó

(b) nach bhfuil sé nó sí, ar aon chúis, ábalta go sealadach leanúint dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh,

féadfaidh an tAire, i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha, cibé comhalta nó comhaltaí d'fhoireann na hOifige Náisiúnta is cuí leis nó léi a shainainmniú chun feidhmeanna an Stiúrthóra a chomhlíonadh go dtí—

(i) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (a)*, go gceapfar Stiúrthóir nua de réir an ailt seo,

(ii) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (b)*, go mbeidh an Stiúrthóir in ann athchromadh ar a fheidhmeanna nó ar a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó

(iii) go dtabharfaidh an tAire breith chun sainainmniúchán arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo a chúlghairm nó a athrú.

An Stiúrthóir do fhreastal os comhair coistí Oireachtais

110. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, freastalóidh an Stiúrthóir os comhair coiste Oireachtais, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gcoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta na hOifige Náisiúnta.

(2) Ní cheanglófar ar an Stiúrthóir cuntas a thabhairt os comhair coiste Oireachtais ar aon ní atá, a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát.

(3) Déanfaidh an Stiúrthóir, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina thaobh os comhair coiste Oireachtais, an tuairim sin agus na cúiseanna atá leis an tuairim sin a chur in iúl don choiste.

(4) Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi *fho-alt (3)* a thabhairt don choiste Oireachtais, is i scríbhinn a thabharfar í mura dtabharfar í nuair a bheidh an Stiúrthóir os comhair an choiste.

(5) Más rud é, ar thuairim an Stiúrthóra ar an ní a bheith curtha in iúl do choiste Oireachtais, go dtabharfaidh an coiste Oireachtais breith gan an iarraidh uaidh i ndáil leis an ní a tharraingt siar, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (6)*, a chinneadh an amhlaidh go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní.

(6) Féadfaidh an Stiúrthóir nó an coiste Oireachtais iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte ar chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ach sin i gcás go ndéanfar

an t-iarratas laistigh de 21 lá tar éis an dáta ar a ndéanfar breith an choiste gan an iarraidh uaidh a tharraingt siar a chur in iúl don Stiúrthóir, agus sa chás sin amháin.

(7) Go dtí go ndéanfar iarratas faoi *fho-alt (6)* a chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh an Stiúrthóir os comhair an choiste Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(8) I gcás go gcinnfidh an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (5)* go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní, déanfaidh an coiste Oireachtais an iarraidh uaidh a tharraingt siar sa mhéid go mbaineann sí leis an ní, ach i gcás go gcinnfidh an Chúirt faoi *fho-alt (5)* nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, freastalóidh an Stiúrthóir os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(9) Ní dhéanfaidh an Stiúrthóir, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoin alt seo—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin, ná

(b) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Foireann na hOifige Náisiúnta

111. (1) Féadfaidh an Stiúrthóir, tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha agus le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sé nó sí a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann na hOifige Náisiúnta.

(2) Is é a bheidh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha seirbhíse comhalta d'fhoireann na hOifige Náisiúnta, agus is é an grád ina bhfónfaidh sé nó sí, na téarmaí agus na coinníollacha sin agus an grád sin a chinnfidh an Stiúrthóir ó am go ham, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(3) Íocfaidh an tAire leis na comhaltaí d'fhoireann na hOifige Náisiúnta cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an Stiúrthóir ó am go ham, le ceadú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Aoisliúntas (*Cuid 3*)

112. (1) Déanfaidh an Oifig Náisiúnta, le ceadú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú d'aon duine, nó i leith aon duine, a cheapfar ina Stiúrthóir, nó d'aon duine nó i leith aon duine, nach dtiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar é nó í do theacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na hOifige Náisiúnta.

(2) Socrófar le scéim faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an Oifig Náisiúnta, le ceadú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh lena leasófar scéim faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Déanfaidh an Oifig Náisiúnta scéim faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe í, a chomhall de réir a téarmaí.

(5) Áireofar i scéim faoin alt seo foráil maidir le hachomhairc a dhéanamh i gcoinne breith a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.

(6) I gcás go n-eascróidh aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéim nó scéimeanna faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chun an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(7) Ní dhéanfaidh an Oifig Náisiúnta aon sochair aoisliúntais a dheonú do dhuine, ná ina leith, ar scor dó nó di de bheith ina Stiúrthóir nó ina chomhalta nó ina comhalta den fhoireann, ach amháin—

(a) de réir scéim nó scéimeanna faoin alt seo, nó

(b) le ceadú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(8) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(9) Beidh feidhm ag *fo-alt (8)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le leasú ar scéim faoin alt seo mar atá feidhm aige maidir le scéim faoin alt seo.

(10) San alt seo—

folaíonn "lena leasófar", i ndáil le scéim faoin alt seo, an scéim a chúlghairm;

ciallaíonn "sochar aoisliúntais" aon phinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha le duine, nó i leith duine, ar scor dó nó di de bheith ina Stiúrthóir nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na hOifige Náisiúnta.

Seirbhísí a sholáthar don Oifig Náisiúnta

113. Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis na hAirí iomchuí eile agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé cistí, áitribh, saoráidí agus seirbhísí is gá ar mhaithe le feidhmiú cuí na hoifige a sholáthar don Oifig Náisiúnta.

Rialacháin maidir le comhpháirtíochtaí sábháilteachta

114. (1) Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis na hAirí iomchuí eile, rialacháin maidir le bunú agus le hoibriú comhpháirtíochtaí áitiúla um shábháilteacht pobail (dá ngairtear "comhpháirtíocht sábháilteachta" sa Chuid seo).

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin bhfo-alt sin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) comhpháirtíocht sábháilteachta amháin nó níos mó a bhunú i limistéar riaracháin gach údaráis áitiúil;

(b) comhpháirtíochtaí sábháilteachta a dhíscaoileadh;

(c) comhaltas comhpháirtíochtaí sábháilteachta, lena n-áirítear—

(i) na hearnálacha a mbeidh ionadaíocht acu sa chomhaltas, lena n-áirítear an cion den chomhaltas sin a mbeidh gach ceann de na hearnálacha sin ionadaitheach di,

(ii) ceanglais maidir le cothromaíocht inscne agus le héagsúlacht sa chomhaltas, agus

(iii) na daoine seo a leanas a cheapadh—

(I) comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ainmnithe chun na críche sin,

(II) ionadaithe do chomhlachtaí seirbhíse poiblí a bheidh ainmnithe chun na críche sin,

(III) ionadaithe do chomhlachtaí pobail agus saorálacha áitiúla a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le sábháilteacht pobail, agus

(IV) cibé daoine eile (lena n-áirítear daoine is ionadaithe do leasanna pobail áitiúil) a shonrófar sna rialacháin;

(d) faoi réir *fho-alt (3)*, cathaoirleach agus leaschathaoirleach comhpháirtíochta sábháilteachta a thoghadh, agus na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu chun cothroime agus cothromas a chinntiú sa phróiseas toghcháin;

(e) na nósanna imeachta roghnóireachta a mbeidh feidhm acu maidir leis na daoine a shonraítear i *gclásail (III)* agus *(IV)* de *mhír (c)(iii)* a cheapadh chun cothroime agus cothromas a chinntiú sa phróiseas ceapacháin;

(f) na téarmaí agus coinníollacha oifige a bheidh ag cathaoirleach agus leaschathaoirleach comhpháirtíochtaí sábháilteachta agus ag comhaltaí eile de chomhpháirtíochtaí sábháilteachta;

(g) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu maidir le gnó comhpháirtíochtaí sábháilteachta a sheoladh, lena n-áirítear na nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm chun cothroime agus cothromas a chinntiú i mbreitheanna comhpháirtíochtaí sábháilteachta;

(h) na himthosca ina bhféadfar cruinnithe de chomhpháirtíochtaí sábháilteachta a thionól, lena n-áirítear cruinnithe a thionól go poiblí;

(i) na hacmhainní a bheidh le cur ar fáil do chomhpháirtíochtaí sábháilteachta;

(j) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu i gcás go mbeidh a bhfeidhm faoi *alt 116(1)(a)* á comhall ag comhpháirtíochtaí sábháilteachta;

(k) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu i gcás go mbeidh a bhfeidhm faoi *alt 116(1)(h)* á comhall ag comhpháirtíochtaí sábháilteachta;

(l) bunú, díscaoileadh, comhaltas, nósanna imeachta, cothabháil agus feidhmeanna cibé coistí a mheasfaidh comhpháirtíochtaí sábháilteachta is gá;

(m) ionadaithe de chuid an Údaráis do fhreastal ar chruinnithe de chomhpháirtíochtaí sábháilteachta agus dá gcoistí chun go gcomhlíonfaidh an tÚdarás a fheidhmeanna;

(n) an tÚdarás do thionól cruinnithe de chathaoirligh agus de leaschathaoirligh comhpháirtíochtaí sábháilteachta i gcás go gcabhródh na cruinnithe sin leis an Údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh;

(o) comhoibriú comhpháirtíochtaí sábháilteachta le comhpháirtíochtaí sábháilteachta eile, le comhlachtaí seirbhíse poiblí, le Coistí Áitiúla Forbartha Pobail arna mbunú de bhun alt 49A den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus le cibé daoine eile a éileoidh an tAire;

(p) comhchoistí póilíneachta a dhíscaoileadh.

(3) Maidir le rialacháin faoi *fho-alt (1)*, sa mhéid go ndéantar foráil iontu maidir le cathaoirleach agus leaschathaoirleach comhpháirtíochta sábháilteachta a thoghadh, ní dhéanfar foráil iontu go gcoiscfear comhaltaí d'údaráis áitiúla a thoghadh mar chathaoirleach nó mar leaschathaoirleach den sórt sin.

Rialacháin maidir le fóraim chomharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail

115. Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis na hAirí iomchuí eile, rialacháin a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) bunú, díscaoileadh, comhaltas, nósanna imeachta, cothabháil agus oibriú fóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail ag comhpháirtíocht sábháilteachta laistigh de limistéar feidhme na comhpháirtíochta sábháilteachta;

(b) fóraim phóilíneachta áitiúla a dhíscaoileadh;

(c) gan dochar do *mhír (b)*, oibriú leanúnach na nithe seo a leanas—

(i) fóram póilíneachta áitiúil mar fhóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail laistigh de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil arb i ndáil leis a bunaíodh an fóram póilíneachta áitiúil, nó

(ii) aicme d'fhóraim phóilíneachta áitiúla den sórt sin mar fhóraim chomharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail;

(d) aon bhearta idirthréimhseacha riachtanacha a bhaineann leis an oibriú leanúnach dá dtagraítear i *mír (c)*, lena n-áirítear limistéar geografach athleasaithe de chuid fóram póilíneachta áitiúil atá á choimeád ar marthain amhlaidh mar fhóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail a shonrú.

Feidhmeanna comhpháirtíochtaí sábháilteachta

116. (1) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag comhpháirtíocht sábháilteachta:

(a) gníomhú mar fhóram chun cúrsaí sábháilteachta pobail arb ábhar imní iad a phlé agus chun cineálacha cur chuige comhleanúnacha comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i ngníomh ar mhaithe le feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta pobail ar leibhéal áitiúil;

(b) plean a fhorbairt agus a ghlacadh, ar bhonn 3 bliana, chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta pobail ina limistéar feidhme (dá ngairtear "plean áitiúil um shábháilteacht pobail" sa Chuid seo) ag féachaint don straitéis náisiúnta agus de réir aon treoir maidir leis sin a eiseoidh an Oifig Náisiúnta;

(c) comhchomhairliúchán poiblí a ghabháil de láimh chun cuspóirí agus tosaíochtaí áitiúla i dtaca le sábháilteacht pobail a shainaithint, ar cuspóirí agus tosaíochtaí iad a bheidh mar bhonn eolais leis an bhforbairt a dhéanfar ar phlean áitiúil um shábháilteacht pobail;

(d) plean áitiúil um shábháilteacht pobail a chur i ngníomh nó socrú a dhéanamh maidir lena chur i ngníomh;

(e) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar chur i ngníomh plean áitiúil um shábháilteacht pobail, lena n-áirítear a fheidhmíocht i gcomparáid le haon tagarmharcanna nó táscairí feidhmíochta a bheidh leagtha amach sa phlean nó i gcomparáid le táscairí iomchuí eile;

(f) athbhreithniú a ghabháil de láimh ar phlean áitiúil um shábháilteacht pobail uair amháin ar a laghad laistigh de shaolré an phlean agus, tar éis aon athbhreithniú den sórt sin, an plean a leasú mar is cuí;

(g) comhoibriú, agus comhordú a dhéanamh, le páirtithe leasmhara iomchuí i ndáil le gníomhartha faoi phlean áitiúil um shábháilteacht pobail, faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail arna dhéanamh de bhun alt 66B den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi aon phleananna eile is iomchuí maidir lena limistéar feidhme;

(h) i gcás go bhfuil plean póilíneachta áitiúil is iomchuí maidir le limistéar feidhme na comhpháirtíochta sábháilteachta á ullmhú nó ullmhaithe, tuairimí ar an ullmhúchán sin nó ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh cur i ngníomh aon phlean den sórt sin a sholáthar don oifigeach rannáin iomchuí den rannán Garda Síochána nó den chuid den rannán sin lena mbaineann an plean;

(i) cruinnithe poiblí faoi nithe a bhaineann le sábháilteacht pobail ina limistéar feidhme a óstáil;

(j) fóraim chomharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina limistéar feidhme más cuí;

(k) cibé faisnéis a iarrfaidh an Oifig Náisiúnta ó am go ham a sholáthar;

(l) tuarascáil bhliantúil agus cibé tuarascálacha eile, a iarrfaidh an Oifig Náisiúnta agus a bhaineann le comhlíonadh a feidhmeanna, a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige Náisiúnta i cibé foirm agus laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Oifig Náisiúnta.

(2) Ní bhreithneoidh comhpháirtíocht sábháilteachta, coiste de chomhpháirtíocht sábháilteachta ná fóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail nithe a bhaineann le himscrúdú coiriúil sonrach ná le hionchúiseamh coiriúil sonrach ná le nithe a bhaineann le slándáil an Stáit.

(3) Maidir le ráiteas a dhéanfaidh comhalta de chomhpháirtíocht sábháilteachta, de choiste de chomhpháirtíocht sábháilteachta nó d'fhóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail, nó a dhéanfaidh duine atá ag freastal ar an gcruinniú ar iarraidh a fháil ón gcomhpháirtíocht, ón gcoiste nó ón bhfóram, in aon fhoirm agus gan mhailís, i rith plé ag cruinniú den chomhpháirtíocht, den choiste nó den fhóram, beidh sé faoi phribhléid chun críocha dhlí an chlúmhillte agus is amhlaidh freisin a bheidh aon fhoilsiú ina dhiaidh sin, gan mhailís, ar an ráiteas arna dhéanamh.

(4) San alt seo—

ciallaíonn "plean póilíneachta áitiúil" plean arna ullmhú ag an nGarda Síochána chun seirbhísí póilíneachta a sholáthar i rannán Garda Síochána, nó i gcuid de;

ciallaíonn "oifigeach rannáin iomchuí" ardcheannfort atá, de thuras na huaire, i gceannas rannán Garda Síochána.

Foireann do chomhpháirtíochtaí sábháilteachta

117. (1) Déanfaidh príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil cibé fostaithe agus cibé líon fostaithe de chuid an údaráis áitiúil a chinnfidh sé nó sí a shannadh chun cabhrú le comhpháirtíocht sábháilteachta a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Déanfaidh príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil duine, as measc na ndaoine a shannfar de bhun *fho-alt (1)*, a shainainmniú chun bheith ina bhainisteoir nó ina bainisteoir ar an gcomhpháirtíocht sábháilteachta chun cabhrú le comhpháirtíocht sábháilteachta agus déanfaidh an duine a shainainmneofar amhlaidh riaradh agus gnó na comhpháirtíochta a chomhall, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus déanfaidh sé nó sí socrú chun tacaíocht chuí riaracháin agus rúnaíochta agus tacaíocht chuí eile a sholáthar don chomhpháirtíocht sábháilteachta.

Dualgais comhlachtaí seirbhíse poiblí

118. (1) Déanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí, nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, gach beart réasúnach chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, lena n-áirítear trí choireacht a chosc agus trí dhíobháil do phearsana aonair, go háirithe pearsana aonair atá soghonta nó i mbaol, a chosc.

(2) Déanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí, ag féachaint d'fheidhmeanna agus do mhéid an chomhlachta agus do na hacmhainní atá ar fáil dó—

(a) measúnacht a leagan amach ina phlean straitéiseach (cibé tuairisc atá air) ar na saincheisteanna a fhearann ar chúrsaí sábháilteachta pobail, is saincheisteanna a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna an chomhlachta agus maidir leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus

(b) tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil (cibé tuairisc atá uirthi).

(3) Comhoibreoidh comhlachtaí seirbhíse poiblí le chéile, de réir mar is cuí, nuair a bheidh a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, lena n-áirítear trí choireacht a chosc agus trí dhíobháil do phearsana aonair, go háirithe pearsana aonair atá soghonta nó i mbaol, a chosc.

(4) Folaíonn comhoibriú dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* comhoibriú trí dhoiciméid agus faisnéis (lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir bhrí an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí) a chomhroinnt de réir dlí agus a mhéid is gá agus is comhréireach chun na feidhmeanna dá dtagraítear san fho-alt sin a chomhlíonadh.

(5) Ní mheasfar go dtugann *fo-ailt (1)* ná *(3)* ceart faoin dlí d'aon duine, ar ceart é nach mbeadh ag an duine thairis sin, chun a cheangal ar chomhlacht seirbhíse poiblí aon bhearta dá dtagraítear sna fo-ailt sin a dhéanamh nó damáistí a lorg mar gheall ar mhainneachtain na bearta sin a dhéanamh.

CUID 4

An tÚdarás

Caibidil 1

Mínithe (Cuid 4)

Mínithe (*Cuid 4*)

119. Sa Chuid seo—

tá le "cathaoirleach an Údaráis" an bhrí a shanntar dó le *halt 123(1)(a);*

ciallaíonn "coiste den Údarás" coiste arna bhunú faoi *alt 128(1)*;

ciallaíonn "lá bunaithe an Údaráis" an lá a cheapfar faoi *alt 120*;

ciallaíonn "Cigireacht an Gharda Síochána" Cigireacht an Gharda Síochána arna bunú le halt 114 d'Acht 2005;

ciallaíonn "iniúchadh" iniúchadh arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 143* agus folaíonn sé iniúchadh comhpháirteach*;*

ciallaíonn "cigire seirbhísí póilíneachta" comhalta d'fhoireann an Údaráis arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 142(1)*;

tá le "iniúchadh comhpháirteach" an bhrí a shanntar dó le *halt 143(3)*;

ciallaíonn "Údarás Póilíneachta" an tÚdarás Póilíneachta arna bhunú le halt 62B d'Acht 2005;

tá le "comhlacht iniúchta forordaithe" an bhrí a shanntar dó le *halt 144(1)*;

ciallaíonn "seirbhís roimhe sin", i ndáil le duine, seirbhís an duine leis an Údarás Póilíneachta sular tháinig sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis de bhun *alt 155*.

Caibidil 2

An tÚdarás

Lá bunaithe an Údaráis

120. Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith mar lá bunaithe an Údaráis chun críocha an Achta seo.

An tÚdarás a bhunú

121. (1) Beidh arna bhunú, ar lá bunaithe an Údaráis, comhlacht ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (dá ngairtear "an tÚdarás" san Acht seo) chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh.

(2) Beidh an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus séala oifigiúil agus—

(a) beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha ina ainm corpraithe, agus

(b) le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, beidh cumhacht aige aon mhaoin, seachas talamh nó leas i dtalamh, a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Soláthróidh an tÚdarás séala dó féin a luaithe is indéanta tar éis lá bunaithe an Údaráis agus fíordheimhneofar an séala—

(a) le síniú comhalta den Údarás, agus

(b) le síniú phríomhfheidhmeannach an Údaráis nó cibé comhalta eile d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.

(4) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis, agus maidir le haon doiciméad a airbheartóidh—

(a) gur ionstraim é a rinne an tÚdarás, agus

(b) a bheith séalaithe le séala an Údaráis arna fhíordheimhniú de réir *fho-alt (3)*,

beidh sé, mura suífear a mhalairt, ina fhianaise ar an ionstraim sin gan a thuilleadh cruthúnais.

(5) Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an Údarás chuige sin, i gcoitinne nó go speisialta, aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann an Údaráis, ar conradh é nó ionstraim í nár ghá a bheith faoi shéala dá mba phearsa aonair a dhéanfadh nó a d'fhorghníomhódh é nó í.

Cuspóir, feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis

122. (1) Is é cuspóir an Údaráis formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách trédhearcach, ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh a fheidhme, is feidhm a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, d'fhonn tacú le soláthar éifeachtach na seirbhísí sin, agus le feabhas a chur ar na seirbhísí sin ar bhonn leanúnach, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

(2) Faoi réir an Achta seo, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Údarás:

(a) a chuspóir a chur chun cinn a mhéid is indéanta;

(b) comhlíonadh a fheidhme ag an nGarda Síochána a choimeád faoi athbhreithniú, is feidhm a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus lena n-áirítear an Garda Síochána do sheachadadh na gcuspóirí—

(i) atá leagtha amach sa phlean seirbhíse bliantúil arna leagan faoi *alt 65(12)* nó *66(10)* sa mhéid go mbaineann sé le seirbhísí póilíneachta, agus

(ii) atá sa straitéis náisiúnta mar a bhaineann sí le seirbhísí póilíneachta;

(c) socruithe agus straitéisí a choimeád faoi athbhreithniú, ar socruithe agus straitéisí iad atá i bhfeidhm chun tacú leis an nGarda Síochána an fheidhm atá aige agus a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chomhlíonadh agus chun feabhas a chur ar an gcomhlíonadh sin;

(d) iniúchtaí a dhéanamh;

(e) tuarascálacha a ullmhú ar iniúchtaí a bheidh déanta agus cibé moltaí a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda nó an Aire, de réir mar a bheidh, faoi aon ghníomh is dóigh leis an Údarás is gá de dhroim iniúchtaí;

(f) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chur i ngníomh cibé moltaí, is cuí leis an Údarás nó a iarrfaidh an tAire, de dhroim iniúchtaí;

(g) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chur i ngníomh cibé moltaí a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus is cuí leis an Údarás nó a iarrfaidh an tAire, de dhroim imscrúduithe, iniúchtaí, fiosrúcháin nó athbhreithnithe arna gcomhall ag comhlachtaí seachas an tÚdarás (cibé acu roimh lá bunaithe an Údaráis nó dá éis);

(h) na caighdeáin phóilíneachta a chur chun cinn;

(i) caighdeáin ghairmiúla phóilíneachta (lena n-áirítear caighdeáin maidir le cearta an duine) a chur chun cinn agus feabhsú leanúnach ar chúrsaí póilíneachta a chur chun cinn ag féachaint don chleachtas idirnáisiúnta is fearr;

(j) feasacht a chur chun cinn i measc an phobail ar nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta;

(k) an tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aire beartas chuige sin a chomhordú agus a fhorbairt;

(l) é féin a choimeád ar an eolas i gcoitinne faoi na nithe seo a leanas—

(i) treochtaí agus patrúin san úsáid atá á baint ag comhaltaí den Gharda Síochána as forneart, agus staidreamh i ndáil leis an gcéanna,

(ii) treochtaí agus patrúin i gcoireanna a rinneadh, agus staidreamh i ndáil leis an gcéanna,

(iii) gearáin a rinneadh i gcoinne comhaltaí de phearsanra an Gharda,

(iv) na socruithe chun comhaltaí de phearsanra an Gharda a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt,

(v) na sásraí atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána chun feidhmíocht agus cuntasacht comhaltaí de phearsanra an Gharda a thomhas, agus

(vi) na socruithe chun na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána a bhainistiú agus chun leas a bhaint astu;

(m) comhar idir ghníomhaireachtaí agus páirteachas pobail a chur chun cinn chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú;

(n) tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile i leith nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a ghabháil de láimh, a choimisiúnú nó cabhrú leo (lena n-áirítear ar mhodh comhchomhairliúcháin phoiblí) ar tionscadail agus gníomhaíochtaí iad, i dtuairim an Údaráis, a fhéadfaidh—

(i) feabhsúcháin ar chaighdeáin seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus feasacht a chur chun cinn i measc an phobail faoi na seirbhísí sin,

(ii) feabhsúcháin ar chomhar idir ghníomhaireachtaí agus ar pháirteachas pobail a chur chun cinn chun cúrsaí sábháilteachta pobail a fheabhsú, nó

(iii) cuidiú chun an líon gearán i gcoinne comhaltaí de phearsanra an Gharda nó den Gharda Síochána i ndáil le seirbhísí póilíneachta a laghdú,

agus moltaí a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda agus an Aire de dhroim na dtionscadal sin nó na ngníomhaíochtaí sin;

(o) comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh an chleachtais póilíneachta is fearr;

(p) tuairimí a thabhairt do Choimisinéir an Gharda i ndáil leis an lánas atá i bplean straitéiseach le haghaidh an Gharda Síochána a bheidh le hullmhú faoi *alt 63* sa mhéid go mbainfidh sé le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta;

(q) tuairimí a thabhairt do Choimisinéir an Gharda tráth sula bhfoilseoidh an Rialtas, sa mhéid gur féidir é, na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí (de réir bhrí alt 17 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011) gach bliain agus in aon chás tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis na Meastacháin sin a fhoilsiú, i ndáil leis an lánas atá i bplean seirbhíse bliantúil le haghaidh an Gharda Síochána a bheidh le hullmhú faoi *alt 65 s*a mhéid go mbainfidh sé le seirbhísí póilíneachta a sholáthar;

(r) a chinntiú go mbeidh beartais, pleananna agus gníomhartha cuí i bhfeidhm ag an Údarás chun a chumasú dó a oibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chomhlíonadh;

(s) aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh.

(3) D'fhonn amhras a sheachaint, maidir leis an Údarás do chomhlíonadh a fheidhmeanna, ní chuimseofar leis feidhmíocht Choimisinéir an Gharda a bhainistiú.

(4) Nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, beidh aird ag an Údarás ar an méid seo a leanas—

(a) beartais agus cuspóirí an Rialtais agus aon Aire den Rialtas sa mhéid go bhféadfaidh na beartais agus na cuspóirí fearadh ar fheidhmeanna an Údaráis nó sa mhéid go bhféadfaidh siad a bheith bainteach leo,

(b) feidhmeanna an Bhoird a bhaineann le rialachas an Gharda Síochána,

(c) an gá atá ann comhoibriú, agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú, le húdaráis phoiblí a bhféadfaidh comhlíonadh a bhfeidhmeanna fearadh ar fheidhmeanna an Údaráis nó a bheith bainteach leo, agus

(d) a thábhachtaí atá an fheidhm atá ag an nGarda Síochána a bhaineann le seirbhísí slándála.

(5) Beidh ag an Údarás na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(6) Maidir le haon cheann d'fheidhmeanna an Údaráis, féadfar iad a chomhlíonadh trí phríomhfheidhmeannach an Údaráis nó trí aon chomhalta d'fhoireann an Údaráis nó féadfaidh príomhfheidhmeannach an Údaráis nó aon chomhalta d'fhoireann an Údaráis iad a chomhlíonadh, is comhalta a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an Údarás.

(7) Maidir le príomhfheidhmeannach an Údaráis nó maidir le comhalta eile d'fhoireann an Údaráis a dhéanfaidh, de bhun *fho-alt (6)*, aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, toimhdeofar in aon imeachtaí go raibh sé nó sí údaraithe aige chun déanamh amhlaidh thar a cheann, mura suífear a mhalairt.

(8) Féadfaidh an tÚdarás socrú a dhéanamh go ndéanfaidh coiste den Údarás feidhm amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoi threorú ginearálta an Údaráis.

(9) Tabharfaidh an tÚdarás don Aire cibé faisnéis a theastóidh ón Aire ó am go ham i dtaobh chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis.

(10) Coimeádfaidh an tÚdarás an tAire ar an eolas faoi nithe is iomchuí maidir le cuntasacht an Rialtais do Thithe an Oireachtais.

(11) Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

Comhaltas an Údaráis

123. (1) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an Údarás:

(a) cathaoirleach (dá ngairtear "cathaoirleach an Údaráis" sa Chuid seo);

(b) 8 ngnáthchomhalta.

(2) Is é an Rialtas a cheapfaidh comhaltaí an Údaráis.

(3) Faoi réir *fho-alt (11)* agus *alt 125(5)*, ní cheapfar duine ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás mura rud é go rithfidh gach Teach den Oireachtas rún lena molfar an duine a cheapadh.

(4) Faoi réir *fho-alt (11)* agus *alt 125(5)*, ceapfaidh an Rialtas comhaltaí an Údaráis as measc cibé daoine arna moladh ag an tSeirbhís de réir *alt 124* lena gceapadh ina gcomhaltaí den sórt sin.

(5) Féachfaidh an Rialtas, a mhéid is indéanta, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Údaráis.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, ceapfaidh an Rialtas cathaoirleach an Údaráis as measc chomhaltaí an Údaráis.

(7) Féadfaidh an Rialtas, roimh lá bunaithe an Údaráis, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad chathaoirleach nó ina céad chathaoirleach ar an Údarás.

(8) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (7)*, beidh an duine arna cheapadh nó arna ceapadh, an lá sin, ina chéad chathaoirleach nó ina céad chathaoirleach ar an Údarás.

(9) Féadfaidh an Rialtas, roimh lá bunaithe an Údaráis, daoine a shainainmniú chun a gceaptha ina gcéad ghnáthchomhaltaí den Údarás.

(10) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (9)*, beidh an duine arna cheapadh nó arna ceapadh, an lá sin, ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Údarás.

(11) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (3)* ná *(4)* ná ag *alt 124* maidir le—

(a) duine a shainainmniú ina chéad chathaoirleach nó ina céad chathaoirleach ar an Údarás faoi *fho-alt (7)*, ná

(b) daoine a shainainmniú ina gcéad ghnáthchomhaltaí den Údarás faoi *fho-alt (9)*.

Moltaí maidir le gnáthchomhaltaí den Údarás a cheapadh

124. (1) Faoi réir *alt 123(11)*, tabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh chun daoine atá oiriúnach lena gceapadh ag an Rialtas ina gcomhaltaí den Údarás a chéannú agus a mholadh don Rialtas.

(2) Faoi réir *fho-alt (3),* déanfaidh an tAire na critéir roghnóireachta agus an próiseas roghnóireachta a mbeidh feidhm acu maidir le comórtas roghnóireachta faoin alt seo a chomhaontú leis an tSeirbhís.

(3) Ní mholfaidh an tSeirbhís duine lena cheapadh nó lena ceapadh mar chomhalta den Údarás mura deimhin leis an tSeirbhís go bhfuil an duine oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh amhlaidh mar gheall ar cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas iomchuí a bheith aige nó aici is cuí, ag féachaint go háirithe don mhéid seo a leanas—

(a) feidhmeanna an Údaráis, agus

(b) a inmhianaithe atá sé go mbeadh taithí ar nithe, cáilíochtaí nó oiliúint i nithe, nó saineolas ar nithe, a bhaineann leis an méid seo a leanas, ag na comhaltaí sin:

(i) seirbhísí póilíneachta;

(ii) an córas ceartais choiriúil;

(iii) cearta an duine, an comhionannas agus an éagsúlacht;

(iv) seirbhísí d'íospartaigh na coireachta;

(v) seirbhísí cúraim sláinte, seirbhísí do leanaí agus seirbhísí sóisialta;

(vi) cúrsaí sábháilteachta pobal a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhar idir ghníomhaireachtaí agus trí pháirteachas pobail chun cosc ar choireacht agus chun cosc ar dhíobháil a dhéanamh do phearsana aonair a chur chun cinn, go háirithe pearsana aonair atá soghonta nó i mbaol;

(vii) riarachán na hearnála poiblí;

(viii) gnó agus nuálaíocht;

(ix) bainistíocht boird agus rialachas corparáideach;

(x) cosaint sonraí;

(xi) bainistíocht airgeadais agus, go háirithe, leithdháileadh agus bainistiú acmhainní airgeadais agus cuntasacht as iad a úsáid go héifeachtach.

(4) Soláthróidh an tSeirbhís sonraí don Aire de thaithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas gach duine a mholfaidh sí faoin alt seo mar dhuine atá oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás.

Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige comhaltaí den Údarás

125. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh comhalta den Údarás i seilbh oifige, mura túisce a gheobhaidh an comhalta bás, a éireoidh sé nó sí as oifig, a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó a chuirfear as oifig é nó í, ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an Rialtas.

(2) Maidir leis na gnáthchomhaltaí den Údarás a chéadcheapfar faoin Acht seo—

(a) beidh 4 chomhalta i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar ghnáthchomhaltaí den sórt sin, agus

(b) beidh 4 chomhalta i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar ghnáthchomhaltaí den sórt sin.

(3) Faoi réir *fho-alt (4),* beidh comhalta den Údarás a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag le himeacht aimsire in-athcheaptha mar chomhalta den Údarás.

(4) Maidir le duine a athcheapfar mar chomhalta den Údarás de réir *fho-alt (3)*, ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí is faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.

(5) I gcás go mbeartófar duine a athcheapadh mar chomhalta den Údarás, ní gá don duine—

(a) páirt a ghlacadh i gcomórtas roghnóireachta arna ghabháil de láimh ag an tSeirbhís faoi *alt 124*,

(b) a bheith molta ag an tSeirbhís de réir *alt 124* lena cheapadh nó lena ceapadh, nó

(c) a bheith molta lena cheapadh nó lena ceapadh le rún arna rith ag gach Teach den Oireachtas de réir *alt 123(3)*.

(6) Beidh comhaltaí an Údaráis i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, tráth an cheapacháin nó an athcheapacháin.

(7) Féadfaidh comhalta den Údarás éirí as oifig le fógra i scríbhinn chuig an Aire agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má chomhaontaíonn an Rialtas leis an dáta sin, an dáta sin.

(8) Faoi réir *alt 130(8)*, féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith ina chomhaltas.

Neamh-incheapthacht, dícháiliú chun oifig a shealbhú mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás, scor de chomhaltas, etc.

126. (1) Ní bheidh duine inmholta lena cheapadh nó lena ceapadh, ná ní bheidh sé nó sí incheaptha, mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás, más rud é—

(a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,

(b) go bhfuil sé nó sí, faoi rialacha nóis imeachta Pharlaimint na hEorpa, i dteideal suí sa Pharlaimint sin,

(c) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í,

(d) gur comhalta den Bhord é nó í,

(e) gur comhalta de phearsanra an Gharda é nó í, nó

(f) gurb é nó í an tOmbudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta é nó í.

(2) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás, más rud é—

(a) faoi réir *fho-alt (3)*, go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í,

(b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,

(c) go gciontófar ar díotáil é nó í i gcion, nó go gciontófar é nó í lasmuigh den Stát i gcion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion ab intriailte ar díotáil iad dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,

(d) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,

(e) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,

(f) go mbeidh dearbhú faoi alt 819 d'Acht 2014 déanta ina choinne nó ina coinne nó go measfar é nó í a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin, nó

(g) go mbeidh sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháiliúcháin de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht 2014, cibé acu de bhua na Caibidle sin nó aon fhoráil eile den Acht sin nó faoi réir dícháiliú lasmuigh den Stát, a mbeidh an éifeacht chéanna leis, agus a bheidh i gcomhréir le hordú dícháiliúcháin den sórt sin.

(3) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú mar chomhalta den Údarás nó de choiste den Údarás faoi *mhír (a) d'fho-alt (2)* fad nach mbeidh deimhniú urscaoilte ón bhféimheacht faighte aige nó aici.

(4) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás nó de choiste den Údarás—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(d) go dtoghfar nó go gcomhthoghfar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste den Údarás, de réir mar a bheidh.

Comhalta den Údarás a chur as oifig

127. (1) Féadfaidh an Rialtas comhalta den Údarás a chur as oifig, más rud é—

(a) gur deimhin leis go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na forais a shonraítear i *bhfo-alt (2)* maidir leis an gcomhalta, agus

(b) go mbeidh rún rite ag dhá Theach an Oireachtais lena n-éileofar an comhalta a chur as oifig.

(2) Sonraítear na forais seo a leanas chun críocha *fho-alt (1)(a):*

(a) gur mhainnigh an comhalta, gan leithscéal réasúnach, a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chomhall;

(b) go bhfuil an comhalta tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte nó ar chúis éigin eile, ar a fheidhmeanna nó ar a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach;

(c) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe;

(d) go bhfuil easaontacht leasa ag an gcomhalta atá chomh suntasach sin gur chóir go scoirfeadh sé nó sí d'oifig a shealbhú;

(e) go bhfuil an comhalta, ar shlí eile, neamhfheidhmiúil chun an oifig a shealbhú nó nach bhfuil sé nó sí ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall.

(3) I gcás go mbeartóidh an Rialtas comhalta den Údarás a chur as oifig de bhun *fho-alt (1)*, déanfaidh sé fógra i scríbhinn a thabhairt, nó a chur faoi deara fógra a thabhairt, don chomhalta lena mbaineann faoina bhfuil beartaithe aige.

(4) Áireofar i bhfógra faoi *fho-alt (3*)—

(a) ráiteas faoi na cúiseanna atá lena bhfuil beartaithe,

(b) ráiteas á rá go bhféadfaidh an comhalta den Údarás lena mbaineann, laistigh de 30 lá oibre ón tráth a chuirfear an fógra nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a shonróidh an Rialtas, uiríll a dhéanamh chuig an Rialtas ar cibé modh a shonrófar san fhógra i ndáil leis an gcúis nár chóir é nó í a chur as oifig, agus

(c) ráiteas á rá, i gcás nach bhfaighfear aon uiríll laistigh den tréimhse a shonrófar faoi *mhír (b)*, go bhféadfaidh an Rialtas, gan a thuilleadh fógra, leanúint den chomhalta den Údarás a chur as oifig de réir an ailt seo.

(5) Tráth a bheidh breithniú á dhéanamh aige i dtaobh comhalta den Údarás a chur as oifig de réir an ailt seo, cuirfidh an Rialtas na nithe seo a leanas i gcuntas—

(a) aon uiríll a dhéanfar de réir *fho-alt (4)(b),* agus

(b) aon nithe eile is dóigh leis an Rialtas is iomchuí chun críocha na breithe.

(6) Más rud é, tar éis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* a chur i gcuntas, go dtabharfaidh an Rialtas breith an comhalta den Údarás a chur as oifig, déanfaidh sé fógra i scríbhinn a thabhairt don chomhalta sin faoin mbreith, faoi na cúiseanna atá léi agus á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Rialtas rún a lorg ó dhá Theach an Oireachtais lena n-éileofar an comhalta sin a chur as oifig.

Coistí den Údarás

128. (1) Féadfaidh an tÚdarás cibé coistí agus cibé líon coistí a bhunú is dóigh leis is cuí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) cabhrú leis agus é a chomhairliú i ndáil le haon cheann nó gach ceann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, nó

(b) cibé feidhmeanna de chuid an Údaráis dá bhforálfar faoi *alt 122(8)* a chomhlíonadh.

(2) Maidir le coiste den Údarás—

(a) beidh air cibé líon comhaltaí a chinnfidh an tÚdarás, agus

(b) féadfaidh, faoi réir *alt 126*, daoine nach comhaltaí den Údarás ná dá fhoireann a bheith air.

(3) Tráth a bheidh comhaltaí coiste den Údarás á gceapadh aige, beidh aird ag an Údarás—

(a) ar an raon cáilíochtaí agus taithí a bheidh riachtanach chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach, agus

(b) a inmhianaithe atá sé go mbeadh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná ar an gcoiste.

(4) Is é an tÚdarás a dhéanfaidh an cathaoirleach ar choiste den Údarás a cheapadh as measc chomhaltaí an choiste.

(5) Maidir le comhalta de choiste den Údarás—

(a) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás.

(6) Féadfaidh an tÚdarás comhalta de choiste den Údarás a chur as oifig tráth ar bith ar chúiseanna sonraithe.

(7) Féadfaidh an tÚdarás téarmaí tagartha coiste den Údarás a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

(8) Beidh gníomhartha coiste den Údarás faoi réir a ndaingnithe ag an Údarás, mura gcinnfidh an tÚdarás a mhalairt.

(9) Déanfaidh coiste den Údarás cibé faisnéis a theastóidh ón Údarás ó am go ham, i leith ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí an choiste, a sholáthar don Údarás chun go gcomhlíonfaidh an tÚdarás a fheidhmeanna.

(10) Féadfaidh an tÚdarás, tráth ar bith, coiste den Údarás a dhíscaoileadh.

(11) Féadfaidh coiste den Údarás gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith ina chomhaltas.

Príomhfheidhmeannach an Údaráis a cheapadh

129. (1) Déanfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, duine a cheapadh chun bheith ina phríomh-oifigeach feidhmiúcháin nó ina príomh-oifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás (dá ngairtear "príomhfheidhmeannach an Údaráis" san Acht seo).

(2) Féadfaidh an tAire, roimh lá bunaithe an Údaráis, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad phríomhfheidhmeannach nó ina céad phríomhfheidhmeannach ar an Údarás.

(3) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (2)*, beidh an duine sin arna cheapadh nó arna ceapadh, an lá sin, ina chéad phríomhfheidhmeannach nó ina céad phríomhfheidhmeannach ar an Údarás.

(4) Maidir le duine a cheapfar ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás—

(a) beidh sé nó sí i seilbh oifige faoi chonradh seirbhíse i scríbhinn (is conradh a fhéadfar a athnuachan) ar feadh cibé tréimhse a shonrófar sa chonradh agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus le haoisliúntas) a chinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás.

(5) Maidir le príomhfheidhmeannach an Údaráis—

(a) beidh aige nó aici cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas is cuí maidir leis an gceapachán, agus

(b) ceapfaidh an tÚdarás é nó í tar éis comórtas roghnóireachta arna ghabháil de láimh de réir Acht 2004.

(6) Ní shealbhóidh príomhfheidhmeannach an Údaráis aon oifig eile ná ní rachaidh sé nó sí i mbun aon phost, a mbeidh luach saothair iníoctha ina leith, ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó, trádáil ná gairm, gan toiliú an Údaráis.

(7) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag príomhfheidhmeannach an Údaráis:

(a) beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh;

(b) foireann, riaradh agus gnó an Údaráis a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne;

(c) cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh, is feidhmeanna a chinnfidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile.

(8) Déanfaidh príomhfheidhmeannach an Údaráis cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* agus a theastóidh ón Údarás a sholáthar don Údarás.

(9) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, príomhfheidhmeannach an Údaráis a chur as oifig nó a chur ar fionraí ó oifig ar chúiseanna sonraithe.

(10) Ní bheidh príomhfheidhmeannach an Údaráis ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás ná de choiste den Údarás, ach féadfaidh sé nó sí, de réir nósanna imeachta a bheidh sonraithe ag an Údarás nó ag coiste, freastal ar chruinnithe den Údarás nó de choiste lena mbaineann agus féadfaidh sé nó sí labhairt, agus comhairle a thabhairt, ag cruinnithe den sórt sin.

(11) Más rud é, maidir le príomhfheidhmeannach an Údaráis—

(a) go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig nó go gcuirfear as oifig é nó í, nó

(b) nach bhfuil sé nó sí, ar aon chúis, ábalta go sealadach leanúint dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh,

féadfaidh an tÚdarás cibé comhalta nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis is cuí leis a shainainmniú chun feidhmeanna phríomhfheidhmeannach an Údaráis a chomhlíonadh go dtí—

(i) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (a)*, go gceapfar príomhfheidhmeannach nua ar an Údarás de réir an ailt seo,

(ii) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (b)*, go mbeidh príomhfheidhmeannach an Údaráis in ann athchromadh ar a fheidhmeanna nó ar a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó

(iii) go dtabharfaidh an tÚdarás breith chun sainainmniúchán arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo a chúlghairm nó a athrú.

Cruinnithe agus gnó an Údaráis

130. (1) Tionólfaidh an tÚdarás cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear cruinnithe le Coimisinéir an Gharda agus leis an Stiúrthóir.

(2) Socróidh cathaoirleach an Údaráis dáta, am agus ionad chéadchruinniú an Údaráis.

(3) Féadfaidh cathaoirleach an Údaráis cruinniú den Údarás a ghairm aon tráth réasúnach.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh an tÚdarás, i gcás gur cuí leis é—

(a) a cheadú do dhaoine den phobal freastal ar chruinniú nó ar chuid de chruinniú den Údarás, agus

(b) a cheadú do na meáin cruinniú nó cuid de chruinniú den Údarás a thaifeadadh agus a chraoladh.

(5) Féadfaidh daoine den phobal freastal ar 4 chruinniú ar a laghad den Údarás le Coimisinéir an Gharda gach bliain agus ceadófar do na meáin iad a thaifeadadh agus a chraoladh.

(6) Féadfaidh an tÚdarás cibé nithe díobh seo a leanas is cuí leis a fhoilsiú:

(a) cláir oibre do chruinnithe den Údarás agus do chruinnithe coistí den Údarás;

(b) na doiciméid a bhaineann leis na cruinnithe sin;

(c) tuarascálacha ar na cruinnithe sin.

(7) Ag cruinniú den Údarás—

(a) is é nó is í cathaoirleach an Údaráis, i gcás go bhfuil sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(b) i gcás nach bhfuil, agus fad nach bhfuil, cathaoirleach an Údaráis i láthair nó i gcás go bhfuil an oifig sin folamh, déanfaidh na comhaltaí eile den Údarás atá i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(8) Is é is córam do chruinniú den Údarás—

(a) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (7)(b),* 4 ghnáthchomhalta agus an comhalta a roghnófar faoin bhfo-alt sin chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(b) in aon chás eile, 4 ghnáthchomhalta agus cathaoirleach an Údaráis.

(9) Beidh vóta ag gach comhalta den Údarás atá i láthair ag cruinniú den Údarás.

(10) Déanfar gach ceist ag cruinniú den Údarás ar gá vótáil ina leith a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Údarás atá i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(11) Féadfaidh an tÚdarás, chomh maith le cruinniú ag a mbeidh na rannpháirtithe go léir i láthair go fisiciúil, cruinniú a thionól nó a choinneáil ar siúl trí aon mheán cumarsáide a úsáid lena bhféadfaidh na rannpháirtithe go léir an cruinniú a chloisteáil, agus lena bhféadfar, ag an am céanna, na rannpháirtithe go léir a chloisteáil (dá ngairtear "cruinniú cianda" san alt seo).

(12) Maidir le comhalta den Údarás a ghlacann páirt i gcruinniú cianda, glacfar leis chun gach críche go raibh sé nó sí i láthair ag an gcruinniú.

(13) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás a nósanna imeachta féin a chinneadh.

Foireann an Údaráis

131. (1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sé a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis.

(2) Is é a bheidh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha seirbhíse comhalta d'fhoireann an Údaráis, agus is é an grád ina bhfónfaidh sé nó sí, na téarmaí agus na coinníollacha sin agus an grád sin a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(3) Beidh comhalta d'fhoireann an Údaráis ina státseirbhíseach i Státseirbhís an Stáit.

(4) Is é an tÚdarás an t-údarás iomchuí (de réir bhrí Acht 2004 agus Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005) i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Údaráis.

Cumhacht an Údaráis chun conarthaí a dhéanamh agus chun sainchomhairleoirí, comhairleoirí agus oifigigh phóilíneachta a fhruiliú

132. (1) Le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, féadfaidh an tÚdarás, a mhéid a mheasfaidh sé is gá chun cabhrú leis a fheidhmeanna a chomhlíonadh—

(a) conarthaí a dhéanamh le haon duine nó le haon chomhlacht,

(b) sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhruiliú, nó

(c) socrú a dhéanamh le seirbhísí póilíneachta lasmuigh den Stát chun oifigigh phóilíneachta ó na seirbhísí sin a fhruiliú.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé táillí nó liúntais i leith caiteachais (más ann) a thabhófar faoi chonradh, faoi fhruiliú nó faoi shocrú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a chinnfidh an tÚdarás, a íoc as na hacmhainní atá faoina réir aige.

(3) Faoi réir *fho-alt (2)*, cinnfidh an tÚdarás an tréimhse, agus na téarmaí agus na coinníollacha, a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(a) duine a fhruiliú mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir faoi *fho-alt (1)(b),* nó

(b) oifigeach póilíneachta a fhruiliú ó sheirbhís póilíneachta lasmuigh den Stát faoi *fho-alt (1)(c).*

Dualgas Choimisinéir an Gharda éascaíocht a dhéanamh don Údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh

133. (1) Tabharfaidh Coimisinéir an Gharda tuarascáil don Údarás maidir le seirbhísí póilíneachta chun a éascú don Údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Folaíonn an dualgas atá ar Choimisinéir an Gharda faoi *fho-alt (1)* an dualgas aon doiciméad nó aon fhaisnéis a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus atá faoi chumhacht nó faoi rialú an Gharda Síochána a sholáthar, ar iarraidh a fháil ón Údarás.

(3) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, coimeádfaidh Coimisinéir an Gharda an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi na nithe seo a leanas:

(a) nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna an Údaráis;

(b) aon nithe eile ar ceart, i dtuairim an Choimisinéara, aird an Údaráis a dhíriú orthu ag féachaint dá fheidhmeanna.

(4) Aon uair a iarrfaidh an tÚdarás air nó uirthi é, déanfaidh Coimisinéir an Gharda tuarascáil ar aon nithe a bhfuil baint acu le seirbhísí póilíneachta nó le comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisinéara a bhaineann leis na seirbhísí sin, agus a bheidh sonraithe san iarraidh, a chur faoi bhráid an Údaráis.

(5) Maidir le tuarascáil faoi *fho-alt (4)*—

(a) tabharfar aghaidh inti ar nithe ar cás leis an Údarás iad, go ginearálta nó go sonrach, agus a shonrófar in iarraidh an Údaráis, agus

(b) déanfar í san fhoirm agus laistigh den tréimhse a shonrófar san iarraidh sin.

(6) Féadfaidh an tÚdarás tuarascáil iomlán, nó cuid de thuarascáil, arna cur faoina bhráid faoi *fho-alt (4)* a fhoilsiú.

Dualgas an Stiúrthóra cabhrú leis an Údarás

134. (1) Tabharfaidh an Stiúrthóir cibé cúnamh don Údarás a bhfuil gá leis le réasún chun a éascú don Údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, déanfaidh an Stiúrthóir—

(a) an tÚdarás a choimeád ar an eolas faoi nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna an Údaráis,

(b) tuarascálacha a sholáthar i bhfoirm agus ar mhodh a chomhaontófar leis an Údarás faoi nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna an Údaráis, agus

(c) freastal ar cibé cruinnithe den Údarás a bhfuil gá leo chun go gcomhlíonfar feidhmeanna an Údaráis go cuí, lena n-áirítear líon nach lú ná cruinniú amháin gach bliain a bhféadfaidh daoine den phobal freastal orthu agus a mbeidh cead ag na meáin iad a thaifeadadh agus a chraoladh.

(2) Féadfaidh comhalta den Ghrúpa Stiúrtha freastal ar chruinniú den Údarás i gcás go measfaidh an Stiúrthóir, i gcomhairle leis an gcomhalta sin, gur chuí freastal amhlaidh.

(3) Féadfaidh an tÚdarás tuarascáil iomlán, nó cuid de thuarascáil, arna soláthar ag an Stiúrthóir faoi *fho-alt (1)(b)* a fhoilsiú.

Feidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 maidir leis an Údarás

135. (1) D'ainneoin alt 6(12) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, beidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Acht sin maidir leis an Údarás amhail ar agus ó lá bunaithe an Údaráis.

(2) D'ainneoin alt 2(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is é an "dáta éifeachtach" i gcás an Údaráis, chun críocha an Achta sin, an 21 Aibreán 2008.

Caibidil 3

Rialachas agus cuntasacht an Údaráis

Creat rialachais don Údarás

136. (1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis lá bunaithe an Údaráis, creat (dá ngairtear "creat rialachais" san alt seo), ina mbeidh sracléiriú ar na nithe seo a leanas, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire—

(a) na treoirphrionsabail is infheidhme maidir leis an Údarás mar chomhlacht poiblí ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh a fheidhme, is feidhm a bhaineann le seirbhísí póilíneachta,

(b) struchtúir bhainistíochta, eagraíochtúla agus rialachais an Údaráis, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí chathaoirleach an Údaráis agus phríomhfheidhmeannach an Údaráis,

(c) na próisis agus na treoirlínte a bheidh le leanúint ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais arna bhforchur ar an Údarás faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile chun tuarascáil a thabhairt i ndáil lena fheidhmeanna, lena oibríochtaí nó le nithe gaolmhara eile,

(d) rialuithe inmheánacha an Údaráis, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá aige maidir le hiniúchtaí inmheánacha, le bainistiú priacail, leis an tsainfháil phoiblí, le tuairisciú airgeadais agus le nochtaí cosanta, agus

(e) na próisis agus na treoirlínte a bheidh le leanúint ag an Údarás chun a chinntiú go ndéanfar iniúchtaí ar mhodh comhréireach cuntasach trédhearcach agus go ndéanfar tuairisciú orthu ar bhealach oibiachtúil cothrom.

(2) Déanfaidh an tÚdarás an creat rialachais a athbhreithniú go tréimhsiúil agus ag cibé tráthanna a shonróidh an tAire agus déanfaidh sé an creat a athleasú de réir mar is cuí leis an Údarás.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás an creat rialachais a athleasú, cuirfidh sé an creat athleasaithe faoi bhráid an Aire.

(4) Cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis creat rialachais nó creat rialachais athleasaithe a chur faoi bhráid an Aire, an creat a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó de réir cibé socruithe eile is cuí leis an Údarás.

Ráiteas straitéise don Údarás

137. (1) Déanfaidh an tÚdarás ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i leith na tréimhse 3 bliana díreach tar éis na bliana ina ndéanfar an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire amhlaidh—

(a) a luaithe is indéanta tar éis lá bunaithe an Údaráis, agus

(b) dá éis sin, tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dhul in éag do gach tréimhse iardain 3 bliana tar éis lá bunaithe an Údaráis, agus tráth nach déanaí ná an tráth a rachaidh gach tréimhse iardain 3 bliana tar éis lá bunaithe an Údaráis in éag.

(2) Áireofar na nithe seo a leanas i ráiteas straitéise faoin alt seo—

(a) cuspóirí fiorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an Údaráis, lena n-áirítear úsáid acmhainní an Údaráis, i ndáil leis an tréimhse lena mbaineann an ráiteas, agus

(b) ach amháin i gcás an ráitis straitéise a ullmhófar den chéad uair faoin alt seo, athbhreithniú agus meastóireacht ar obair an Údaráis fad a bhaineann sí le comhlíonadh a fheidhmeanna sna 3 bliana roimhe sin.

(3) Tráth a bheidh ráiteas straitéise á ullmhú aige faoin alt seo, beidh aird ag an Údarás ar na nithe seo a leanas—

(a) an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhí, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní atá ar fáil dó, agus

(b) beartais an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a fhéadfaidh na beartais sin fearadh ar fheidhmeanna an Údaráis nó a bheith bainteach leo.

(4) Déanfaidh an tÚdarás, sula gcuirfidh sé ráiteas straitéise faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*—

(a) dréacht den ráiteas straitéise a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an Údarás,

(b) 30 lá ón dáta foilsithe faoi *mhír (a)* a thabhairt do dhaoine ar laistigh de a dhéanfaidh siad uiríll i scríbhinn chuig an Údarás maidir leis an dréacht den ráiteas straitéise, agus

(c) tar éis dó nó di na huiríll (más ann) arna ndéanamh de bhun *mhír (b)* a bhreithniú, an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire fara nó d'éagmais modhnuithe.

(5) Cuirfidh an tAire faoi deara ráiteas straitéise a bheidh faighte aige nó aici faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis é a fháil.

(6) Cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis an ráiteas straitéise a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an ráiteas straitéise a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó de réir cibé socruithe eile is cuí leis an Údarás.

Tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha eile don Aire

138. (1) Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Áireofar i dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ráiteas i dtaobh shocruithe an Údaráis chun a chreat rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis.

(3) Féadfaidh an tÚdarás cibé tuarascálacha eile a thabhairt is dóigh leis is cuí chun aird an Aire a tharraingt ar nithe a bheidh tagtha ar iúl an Údaráis agus ar ceart, ina thuairim, iad a bheith ina n-ábhar do thuarascáil speisialta don Aire mar gheall ar a dtromaíocht nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla eile.

(4) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an Údarás tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid i leith aon ní a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus déanfaidh an tÚdarás de réir na hiarrata a luaithe is indéanta tar éis í a fháil.

(5) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil.

(6) Cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Údarás.

Caighdeáin chóirchuibhis, cóid eitice do chomhaltaí den Údarás nó de choiste den Údarás, do chomhairleoirí nó do shainchomhairleoirí, etc.

139. (1) Agus feidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh aige nó aici, déanfaidh—

(a) comhalta den Údarás nó de choiste den Údarás,

(b) príomhfheidhmeannach an Údaráis,

(c) comhalta d'fhoireann an Údaráis,

(d) duine atá fruilithe ag an Údarás faoi *mhír (b)* nó *(c) d'alt 132(1)*, nó

(e) faoi réir *fho-alt (2)*, fostaí nó conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *mír (d)*,

caighdeáin chuí chóirchuibhis, iompair agus cúraim i leith leas an phobail a choimeád.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le fostaí nó conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *mír (d)* den fho-alt sin i leith na ndualgas fostaíochta nó i leith an chonartha, de réir mar a bheidh, agus ina leith sin amháin, a bhaineann leis na críocha ar chucu a rinne an tÚdarás an duine sin a fhruiliú.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, eiseoidh an tÚdarás cód eitice mar threoir do dhaoine lena mbaineann an fo-alt sin.

(4) Leagfar amach i gcód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* na caighdeáin chóirchuibhis agus iompair a bheidh le coimeád ag na daoine lena mbaineann sé le linn dóibh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(5) Gníomhóidh duine lena mbainfidh cód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* de réir an chóid sin le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(6) I gcás duine ar fostaí é nó í de chuid duine atá fruilithe ag an Údarás faoi *mhír (b)* nó *(c) d'alt 132(1)*, measfar go bhfolaítear lena théarmaí nó lena téarmaí agus lena choinníollacha nó lena coinníollacha na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfostóir faoi *fho-alt (5)*.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis cód eitice a eisiúint faoi *fho-alt (3)*, an cód a chur ar fáil do na daoine lena mbaineann sé.

(8) Déanfaidh an tÚdarás cóip de chód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* a sholáthar do dhuine atá fruilithe ag an Údarás faoi *mhír (b)* nó *(c) d'alt 132(1),* agus déanfaidh an duine an chóip sin a chur ar fáil dá fhostaithe nó dá fostaithe nó dá chonraitheoirí nó dá conraitheoirí lena mbaineann *fo-alt (1)(e).*

(9) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* é, measfar, cheal fianaise ar a mhalairt, gurb é an cód sin é agus beidh sé inghlactha mar chód den sórt sin in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile.

(10) Aon fhoráil de chód eitice den sórt sin arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* is dealraitheach do chúirt nó do bhinse eile a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí os comhair na cúirte nó an bhinse eile, de réir mar a bheidh, féadfaidh sí nó sé í a chur i gcuntas tráth a bheidh an cheist á cinneadh aici nó aige.

Cuntasacht i leith chuntais an Údaráis

140. (1) Beidh príomhfheidhmeannach an Údaráis ina oifigeach cuntasaíochta nó ina hoifigeach cuntasaíochta i ndáil le cuntais leithreasa an Údaráis chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998.

(2) Déanfaidh príomhfheidhmeannach an Údaráis, aon uair a cheanglóidh an Coiste um Chuntais Phoiblí air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise ar na nithe seo a leanas a thabhairt dó:

(a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a gceanglaítear iad a thaifeadadh, in aon leabhar nó taifead cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;

(b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca lena acmhainní a úsáid;

(c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid oibríochtaí;

(d) aon ní a fhearann ar an Údarás agus dá dtagraítear—

(i) i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó

(ii) in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a leagfar faoi bhráid Dháil Éireann sa mhéid go mbaineann an tuarascáil le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*.

(3) Ní dhéanfaidh príomhfheidhmeannach an Údaráis, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoi *fho-alt (2)*—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin, ná

(b) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Príomhfheidhmeannach an Údaráis do fhreastal os comhair coistí Oireachtais eile

141. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, freastalóidh príomhfheidhmeannach an Údaráis os comhair coiste Oireachtais, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gcoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis.

(2) Ní cheanglófar ar phríomhfheidhmeannach an Údaráis cuntas a thabhairt os comhair coiste Oireachtais ar aon ní atá, a bhí, nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát.

(3) Déanfaidh príomhfheidhmeannach an Údaráis, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina thaobh os comhair coiste Oireachtais, an tuairim sin agus na cúiseanna atá leis an tuairim a chur in iúl don choiste.

(4) Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi *fho-alt (3)* a thabhairt don choiste Oireachtais, is i scríbhinn a thabharfar í mura dtabharfar í nuair a bheidh príomhfheidhmeannach an Údaráis os comhair an choiste.

(5) Más rud é, ar thuairim phríomhfheidhmeannach an Údaráis ar an ní a bheith curtha in iúl dó, go dtabharfaidh an coiste Oireachtais breith gan an iarraidh uaidh i ndáil leis an ní a tharraingt siar, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (6)*, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní.

(6) Féadfaidh an tÚdarás nó an coiste Oireachtais iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte ar chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ach sin i gcás go ndéanfar an t-iarratas laistigh de 21 lá tar éis an dáta ar a ndéanfar breith an choiste gan an iarraidh uaidh a tharraingt siar a chur in iúl do phríomhfheidhmeannach an Údaráis, agus sa chás sin amháin.

(7) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (6)*, ní fhreastalóidh príomhfheidhmeannach an Údaráis os comhair an choiste Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(8) I gcás go gcinnfidh an Ard-Chúirt go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní, déanfaidh an coiste Oireachtais an iarraidh uaidh a tharraingt siar sa mhéid go mbaineann sí leis an ní, ach i gcás go gcinnfidh an Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2),* freastalóidh príomhfheidhmeannach an Údaráis os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(9) Ní dhéanfaidh príomhfheidhmeannach an Údaráis, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoin alt seo—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin, ná

(b) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Caibidil 4

Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Údarás

Cigirí seirbhísí póilíneachta

142. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás comhalta d'fhoireann an Údaráis a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina chigire seirbhísí póilíneachta nó ina cigire seirbhísí póilíneachta chun críocha na Coda seo.

(2) Ní cheapfar duine ina chigire seirbhísí póilíneachta nó ina cigire seirbhísí póilíneachta mura deimhin leis an Údarás go bhfuil an duine oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh amhlaidh mar gheall ar na nithe seo a leanas—

(a) a sheirbhís nó a seirbhís mar oifigeach sinsearach nó mar oifigeach scortha den sórt sin i seirbhís póilíneachta stáit eile, nó

(b) cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint nó saineolas iomchuí is cuí, i dtuairim an Údaráis, ag féachaint go háirithe d'fheidhmeanna an Údaráis agus don chineál iniúchtaí, a bheith faighte aige nó aici ar shlí eile.

(3) Déanfaidh an tÚdarás deimhniú a cheapacháin nó a ceapacháin a thabhairt do dhuine a cheapfar ina chigire seirbhísí póilíneachta nó ina cigire seirbhísí póilíneachta faoi *fho-alt (1)*.

(4) Déanfaidh cigire seirbhísí póilíneachta a mbeidh cumhacht arna tabhairt leis an gCuid seo nó fúithi á feidhmiú aige nó aici, ar iarraidh a fháil ó aon duine dá ndéanfaidh feidhmiú na cumhachta sin difear, deimhniú a cheapacháin nó a ceapacháin nó cóip de, mar aon le céannacht phearsanta de chineál éigin, a thabhairt ar aird lena iniúchadh nó lena hiniúchadh ag an duine.

Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Údarás

143. (1) Féadfaidh an tÚdarás, ar mhaithe lena chuspóir a chur chun cinn, iniúchtaí a dhéanamh i ndáil le cibé gnéithe d'oibriú agus de riaradh an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus is cuí leis.

(2) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an Údarás iniúchadh a dhéanamh i ndáil le cibé gnéithe d'oibriú agus de riaradh an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus a shonróidh an tAire san iarraidh, agus déanfaidh an tÚdarás de réir aon iarrata den sórt sin.

(3) Gan dochar dá chumhacht idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí agus comhoibriú leo de bhun an Achta seo nó de bhun aon achtachán eile agus faoi réir *alt 145*, féadfaidh an tÚdarás, i gcás gur cuí leis é, iniúchadh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* a dhéanamh i gcomhpháirt le comhlacht iniúchta forordaithe amháin nó níos mó agus comhordú á dhéanamh acu chun a gcumhachtaí reachtúla a fheidhmiú d'fhonn a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhall go héifeachtúil éifeachtach (dá ngairtear "iniúchadh comhpháirteach" sa Chuid seo).

(4) I gcás go dtabharfaidh an tÚdarás breith faoi *fho-alt (1)*, nó go n-iarrfar air faoi *fho-alt (2)*, iniúchadh a dhéanamh, déanfaidh an tÚdarás—

(a) raon feidhme agus téarmaí an iniúchta a shonrú i scríbhinn, agus

(b) cigire seirbhísí póilíneachta amháin nó níos mó a údarú i scríbhinn chun an t-iniúchadh a dhéanamh.

(5) A luaithe is indéanta tar éis an raon feidhme agus na téarmaí a ghabhann le hiniúchadh a shonrú i scríbhinn de réir *fho-alt (4)*, tabharfaidh an tÚdarás fógra i scríbhinn do Choimisinéir an Gharda i dtaobh an iniúchta ina n-áireofar na nithe seo a leanas—

(a) ráiteas faoi chineál agus sonraí na nithe a bheidh le hiniúchadh,

(b) raon feidhme agus téarmaí an iniúchta mar a shonraítear faoi *fho-alt (4)(a),*

(c) cóip den údarú dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b),* agus

(d) cibé faisnéis eile is dóigh leis an Údarás is cuí.

(6) I gcás go ndéanfar údarú faoi *fho-alt (4)(b)* i leith iniúchadh tráth ar bith tar éis an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* ina leith a thabhairt do Choimisinéir an Gharda, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta dá éis sin, cóip den údarú a thabhairt do Choimisinéir an Gharda.

Comhlacht iniúchta forordaithe

144. (1) Faoi réir *fho-alt (2),* féadfaidh an tAire, i gcás go measfaidh sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh, agus ag féachaint d'fheidhmeanna comhlachta iniúchta, an comhlacht iniúchta (dá ngairtear "comhlacht iniúchta forordaithe" sa Chuid seo) a fhorordú chun críocha na Coda seo.

(2) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás, le haon Aire iomchuí agus leis an gcomhlacht iniúchta lena mbaineann sula ndéanfaidh sé nó sí comhlacht iniúchta a fhorordú faoi *fho-alt (1)*.

(3) San alt seo—

ciallaíonn "comhlacht iniúchta" comhlacht arna bhunú le hachtachán nó faoi achtachán a n-áirítear ar a fheidhmeanna iniúchtaí, scrúduithe nó imscrúduithe a sheoladh;

ciallaíonn "Aire iomchuí", i ndáil le comhlacht iniúchta, an tAire den Rialtas atá freagrach as an gcomhlacht iniúchta agus a bhfuil feidhmeanna, cibé acu reachtúil nó eile, i leith an chomhlachta iniúchta dílsithe dó nó di.

Iniúchtaí comhpháirteacha

145. (1) Féadfaidh an tÚdarás agus comhlacht iniúchta forordaithe iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh i gcás go mbeidh an tÚdarás agus an comhlacht iniúchta forordaithe lena mbaineann den tuairim—

(a) gur iniúchadh comhpháirteach cuí an t-iniúchadh comhpháirteach, agus

(b) go bhfuil feidhmeanna agus cumhachtaí an chomhlachta iniúchta fhorordaithe lena mbaineann oiriúnach sa mhéid go mbaineann siad leis na gnéithe den iniúchadh comhpháirteach a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht sin.

(2) I gcás go gcomhaontóidh an tÚdarás agus comhlacht iniúchta forordaithe amháin nó níos mó iniúchadh comhpháirteach a ghabháil de láimh, ullmhóidh an tÚdarás agus an comhlacht nó na comhlachtaí plean don iniúchadh comhpháirteach ina leagfar amach—

(a) cuspóir an iniúchta chomhpháirtigh,

(b) na cúiseanna gur cuí iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh,

(c) na gnéithe den iniúchadh comhpháirteach a bheartaíonn an tÚdarás a dhéanamh,

(d) na gnéithe den iniúchadh comhpháirteach a bheartaíonn an comhlacht iniúchta forordaithe nó na comhlachtaí iniúchta forordaithe a dhéanamh,

(e) na socruithe don iniúchadh comhpháirteach, lena n-áirítear faisnéis nó doiciméid a chomhroinnt de réir dlí, agus

(f) na socruithe i ndáil le tuairisciú ar an iniúchadh arna dhéanamh ag an Údarás agus ag an gcomhlacht iniúchta forordaithe nó ag na comhlachtaí iniúchta forordaithe.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás agus comhlacht iniúchta forordaithe iniúchadh comhpháirteach, féadfaidh an comhlacht iniúchta forordaithe, d'ainneoin aon ní in aon achtachán eile, chun críocha an iniúchta chomhpháirtigh—

(a) gníomhú, agus comhordú á dhéanamh aige leis an Údarás agus le haon chomhlacht iniúchta forordaithe eile a mbeidh baint aige leis an iniúchadh comhpháirteach, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le haon achtachán nó faoi aon achtachán, agus

(b) plean don iniúchadh comhpháirteach a chomhaontú de bhun *fho-alt (2)*.

Plean iniúchta

146. (1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis lá bunaithe an Údaráis, agus i gceann cibé eatraimh dá éis sin is cuí leis, plean iniúchta a ullmhú ina leagfar amach—

(a) na tosaíochtaí maidir le hiniúchtaí a dhéanamh, agus

(b) faisnéis i dtaobh conas a dhéanfar na hiniúchtaí sin ar mhodh—

(i) a bheidh comhréireach, cuntasach agus trédhearcach, agus

(ii) a dhéanfaidh sláine agus oibiachtúlacht fhionnachtana na n-iniúchtaí sin a áirithiú.

(2) Agus plean iniúchta á ullmhú ag an Údarás faoi *fho-alt (1)*, rachaidh sé i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta, cóip de phlean iniúchta arna ullmhú de réir *fho-alt (1)* a chur faoi bhráid an Aire agus, ina dhiaidh sin, foilseoidh sé an plean ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Údarás.

Cumhachtaí cigire seirbhísí póilíneachta

147. (1) I gcás go n-údarófar do chigire seirbhísí póilíneachta faoi *alt 143(4)(b)* iniúchadh a dhéanamh, féadfaidh an cigire, i gcás go measfaidh sé nó sí gur gá nó gur fóirsteanach é chun an t-iniúchadh a dhéanamh—

(a) dul isteach in ionad iomchuí tráth ar bith chun iniúchadh a dhéanamh ar aon ghné de riaradh nó d'oibriú an Gharda Síochána i ndáil le soláthar seirbhísí póilíneachta is iomchuí maidir leis an iniúchadh,

(b) a cheangal ar aon chomhalta de phearsanra an Gharda—

(i) aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón gcigire seirbhísí póilíneachta chun críocha an iniúchta a sholáthar,

(ii) aon doiciméid a bheidh faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin agus a theastóidh le réasún ón gcigire seirbhísí póilíneachta chun críocha an iniúchta a thabhairt ar aird dó nó di, agus

(iii) míniú a thabhairt ar aon doiciméad a bheidh curtha ar fáil de bhun *fhomhír (ii)*,

(c) aon doiciméad a bheidh curtha ar fáil dó nó di faoi *mhír (b)* a scrúdú agus cóipeanna a dhéanamh den doiciméad sin nó sleachta a thógáil as, nó an doiciméad a chur ar fáil i bhfoirm lena n-éascófaí é a thabhairt chun siúil as an ionad ina gcuirtear an doiciméad ar fáil,

(d) seilbh a ghlacadh ar aon doiciméad a bheidh curtha ar fáil dó nó di faoi *mhír (b)* atá, i dtuairim an chigire seirbhísí póilíneachta, iomchuí maidir leis an iniúchadh, agus, chun na gcríoch sin, é a thabhairt chun siúil agus é a choinneáil ina sheilbh nó ina seilbh go ceann tréimhse réasúnach,

(e) a cheangal ar aon duine in ionad iomchuí sonraí pearsanta a sholáthar más rud é, i dtuairim an chigire seirbhísí póilíneachta, go bhfuil an fhaisnéis sin iomchuí maidir leis an iniúchadh, agus

(f) cúnamh a fháil, nuair a bheidh cumhacht faoin alt seo á feidhmiú aige nó aici, ó cibé comhaltaí agus ó cibé líon comhaltaí d'fhoireann an Údaráis nó ó dhaoine atá faoi chonradh leis an Údarás nó atá fruilithe ag an Údarás de bhun *alt 132(1)* de réir mar is cuí leis nó léi.

(2) Féadfaidh comhalta de phearsanra an Gharda diúltú aon fhaisnéis nó aon doiciméad is ábhar do cheanglas faoin alt seo a sholáthar ar na forais go mbaineann sí nó sé le slándáil an Stáit nó go ndéanfadh sí nó sé beatha nó sábháilteacht aon duine, a mbeidh faisnéis ar mhodh rúin tugtha aige nó aici do chomhlacht poiblí i ndáil le forfheidhmiú nó riaradh an dlí, a chur i mbaol.

(3) I gcás gurb é tuairim comhalta de phearsanra an Gharda go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* i ndáil le ceanglas a chuirfidh cigire seirbhísí póilíneachta air nó uirthi, cuirfidh an cigire an méid sin in iúl don Údarás.

(4) I gcás go gcuirfear in iúl don Údarás faoi *fho-alt (3)* gurb é tuairim comhalta de phearsanra an Gharda go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás iarraidh a dhéanamh chuig Coimisinéir an Gharda ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméad lena mbaineann a sholáthar.

(5) I gcás go ndiúltóidh Coimisinéir an Gharda, ar an Údarás d'iarraidh air nó uirthi an fhaisnéis nó an doiciméad lena mbaineann a sholáthar faoi *fho-alt (4)*, déanamh de réir na hiarrata ar na forais gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás an diúltú sin a tharchur chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách i scríbhinn chun críoch athbhreithnithe ar an diúltú faoi *alt 243*.

(6) Ar mholadh a fháil ón Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *alt 243(4)* i ndáil le ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*, i gcás gur deimhin leis an Aire, agus an moladh á chur i gcuntas aige nó aici, gurb amhlaidh maidir le soláthar na faisnéise nó an doiciméid go léir nó cuid di nó dó arna hiarraidh nó arna iarraidh ag an Údarás—

(a) nach mbaineann sé le slándáil an Stáit, ná

(b) nach ndéanfadh sé beatha ná sábháilteacht aon duine, a mbeidh faisnéis ar mhodh rúin tugtha aige nó aici do chomhlacht poiblí i ndáil le forfheidhmiú nó riaradh an dlí, a chur i mbaol,

eiseoidh sé nó sí treorú ina sonrófar go ndéanfar an doiciméad nó an fhaisnéis go léir, nó cuid den doiciméad nó den fhaisnéis, de réir mar a bheidh, a nochtadh don chigire seirbhísí póilíneachta lena mbaineann.

(7) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta—

(a) tar éis treorú a eisiúint faoi *fho-alt (6)*, cóip den treorú a sholáthar don Údarás agus do Choimisinéir an Gharda, nó

(b) tar éis breith a thabhairt gan treorú a eisiúint faoin bhfo-alt sin, an méid sin a chur in iúl don Údarás agus do Choimisinéir an Gharda.

(8) San alt seo agus in *alt 148*, ciallaíonn "ionad iomchuí" aon stáisiún Garda nó aon áitreabh nó déanmhas eile, lena n-áirítear déanmhas sealadach, arna úsáid ag an nGarda Síochána, cibé acu ar bhonn sealadach nó ar bhonn eile, chuig a sanntar comhaltaí de phearsanra an Gharda i dtaca le seirbhísí póilíneachta a sholáthar.

Meabhrán tuisceana

148. (1) Déanfaidh an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don alt seo teacht i ngníomh, meabhrán tuisceana a chomhaontú maidir le hiniúchtaí a sheoladh, lena n-áirítear an modh ar a bhféadfar na cumhachtaí atá ag cigire seirbhísí póilíneachta faoi *alt 147* a fheidhmiú, chun a chinntiú—

(a) go ndéanfar iniúchtaí ar mhodh éifeachtúil éifeachtach,

(b) nach ndéanfaidh iniúchtaí dochar don Gharda Síochána do chomhlíonadh a fheidhmeanna,

(c) nach gcuirfidh iniúchtaí imscrúduithe coiriúla ná ionchúisimh choiriúla i mbaol, agus

(d) nach ndéanfaidh iniúchtaí dochar do shlánchoimeád duine atá faoi choimeád dleathach.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar socrú a dhéanamh i meabhrán tuisceana i ndáil leis an modh ar a bhféadfar na cumhachtaí atá ag cigire seirbhísí póilíneachta faoi *alt 147* a fheidhmiú, lena n-áirítear i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) an modh ar a bhféadfar cuairteanna, lena n-áirítear cuairteanna gan réamhfhógra, a sheoladh ag ionad iomchuí,

(b) na comhaltaí d'fhoireann an Údaráis nó daoine atá faoi chonradh leis an Údarás, nó atá fruilithe ag an Údarás, de bhun *alt 132(1)* agus a fhéadfaidh cabhrú le cigirí nuair a bheidh cumhacht faoi *alt 147* á feidhmiú aige nó aici,

(c) an modh ar a bhféadfar faisnéis agus doiciméid atá á sealbhú ag ionad iomchuí agus atá ag teastáil chun críocha an iniúchta a sholáthar, a thabhairt ar aird nó a chur ar fáil ar shlí eile, nó

(d) an modh ar a bhféadfar éascaíocht a dhéanamh i leith cóipeanna de dhoiciméid arna soláthar, arna dtabhairt ar aird nó arna gcur ar fáil ar shlí eile a thabhairt chun siúil as ionad iomchuí, nó ar a bhféadfar éascaíocht a dhéanamh i leith seilbh a ghlacadh ar na doiciméid sin agus iad a thabhairt chun siúil chun críoch iniúchta.

(3) Déanfaidh an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda oibriú meabhráin tuisceana arna chomhaontú faoin alt seo a choimeád faoi athbhreithniú agus féadfaidh siad cibé leasuithe nó cúlghairmeacha ar an meabhrán is dóigh leo is gá nó is inmhianaithe a chomhaontú.

Tuarascálacha ar iniúchtaí arna ngabháil de láimh ag an Údarás ar a thionscnamh féin

149. (1) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás iniúchadh de bhun *alt 143(1)*, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an t-iniúchadh a chríochnú, tuarascáil ar an iniúchadh a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda agus faoi bhráid an Aire.

(2) Féadfaidh, más cuí, moltaí i gcomhair aon ghníomh a mheasfaidh an tÚdarás is gá a bheith i dtuarascáil faoin alt seo.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis tuarascáil faoin alt seo a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda agus an Aire, an tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Údarás.

(4) Féadfaidh an tÚdarás aon ní a eisiamh as tuarascáil a bheidh le foilsiú de bhun *fho-alt (3)*, is ní a bhféadfaí, ina thuairim, go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fheadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(5) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarraidh a fháil ón Údarás agus laistigh de cibé tréimhse ama agus ar cibé modh a shonróidh an tÚdarás, freagra i scríbhinn a chur faoi bhráid an Údaráis ar thuarascáil faoin alt seo, ina leagfar amach an breithniú atá déanta aige nó aici ar an tuarascáil agus na gníomhartha (más ann) atá beartaithe aige nó aici a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil.

(6) Déanfaidh an tÚdarás cóip den fhreagra ó Choimisinéir an Gharda faoi *fho-alt (5)* a chur faoi bhráid an Aire a luaithe is indéanta tar éis dó é a fháil.

(7) Féadfaidh an tÚdarás freagra iomlán nó cuid de fhreagra a bheidh faighte faoi *fho-alt (5)* a fhoilsiú i gcás gur cuí leis é.

Tuarascálacha ar iniúchtaí arna ngabháil de láimh ar iarraidh a fháil ón Aire

150. (1) I gcás go n-iarrfaidh an tAire ar an Údarás iniúchadh a dhéanamh faoi *alt 143(2)*, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an t-iniúchadh a chríochnú, tuarascáil ar an iniúchadh a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Féadfaidh, más cuí, moltaí i gcomhair aon ghníomh a mheasfaidh an tÚdarás is gá a bheith i dtuarascáil faoin alt seo.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis tuarascáil faoin alt seo a chur faoi bhráid an Aire, cóip den tuarascáil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda.

(4) Faoi réir *fho-alt (5),* cuirfidh an tAire faoi deara cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil.

(5) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as cóip de thuarascáil a bheidh le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (4),* is ní a bhféadfaí, ina thuairim nó ina tuairim, go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(6) Cinnteoidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, go ndéanfar an tuarascáil arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás nó thar a cheann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Údarás.

(7) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, ar iarraidh a fháil ón Aire agus laistigh de cibé tréimhse ama agus ar cibé modh a shonróidh an tAire, freagra i scríbhinn a chur faoi bhráid an Aire ar thuarascáil faoin alt seo, ina leagfar amach an breithniú atá déanta aige nó aici ar an tuarascáil agus na gníomhartha (más ann) atá beartaithe aige nó aici a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil.

(8) I gcás gur cuí leis nó léi é, féadfaidh an tAire—

(a) cóip de fhreagra a bheidh faighte aige nó aici faoi *fho-alt (7)* a chur faoi bhráid an Údaráis, nó

(b) freagra den sórt sin ina iomláine nó cuid de a fhoilsiú.

Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar bhearta i ndáil le moltaí i dtuarascálacha iniúchta

151. (1) I gcás go bhfuil moltaí i dtuarascáil arna haighniú faoi *alt 149* nó *150*—

(a) féadfaidh an tAire, i gcás gur cuí leis nó léi é, a iarraidh ar an Údarás faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na gníomhartha a bheidh déanta ag an nGarda Síochána i ndáil le cibé moltaí díobh sin a shonróidh an tAire san iarraidh, agus

(b) i gcás nach ndéanfar aon iarraidh den sórt sin i leith moladh, féadfaidh an tÚdarás faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a bheidh déanta ag an nGarda Síochána i ndáil leis an moladh i gcás gur cuí leis é.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda cibé faisnéis agus doiciméid a theastóidh ón Aire nó ón Údarás, de réir mar a bheidh, chun críocha an ailt seo a sholáthar don Aire agus don Údarás.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis dó iarraidh a fháil faoi *fho-alt (1)(a),* tuarascáil ar na bearta a bheidh déanta ag an nGarda Síochána i ndáil leis na moltaí a bheidh sonraithe san iarraidh a chur faoi bhráid an Aire agus féadfaidh sé a áireamh sa tuarascáil aon ní eile i dtaca le hábhar na hiarrata a measann sé gur cheart aird an Aire a tharraingt air.

Caibidil 5

Nochtadh neamhúdaraithe faisnéise

Rúndacht faisnéise a bhaineann le hiniúchadh

152. (1) Maidir le duine atá nó a bhí—

(a) ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás,

(b) ina chomhalta nó ina comhalta de choiste den Údarás,

(c) ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás,

(d) ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis,

(e) faoi chonradh leis an Údarás nó fruilithe ag an Údarás de bhun *alt 132(1)*, nó

(f) ina fhostaí nó ina fostaí nó ina chonraitheoir nó ina conraitheoir de chuid duine lena mbaineann *mír (e*),

ní nochtfaidh sé nó sí, go hintinneach ná go meargánta, sa Stát ná lasmuigh de, mura gceanglaítear air nó uirthi nó mura gceadaítear dó nó di le dlí nó mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an Údarás ar mhaithe lena fheidhmeanna a chur chun cinn, aon fhaisnéis a bheidh faighte ag an duine i gcúrsa na dualgais a ghabhann lena oifig nó lena hoifig, lena fhostaíocht nó lena fostaíocht, lena chonradh nó lena conradh nó lena shocrú nó lena socrú eile fruiliúcháin leis an Údarás a chomhall, ar faisnéis í nach bhfuil tagtha ar iúl daoine den phobal ar shlí eile.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is cosaint é a shuíomh gur chreid an duine a rinne an nochtadh, le réasún, gur ceanglaíodh nó gur ceadaíodh an nochtadh le dlí nó go raibh an nochtadh údaraithe go cuí ag an Údarás ar mhaithe lena fheidhmeanna a chur chun cinn.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* agus a gheobhaidh aon bhronntanas, aon chomaoin nó aon bhuntáiste mar aslú chun an fhaisnéis lena mbaineann an sárú a nochtadh nó mar luaíocht as nochtadh na faisnéise sin nó ar shlí eile de thoradh an nochtadh sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €75,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Maidir le forálacha an ailt seo, is forálacha iad i dteannta, agus ní forálacha iad in ionad, fhorálacha iomchuí Acht 1963.

Rúndacht faisnéise áirithe (*Cuid 4*)

153. (1) Gan dochar *d'alt 152*, aon duine—

(a) atá nó a bhí—

(i) ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás,

(ii) ina chomhalta nó ina comhalta de choiste den Údarás,

(iii) ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás,

(iv) ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis,

(v) faoi chonradh leis an Údarás nó fruilithe ag an Údarás de bhun *alt 132(1)*, nó

(vi) ina fhostaí nó ina fostaí nó ina chonraitheoir nó ina conraitheoir de chuid duine lena mbaineann *fomhír (v)*,

nó

(b) a bhí—

(i) ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás Póilíneachta,

(ii) ina chomhalta nó ina comhalta de choiste den Údarás Póilíneachta,

(iii) ina Phríomhfheidhmeannach nó ina Príomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta,

(iv) ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis Póilíneachta,

(v) fruilithe faoi chonradh nó faoi shocrú eile ag an Údarás Póilíneachta, nó

(vi) ina fhostaí nó ina fostaí nó ina chonraitheoir nó ina conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *bhfomhír (v*),

ní nochtfaidh sé nó sí, sa Stát ná lasmuigh de, mura gceanglaítear air nó uirthi nó mura gceadaítear dó nó di le dlí nó mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an Údarás ar mhaithe lena fheidhmeanna a chur chun cinn, aon fhaisnéis a bheidh faighte aige nó aici i gcúrsa na dualgais a ghabhann le hoifig, fostaíocht, conradh nó socrú eile fruiliúcháin an duine sin leis an Údarás a chomhall, cibé acu a bheidh an fhaisnéis faighte roimh aisghairm Acht 2005 le *halt 5* nó dá éis sin, i gcás gur dóigh go mbeidh éifeacht dhochrach leis an nochtadh sin agus gurb eol don duine, nó go gcreideann sé nó sí, gur dóigh go mbeidh éifeacht den sórt sin leis an nochtadh.

(2) Chun críoch an ailt seo, is dóigh go mbeidh éifeacht dhochrach le nochtadh faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i gcás gur dóigh—

(a) go n-éascófar leis cion a dhéanamh,

(b) go ndéanfaidh sé dochar do shlánchoimeád duine atá faoi choimeád dleathach,

(c) go gcuirfidh sé bac ar chion a chosc, a bhrath nó a imscrúdú,

(d) go gcuirfidh sé bac ar ghabháil nó ionchúiseamh ciontóra amhrasta,

(e) go ndéanfaidh sé dochar do shlándáil aon chórais cumarsáide de chuid an Gharda Síochána,

(f) go mbeidh de thoradh air go ndéanfar duine a chéannú—

(i) ar finné é nó í in imeacht coiriúil nó a mbeidh faisnéis tugtha aige nó aici ar mhodh rúin do chomhalta de phearsanra an Gharda, agus

(ii) nach bhfuil a chéannacht nó a céannacht ar eolas ag an bpobal tráth an nochta,

(g) go mbeidh de thoradh air go bhfoilseofar faisnéis—

(i) a bhaineann le duine ar finné ar chion é nó í, nó ar íospartach ciona é nó í, agus

(ii) de chineál a d'fhágfadh gur dhóigh, dá bhfoilseofaí í, go gcuirfí drogall ar an duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó ar aon duine eile, fianaise a thabhairt nó cion a thuairisciú,

nó

(h) go mbeidh de thoradh air go bhfoilseofar faisnéis phearsanta (de réir bhrí an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014) a bhaineann le duine agus gurb ionann é sin agus sárú tromchúiseach gan údar ar cheart an duine sin chun príobháideachta.

(3) Chun críoch an ailt seo, toimhdeofar, mura gcruthófar a mhalairt, gurb eol do dhuine gur dhóigh go mbeadh éifeacht dhochrach le nochtadh faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* dá mbeadh duine réasúnach, sna himthosca go léir, ar an eolas go bhféadfadh an éifeacht sin a bheith le nochtadh na faisnéise sin.

(4) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is cosaint é a shuíomh maidir leis an nochtadh—

(a) go ndearnadh é—

(i) don Aire,

(ii) don Ard-Aighne,

(iii) don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

(iv) don Phríomh-Aturnae Stáit,

(v) don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla,

(vi) don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó d'fhoireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

(vii) don Ombudsman Póilíneachta, don Leas-Ombudsman Póilíneachta nó d'oifigeach don Ombudsman Póilíneachta,

(viii) do Choimisinéir an Gharda,

(ix) do na Coimisinéirí Ioncaim,

(x) don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh,

(xi) don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,

(xii) do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas i gcás gurb iomchuí déanamh amhlaidh i ndáil le comhall cuí fheidhmeanna an chomhalta,

(xiii) do chúirt, nó

(xiv) do bhinse arna cheapadh faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011, do choimisiún imscrúdúcháin arna bhunú faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, nó do choiste (de réir bhrí alt 2 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013) chun críoch fiosrúcháin de chuid Chuid 2 (de réir bhrí an ailt sin) faoin Acht sin,

(b) go ndearnadh é i gcúrsa, agus de réir, na ndualgas a ghabhann le hoifig nó fostaíocht an duine sin nó i gcúrsa, agus de réir, a dhualgas nó a dualgas faoi chonradh nó faoi shocrú eile chun obair a dhéanamh leis an Údarás nó dó, nó

(c) gur chreid an duine a rinne an nochtadh, le réasún, gur ceanglaíodh nó gur ceadaíodh an nochtadh le dlí, go raibh an nochtadh údaraithe go cuí ag an Údarás ar mhaithe lena fheidhm a chur chun cinn nó go ndearnadh an nochtadh de réir *mhír (a)* nó *(b)*.

(5) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* agus a gheobhaidh aon bhronntanas, aon chomaoin nó aon bhuntáiste mar aslú chun an fhaisnéis lena mbaineann an sárú a nochtadh nó mar luaíocht as nochtadh na faisnéise sin nó ar shlí eile de thoradh an nochtadh sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €75,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, ní gá a chruthú go raibh éifeacht dhochrach leis an nochtadh.

(8) Maidir le forálacha an ailt seo, is forálacha iad i dteannta, agus ní forálacha iad in ionad, fhorálacha Acht 1963.

Caibidil 6

An tÚdarás Póilíneachta a dhíscaoileadh

An tÚdarás Póilíneachta a dhíscaoileadh

154. Ar lá bunaithe an Údaráis, beidh an tÚdarás Póilíneachta, faoi réir *alt 160(2)*, arna dhíscaoileadh.

Foireann an Údaráis Póilíneachta a aistriú

155. (1) Gach duine ba chomhalta d'fhoireann an Údaráis Póilíneachta, díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, tiocfaidh sé nó sí chun bheith, agus beidh sé nó sí, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis an lá sin, agus leanfaidh sé nó sí de bheith i seilbh poist i Státseirbhís an Stáit.

(2) Ach amháin de réir aon achtachán nó comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta, aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní lú, ar lá bunaithe an Údaráis, tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhaineann le seilbh oifige) ná an luach saothair a mbeidh sé nó sí faoina réir ná na téarmaí agus coinníollacha seirbhíse nó an luach saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá sin.

(3) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh duine faoina réir ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis de réir *fho-alt (1)*, measfar gurb é an tÚdarás a chinn iad de réir *alt 131*.

(4) I ndáil le daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, beidh seirbhís roimhe sin ináirithe chun críocha an mhéid seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiaimh atá iontu:

(a) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;

(b) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001;

(c) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 go 2022;

(d) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;

(e) na hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 agus 2015;

(f) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;

(g) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 go 2023;

(h) an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016;

(i) an tAcht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019;

(j) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;

(k) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;

(l) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2022;

(m) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014;

(n) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015.

Maoin an Údaráis Póilíneachta a aistriú

156. (1) Ar lá bunaithe an Údaráis, beidh an mhaoin uile, lena n-áirítear ábhair i gcaingean, a bhí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don Údarás Póilíneachta, arna dílsiú don Údarás gan aon sannadh.

(2) Maidir le gach ábhar i gcaingean a dhílseofar don Údarás de bhua *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás, ar lá bunaithe an Údaráis agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm, agus ní gá don Údarás ná don Údarás Póilíneachta fógra faoin dílsiú a dhéanfar leis an bhfo-alt sin a thabhairt d'aon duine atá faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean.

Cearta agus dliteanais a aistriú, agus léasanna, ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag an Údarás Póilíneachta do leanúint i bhfeidhm

157. (1) Maidir le cearta agus dliteanais uile an Údaráis Póilíneachta de bhua aon chonradh nó aon ghealltanas (sainráite nó intuigthe) arna dhéanamh ag an Údarás Póilíneachta, agus na hoibleagáidí uile arna bhforchur ar an Údarás Póilíneachta de bhua ordú ó chúirt nó ó bhinse, roimh lá bunaithe an Údaráis, beidh siad, an lá sin, arna n-aistriú chuig an Údarás.

(2) Maidir le gach ceart agus dliteanas a aistreofar le *fo-alt (1)* chuig an Údarás, féadfaidh an tÚdarás, ar lá bunaithe an Údaráis agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm, nó féadfar, ar lá bunaithe an Údaráis agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne an Údaráis ina ainm, agus ní gá don Údarás ná don Údarás Póilíneachta fógra a thabhairt d'aon duine faoi aon cheart nó faoi aon dliteanas den sórt sin a aistriú.

(3) Maidir le gach léas, ceadúnas nó cead arna dheonú ag an Údarás Póilíneachta i ndáil le maoin a dhílsítear don Údarás agus atá i bhfeidhm díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, leanfaidh sé i bhfeidhm an lá sin agus dá éis, amhail is dá mba é an tÚdarás a dheonaigh é.

Conarthaí arna ndéanamh ag an Údarás Póilíneachta a choimeád ar marthain

158. Gach conradh, comhaontú nó socrú a bheidh déanta idir an tÚdarás Póilíneachta, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid a bheidh ag gníomhú thar a cheann, agus aon duine eile, agus atá i bhfeidhm díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, leanfaidh sé i bhfeidhm an lá sin agus dá éis, agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm an Údaráis ann in ionad ainm an Údaráis Póilíneachta nó, de réir mar is cuí, in ionad ainm a iontaobhaí nó a ghníomhaire, agus beidh sé infhorfheidhmithe ag an Údarás nó ina choinne.

Taifid an Údaráis Póilíneachta

159. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, ar lá bunaithe an Údaráis, maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin, is taifid de chuid an Údaráis a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an Údarás.

(2) Ar lá bunaithe an Údaráis—

(a) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 9, nó faoi alt 62H(1)(b)(i) sa mhéid go mbaineann an t-alt sin le hoifig Choimisinéir an Gharda, d'Acht 2005, is taifid de chuid an Aire a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an Aire,

(b) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 10, nó faoi alt 62H(1)(b)(i) sa mhéid go mbaineann an t-alt sin leis an gcéim arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda, d'Acht 2005, is taifid de chuid an Aire a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an Aire,

(c) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoi alt 11, 12 nó 62H(1)(b)(iii) d'Acht 2005 a chomhlíonadh, sa mhéid go mbaineann na hailt sin le hoifig Choimisinéir an Gharda nó leis an gcéim arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda, is taifid de chuid an Aire a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an Aire,

(d) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoi alt 13, 52 nó 62H(1)(b)(ii) d'Acht 2005 a chomhlíonadh, is taifid de chuid an Gharda Síochána a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an nGarda Síochána,

(e) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoi alt 11, 13A nó 62H(1)(b)(iii) d'Acht 2005 a chomhlíonadh, sa mhéid go mbaineann na hailt sin leis na céimeanna arb éard iad Coimisinéir Cúnta den Gharda, ardcheannfort nó ceannfort, is taifid de chuid an Gharda Síochána a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an nGarda Síochána,

(f) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoi alt 14(2) d'Acht 2005 a chomhlíonadh, is taifid de chuid an Gharda Síochána a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an nGarda Síochána,

(g) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoi alt 19 d'Acht 2005 a chomhlíonadh, is taifid de chuid an Gharda Síochána a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an nGarda Síochána, agus

(h) maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid an Údaráis Póilíneachta iad díreach roimh an lá sin agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007 (I.R. Uimh. 214 de 2007) a chomhlíonadh, is taifid de chuid an Gharda Síochána a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an nGarda Síochána.

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an Údarás Póilíneachta

160. (1) Más rud é, roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh aon ghníomh tosaithe ag an Údarás Póilíneachta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an ngníomh críochnaithe roimh an lá sin, measfar an gníomh a bheith tosaithe, agus féadfaidh siad seo a leanas an gníomh a chríochnú—

(a) seachas i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (b)* nó *(c)*, an tÚdarás,

(b) i gcás taifid arna n-aistriú chuig an Aire faoi *mhír (a)*, *(b)* nó *(c) d'alt 159(2)*, an tAire, agus

(c) i gcás taifid arna n-aistriú chuig an nGarda Síochána faoi *mhír (d)*, *(e)*, *(f)*, *(g)* nó *(h) d'alt 159(2)*, an Garda Síochána.

(2) Más rud é, roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh iarratas faoi alt 10 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 i ndáil le gníomh de chuid an Údaráis Póilíneachta déanta agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an iarratas críochnaithe roimh an lá sin, déanfar an t-iarratas, d'ainneoin *alt 154*, a chríochnú amhail is dá mba rud é nár díscaoileadh an tÚdarás Póilíneachta.

Dliteanas i leith caillteanas ar thaobh an Údaráis Póilíneachta a tharlóidh roimh lá bunaithe an Údaráis

161. (1) Maidir le héileamh i leith aon chaillteanas nó díobháil a líomhnófar a bheith fulaingthe ag aon duine de dheasca aon cheann d'fheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta a chomhlíonadh, roimh lá bunaithe an Údaráis, is éileamh é i gcoinne an Údaráis, an lá sin agus dá éis, agus ní éileamh é i gcoinne an Údaráis Póilíneachta.

(2) Aon imeachtaí dlí atá ar feitheamh díreach roimh lá bunaithe an Údaráis agus ar páirtí iontu an tÚdarás Póilíneachta, leanfar díobh an lá sin agus dá éis, ach an tÚdarás a chur in ionad an Údaráis Póilíneachta sna himeachtaí, sa mhéid go mbaineann siad leis an bpáirtí sin.

(3) Más rud é, roimh lá bunaithe an Údaráis, go ndéantar comhaontú idir na páirtithe lena mbaineann mar shocraíocht ar éileamh lena mbaineann *fo-alt (1)* agus nach bhfuil téarmaí an chomhaontaithe curtha i ngníomh, nó go bhfuil breithiúnas san éileamh sin tugtha i bhfabhar duine ach nach bhfuil sé forfheidhmithe, beidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, a mhéid ab infhorfheidhmithe iad, roimh an lá sin, i gcoinne an Údaráis Póilíneachta, infhorfheidhmithe i gcoinne an Údaráis agus ní i gcoinne an Údaráis Póilíneachta.

(4) Aon éileamh arna dhéanamh ag an Údarás Póilíneachta, nó is cuí don Údarás Póilíneachta a dhéanamh, i leith aon chaillteanas nó díobháil de dhroim gníomh nó mainneachtain aon duine roimh lá bunaithe an Údaráis, measfar, an lá sin agus dá éis, gur éileamh é arna dhéanamh ag an Údarás nó is cuí don Údarás a dhéanamh agus féadfaidh an tÚdarás é a shaothrú agus agra a dhéanamh ina leith amhail is dá mba é an tÚdarás a d'fhulaing an caillteanas nó an díobháil.

Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach an Údaráis Póilíneachta

162. (1) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara go n-ullmhófar aon chuntais leithreasa de chuid an Údaráis Póilíneachta atá gan déanamh.

(2) Beidh príomhfheidhmeannach an Údaráis ina oifigeach cuntasaíochta nó ina hoifigeach cuntasaíochta i ndáil le cuntais leithreasa an Údaráis Póilíneachta chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis lá bunaithe an Údaráis, tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach an Údaráis Póilíneachta a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis í a fháil.

(5) Cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip den tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás, nó thar a cheann, nó ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

Caibidil 7

Cigireacht an Gharda Síochána a dhíscaoileadh

Cigireacht an Gharda Síochána a dhíscaoileadh

163. Ar lá bunaithe an Údaráis, beidh Cigireacht an Gharda Síochána, faoi réir *alt 167(2)*, arna díscaoileadh.

Comhalta de Chigireacht an Gharda Síochána a aistriú

164. (1) Féadfaidh an tAire, roimh lá bunaithe an Údaráis, duine a bheidh, díreach roimh an lá sin, arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 115 d'Acht 2005 mar chomhalta de Chigireacht an Gharda Síochána a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha—

(a) ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis, agus

(b) ina chigire nó ina cigire seirbhísí póilíneachta.

(2) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (1)*, beidh an duine, ar an agus ón lá sin, arna cheapadh nó arna ceapadh ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis agus ina chigire nó ina cigire seirbhísí póilíneachta ar feadh tréimhse nach faide ná 2 bhliain.

(3) Faoi réir an ailt seo, aon duine a bheidh arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *fho-alt (2)*, ní lú, ar lá bunaithe an Údaráis, tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse ná an luach saothair a mbeidh sé nó sí faoina réir ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse nó an luach saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá sin.

(4) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh duine faoina réir ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis de réir *fho-alt (1)*, measfar gurb é an tÚdarás a chinn iad de réir *alt 131*.

Conarthaí arna ndéanamh ag Cigireacht an Gharda Síochána a choimeád ar marthain

165. Gach conradh, comhaontú nó socrú a bheidh déanta idir Cigireacht an Gharda Síochána, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá cuid a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus aon duine eile, agus atá i bhfeidhm díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, leanfaidh sé i bhfeidhm an lá sin agus dá éis, agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm an Údaráis ann in ionad ainm Chigireacht an Gharda Síochána nó, de réir mar is cuí, in ionad ainm a hiontaobhaí nó a gníomhaire, agus beidh sé infhorfheidhmithe ag an Údarás nó ina choinne.

Taifid Chigireacht an Gharda Síochána

166. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, ar lá bunaithe an Údaráis, maidir leis na taifid go léir ar thaifid de chuid Chigireacht an Gharda Síochána iad díreach roimh an lá sin, is taifid de chuid an Údaráis a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an Údarás.

(2) Ar lá bunaithe an Údaráis, maidir leis na taifid go léir arna sealbhú i ndáil leis an nGarda Síochána do sholáthar seirbhísí slándála ar thaifid de chuid Chigireacht an Gharda Síochána iad díreach roimh an lá sin, is taifid de chuid an Aire a bheidh iontu agus déanfar, dá réir sin, iad a aistriú chuig an Aire.

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le Cigireacht an Gharda Síochána

167. (1) Más rud é, roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh aon ghníomh tosaithe ag Cigireacht an Gharda Síochána faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an ngníomh críochnaithe roimh an lá sin, measfar an gníomh a bheith tosaithe, agus féadfaidh siad seo a leanas an gníomh a chríochnú—

(a) seachas i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (b)*, an tÚdarás, agus

(b) i gcás taifid arna n-aistriú chuig an Aire faoi *alt 166(2)*, an tAire.

(2) Más rud é, roimh lá bunaithe an Údaráis, go mbeidh iarratas faoi alt 10 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 i ndáil le gníomh de chuid Chigireacht an Gharda Síochána déanta agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an iarratas críochnaithe roimh an lá sin, déanfar an t-iarratas, d'ainneoin *alt 163*, a chríochnú amhail is dá mba rud é nár díscaoileadh Cigireacht an Gharda Síochána.

Dliteanas i leith caillteanas ar thaobh Chigireacht an Gharda Síochána a tharlóidh roimh lá bunaithe an Údaráis

168. (1) Maidir le héileamh i leith aon chaillteanas nó díobháil a líomhnófar a bheith fulaingthe ag aon duine de dheasca aon cheann d'fheidhmeanna Chigireacht an Gharda Síochána

a chomhlíonadh, roimh lá bunaithe an Údaráis, is éileamh é i gcoinne an Údaráis, an lá sin agus dá éis, agus ní éileamh é i gcoinne Chigireacht an Gharda Síochána.

(2) Aon imeachtaí dlí atá ar feitheamh díreach roimh lá bunaithe an Údaráis, agus ar páirtí iontu Cigireacht an Gharda Síochána, leanfar díobh an lá sin agus dá éis, ach an tÚdarás a chur in ionad Chigireacht an Gharda Síochána sna himeachtaí, sa mhéid go mbaineann siad leis an bpáirtí sin.

(3) Más rud é, roimh lá bunaithe an Údaráis, go ndéantar comhaontú idir na páirtithe lena mbaineann mar shocraíocht ar éileamh lena mbaineann *fo-alt (1)* agus nach bhfuil téarmaí an chomhaontaithe curtha i ngníomh, nó go bhfuil breithiúnas san éileamh sin tugtha i bhfabhar duine ach nach bhfuil sé forfheidhmithe, beidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, a mhéid ab infhorfheidhmithe iad, roimh an lá sin, i gcoinne Chigireacht an Gharda Síochána, infhorfheidhmithe i gcoinne an Údaráis agus ní i gcoinne Chigireacht an Gharda Síochána.

(4) Aon éileamh arna dhéanamh ag Cigireacht an Gharda Síochána, nó is cuí do Chigireacht an Gharda Síochána a dhéanamh, i leith aon chaillteanas nó díobháil de dhroim gníomh nó mainneachtain aon duine roimh lá bunaithe an Údaráis, measfar, an lá sin agus dá éis, gur éileamh é arna dhéanamh ag an Údarás nó is cuí don Údarás a dhéanamh agus féadfaidh an tÚdarás é a shaothrú agus agra a dhéanamh ina leith amhail is dá mba é an tÚdarás a d'fhulaing an caillteanas nó an díobháil.

CUID 5

An tOmbudsman Póilíneachta

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 5)

Míniú (*Cuid 5*)

169. Sa Chuid seo, tá le "príomh-oifigeach feidhmiúcháin" an bhrí a shanntar dó le *halt 178(1)*.

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána do leanúint ar marthain mar Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta

170. (1) Leanfaidh an comhlacht corpraithe ar a dtugtar Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus a bunaíodh le halt 64 d'Acht 2005, d'ainneoin aisghairm an ailt sin le *halt 5*, ar marthain, agus, an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh agus dá éis, tabharfar Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta (dá ngairtear "Oifig an Ombudsman Póilíneachta" san Acht seo) air agus eagrófar de réir na Coda seo é.

(2) Beidh Oifig an Ombudsman Póilíneachta ina comhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus séala oifigiúil agus—

(a) beidh cumhacht agartha aici agus beidh sí inagartha ina hainm corpraithe, agus

(b) le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, beidh cumhacht aici talamh, nó leas i dtalamh, nó aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Soláthróidh Oifig an Ombudsman Póilíneachta séala di féin a luaithe is indéanta tar éis don alt seo teacht i ngníomh agus fíordheimhneofar an séala—

(a) le síniú an Ombudsman Póilíneachta, agus, ina theannta sin,

(b) le síniú an Leas-Ombudsman Póilíneachta, le síniú phríomh-oifigeach feidhmiúcháin an Ombudsman Póilíneachta nó le síniú oifigigh don Ombudsman Póilíneachta a bheidh údaraithe ag an Ombudsman Póilíneachta chun gníomhú chuige sin.

(4) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala Oifig an Ombudsman Póilíneachta agus maidir le haon doiciméad a airbheartóidh—

(a) gur ionstraim é a rinne an Oifig sin, agus

(b) a bheith séalaithe le séala na hOifige sin arna fhíordheimhniú de réir *fho-alt (3)*,

beidh sé, mura suífear a mhalairt, ina fhianaise ar an ionstraim sin gan a thuilleadh cruthúnais.

(5) Aon chonradh nó aon ionstraim nár ghá a bheith faoi shéala dá mba phearsa aonair a dhéanfadh nó a d'fhorghníomhódh é nó í, féadfaidh aon duine, a bheidh údaraithe go ginearálta nó go speisialta ag an Ombudsman Póilíneachta chuige sin, é nó í a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

(6) Is í feidhm ghinearálta Oifig an Ombudsman Póilíneachta tacú leis an Ombudsman Póilíneachta ar mhaithe le cuspóirí an Ombudsman Póilíneachta faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile a chur chun cinn agus tacú leis an Ombudsman Póilíneachta a fheidhmeanna faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh.

(7) Beidh ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(8) Déanfar tagairtí in aon imeachtaí dlí, a bheidh ar feitheamh roimh theacht i ngníomh don alt seo, do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nó don Choimisiún Ombudsman, ar an teacht i ngníomh sin agus dá éis, agus mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairtí d'Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

Caibidil 2

Ceapadh agus feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta

An tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta a cheapadh

171. (1) Déanfaidh an tUachtarán, faoi réir na Coda seo, duine a cheapadh chun oifig ar a dtabharfar an tOmbudsman Póilíneachta nó, sa Bhéarla, *the Police Ombudsman*, a shealbhú.

(2) Déanfaidh an tUachtarán, faoi réir na Coda seo, duine a cheapadh chun oifig ar a dtabharfar an Leas-Ombudsman Póilíneachta nó, sa Bhéarla, *the Deputy Police Ombudsman*, a shealbhú.

(3) Maidir le ceapachán faoi *fho-alt (1)* agus *(2)*, déanfar é—

(a) ar ainmniú ón Rialtas, agus

(b) tar éis do gach Teach den Oireachtas rún a rith lena moltar an duine lena mbaineann a cheapadh.

(4) Faoi réir *alt 172*, tabharfaidh an tAire cuireadh don tSeirbhís comórtas roghnóireachta a ghabháil de láimh chun duine a chéannú agus a mholadh don Rialtas lena ainmniú nó lena hainmniú mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh.

(5) Déanfaidh an tAire na critéir roghnóireachta agus an próiseas earcaíochta a mbeidh feidhm acu maidir le comórtas roghnóireachta faoin alt seo a chomhaontú leis an tSeirbhís.

(6) Ní mholfaidh an tSeirbhís duine lena ainmniú nó lena hainmniú faoin alt seo mura deimhin leis an tSeirbhís go bhfuil an duine oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh, mar gheall ar cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas iomchuí a bheith aige nó aici is cuí ag féachaint, go háirithe, d'fheidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh, faoin Acht seo.

(7) Ní bheidh duine inainmnithe faoi *fho-alt (3)(a)* ná incheaptha faoi *fho-alt (1)* nó (*2)* más rud é—

(a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,

(b) go bhfuil sé nó sí, faoi rialacha Pharlaimint na hEorpa, i dteideal suí sa Pharlaimint sin,

(c) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í,

(d) go bhfuil sé nó sí, nó go raibh sé nó sí, ina chomhalta nó ina comhalta de phearsanra an Gharda, nó

(e) gur comhalta den Údarás é nó í.

(8) Féadfar duine a shealbhaíonn oifig bhreithiúnach in uaschúirt nó sa Chúirt Chuarda a cheapadh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* gan scaradh leis an oifig sin ach, mura bhforáiltear a mhalairt le téarmaí a cheapacháin nó a ceapacháin, ní cheanglófar air nó uirthi, fad a bheidh sé nó sí ceaptha mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh, dualgais mar shealbhóir na hoifige breithiúnaí sin a chomhall faoi reacht.

(9) Beidh feidhm ag *Sceideal 5* i gcás go ndéanfar duine a shealbhaíonn oifig bhreithiúnach dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* a cheapadh mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta.

Difheidhmiú *alt 171(4)* in imthosca eisceachtúla

172. (1) Beidh feidhm ag an alt seo más rud é—

(a) go bhfuil folúntas in oifig an Ombudsman Póilíneachta, agus

(b) gurb é tuairim an Aire, d'ainneoin *alt 175*, gurb é leas an phobail é, de bharr imthosca eisceachtúla, duine a mholadh don Rialtas lena ainmniú nó lena hainmniú mar an tOmbudsman Póilíneachta gan mhoill.

(2) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo, féadfaidh an tAire duine a shealbhaíonn oifig bhreithiúnach in uaschúirt nó sa Chúirt Chuarda a mholadh don Rialtas lena ainmniú nó lena hainmniú faoi *alt 171(3)(a)* mar an tOmbudsman Póilíneachta.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tAire moladh faoi *fho-alt (2)*—

(a) ní bheidh feidhm ag *alt 171(4)*, agus

(b) beidh feidhm ag *fo-alt (6) d'alt 171* maidir leis an moladh faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

(i) déanfar an tagairt san fho-alt sin don tSeirbhís a fhorléiriú mar thagairt don Aire,

(ii) déanfar an tagairt san fho-alt sin do faoin alt seo a fhorléiriú mar thagairt do faoi *alt 172(2)*, agus

(iii) amhail is dá ndéanfaí na tagairtí san fho-alt sin do nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh agus do nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh, a scriosadh.

Cuspóirí, feidhmeanna agus cumhachtaí an Ombudsman Póilíneachta

173. (1) Is iad cuspóirí an Ombudsman Póilíneachta—

(a) muinín a chur chun cinn i measc an phobail as na próisis chun gearáin arna ndéanamh ag daoine den phobal a réiteach agus as imscrúduithe faoi *Chuid 6*,

(b) cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar ról agus ar fheidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta, agus

(c) a chinntiú go gcomhlíontar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna ar mhodh tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach agus de réir nósanna imeachta córa.

(2) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Ombudsman Póilíneachta:

(a) gearáin a bhaineann le comhaltaí de phearsanra an Gharda agus arna ndéanamh ag daoine den phobal a ghlacadh de réir cibé córais agus nósanna imeachta a shonróidh sé nó sí faoi *fho-alt (4*);

(b) na nithe seo a leanas a ghlacadh—

(i) tarchuir faoi *ailt 202(3)*, *203(1)* agus *205(7)* agus fógraí faoi *alt 204(1)*, ó Choimisinéir an Gharda,

(ii) iarrataí faoi *alt 205(2)* agus tarchuir faoi *alt 205(3)*, ón Aire,

(iii) tarchuir ón Údarás faoi *alt 205(5)*, agus

(iv) nochtaí maidir le héagóiritheoireacht iomchuí dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b) d'alt 206(1)*;

(c) na dualgais a thugtar don Ombudsman Póilíneachta faoi *Chuid 6* a chomhall agus na cumhachtaí a thugtar dó nó di faoi *Chuid 6* a fheidhmiú, is dualgais agus cumhachtaí i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b)*;

(d) imscrúduithe ar nithe eile a bhaineann le comhaltaí de phearsanra an Gharda nó le Coimisinéir an Gharda a ghabháil de láimh de réir *Chuid 6*;

(e) dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána chun tuiscint a chur chun cinn i measc an phobail ar shocruithe faoi *alt 201(1)* chun gearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a láimhseáil;

(f) torthaí imscrúduithe faoi *Chuid 6* (lena n-áirítear cibé moltaí is cuí a dhéanamh) a thuairisciú do Choimisinéir an Gharda, don Aire nó don Údarás, de réir mar a bheidh;

(g) i gcás go mbeidh feidhm ag *alt 214(1)*, torthaí imscrúduithe faoi *Chuid 6* a thuairisciú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus cóip de gach comhad imscrúdaithe a chur chuige nó chuici;

(h) dréachtliosta de chatagóirí gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a ullmhú de réir *alt 200(1)*;

(i) socruithe a dhéanamh le Coimisinéir an Gharda i bhfoirm prótacail i scríbhinn de bhun *alt 223(1)* maidir leis na nithe dá dtagraítear san alt sin;

(j) taighde agus anailís a ghabháil de láimh d'fhonn treochtaí agus patrúin atá ag teacht chun cinn de bharr a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a bheith á gcomhlíonadh aige nó aici faoi *Chuid 6* a shainaithint;

(k) a chinntiú go bhfuil beartais, pleananna agus gníomhartha cuí i bhfeidhm ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta chun a chumasú di a hoibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chomhlíonadh;

(l) socruithe a dhéanamh chun go gcomhroinnfidh sé nó sí faisnéis le cibé comhlachtaí poiblí eile is cuí leis nó léi;

(m) aon fheidhmeanna eile a shannfar dó nó di leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh.

(3) Beidh ag an Ombudsman Póilíneachta na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta córais agus nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun gearáin a ghlacadh agus a láimhseáil agus chun imscrúduithe a sheoladh faoi *Chuid 6*.

(5) Agus córais agus nósanna imeachta á mbunú agus á gcothabháil faoi *fho-alt (4)*, beidh aird ag an Ombudsman Póilíneachta ar an ngá atá ann go gcomhlíonfaidh sé nó sí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna ar mhodh tráthúil éifeachtúil éifeachtach agus de réir nósanna imeachta córa.

(6) Tabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta don Aire cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire ó am go ham agus a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chomhlíonadh.

(7) Coimeádfaidh an tOmbudsman Póilíneachta an tAire ar an eolas faoi nithe is iomchuí maidir le cuntasacht an Rialtais do Thithe an Oireachtais.

(8) Faoi réir an Achta seo, beidh an tOmbudsman Póilíneachta neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige an Ombudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta

174. (1) Faoi réir na Coda seo, beidh duine a cheapfar faoi *fho-alt (1) d'alt 171* mar an tOmbudsman Póilíneachta nó faoi *fho-alt (2)* den alt sin mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta i seilbh oifige ar feadh tréimhse 6 bliana.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, is ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 3 bliana, a chinnfidh an tAire tráth an cheapacháin a cheapfar duine faoi *alt 171(1)* mar an tOmbudsman Póilíneachta ar ainmniú a fháil ón Rialtas tar éis moladh a bheith déanta ag an Aire ina thaobh nó ina taobh faoi *alt 172(2)*.

(3) Faoi réir na Coda seo, ní fhéadfar duine a cheapfar faoi *fho-alt (1) d'alt 171* mar an tOmbudsman Póilíneachta nó faoi *fho-alt (2)* den alt sin mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta a athcheapadh ach aon uair amháin chun na hoifige lena mbaineann ar feadh tréimhse bhreise 6 bliana.

(4) D'ainneoin *fho-alt (3)*, féadfar duine, a cheapfar faoi *alt 171(1)* mar an tOmbudsman Póilíneachta ar ainmniú a fháil ón Rialtas tar éis moladh a bheith déanta ag an Aire ina thaobh nó ina taobh faoi *alt 172(2)*, a athcheapadh faoi dhó chun na hoifige agus—

(a) ar an gcéad athcheapachán díobh sin, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhse 6 bliana, agus

(b) ar an dara hathcheapachán díobh sin, ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí is faide sa chomhiomlán ná 12 bhliain.

(5) I gcás go bhfuil beartaithe ag an Rialtas duine a ainmniú lena athcheapadh nó lena hathcheapadh, beidh feidhm ag *alt 171*, seachas *fo-ailt (4)* go *(6)* den alt sin, maidir lena bhfuil beartaithe.

(6) D'ainneoin *fho-alt (8)*, i gcás go bhfuil beartaithe ag an Rialtas duine a ainmniú lena athcheapadh nó lena hathcheapadh, is duine a bheidh ceaptha faoi *alt 171(1)* mar an tOmbudsman Póilíneachta ar ainmniú a fháil ón Rialtas tar éis moladh a bheith déanta ag an Aire ina thaobh nó ina taobh faoi *alt 172(2)*, beidh feidhm ag *alt 171* maidir lena bhfuil beartaithe i ndáil leis an gcéad athcheapachán díobh sin.

(7) Beidh an tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, tráth an cheapacháin nó an athcheapacháin.

(8) Féadfaidh duine, atá i seilbh oifig an Ombudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta éirí as an oifig lena mbaineann le fógra i scríbhinn a bheidh dírithe chun an Uachtaráin, agus cóip de dírithe chun an Aire, agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht an dáta a gheobhaidh an tUachtarán an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má chomhaontaíonn an tUachtarán leis an dáta sin, an dáta sin.

(9) Féadfaidh an tUachtarán duine atá i seilbh oifig an Ombudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta a chur as oifig, ach sin mar gheall ar mhí-iompar sonraithe nó mar gheall ar éagumas, agus sin i gcás go ndéanfaidh gach Teach den Oireachtas rún a rith lena n-éileofar é nó í a chur as oifig, agus sa chás sin amháin.

(10) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta, más rud é—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(d) go ndéanfar é nó í a thoghadh nó a chomhthoghadh mar chomhalta d'údarás áitiúil.

(11) Aon duine atá i seilbh oifig an Ombudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta, ní shealbhóidh sé nó sí aon oifig eile ná aon fhostaíocht eile a mbeidh díolaíochtaí inioctha ina leith.

Cumhacht an Leas-Ombudsman Póilíneachta chun feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a chomhlíonadh

175. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Leas-Ombudsman Póilíneachta feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a chomhlíonadh i rith aon tréimhse nach bhfuil an tOmbudsman Póilíneachta ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh lena linn.

(2) Féadfaidh an Leas-Ombudsman Póilíneachta feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a chomhlíonadh de bhun *fho-alt (1)*—

(a) ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí, nó

(b) le toiliú an Aire, ar feadh tréimhse is faide ná 2 mhí.

(3) I gcás go bhfuil feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta á gcomhlíonadh ag an Leas-Ombudsman Póilíneachta faoin alt seo, déanfar tagairtí san Acht seo agus

in aon achtachán eile don Ombudsman Póilíneachta a fhorléiriú mar thagairtí don Leas-Ombudsman Póilíneachta.

(4) San alt seo, ciallaíonn tagairt don Ombudsman Póilíneachta gan bheith ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh—

(a) go bhfuil an tOmbudsman Póilíneachta as láthair nó éagumasaithe, nó

(b) go bhfuil oifig an Ombudsman Póilíneachta folamh.

Oifigigh don Ombudsman Póilíneachta

176. (1) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta a cheapadh mar oifigigh don Ombudsman Póilíneachta (dá ngairtear "oifigeach don Ombudsman Póilíneachta" san Acht seo).

(2) Is é a bheidh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha seirbhíse oifigigh don Ombudsman Póilíneacht, agus is é an grád ina bhfónfaidh sé nó sí, na téarmaí agus na coinníollacha sin agus an grád sin a chinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta ó am go ham, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(3) Beidh oifigeach don Ombudsman Póilíneachta ina státseirbhíseach i Státseirbhís an Stáit.

(4) Is é an tOmbudsman Póilíneachta an t-údarás iomchuí (de réir bhrí Acht 2004 agus Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005) i ndáil le hoifigigh don Ombudsman Póilíneachta.

(5) Aon duine, díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo, a ceapadh faoi alt 71 d'Acht 2005 mar oifigeach do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, measfar, ar an teacht i ngníomh sin agus dá éis, gur ceapadh é nó í faoi *fho-alt (1)* ar cibé téarmaí agus coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus le liúntais) nach lú fabhar ná na téarmaí agus coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus le liúntais) a raibh an duine faoina réir díreach roimh an teacht i ngníomh sin.

Oifigigh shainainmnithe agus oifigigh shainainmnithe shinsearacha

177. (1) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta duine a cheapadh i scríbhinn is duine—

(a) a cheapfar faoi *alt 176(1)* mar oifigeach don Ombudsman Póilíneachta,

(b) a mheasfar faoi *alt 176(5)* a bheith ceaptha amhlaidh, nó

(c) atá fruilithe ag an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 181*,

chun bheith ina oifigeach sainainmnithe nó ina hoifigeach sainainmnithe chun críoch aon cheann d'fhorálacha *Chuid 6*.

(2) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta aon oifigeach sainainmnithe a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina oifigeach sainainmnithe sinsearach nó ina hoifigeach sainainmnithe sinsearach chun críoch aon cheann d'fhorálacha *Chuid 6*.

(3) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cárta barántais a sholáthar do gach duine a cheapfar faoin alt seo, ar cárta é lena ndéanfar an duine a chéannú agus lena sonrófar cibé acu atá an duine ceaptha mar oifigeach sainainmnithe nó mar oifigeach sainainmnithe sinsearach.

(4) Déanfaidh duine dá soláthrófar cárta barántais é a thabhairt leis nó léi gach tráth fad a bheidh feidhmeanna faoi *Chuid 6* á gcomhlíonadh aige nó aici agus, i gcás go n-iarrfaidh aon duine dá ndéanann comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin difear air nó uirthi é, déanfaidh sé nó sí an cárta a thabhairt ar aird lena iniúchadh.

(5) In aon imeachtaí dlí, aon deimhniú arna shíniú ag an Ombudsman Póilíneachta nó ag an Leas-Ombudsman Póilíneachta agus ina luafar go raibh an duine atá ainmnithe sa deimhniú ina oifigeach sainainmnithe nó ina hoifigeach sainainmnithe nó ina oifigeach sainainmnithe sinsearach nó ina hoifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta chun críoch aon cheann d'fhorálacha *Chuid 6* an dáta nó na dátaí a bheidh sonraithe sa deimhniú, is fianaise é, mura suífear a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite ann, gan a thuilleadh cruthúnais, lena n-áirítear cruthúnas ar shíniú an Ombudsman Póilíneachta nó an Leas-Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh.

Príomh-oifigeach feidhmiúcháin an Ombudsman Póilíneachta a cheapadh

178. (1) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, le toiliú an Aire, duine a cheapadh chun bheith ina phríomh-oifigeach feidhmiúcháin nó ina príomh-oifigeach feidhmiúcháin ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta (dá ngairtear an "príomh-oifigeach feidhmiúcháin" sa Chuid seo).

(2) Féadfaidh an tAire, roimh theacht i ngníomh *d'alt 170*, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad phríomh-oifigeach feidhmiúcháin nó ina céad phríomh-oifigeach feidhmiúcháin.

(3) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *d'alt 170*, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (2)*, beidh an duine sin arna cheapadh nó arna ceapadh, ar an teacht i ngníomh sin, ina chéad phríomh-oifigeach feidhmiúcháin nó ina céad phríomh-oifigeach feidhmiúcháin.

(4) Maidir le duine a cheapfar ina phríomh-oifigeach feidhmiúcháin nó ina príomh-oifigeach feidhmiúcháin—

(a) beidh sé nó sí i seilbh oifige faoi chonradh seirbhíse i scríbhinn (is conradh a fhéadfar a athnuachan) ar feadh cibé tréimhse a shonrófar sa chonradh agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus le haoisliúntas) a chinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

(5) Maidir leis an bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin—

(a) beidh aige nó aici cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas is cuí maidir leis an gceapachán, agus

(b) ceapfaidh an tOmbudsman Póilíneachta é nó í tar éis comórtas roghnóireachta arna ghabháil de láimh de réir Acht 2004.

(6) Ní shealbhóidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin aon oifig eile ná ní rachaidh sé nó sí i mbun aon phost, a mbeidh luach saothair iníoctha ina leith, ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó, trádáil ná gairm gan toiliú an Ombudsman Póilíneachta.

(7) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin:

(a) beartais agus breitheanna an Ombudsman Póilíneachta a chur i ngníomh;

(b) foireann, riaradh agus gnó Oifig an Ombudsman Póilíneachta a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne;

(c) cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh, is feidhmeanna a chinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta nó a údarófar faoin Acht seo nó faoi achtachán eile.

(8) Déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* agus a theastóidh ón Ombudsman Póilíneachta a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta.

(9) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, le toiliú an Aire, an príomh-oifigeach feidhmiúcháin a chur as oifig nó a chur ar fionraí ó oifig ar chúiseanna sonraithe.

(10) Más rud é, maidir leis an bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin—

(a) go bhfaighidh sé nó sí bás, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, nó go gcuirfear as oifig é nó í, nó

(b) nach bhfuil sé nó sí, ar aon chúis, ábalta go sealadach leanúint dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh,

féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cibé oifigeach nó oifigigh don Ombudsman Póilíneachta is cuí leis nó léi a shainainmniú chun feidhmeanna an phríomh-oifigigh feidhmiúcháin a chomhlíonadh go dtí—

(i) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (a)*, go gceapfar príomh-oifigeach feidhmiúcháin nua de réir an ailt seo,

(ii) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (b)*, go mbeidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin in ann athchromadh ar a fheidhmeanna nó ar a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó

(iii) go ndéanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta sainainmniúchán arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo a chúlghairm nó a athrú.

Feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a tharmligean

179. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, i scríbhinn, aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a tharmligean, seachas a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *alt 210*—

(a) chuig an Leas-Ombudsman Póilíneachta,

(b) chuig an bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin, nó

(c) de réir gráid, poist, ainm nó ar shlí eile—

(i) chuig aon oifigeach don Ombudsman Póilíneachta, nó

(ii) chuig aon duine atá fruilithe faoi *alt 181*.

(2) I gcás go mbainfidh tarmligean faoin alt seo le comhlíonadh feidhme arna sannadh don Ombudsman Póilíneachta le haon achtachán nó faoi aon achtachán, seachas an tAcht seo, ní fheidhmeoidh an tOmbudsman Póilíneachta an chumhacht faoin alt seo chun an fheidhm a tharmligean gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire i ndáil leis an bhfeidhm sin.

(3) Maidir le tarmligean faoin alt seo—

(a) féadfaidh baint a bheith aige le feidhm a chomhlíonadh, i gcoitinne nó i gcás áirithe nó in aicme áirithe cáis nó i leith ní áirithe,

(b) féadfar é a chur faoi réir coinníollacha nó srianta, agus

(c) féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta é a chúlghairm nó a athrú aon tráth.

(4) Ní choiscfidh tarmligean feidhme faoin alt seo ar an Ombudsman Póilíneachta an fheidhm a chomhlíonadh.

(5) I gcás go ndéanfar feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a tharmligean chuig duine faoin alt seo, déanfar aon tagairtí san fhoráil sin don Ombudsman Póilíneachta a fhorléiriú mar thagairtí don duine sin.

(6) Maidir le gníomh nó le ní arna dhéanamh ag duine de bhun tarmligean faoin alt seo, beidh an fheidhm chéanna aige, agus beidh an éifeacht chéanna leis, amhail is dá mba é nó í an tOmbudsman Póilíneachta a rinne é.

(7) Ní scoirfidh tarmligean faoin alt seo d'éifeacht a bheith leis mar gheall ar mhalairt duine a bheith ag gníomhú go dleathach mar an tOmbudsman Póilíneachta nó ag comhlíonadh fheidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta.

(8) In aon imeachtaí dlí, aon deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag an Ombudsman Póilíneachta agus ina luafar go ndearna an tOmbudsman Póilíneachta, ar dháta sonraithe, feidhm shonraithe dá chuid nó dá cuid a tharmligean faoin alt seo chuig duine sonraithe agus ina sonrófar na srianta nó na coinníollacha (más ann) atá forchurtha maidir leis an tarmligean, is fianaise é, mura suífear a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite ann, gan a thuilleadh cruthúnais, lena n-áirítear cruthúnas ar shíniú an Ombudsman Póilíneachta.

Cumhacht an Ombudsman Póilíneachta chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a fhruiliú agus chun conarthaí a dhéanamh

180. (1) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe—

(a) cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhruiliú a mheasfaidh sé nó sí is gá chun cabhrú leis nó léi a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(b) conradh a dhéanamh le haon duine nó le haon chomhlacht maidir le haon ní a eascróidh i ndáil lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna.

(2) Íocfar as na hacmhainní atá faoina réir ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta, le sainchomhairleoirí, comhairleoirí, daoine nó comhlachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, cibé táillí (más ann) nó liúntais i leith caiteachais (más ann) a thabhóidh an sainchomhairleoir, an comhairleoir, an duine nó an comhlacht, de réir mar a bheidh,

agus a chinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(3) Maidir le sainchomhairleoir nó comhairleoir a ndéanfar é nó í a fhruiliú faoi *mhír (a) d'fho-alt (1)* agus maidir le conradh faoi *mhír (b)* den fho-alt sin, is go ceann cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an tOmbudsman Póilíneachta is cuí a bheidh siad.

Cúnamh speisialta

181. (1) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, d'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, socruithe a dhéanamh—

(a) i gcomhar le Coimisinéir an Gharda chun go ndéanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta comhaltaí incháilithe de phearsanra an Gharda a fhruiliú,

(b) i gcomhar le haon seirbhís póilíneachta nó le haon ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí lasmuigh den Stát chun go ndéanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta oifigigh phóilíneachta as an tseirbhís sin nó as an ngníomhaireacht sin a fhruiliú, nó

(c) i gcomhar le haon chomhlacht eile chun go ndéanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta daoine eile a fhruiliú.

(2) Féadfar, le socruithe faoi *fho-alt (1)*, socrú a dhéanamh go ndéanfar daoine a fhruiliú (ar conradh nó ar shlí eile) ar feadh tréimhse seirbhíse sealadaí le hOifig an Ombudsman Póilíneachta.

(3) Más rud é, maidir le duine—

(a) gur comhalta den Gharda Síochána, de sheirbhís póilíneachta eile, de ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí nó de chomhlacht eile é nó í,

(b) atá fruilithe faoin alt seo ar feadh tréimhse seirbhíse sealadaí le hOifig an Ombudsman Póilíneachta, agus

(c) atá sainainmnithe ag an Ombudsman Póilíneachta chun imscrúdú a sheoladh (de réir bhrí *Chuid 6*),

beidh aige nó aici, i ndáil leis an imscrúdú sin amháin, na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí a thugtar, agus na dualgais a fhorchuirtear, faoi *ailt 209* go *211*.

(4) Fad a mhairfidh tréimhse seirbhíse sealadaí de bhun socrú faoin alt seo—

(a) leanfar de chomhalta de phearsanra an Gharda a íoc mar chomhalta de phearsanra an Gharda ach ní bheidh sé nó sí faoi réir stiúradh ná rialú Choimisinéir an Gharda,

(b) measfar, maidir le seirbhís comhalta de phearsanra an Gharda le hOifig an Ombudsman Póilíneachta, gur seirbhís leis an nGarda Síochána chun críoch pinsin, ardaithe céime agus sinsearachta í, agus

(c) beidh comhalta den Gharda Síochána i dteideal cúiteamh a éileamh faoi Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 i leith díobhálacha a bhain dó nó di de dheasca teagmhas mailíseach de réir bhrí an Achta sin i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais le hOifig an Ombudsman Póilíneachta a chomhall, nó i ndáil le comhall na ndualgas sin, amhail is dá mba rud é nach raibh sé nó sí ar seirbhís den sórt sin agus gur

bhain na díobhálacha dó nó di i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais mar chomhalta den sórt sin a chomhall, nó i ndáil le comhall na ndualgas sin mar chomhalta den sórt sin.

(5) I gcás go ndearna Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána socrú faoi alt 74 d'Acht 2005 roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus go bhfuil an socrú i bhfeidhm díreach roimh an aisghairm sin, measfar go ndearnadh an socrú faoin alt seo a mhéid atá sé i bhfeidhm amhlaidh.

(6) San alt seo, ciallaíonn "comhalta incháilithe de phearsanra an Gharda"—

(a) comhalta de phearsanra an Gharda is ísle céim ná Coimisinéir an Gharda, agus

(b) comhalta d'fhoireann an Gharda,

a mbeidh tairiscint i scríbhinn déanta aige nó aici a bheith ar fáil le linn tréimhse shealadach shonraithe i gcomhair seirbhíse faoi shocrú faoin alt seo agus a mbeidh glactha ag Coimisinéir an Gharda lena thairiscint nó lena tairiscint.

Cumhacht an Ombudsman Póilíneachta chun comhaontuithe a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí nó le daoine nó comhlachtaí iomchuí eile lasmuigh den Stát

182. (1) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, le toiliú an Rialtais, comhaontú a dhéanamh le duine nó comhlacht iomchuí chun a éascú do gach páirtí sa chomhaontú a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh.

(2) Féadfar, le comhaontú faoi *fho-alt (1)*, socrú a dhéanamh—

(a) maidir le comhar idir na páirtithe,

(b) maidir le faisnéis a mhalartú idir na páirtithe, nó

(c) maidir le cibé nithe eile is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta.

(3) Faoi réir an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, de bhun na dtéarmaí a ghabhann le comhaontú faoi *fho-alt (1)* agus dá réir, faisnéis a sholáthar don pháirtí eile sa chomhaontú agus faisnéis a ghlacadh ón bpáirtí eile sa chomhaontú.

(4) I gcás go ndearna Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána comhaontú faoi alt 81A d'Acht 2005 le duine nó comhlacht iomchuí (de réir bhrí an ailt sin) roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus go bhfuil an comhaontú i bhfeidhm díreach roimh an aisghairm sin, measfar go ndearnadh an comhaontú faoin alt seo a mhéid atá sé i bhfeidhm amhlaidh.

(5) San alt seo, ciallaíonn "duine nó comhlacht iomchuí"—

(a) seirbhís póilíneachta nó gníomhaireacht forfheidhmithe dlí eile lasmuigh den Stát, nó

(b) duine nó comhlacht lasmuigh den Stát dá ndílsítear feidhmeanna faoi dhlí áite seachas an Stát atá coibhéiseach, nó atá comhchosúil, le feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile.

Caibidil 3

Rialachas agus cuntasacht an Ombudsman Póilíneachta

Creat rialachais Oifig an Ombudsman Póilíneachta

183. (1) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, a luaithe is indéanta tar éis *d'alt 170* teacht i ngníomh, creat (dá ngairtear "creat rialachais" san alt seo), ina mbeidh sracléiriú ar na nithe seo a leanas, a chur faoi bhráid an Aire—

(a) na treoirphrionsabail is infheidhme maidir le hOifig an Ombudsman Póilíneachta mar chomhlacht poiblí ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil le himscrúdú oscailte éifeachtach a dhéanamh ar ghearáin agus ar nithe eile i ndáil leis an nGarda Síochána,

(b) struchtúir bhainistíochta, eagraíochtúla agus rialachais Oifig an Ombudsman Póilíneachta, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí an Ombudsman Póilíneachta, an Leas-Ombudsman Póilíneachta agus an phríomh-oifigigh feidhmiúcháin,

(c) na próisis agus na treoirlínte a bheidh le leanúint ag an Ombudsman Póilíneachta chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile chun tuarascáil a thabhairt i ndáil leis na feidhmeanna, na hoibríochtaí nó nithe gaolmhara eile a fhorchuirtear ar an Ombudsman Póilíneachta leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, agus

(d) rialuithe inmheánacha Oifig an Ombudsman Póilíneachta, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá aici maidir le hiniúchtaí inmheánacha, le bainistiú priacail, leis an tsainfháil phoiblí, le tuairisciú airgeadais agus le nochtaí cosanta.

(2) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta an creat rialachais a athbhreithniú go tréimhsiúil agus ag cibé tráthanna a shonróidh an tAire agus déanfaidh sé nó sí an creat a athleasú de réir mar is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta an creat rialachais a athleasú, cuirfidh sé nó sí an creat athleasaithe faoi bhráid an Aire.

(4) Cinnteoidh an tOmbudsman Póilíneachta go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis an creat rialachais nó an creat rialachais athleasaithe a chur faoi bhráid an Aire, an creat sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó thar a ceann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta.

Ráiteas straitéise Oifig an Ombudsman Póilíneachta

184. (1) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i leith na tréimhse 3 bliana díreach tar éis na bliana ina ndéanfar an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire amhlaidh—

(a) a luaithe is indéanta tar éis *d'alt 170* teacht i ngníomh, agus

(b) dá éis sin, tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dhul in éag do gach tréimhse iardain 3 bliana tar éis an teacht i ngníomh sin agus tráth nach déanaí ná an tráth a rachaidh gach tréimhse iardain 3 bliana tar éis an teacht i ngníomh sin in éag.

(2) Maidir le ráiteas straitéise faoin alt seo—

(a) beidh ar áireamh ann cuspóirí fiorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an Ombudsman Póilíneachta, lena n-áirítear an úsáid a bhainfear as acmhainní i ndáil leis an tréimhse lena mbaineann an ráiteas, agus

(b) beidh ar áireamh ann, ach amháin i gcás an ráitis straitéise a ullmhófar den chéad uair faoin alt seo, athbhreithniú agus meastóireacht ar obair an Ombudsman Póilíneachta fad a bhaineann sí le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna sna 3 bliana roimhe sin.

(3) Agus ráiteas straitéise á ullmhú aige nó aici faoin alt seo, beidh aird ag an Ombudsman Póilíneachta ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla agus is éifeachtúla as acmhainní Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

(4) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, sula gcuirfidh sé nó sí ráiteas straitéise faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*—

(a) dréacht den ráiteas straitéise a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis nó léi,

(b) tréimhse 30 lá ón dáta foilsithe faoi *mhír (a)* a cheadú do dhaoine, ar tréimhse í ar laistigh di a dhéanfar uiríll i scríbhinn chuig an Ombudsman Póilíneachta maidir leis an dréacht den ráiteas straitéise, agus

(c) tar éis dó nó di na huiríll (más ann) arna ndéanamh de bhun *mhír (b)* a bhreithniú, an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire fara nó d'éagmais modhnuithe.

(5) Cuirfidh an tAire faoi deara ráiteas straitéise a bheidh faighte aige nó aici faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis é a fháil.

(6) Cinnteoidh an tOmbudsman Póilíneachta go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de ráiteas straitéise a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an ráiteas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó thar a ceann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta.

Tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha speisialta ón Ombudsman Póilíneachta

185. (1) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí nó ar a gníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin (dá ngairtear "tuarascáil bhliantúil" san alt seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Beidh ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil ráiteas faoi shocruithe an Ombudsman Póilíneachta chun creat rialachais Oifig an Ombudsman Póilíneachta a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis.

(3) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta tuarascálacha (dá ngairtear "tuarascáil speisialta" san alt seo), i dteannta tuarascáil bhliantúil, a chur faoi bhráid an Aire ar nithe is dóigh leis nó léi is cuí aird an Aire a tharraingt orthu agus atá tagtha ar iúl an Ombudsman Póilíneachta agus ar gá, ina thuairim nó ina tuairim, mar gheall ar thromaíocht na nithe nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla eile, tuarascáil speisialta a thabhairt don Aire ina dtaobh.

(4) Faoi réir *fho-alt (6)*, cuirfidh an tAire faoi deara cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó nó di í a fháil.

(5) Cinnteoidh an tOmbudsman Póilíneachta go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an tuarascáil arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó thar a ceann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta.

(6) Féadfaidh an tAire aon ní a eisiamh as an gcóip de thuarascáil faoin alt seo a bheidh le leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar ní é, ina thuairim nó ina tuairim—

(a) a dhéanfadh dochar do leasanna shlándáil an Stáit, nó

(b) a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó a d'fhéadfadh sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Caighdeáin chóirchuibhis, cóid eitice don Ombudsman Póilíneachta, don Leas-Ombudsman Póilíneachta, d'oifigigh don Ombudsman Póilíneachta, do chomhairleoirí nó do shainchomhairleoirí, etc.

186. (1) Agus feidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh aige nó aici, déanfaidh—

(a) an tOmbudsman Póilíneachta,

(b) an Leas-Ombudsman Póilíneachta,

(c) an príomh-oifigeach feidhmiúcháin,

(d) oifigeach don Ombudsman Póilíneachta,

(e) duine atá fruilithe ag an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 180* mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir,

(f) duine atá fruilithe ag an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 181*, nó

(g) faoi réir *fho-alt (2)*, fostaí nó conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *mír (e)*,

caighdeáin chuí chóirchuibhis, iompair agus cúraim i leith leas an phobail a choimeád.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le fostaí nó conraitheoir de chuid duine dá dtagraítear i *mír (e)* den fho-alt sin i leith na ndualgas fostaíochta nó i leith an chonartha, de réir mar a bheidh, agus ina leith sin amháin, a bhaineann leis na críocha ar chucu a rinne an tOmbudsman Póilíneachta an duine sin a fhruiliú.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, eiseoidh an tOmbudsman Póilíneachta cód eitice mar threoir do dhaoine lena mbaineann an fo-alt sin.

(4) Leagfar amach i gcód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* na caighdeáin chóirchuibhis agus iompair a bheidh le coimeád ag na daoine lena mbaineann sé le linn dóibh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(5) Aon duine lena mbaineann cód eitice den sórt sin arna eisiúint faoi *fho-alt (3)*, gníomhóidh sé nó sí de réir an chóid le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(6) Más rud é, maidir le duine, gur fostaí é nó í de chuid duine atá fruilithe ag an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 180* mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir, measfar go bhfolaítear lena théarmaí nó lena téarmaí agus lena choinníollacha nó lena coinníollacha na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfostóir faoi *fho-alt (5)*.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, a luaithe is indéanta tar éis cód eitice a eisiúint faoi *fho-alt (3)*, an cód a chur ar fáil do na daoine lena mbaineann *fo-alt (1)*.

(8) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cóip de chód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* a sholáthar do dhuine atá fruilithe aige nó aici mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir faoi *alt 180* agus déanfaidh an duine arna fhruiliú nó arna fruiliú amhlaidh an chóip sin a chur ar fáil dá fhostaithe nó dá fostaithe nó dá chonraitheoirí nó dá conraitheoirí lena mbaineann *fo-alt (1)(g)*.

(9) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cód eitice arna eisiúint faoin alt seo é, measfar, cheal fianaise ar a mhalairt, gurb é an cód sin é agus beidh sé inghlactha mar chód den sórt sin in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile.

(10) Aon fhoráil de chód eitice arna eisiúint faoi *fho-alt (3)* is dealraitheach do chúirt nó do bhinse eile a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí os comhair na cúirte nó an bhinse eile, de réir mar a bheidh, féadfaidh sí nó sé í a chur i gcuntas tráth a bheidh an cheist á cinneadh aici nó aige.

Cuntasacht i leith chuntais Oifig an Ombudsman Póilíneachta

187. (1) Beidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin ina oifigeach cuntasaíochta nó ina hoifigeach cuntasaíochta i ndáil le cuntais leithreasa Oifig an Ombudsman Póilíneachta chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998.

(2) Déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin, aon uair a cheanglóidh an Coiste um Chuntais Phoiblí air nó uirthi déanamh amhlaidh, fianaise ar na nithe seo a leanas a thabhairt dó:

(a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a gceanglaítear iad a thaifeadadh, in aon leabhar nó taifead cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;

(b) barainneacht agus éifeachtúlacht Oifig an Ombudsman Póilíneachta i dtaca lena hacmhainní a úsáid;

(c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann Oifig an Ombudsman Póilíneachta chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid oibríochtaí;

(d) aon ní a fhearann ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta agus dá dtagraítear—

(i) i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó

(ii) in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna leagan faoi bhráid Dháil Éireann sa mhéid go mbaineann an tuarascáil le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*.

(3) Ní dhéanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoi *fho-alt (2)*—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin,

(b) nithe a bhaineann le slándáil an Stáit a phlé,

(c) faisnéis, seachas faisnéis airgeadais, a sholáthar, is faisnéis a bhaineann le himscrúduithe coiriúla sonracha nó le hionchúisimh choiriúla shonracha seachas imscrúdú nó ionchúiseamh a bhaineann le hairgead nó le sócmhainní arb é nó í an príomh-oifigeach feidhmiúcháin an t-oifigeach cuntasaíochta maidir leis nó maidir leo, ná

(d) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

Duine iomchuí do fhreastal os comhair coistí Oireachtais eile

188. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, freastalóidh duine iomchuí os comhair coiste Oireachtais, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gcoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

(2) Ní cheanglófar ar dhuine iomchuí cuntas a thabhairt os comhair coiste Oireachtais ar aon ní atá, a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát.

(3) Déanfaidh duine iomchuí, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina thaobh os comhair coiste Oireachtais, an tuairim sin agus na cúiseanna atá leis an tuairim a chur in iúl don choiste.

(4) Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi *fho-alt (3)* a thabhairt don choiste Oireachtais, is i scríbhinn a thabharfar í mura dtabharfar í nuair a bheidh an duine iomchuí os comhair an choiste.

(5) Más rud é, ar thuairim an duine iomchuí ar an ní a bheith curtha in iúl dó, go dtabharfaidh an coiste Oireachtais breith gan an iarraidh uaidh i ndáil leis a ní a tharraingt siar, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (6)*, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní.

(6) Féadfaidh duine iomchuí nó an coiste Oireachtais iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte ar chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ach sin i gcás go ndéanfar an t-iarratas laistigh de 21 lá tar éis an dáta ar a ndéanfar breith an choiste gan an iarraidh uaidh a tharraingt siar a chur in iúl don duine iomchuí, agus sa chás sin amháin.

(7) Go dtí go ndéanfar iarratas faoi *fho-alt (6)* a chinneadh faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh an duine iomchuí os comhair an choiste Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(8) I gcás go gcinnfidh an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (5)* go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní, déanfaidh an coiste Oireachtais an iarraidh uaidh a tharraingt siar sa mhéid go mbaineann sí leis an ní, ach i gcás go gcinnfidh an Chúirt faoi *fho-alt (5)* nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, freastalóidh an duine iomchuí os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(9) Ní dhéanfaidh duine iomchuí, fad a bheidh dualgais á gcomhall aige nó aici faoin alt seo—

(a) ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin,

(b) nithe a bhaineann le slándáil an Stáit a phlé,

(c) faisnéis, seachas faisnéis airgeadais, a sholáthar, is faisnéis a bhaineann le himscrúduithe coiriúla sonracha nó le hionchúisimh choiriúla shonracha seachas imscrúdú nó ionchúiseamh a bhaineann le hairgead nó le sócmhainní arb é nó í an duine iomchuí an t-oifigeach cuntasaíochta maidir leis nó maidir leo, ná

(d) faisnéis a sholáthar, is faisnéis a bhféadfaí go n-éascófaí léi cion a dhéanamh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

(10) San alt seo, ciallaíonn "duine iomchuí" an tOmbudsman Póilíneachta nó an príomh-oifigeach feidhmiúcháin.

Díolúine agus slánú

189. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leo seo a leanas—

(a) an tOmbudsman Póilíneachta nó an t-iarOmbudsman Póilíneachta,

(b) an Leas-Ombudsman Póilíneachta nó an t-iarLeas-Ombudsman Póilíneachta, agus

(c) oifigeach don Ombudsman Póilíneachta nó iaroifigeach don Ombudsman Póilíneachta.

(2) Ní bheidh duine lena mbaineann an t-alt seo faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith aon ghníomh a rinne sé nó sí nó a d'fhág sé nó sí gan déanamh i gcomhlíonadh, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, mura de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann.

(3) Déanfaidh an Stát, faoi réir fhorálacha aon achtacháin nó rialach dlí, duine lena mbaineann an t-alt seo a shlánú i leith aon ghníomh a rinne an duine nó a d'fhág an duine gan déanamh i gcomhlíonadh, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, mura de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh.

Caibidil 4

Ilghnéitheach (Cuid 5)

Pribhléid shrianta i leith ráitis agus foilseacháin áirithe

190. (1) Maidir le ráiteas a dhéanfaidh siad seo a leanas in aon fhoirm agus gan mhailís i rith plé ag cruinniú den Ombudsman Póilíneachta—

(a) an tOmbudsman Póilíneachta,

(b) an Leas-Ombudsman Póilíneachta,

(c) oifigeach don Ombudsman Póilíneachta, nó

(d) duine a bheidh ag freastal ar an gcruinniú ar iarraidh a fháil ón Ombudsman Póilíneachta, ón Leas-Ombudsman Póilíneachta nó ó oifigeach don Ombudsman Póilíneachta,

beidh sé faoi phribhléid chun críocha dhlí an chlúmhillte.

(2) Chun críocha dhlí an chlúmhillte, beidh aon fhoilsiú iardain a dhéanfar gan mhailís ar ráiteas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* faoi phribhléid.

(3) I gcás gur gan mhailís a rinneadh na ráitis i ndoiciméad de chuid an Ombudsman Póilíneachta, an Leas-Ombudsman Póilíneachta nó aon oifigigh don Ombudsman Póilíneachta, nó i dtuarascáil ón gcéanna, beidh aon fhoilsiú iardain ar an doiciméad nó ar an tuarascáil faoi phribhléid chun críocha dhlí an chlúmhillte.

(4) Chun críocha an ailt seo, aon ráiteas arna dhéanamh ag duine a bhfuil feidhm tarmligthe chuige nó chuici faoi *alt 179*, nó aon doiciméad nó aon tuarascáil ó dhuine den sórt sin, measfar ina leith—

(a) gur ráiteas é arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta, nó

(b) gur doiciméad de chuid an Ombudsman Póilíneachta é, nó gur tuarascáil arna déanamh ag an Ombudsman Póilíneachta í,

i gcás go mbaineann an ráiteas, an doiciméad nó an tuarascáil, de réir mar a bheidh, le comhlíonadh na feidhme tarmligthe.

Rúndacht faisnéise a gheobhaidh an tOmbudsman Póilíneachta

191. (1) Aon duine—

(a) ba chomhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,

(b) arb é nó í nó arbh é nó í an tOmbudsman Póilíneachta, an Leas-Ombudsman Póilíneachta nó an príomh-oifigeach feidhmiúcháin,

(c) b'oifigeach do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,

(d) is oifigeach nó b'oifigeach don Ombudsman Póilíneachta,

(e) atá nó a bhí faoi chonradh le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nó leis an Ombudsman Póilíneachta nó atá nó a bhí fruilithe ag an gcéanna, nó

(f) atá nó a bhí ina fhostaí nó ina fostaí nó ina chonraitheoir nó ina conraitheoir de chuid duine lena mbaineann *mír (e)*,

ní nochtfaidh sé nó sí, sa Stát ná lasmuigh de, mura gceanglaítear air nó uirthi nó mura gceadaítear dó nó di le dlí nó mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an Ombudsman Póilíneachta ar mhaithe lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur chun cinn, aon fhaisnéis a bheidh faighte aige nó aici i gcúrsa na dualgais a ghabhann le hoifig, fostaíocht, conradh nó socrú eile an duine sin le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nó le hOifig an Ombudsman Póilíneachta, de réir mar a bheidh, a chomhall cibé acu a bheidh an fhaisnéis faighte roimh aisghairm Acht 2005 le *halt 5* nó dá éis sin, i gcás gur dóigh go mbeidh éifeacht dhochrach leis an nochtadh sin agus gurb eol don duine, nó go gcreideann sé nó sí, gur dóigh go mbeidh éifeacht den sórt sin leis an nochtadh.

(2) Chun críoch an ailt seo, is dóigh go mbeidh éifeacht dhochrach le nochtadh faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i gcás gur dóigh—

(a) go n-éascófar leis cion a dhéanamh,

(b) go ndéanfaidh sé dochar do shlánchoimeád duine atá faoi choimeád dleathach,

(c) go gcuirfidh sé bac ar chion a chosc, a bhrath nó a imscrúdú,

(d) go gcuirfidh sé bac ar ghabháil nó ionchúiseamh ciontóra amhrasta,

(e) go gcuirfidh sé bac ar imscrúdú faoi *Chuid 6* nó go ndéanfaidh sé dochar ar shlí eile do chomhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta,

(f) go mbeidh de thoradh air go ndéanfar duine a chéannú—

(i) is gearánach (de réir bhrí *Chuid 6*),

(ii) is ábhar do ghearán, nó

(iii) is ábhar d'aon ní atá á imscrúdú ag an Ombudsman Póilíneachta nó ag an nGarda Síochána,

i gcás nach bhfuil a chéannacht nó a céannacht ar eolas ag an bpobal tráth an nochta,

(g) go mbeidh de thoradh air go bhfoilseofar faisnéis—

(i) a bhaineann le duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, *(ii)* nó *(iii)* de *mhír (f)* nó a thug fianaise don Ombudsman Póilíneachta nó don Gharda Síochána, agus

(ii) de chineál a d'fhágfadh gur dhóigh, dá bhfoilseofaí í, go gcuirfí drogall ar an duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó ar aon duine eile, gearán a thuairisciú nó fianaise a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta nó don Gharda Síochána,

(h) go mbeidh de thoradh air go bhfoilseofar faisnéis phearsanta (de réir bhrí an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014) a bhaineann le duine agus gurb ionann é sin agus sárú tromchúiseach gan údar ar cheart an duine sin chun príobháideachta,

(i) go scaoilfidh sé faisnéis a bheidh curtha ar fáil ar mhodh rúin ag stát eile, ag eagraíocht idirnáisiúnta, ag seirbhís póilíneachta eile nó ag seirbhís faisnéiseachta, nó

(j) go ndéanfaidh sé dochar do chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit nó do leasanna an Stáit amuigh as an Stát, lena n-áirítear caidreamh agus leasanna i leith Thuaisceart Éireann.

(3) Chun críoch an ailt seo, toimhdeofar, mura gcruthófar a mhalairt, gurb eol do dhuine gur dhóigh go mbeadh éifeacht dhochrach le nochtadh faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* dá mbeadh duine réasúnach, sna himthosca go léir, ar an eolas go bhféadfadh an éifeacht sin a bheith le nochtadh na faisnéise sin.

(4) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is cosaint é a shuíomh maidir leis an nochtadh—

(a) go ndearnadh é—

(i) don Aire,

(ii) don Ard-Aighne,

(iii) don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

(iv) don Phríomh-Aturnae Stáit,

(v) don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla,

(vi) don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó d'fhoireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

(vii) do Choimisinéir an Gharda,

(viii) don Údarás,

(ix) do na Coimisinéirí Ioncaim,

(x) don Ghníomhaireacht Stáit um Éilimh,

(xi) don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,

(xii) do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas i gcás gurb iomchuí déanamh amhlaidh i ndáil le comhall cuí fheidhmeanna an chomhalta sin,

(xiii) do chúirt, nó

(xiv) do bhinse arna cheapadh faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011, do choimisiún imscrúdúcháin arna bhunú faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, nó do choiste (de réir bhrí alt 2 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013) chun críoch fiosrúcháin de chuid Chuid 2 (de réir bhrí an ailt sin) faoin Acht sin,

(b) go ndearnadh é faoi *Chuid 6* do dhuine—

(i) i ndáil le gearán a rinne an duine, nó

(ii) i ndáil le himscrúdú a bhaineann leis an duine,

(c) go ndearnadh é i gcúrsa, agus de réir, na ndualgas a ghabhann le hoifig nó fostaíocht an duine sin nó i gcúrsa, agus de réir, a dhualgas nó a dualgas faoi chonradh nó faoi shocrú eile chun obair a dhéanamh leis an Ombudsman Póilíneachta nó dó nó di, nó

(d) gur chreid an duine a rinne an nochtadh, le réasún, gur ceanglaíodh nó gur ceadaíodh an nochtadh le dlí, go raibh an nochtadh údaraithe go cuí ag an Ombudsman Póilíneachta ar mhaithe lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur chun cinn nó go ndearnadh an nochtadh de réir *mhír (a)*, *(b)* nó *(c)*.

(5) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* agus a gheobhaidh aon bhronntanas, aon chomaoin nó aon bhuntáiste mar aslú chun an fhaisnéis lena mbaineann an sárú a nochtadh nó mar luaíocht as nochtadh na faisnéise sin nó ar shlí eile de thoradh an nochtadh sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €75,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, ní gá a chruthú go raibh éifeacht dhochrach leis an nochtadh.

(8) Maidir le forálacha an ailt seo, is forálacha iad i dteannta, agus ní forálacha iad in ionad, fhorálacha Acht 1963.

Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

192. (1) Déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin, i leith gnáthbhliain airgeadais de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nó cibé tréimhse eile a shonróidh an tAire faoi *fho-alt (3)*, cuntais de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (dá ngairtear "cuntais chríochnaitheacha" san alt seo) a ullmhú.

(2) Déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin na cuntais chríochnaitheacha a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchóireacht a dhéanamh orthu tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don alt seo teacht i ngníomh agus, díreach tar éis na hiniúchóireachta, déanfar cóip de na cuntais agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire tréimhse is faide nó is giorra ná gnáthbhliain airgeadais de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a shonrú.

(4) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta an tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach i gcomhair Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a ullmhú agus an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don alt seo teacht i ngníomh.

(5) Beidh feidhm ag *fo-ailt (4)* agus *(5) d'alt 185* maidir le cóip de na cuntais chríochnaitheacha, leis an tuarascáil faoi *fho-alt (2)* ar na cuntais sin agus leis an tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach faoi *fho-alt (4)* mar atá feidhm acu maidir le tuarascáil faoin alt sin fara aon mhodhnuithe is gá.

CUID 6

Gearáin, Imscrúduithe agus nithe eile

Caibidil 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 6)

Léiriú (*Cuid 6*)

193. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn "anúsáid cumhachta chun críche gnéasaí" aon iompraíocht ar thaobh comhalta de phearsanra an Gharda lena mbaintear leas as a phost nó as a post mar chomhalta den sórt sin chun mí-úsáid a bhaint as a phost nó as a post, as an údarás nó as na cumhachtaí atá aige nó aici chun críche gnéasaí nó chun caidreamh mothúchánach míchóir a bheith aige nó aici le haon duine eile;

ciallaíonn "Acht 2014" an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014;

ciallaíonn "gearán inghlactha", seachas in *alt 228(2)*, gearán a gcinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta ina leith de réir *alt 198* go bhfuil sé inghlactha;

tá le "liosta formheasta" an bhrí a shanntar dó le *halt 200(3)*;

ciallaíonn "gearánach" duine a dhéanann gearán faoi *alt 196(1)*;

ciallaíonn "cúirtealáiste", i ndáil le háitreabh Garda Síochána, limistéar atá mórthimpeall ar an áitreabh sin, nó le hais an áitribh sin, a úsáidtear i dteannta an áitribh sin seachas aon chuid den limistéar sin arb áit phoiblí í;

ciallaíonn "imeachtaí dífhostúcháin" aon bhearta a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda a dhéanamh de bhun *alt 48*, *50(3)* nó *51*;

folaíonn "Coimisinéir an Gharda" Leas-Choimisinéir den Gharda, nó Coimisinéir Cúnta den Gharda, a mbeidh feidhmeanna Choimisinéir an Gharda á gcomhlíonadh aige nó aici faoi *alt 28*;

ciallaíonn "áitreabh Garda Síochána" aon áitreabh, nó aon chuid d'áitreabh, ina bhfuil comhalta de phearsanra an Gharda ar stáisiún nó chuig a bhfuil comhalta de phearsanra an Gharda sannta, lena n-áirítear—

(a) cúirtealáiste an áitribh sin, agus

(b) aon cheann díobh seo a leanas atá in úsáid ag comhalta den sórt sin i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais a chomhall—

(i) feithicil, cibé acu is feithicil inneallghluaiste í nó nach ea,

(ii) soitheach, cibé acu is soitheach farraige é nó nach ea,

(iii) aerárthach, cibé acu inoibrithe nó neamh-inoibrithe, nó

(iv) sciorrárthach;

ciallaíonn "teagmhas is ábhar imní", i ndáil le comhalta de phearsanra an Gharda, aon ghníomh nó neamhghníomh—

(a) nach ábhar agus nárbh ábhar do ghearán nó do tharchur faoi *alt 203(1)*, agus

(b) a bhfuil líomhain déanta i ndáil leis i leith an duine—

(i) atá ag fónamh mar chomhalta de phearsanra an Gharda, nó

(ii) tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann, ar chomhalta de phearsanra an Gharda é nó í,

go mb'fhéidir go ndearna sé nó sí—

(I) cion, nó

(II) é féin nó í féin a iompar ar mhodh arb ionann é agus mí-iompar infhógartha;

ciallaíonn "imscrúdú", i ndáil le himscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta, seachas in *alt 227*, imscrúdú faoi *alt 208*;

tá le "comhaltaí de phearsanra an Gharda" an bhrí a shanntar dó le *halt 44* ach ní fholaíonn sé an duine atá ag fónamh mar Choimisinéir an Gharda;

ciallaíonn "mí-iompar"—

(a) i ndáil le hiompar comhalta den Gharda Síochána—

(i) a tharlaíonn tar éis *d'alt 257* teacht i ngníomh, gur sháraigh an comhalta na caighdeáin iompraíochta gairmiúla, agus

(ii) a tharlaíonn roimh theacht i ngníomh *d'alt 257*, iompar ar shárú araíonachta de réir bhrí Chuid 4 d'Acht 2005 a bheadh ann an tráth a tharla sé,

agus

(b) i ndáil le hiompar comhalta d'fhoireann an Gharda, gur sháraigh an comhalta na caighdeáin iompraíochta gairmiúla;

ciallaíonn "mí-iompar infhógartha" mí-iompar—

(a) a d'fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh, agus

(b) ar de chineál é a bheidh forordaithe ag an Aire faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn "imeachtaí feidhmíochta"—

(a) i ndáil le comhalta den Gharda Síochána, bearta a dhéanamh i ndáil leis an gcomhalta faoi na Rialacháin Feidhmíochta, agus

(b) i ndáil le comhalta d'fhoireann an Gharda, bearta a dhéanamh i ndáil leis an gcomhalta faoi aon bheartas lena mbaineann tearcfheidhmíocht comhalta den sórt sin a bhainistiú;

ciallaíonn "prótacail" na prótacail arna gcomhaontú de bhun *alt 223*;

ciallaíonn "Rialacháin 1987" na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 (I.R. Uimh. 119 de 1987);

tá le "socruithe iomchuí" an bhrí a shanntar dó le *halt 201(1)*;

ciallaíonn "díobháil thromchúiseach", i ndáil le duine—

(a) gortú don duine—

(i) is bun le priacal substaintiúil báis,

(ii) is cúis le máchailiú tromchúiseach, nó

(iii) is cúis le luaineacht an choirp ina iomláine nó feidhm aon bhaill nó orgáin áirithe den chorp a chailleadh nó a lagú go substaintiúil,

(b) gur íospartach ciona ghnéasaigh é nó í, nó

(c) gur íospartach anúsáide cumhachta chun críche gnéasaí é nó í;

tá le "cion gnéasach" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001;

déanfar "oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána", i ndáil le gearán, a fhorléiriú de réir *alt 199(2)*.

(2) Faoi réir *alt 252(2)*, déanfaidh an tAire, faoi threoir na nithe seo a leanas—

(a) cineál nó tromaíocht an mhí-iompair,

(b) sinsearacht ó thaobh céim nó grád comhalta de phearsanra an Gharda,

(c) an cineál dualgas a shanntar do chomhalta de phearsanra an Gharda lena ngabháil de láimh, nó

(d) a thábhachtaí atá sé go gcoimeádfaí an mhuinín atá ag an bpobal as na socruithe atá ann chun imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí gur mhí-iompair comhalta de phearsanra an Gharda é féin nó í féin,

cineálacha iompair a fhorordú chun críocha *mhír (b)* den mhíniú ar "mí-iompar infhógartha".

(3) Folóidh tagairt sa Chuid seo do ghearán inghlactha tagairt do ghearán a gcinnfear ina leith go bhfuil sé inghlactha tar éis athbhreithniú faoi *alt 224*.

(4) Aon tagairt sa Chuid seo d'imscrúdú ar ghearán, folóidh sí tagairt do ghearán nach bhfuil an t-imscrúdú a dhéanfar air le scor de dheasca athbhreithniú faoi *alt 224*.

Feidhm na Coda seo

194. (1) Ní bheidh comhalta d'fhoireann an Gharda ina ábhar nó ina hábhar do ghearán ná d'imscrúdú faoin gCuid seo go dtí cibé tráth a bheidh ordú déanta ag an Aire chun críocha *alt 54(5)*.

(2) Ní mheasfar go gcuireann aon ní sa Chuid seo teorainn leis an méid seo a leanas—

(a) cumhacht an Aire faoi *alt 30*,

(b) cumhacht an Rialtais faoi *alt 31*, ná

(c) cumhacht Choimisinéir an Gharda faoi *alt 48*, *50(3)* nó *51*.

Caibidil 2

Gearáin, imscrúduithe agus nithe eile

Gearáin ó dhaoine den phobal

195. (1) Féadfaidh na daoine seo a leanas gearán a dhéanamh:

(a) duine iomchuí den phobal a ndearna an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don ghearán difear díreach dó nó di, nó b'fhinné ar an ngníomh nó ar an neamhghníomh;

(b) duine atá ag gníomhú thar ceann duine iomchuí den phobal lena mbaineann *mír (a)*, más rud é—

(i) go dtoilíonn an duine iomchuí den phobal i scríbhinn nó ó bhéal leis an ngearán a dhéanamh, nó

(ii) go gcreideann an duine atá ag gníomhú amhlaidh, mar gheall ar aois an duine iomchuí den phobal nó ar bhail choirp nó mheabhrach an duine iomchuí den phobal, go bhfuil an duine sin neamhinniúil ar an toiliú dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* a thabhairt,

agus go measann an tOmbudsman Póilíneachta, mar gheall ar chaidreamh an duine (lena n-áirítear caidreamh gairmiúil) leis an duine iomchuí den phobal, agus an tsuim atá aige nó aici i gcearta agus leas an duine iomchuí den phobal, gur duine oiriúnach é nó í chun gearán den sórt sin a dhéanamh.

(2) I gcás go ndéanfaidh duine lena mbaineann *mír (b) d'fho-alt (1)* gearán thar ceann duine iomchuí den phobal, déanfar aon cheanglas sa Chuid seo chun fógra a thabhairt don ghearánach i dtaobh aon ní a fhorléiriú mar cheanglas chun fógra a thabhairt don duine sin.

(3) I gcás go ndéanfaidh duine lena mbaineann *mír (a) d'fho-alt (1)* gearán agus gur leanbh atá idir 16 bliana agus 18 mbliana d'aois an duine, féadfar déileáil leis an ngearán amhail is gur gearán arna dhéanamh ag duine lánaoise an gearán agus ní bheidh gá le toiliú a fháil ó thuismitheoir an linbh ná ó chaomhnóir an linbh.

(4) San alt seo, ciallaíonn "duine iomchuí den phobal" duine seachas—

(a) an duine atá ag fónamh mar Choimisinéir an Gharda,

(b) comhalta den Gharda Síochána, nó

(c) comhalta d'fhoireann an Gharda, sa mhéid go mbaineann an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar do ghearán lena fhostaíocht nó lena fostaíocht mar chomhalta den sórt sin.

Gearáin a dhéanamh, a thaifeadadh, etc.

196. (1) Faoi réir *alt 198*, féadfaidh duine lena mbaineann *mír (a)* nó *(b) d'alt 195(1)* gearán a bhaineann le haon ghníomh nó le haon neamhghníomh ar thaobh comhalta de phearsanra an Gharda a dhéanamh leo seo a leanas—

(a) an tOmbudsman Póilíneachta, nó

(b) an Garda Síochána.

(2) Féadfar gearán arna dhéanamh faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)* a dhéanamh leo seo a leanas—

(a) Coimisinéir an Gharda,

(b) comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort,

(c) comhalta d'fhoireann an Gharda, is comhalta atá ar ghrád atá comhionann leis an gcéim, nó is airde ná an chéim, arb éard í ceannfort, nó

(d) comhalta de phearsanra an Gharda i stáisiún Garda Síochána.

(3) Faoi réir *fho-alt (9)*, déanfar gearán arna dhéanamh faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)* a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta gan mhoill.

(4) Cinnteoidh an tOmbudsman Póilíneachta go bhfuil socruithe cuí ar bun—

(a) chun gearáin arna ndéanamh faoi *mhír (a) d'fho-alt (1)* a ghlacadh agus a thaifeadadh agus chun a admháil go bhfuarthas iad, agus

(b) chun tarchur gearán faoi *fho-alt (3)* a thaifeadadh.

(5) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go bhfuil socruithe cuí ar bun—

(a) chun gearáin arna ndéanamh faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)* a ghlacadh agus a thaifeadadh agus chun a admháil go bhfuarthas iad, agus

(b) chun tarchur gearán chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (3)* a thaifeadadh.

(6) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis don alt seo teacht i ngníomh agus i gceann cibé eatraimh bhreise is cuí leis nó léi, oibriú an ailt seo a athbhreithniú sa mhéid go gceanglaítear leis gearáin arna bhfáil ag an nGarda Síochána faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)* a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (3)*.

(7) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Ombudsman Póilíneachta, le Coimisinéir an Gharda agus leis an Údarás d'fhonn athbhreithniú a sheoladh faoi *fho-alt (6)*.

(8) Más rud é, de dhroim athbhreithniú faoi *fho-alt (6)*, go measann an tAire nach gá, mar gheall ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta chun gearáin a réiteach agus mar gheall ar an muinín atá ag an bpobal as na nósanna imeachta sin, gearáin arna bhfáil ag an nGarda Síochána a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta i ngach cás, féadfaidh an tAire, faoi réir *alt 252(2)*, le hordú, catagóir nó catagóirí gearán atá ar áireamh ar an liosta formheasta a shonrú chun bheith ina catagóir nó ina gcatagóirí gearán nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (3)* maidir léi nó leo.

(9) I gcás go ndéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (8)*, aon ghearán a thagann faoi réim catagóir a bheidh sonraithe san ordú, déanfar é a bhreithniú de réir na socruithe iomchuí.

Teorainneacha ama chun gearáin a dhéanamh

197. (1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(4)*, déanfar gearán laistigh den tréimhse 12 mhí dar tosach dáta an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán.

(2) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta fadú a údarú ar an tréimhse ama faoi *fho-alt (1)* chun gearán a dhéanamh i gcás go measfaidh sé nó sí go bhfuil cúis mhaith ann é sin a dhéanamh.

(3) Déanfar údarú faoi *fho-alt (2)* a thaifeadadh i scríbhinn.

(4) Measfar gearán a bheith déanta nuair a bheidh sé faighte acu seo a leanas—

(a) i gcás go bhfuil feidhm ag *alt 196(1)(a),* an tOmbudsman Póilíneachta, agus

(b) i gcás go bhfuil feidhm ag *alt 196(1)(b),* an Garda Síochána.

(5) In aon imeachtaí dlí, aon doiciméad a airbheartóidh gur údarú arna thabhairt faoi *fho-alt (2)* é nó aon chóip d'údarú den sórt sin a airbheartóidh a bheith sínithe ag an Ombudsman Póilíneachta, nó thar ceann an Ombudsman Póilíneachta, is fianaise é nó í, mura suífear a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite ann nó inti, gan a thuilleadh cruthúnais, lena n-áirítear cruthúnas ar shíniú an Ombudsman Póilíneachta, nó ar shíniú duine eile a bheidh údaraithe chun an t-údarú a thabhairt thar ceann an Ombudsman Póilíneachta.

Inghlacthacht gearán a chinneadh

198. (1) Faoi réir an ailt seo, déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, ar ghearán arna dhéanamh fúthu seo a leanas a fháil—

(a) *alt 196(1)(a),* nó

(b) *fo-alt (1)(b) d'alt 196* agus arna tharchur chuige nó chuici de réir *fho-alt (3)* den alt sin,

cinneadh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an gearán inghlactha.

(2) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige nó aici i dtaobh an amhlaidh go bhfuil gearán inghlactha, aon fhaisnéis i ndáil leis an ngearán a bhreithniú, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar mar fhreagairt d'aon fhiosrúchán arna dhéanamh de bhun *fho-alt (9)*.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, beidh gearán inghlactha más rud é—

(a) gur duine lena mbaineann *mír (a)* nó *(b) d'alt 195(1)* a rinne é,

(b) go ndearnadh é laistigh den tréimhse ama a shonraítear faoi *fho-alt (1) d'alt 197* nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse ama sin a údaraítear faoi *fho-alt (2)* den alt sin, agus

(c) go mbaineann sé le gníomh nó le neamhghníomh a rinne duine a bhí, an tráth a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann, ina chomhalta nó ina comhalta de phearsanra an Gharda.

(4) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní bheidh na gearáin seo a leanas inghlactha:

(a) gearán atá suaibhreosach, cráiteach nó a dhéantar de mheon mímhacánta;

(b) gearán nach bhfuil substaint ná dóthain faisnéise ann chun gur chóir gníomh breise a dhéanamh faoin gCuid seo;

(c) gearán a bhaineann sé le stiúradh agus rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda;

(d) gearán a bhaineann le gníomh nó le neamhghníomh a rinne comhalta den Gharda Síochána nuair nach raibh an comhalta ar dualgas, mura rud é gur dhóigh go dtarraingeodh an gníomh nó an neamhghníomh a líomhnaítear míchlú ar an nGarda Síochána dá gcruthófaí é;

(e) gearán a bhaineann le gníomh nó le neamhghníomh a rinne comhalta d'fhoireann an Gharda nuair nach raibh an comhalta d'fhoireann an Gharda ar dualgas;

(f) gearán nach bhfuil sé indéanta le réasún gníomh breise a dhéanamh ina leith faoin gCuid seo.

(5) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta a chinneadh go bhfuil gearán neamh-inghlactha i gcás gur deimhin leis nó léi maidir leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh lena mbaineann an gearán, gurb é, nó gurb é go substaintiúil, an gníomh nó an neamhghníomh céanna é ab ábhar—

(a) do ghearán a cinneadh roimhe sin faoin gCuid seo nó faoi Chuid 4 d'Acht 2005, nó

(b) d'imscrúdú a gabhadh de láimh roimhe sin faoin gCuid seo nó faoi Chuid 4 d'Acht 2005.

(6) Féadfaidh gearán a bheith inghlactha d'ainneoin nach ndéantar an comhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don ghearán a chéannú ann.

(7) Aon ghearán a bhaineann le duine ba chomhalta de phearsanra an Gharda, ní bheidh sé neamh-inghlactha de bhíthin amháin—

(a) nach comhalta an duine a thuilleadh tráth déanta an ghearáin, nó

(b) go mbeidh an duine tar éis dul ar scor ón nGarda Síochána nó tar éis éirí as an nGarda Síochána aon tráth tar éis an gearán a bheith déanta.

(8) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (4)* ar an Ombudsman Póilíneachta a chinneadh go bhfuil cuid de ghearán inghlactha.

(9) D'fhonn cinneadh a dhéanamh faoin alt seo, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cibé fiosrúcháin is cuí leis nó léi a dhéanamh.

(10) I gcás go gcinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta de réir an ailt seo go bhfuil gearán neamh-inghlactha, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra a thabhairt don ghearánach faoina chinneadh nó faoina cinneadh agus an chúis atá leis an gcinneadh a áireamh san fhógra, agus

(b) i gcás go ndearnadh an gearán a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 196(3)*, fógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda faoina chinneadh nó faoina cinneadh agus an chúis atá leis an gcinneadh a áireamh san fhógra.

(11) Gan dochar do *mhír (b) d'fho-alt (10)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil cúis mhaith lena dhéanamh, fógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda faoi aon chinneadh arna dhéanamh de réir an ailt seo á rá go bhfuil gearán neamh-inghlactha agus an chúis atá leis an gcinneadh agus aon fhaisnéis nó aon doiciméid is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta a áireamh san fhógra.

Gearáin inghlactha

199. (1) I gcás go gcinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta de réir *alt 198* go bhfuil gearán inghlactha, cinnfidh sé nó sí an amhlaidh, maidir leis an ngearán—

(a) go bhfuil sé oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána, nó

(b) gur chóir imscrúdú a dhéanamh dá dheasca.

(2) Más rud é—

(a) go dtagann gearán faoi réim catagóir gearán a sonraíodh ar an liosta formheasta tráth a dhéanta, agus

(b) nach bhfuil imthosca speisialta ar bith ann a d'fhágfadh gur chóir imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán,

déileálfar leis an ngearán mar ghearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána de réir na socruithe iomchuí.

(3) D'fhonn cinneadh a dhéanamh faoin alt seo, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cibé fiosrúcháin is cuí leis nó léi a dhéanamh.

(4) I gcás go gcinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta faoi *mhír (a) d'fho-alt (1)* go bhfuil gearán oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta—

(a) fógra a thabhairt don ghearánach faoina chinneadh nó faoina cinneadh,

(b) faisnéis i ndáil leis na socruithe iomchuí a áireamh san fhógra faoi *mhír (a)*, agus

(c) an gearán, mar aon le haon fhaisnéis nó le haon doiciméid as fiosrúcháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (3)* nó faoi *alt 198(9)* nó arna soláthar de bhun iarraidh faoi *alt 217*, a tharchur chuig an nGarda Síochána lena réiteach ag an nGarda Síochána de réir na socruithe iomchuí.

(5) I gcás go gcinnfidh an tOmbudsman Póilíneachta faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)* gur chóir imscrúdú a dhéanamh de dheasca gearáin, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra a thabhairt don ghearánach agus do Choimisinéir an Gharda faoina chinneadh nó faoina cinneadh,

(b) i gcás go ndearnadh an gearán leis an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 196(1)(a),* cóip den ghearán a áireamh san fhógra do Choimisinéir an Gharda faoi *mhír (a),* agus

(c) faoi réir *fho-alt (6)*, fógra a thabhairt, i gcás gurb eol don Ombudsman Póilíneachta an comhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don ghearán, nó ar an Ombudsman Póilíneachta do theacht ar an eolas sin, don chomhalta sin agus cineál an ghearáin, ainm an ghearánaigh agus, más infheidhme, ainm an duine ar thar a cheann nó thar a ceann a rinneadh an gearán a shonrú san fhógra.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, i gcás go bhfuil cúis mhaith ag an Ombudsman Póilíneachta lena dhéanamh, féadfaidh sé nó sí fógra faoi *mhír (c) d'fho-alt (5)* a iarchur.

(7) Maidir le fógra faoi *mhír (c) d'fho-alt (5)* a bheidh iarchurtha faoi *fho-alt (6)*, ní bheidh feidhm ag an iarchur ach amháin a fhad a bheidh cúis mhaith leis an iarchur sin agus i gcás nach mbeidh cúis mhaith ann a thuilleadh, tabharfar an fógra a luaithe is indéanta.

(8) Cuirfidh an tOmbudsman Póilíneachta na nithe seo a leanas in iúl do Choimisinéir an Gharda—

(a) breith faoi *fho-alt (6)* chun fógra faoi *mhír (c) d'fho-alt (5)* a iarchur, lena n-áirítear an chúis go ndéanfar amhlaidh, agus

(b) fógra arna thabhairt do chomhalta de phearsanra an Gharda faoi *mhír (c) d'fho-alt (5)* i gcás nach ann a thuilleadh don chúis a d'fhág go ndearnadh an fógra a iarchur faoi *fho-alt (6)*.

Catagóirí gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána

200. (1) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, dréachtliosta de chatagóirí gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána faoin gCuid seo (dá ngairtear "dréachtliosta" san alt seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Ní áireofar catagóirí gearán ar dhréachtliosta—

(a) i gcás, maidir leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh a bhfuil gearán déanta ina leith, gur chion coiriúil a bheadh ann dá gcruthófaí é,

(b) i gcás, maidir leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh a bhfuil gearán déanta ina leith, gur shárú ar na caighdeáin iompraíochta gairmiúla a bheadh ann, dá gcruthófaí é, agus a d'fhágfadh go bhféadfaí an comhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don ghearán a dhífhostú as an nGarda Síochána, nó

(c) is catagóirí gearán a bhaineann le himscrúdú ar bhás duine, nó ar dhíobháil thromchúiseach do dhuine, de thoradh oibríochtaí de chuid an Gharda Síochána nó le linn dó nó di a bheith faoi chúram nó faoi choimeád an Gharda Síochána.

(3) Déanfaidh an tAire, faoi réir cibé modhnuithe is cuí leis nó léi, an dréachtliosta arna chur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (1)* a fhormheas mar an liosta arb éard é na catagóirí gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána faoin gCuid seo (dá ngairtear an "liosta formheasta" sa Chuid seo).

(4) Déanfaidh an tAire, sula ndéanfaidh sé nó sí dréachtliosta a fhormheas faoi *fho-alt (3)*, breithniú i dtaobh an gcomhlíontar *fo-alt (2)* leis agus, maidir leis na catagóirí atá air, an nithe iad nach bhfuil tromchúiseach go leor chun gur chóir don Ombudsman Póilíneachta imscrúdú a dhéanamh.

(5) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, a bheartú leasuithe a dhéanamh ar an liosta formheasta ag féachaint don taithí atá ag an Ombudsman Póilíneachta agus ag an nGarda Síochána ar oibriú na Coda seo.

(6) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta leasú atá beartaithe faoi *fho-alt (5)* a chur faoi bhráid an Aire lena fhormheas ag an Aire.

(7) Beidh feidhm ag *fo-ailt (3)* agus *(4)*, fairis na modhnuithe is gá, i leith leasú atá beartaithe faoi *fho-alt (5)*.

(8) Foilseoidh an tOmbudsman Póilíneachta an liosta formheasta, lena n-áirítear aon leasuithe atá beartaithe ar an liosta agus a bheidh formheasta de réir an ailt seo, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó thar a ceann nó ar cibé modh eile is cuí leis an Ombudsman Póilíneachta.

Socruithe a bhunú chun gearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a láimhseáil

201. (1) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda socruithe éifeachtúla agus éifeachtacha (dá ngairtear "socruithe iomchuí" sa Chuid seo) a bhunú agus a chothabháil chun gearáin a thagann faoi réim catagóir gearán a shonraítear ar an liosta formheasta a láimhseáil.

(2) Sula mbunófar na socruithe iomchuí, rachaidh Coimisinéir an Gharda i gcomhairle leis an Ombudsman Póilíneachta agus le cibé daoine eile is cuí leis nó léi.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfar socrú leis na socruithe iomchuí maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) go ndéileálfar le gearáin ar mhodh trédhearcach tráthúil cóir oibiachtúil comhréireach;

(b) na nósanna imeachta chun gearáin a réiteach laistigh de rannán Garda Síochána, más cuí;

(c) gearáin a réiteach trí fhaisnéis a sholáthar do ghearánach, míniú agus dearbhú a thabhairt do ghearánach, nó apalacht a ghabháil le gearánach, más cuí;

(d) fógra a thabhairt, i gcás gurb eol an comhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don ghearán, don chomhalta sin;

(e) na nósanna imeachta chun a chinntiú go gcuirtear gearánaigh agus comhaltaí de phearsanra an Gharda is ábhar do ghearán ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis an ngearán a bhreithniú agus a réiteach;

(f) na himthosca ina bhféadfaidh gearánach a iarraidh ar an nGarda Síochána athbreithniú a dhéanamh ar an modh ar ar déileáladh, faoi na socruithe, le gearán a rinne sé nó sí nó a rinneadh thar a cheann nó thar a ceann;

(g) treoir a thabhairt, más cuí, do chomhaltaí de phearsanra an Gharda is ábhar do ghearáin nó iad a oiliúint;

(h) taifeadadh a dhéanamh ar an modh ar a ndéantar gearáin a réiteach.

(4) Coimeádfaidh Coimisinéir an Gharda na socruithe iomchuí faoi athbhreithniú agus féadfaidh sé nó sí, tar éis dul i gcomhairle leis an Ombudsman Póilíneachta agus le cibé daoine eile is cuí le Coimisinéir an Gharda, cibé modhnuithe a mheasann sé nó sí is gá a dhéanamh ar na socruithe.

(5) Foilseoidh Coimisinéir an Gharda na socruithe iomchuí, lena n-áirítear aon mhodhnuithe orthu faoi *fho-alt (4)*, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an nGarda Síochána nó thar ceann an Gharda Síochána nó ar cibé modh eile is cuí le Coimisinéir an Gharda.

(6) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, i gceann cibé eatraimh agus i cibé foirm a éileoidh an tOmbudsman Póilíneachta, tuarascáil a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta ar aon nithe a bhaineann le hoibriú na socruithe iomchuí.

(7) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta tuarascáil iomlán, nó cuid de thuarascáil, a gheobhaidh sé nó sí faoi *fho-alt (6)* a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis nó léi.

Feidhm socruithe chun gearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a láimhseáil

202. (1) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda maidir le gearán—

(a) a bheidh tarchurtha chuige nó chuici faoi *alt 199(4)(c),* nó

(b) a bheidh faighte ag an nGarda Síochána faoi *alt 196(1)(b)* agus a thagann faoi réim catagóir ghearáin a bheidh sonraithe in ordú faoi *alt 196(8),*

go ndéanfar é a láimhseáil de réir na socruithe iomchuí.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* d'ainneoin, maidir le duine is ábhar do ghearán arna tharchur chuig Coimisinéir an Gharda faoi *alt 199(4)(c)*—

(a) nach comhalta de phearsanra an Gharda é nó í a thuilleadh tráth an tarchuir sin, nó

(b) go mbeidh sé nó sí tar éis dul ar scor ón nGarda Síochána nó tar éis éirí as an nGarda Síochána aon tráth tar éis an tarchuir sin.

(3) Más rud é, i gcúrsa gearán a láimhseáil de réir na socruithe iomchuí, gur dealraitheach do Choimisinéir an Gharda nach bhfuil sé oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána mar gheall ar chineál nó tromaíocht an ghearáin, rachaidh Coimisinéir an Gharda i gcomhairle leis an Ombudsman Póilíneachta agus, le ceadú an Ombudsman Póilíneachta, déanfaidh sé nó sí an gearán a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta mar aon le haon fhaisnéis agus le haon ábhar a bheidh bailithe i ndáil leis.

(4) I gcás go ndéanfar gearán a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (3)*, measfar, faoi réir aon mhodhnuithe is gá, go ndearna an tOmbudsman Póilíneachta cinneadh faoi *alt 199(1)(b)* gur chóir, de dheasca an ghearáin, imscrúdú a dhéanamh.

Ní a bhaineann le bás duine nó le díobháil thromchúiseach do dhuine

203. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh Coimisinéir an Gharda, gan mhoill, aon ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta, is ní ar dealraitheach do Choimisinéir an Gharda go dtugtar le fios leis go bhféadfadh sé gur tharla bás duine, nó díobháil thromchúiseach do dhuine, de dheasca gníomh nó neamhghníomh a rinne comhalta de phearsanra an Gharda.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gníomh nó le neamhghníomh a rinne comhalta d'fhoireann an Gharda nuair nach raibh an comhalta d'fhoireann an Gharda ar dualgas.

Fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta i dtaobh teagmhas is ábhar imní

204. (1) I gcás go dtiocfaidh Coimisinéir an Gharda ar an eolas faoi theagmhas is ábhar imní i ndáil le comhalta de phearsanra an Gharda, déanfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (6)* agus a luaithe is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an eolas amhlaidh, fógra a thabhairt, de réir na bprótacal, don Ombudsman Póilíneachta i dtaobh an teagmhais is ábhar imní.

(2) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, ar fhógra a fháil faoi *fho-alt (1)*, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda agus de réir na bprótacal, breith a thabhairt aon cheann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

(a) breith a thabhairt nach gá don Ombudsman Póilíneachta gníomh ar bith eile a dhéanamh;

(b) a cheangal ar Choimisinéir an Gharda fógra a thabhairt dó nó di i dtaobh thoradh aon imscrúdaithe arna ghabháil de láimh ag an nGarda Síochána ar an teagmhas is ábhar imní;

(c) a cheangal ar Choimisinéir an Gharda é nó í a choimeád ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar aon imscrúdú arna ghabháil de láimh ag an nGarda Síochána ar an teagmhas is ábhar imní nó cibé tuarascálacha i ndáil le himscrúdú den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid cibé tráthanna agus i ndáil le cibé nithe a threoróidh sé nó sí, nó iad araon a dhéanamh;

(d) gan dochar do *mhíreanna (a)* go *(c)*, i gcás go mbaineann an teagmhas is ábhar imní le cion líomhnaithe a dhéanamh, cinneadh a dhéanamh gur chóir imscrúdú a dhéanamh de dheasca an ní, agus a threorú do Choimisinéir an Gharda an fhaisnéis agus an t-ábhar go léir i ndáil leis an teagmhas a chur ar aghaidh chuige nó chuici gan mhoill.

(3) Tabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta fógra do Choimisinéir an Gharda, gan mhoill, faoi aon bhreith a thabharfaidh sé nó sí faoi *fho-alt (2)*.

(4) Ní choiscfear le haon ní san alt seo—

(a) ar Choimisinéir an Gharda nó ar chomhalta de phearsanra an Gharda aon ghníomh dleathach a dhéanamh chun cosc a chur le cion a dhéanamh nó leis na caighdeáin iompraíochta gairmiúla a shárú, nó

(b) imscrúdú coiriúil nó imeachtaí iompair a thosú ná leanúint ar aghaidh le himscrúdú coiriúil nó le himeachtaí iompair i ndáil le teagmhas is ábhar imní go dtí go bhfaighfear fógra faoi *fho-alt (3)*.

(5) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta, an tOmbudsman Póilíneachta a chur ar an eolas faoi aon imscrúdú coiriúil nó aon imeachtaí iompair atá tosaithe nó a bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis nó leo i ndáil le teagmhas is ábhar imní agus na cúiseanna atá leis an gcéanna.

(6) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (1)* faoi theagmhas is ábhar imní sa mhéid agus sa mhéid amháin, dá ndéanfaí amhlaidh—

(a) nach ndéanfadh sé dochar do shlándáil an Stáit, nó

(b) nach ndéanfadh sé beatha ná sábháilteacht aon duine, a mbeidh faisnéis ar mhodh rúin tugtha aige nó aici do chomhlacht poiblí i ndáil le forfheidhmiú nó riaradh an dlí, a chur i mbaol.

(7) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (6)*, déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don Scrúdaitheoir Neamhspleách agus don Ombudsman Póilíneachta á rá go bhfuil feidhm ag *fo-alt (6)* amhlaidh.

(8) Tá feidhm ag an alt seo maidir le teagmhais is ábhar imní agus ar tháinig Coimisinéir an Gharda ar an eolas fúthu den chéad uair tar éis don alt seo teacht i ngníomh.

Nithe a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail

205. (1) Faoi réir *alt 206(1)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, más dealraitheach dó nó di gurb é leas an phobail é agus mura bhfuil gearán inghlactha nó fógra faoi *alt 204(1)* faighte aige nó aici faoi theagmhas is ábhar imní, imscrúdú a ghabháil de láimh ar aon ní ar dealraitheach dó nó di gur cúis imní iomchuí é.

(2) Féadfaidh an tAire, más dealraitheach dó nó di gurb é leas an phobail é, a iarraidh ar an Ombudsman Póilíneachta imscrúdú a ghabháil de láimh ar aon ní ar dealraitheach don Aire gur cúis imní iomchuí é agus déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta aon ní arna tharchur amhlaidh a imscrúdú.

(3) D'ainneoin *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire aon ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta ar dealraitheach don Aire gur cúis imní iomchuí é agus breithneoidh an tOmbudsman Póilíneachta an ní de réir *fho-alt (1)*.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tAire iarraidh chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (2)* nó go ndéanfaidh sé nó sí ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (3)*, tabharfaidh an tAire fógra do Choimisinéir an Gharda faoin iarraidh nó faoin ní lena mbaineann agus luafar san fhógra go ndearnadh é a tharchur.

(5) Féadfaidh an tÚdarás aon ní, ar dealraitheach don Údarás gur cúis imní iomchuí é, a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta agus breithneoidh sé nó sí an ní de réir *fho-alt (1)*.

(6) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (5)*, tabharfaidh an tÚdarás fógra do Choimisinéir an Gharda faoin gcúis imní iomchuí agus luafar san fhógra go ndearnadh é a tharchur.

(7) Gan dochar d'aon fhoráil eile den Chuid seo, féadfaidh Coimisinéir an Gharda, más dealraitheach dó nó di gurb é leas an phobail é, aon ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta ar dealraitheach do Choimisinéir an Gharda gur cúis imní iomchuí é agus breithneoidh an tOmbudsman Póilíneachta an ní de réir *fho-alt (1)*.

(8) I gcás go ndéanfar ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (3)*, *(5)* nó *(7)* agus i gcás go dtabharfaidh sé nó sí breith nach é leas an phobail é imscrúdú a ghabháil de láimh, tabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta fógra do na daoine seo a leanas faoin mbreith atá tugtha aige nó aici agus faoi na cúiseanna atá leis an mbreith:

(a) i gcás gur faoi *fho-alt (3)* a rinneadh an tarchur, an tAire;

(b) i gcás gur faoi *fho-alt (5)* a rinneadh an tarchur, an tÚdarás;

(c) Coimisinéir an Gharda;

(d) an duine a thug an ní, nó an duine ar thar a cheann nó thar a ceann a tugadh an ní, ar aird don Aire nó don Údarás, de réir mar a bheidh.

(9) Chun críocha a chinnidh nó a cinnidh faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cibé fiosrúcháin is cuí leis nó léi a dhéanamh.

(10) San alt seo, ciallaíonn "cúis imní iomchuí" ábhar imní a bheith ann go bhféadfadh sé go ndearna comhalta de phearsanra an Gharda—

(a) cion, nó

(b) é féin nó í féin a iompar ar mhodh arb ionann é agus mí-iompar a d'fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh.

Nochtaí cosanta a bhaineann leis an nGarda Síochána

206. (1) Breithneoidh an tOmbudsman Póilíneachta, de réir *alt 205(1)*, aon nochtadh maidir le héagóiritheoireacht iomchuí a bhaineann leis an nGarda Síochána agus—

(a) a dhéanfar dó nó di ar an modh a shonraítear in alt 7 d'Acht 2014 mar an duine a fhorordaítear faoi fho-alt (2)(a) den alt sin chun nochtaí a fháil maidir le héagóiritheoireacht iomchuí den sórt sin, nó

(b) lena mbaineann tuarascáil (de réir bhrí Acht 2014) arna tarchur chuige nó chuici—

(i) ag an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta de bhun alt 10C(1)(b) nó 10D(1)(b)(ii) den Acht sin, nó

(ii) ag duine forordaithe eile (de réir bhrí an Achta sin) de bhun alt 7A(1)(b)(vi)(I)(A) den Acht sin.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* is cuma an comhalta de phearsanra an Gharda an t-oibrí a mbeidh nochtadh dá dtagraítear san fho-alt sin á dhéanamh aige nó aici nó nach ea.

(3) I gcás go bhfuil feidhm ag *mír (b) d'fho-alt (1)*, measfar, chun gach críche, an nochtadh lena mbaineann an tuarascáil dá dtagraítear sa mhír sin a bheith déanta ar an modh dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt sin.

(4) I gcás go dtabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta breith faoi *alt 205(1)* imscrúdú a ghabháil de láimh i ndáil le nochtadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh sé nó sí—

(a) dul ar aghaidh leis an imscrúdú d'ainneoin go bhfuil an duine a raibh an nochtadh á dhéanamh aige nó aici tar éis an nochtadh a tharraingt siar nó a thréigean, agus

(b) céannacht an duine dá dtagraítear i *mír (a)* a nochtadh de réir ailt 16 go 16C d'Acht 2014.

(5) I gcás go dtabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta breith gan ní is ábhar do nochtadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a imscrúdú, tabharfaidh sé nó sí fógra—

(a) don oibrí a rinne an nochtadh, agus

(b) i gcás gur nochtadh dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (1)* an nochtadh, don Choimisinéir um Nochtadh Cosanta,

faoin mbreith atá tugtha aige nó aici agus faoi na cúiseanna atá leis an mbreith.

(6) San alt seo, tá le "éagóiritheoireacht iomchuí" agus le "oibrí" na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in Acht 2014.

An tOmbudsman Póilíneachta do dhéanamh imscrúdú ar nithe a bhaineann le Coimisinéir an Gharda

207. (1) I gcás gur dealraitheach don Ombudsman Póilíneachta gurb é leas an phobail é, féadfaidh sé nó sí, le toiliú an Aire, arna thabhairt le ceadú an Rialtais, imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is bun le hábhar imní go bhféadfadh sé go ndearna Coimisinéir an Gharda—

(a) cion, nó

(b) é féin nó í féin a iompar ar mhodh arbh ionann é agus mí-iompar tromchúiseach.

(2) I gcás gur dealraitheach don Aire gurb é leas an phobail é, féadfaidh sé nó sí, le ceadú an Rialtais, a iarraidh ar an Ombudsman Póilíneachta imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is bun le hábhar imní go bhféadfadh sé go ndearna Coimisinéir an Gharda ní ar bith dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta imscrúdú ar aon ní dá dtagraítear in iarraidh den sórt sin.

(3) Le ceadú an Rialtais, féadfaidh an tAire, ar chúiseanna sonraithe, diúltú toiliú le himscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta ar aon ní faoi *fho-alt (1)*.

(4) Féadfaidh an tAire treoir a eisiúint chuig Leas-Choimisinéir den Gharda nó chuig Coimisinéir Cúnta den Gharda, lena n-áirítear in imthosca ina mbeidh feidhmeanna Choimisinéir an Gharda á gcomhlíonadh ag Leas-Choimisinéir den Gharda nó ag Coimisinéir Cúnta den Gharda de bhun *alt 28*, lena gceanglaítear air nó uirthi aon bhearta dleathacha a dhéanamh a ndealraíonn sé don Leas-Choimisinéir den Gharda nó don Choimisinéir Cúnta den Gharda, de réir mar a bheidh, iad a bheith riachtanach nó fóirsteanach—

(a) chun fianaise a bhaineann le hiompar Choimisinéir an Gharda is ábhar d'imscrúdú ar ní faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* a chaomhnú, agus

(b) chun a éascú don Ombudsman Póilíneachta an fhianaise sin a fháil.

(5) Déanfaidh Leas-Choimisinéir den Gharda nó Coimisinéir Cúnta den Gharda a n-eiseofar treoir chuige nó chuici faoi *fho-alt (4)* de réir na treorach.

(6) I gcás go gceapfar oifigeach sainainmnithe faoi *alt 208* chun imscrúdú a ghabháil de láimh, beidh feidhm ag an gCuid seo maidir leis an imscrúdú faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) forléireofar an tagairt in *alt 214(1)* do chomhalta de phearsanra an Gharda mar thagairt do Choimisinéir an Gharda;

(b) i gcás gurb é tuairim an Ombudsman Póilíneachta go nochtar mí-iompar tromchúiseach i dtuarascáil faoi *alt 208(10)* nó *(11)* maidir le ní faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, é sin a thuairisciú don Aire.

Imscrúduithe

208. (1) Ceapfaidh an tOmbudsman Póilíneachta oifigeach sainainmnithe chun imscrúdú a ghabháil de láimh de réir na Coda seo más rud é—

(a) go ndéanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cinneadh faoi *alt 199(1)(b)* gur chóir imscrúdú a dhéanamh de dheasca gearáin,

(b) go ndéanfar aon ní a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta faoi *alt 203(1)*,

(c) faoi réir *fho-alt (2)*, gur dealraitheach don Ombudsman Póilíneachta maidir le haon ní, go dtugtar le fios leis go bhféadfadh sé gur tharla bás duine, nó díobháil thromchúiseach do dhuine, de dheasca iompar comhalta de phearsanra an Gharda,

(d) go dtabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta breith faoi *alt 204(2)(d)* gur chóir imscrúdú a dhéanamh de dheasca ní dá dtagraítear san alt sin,

(e) go dtabharfaidh an tOmbudsman Póilíneachta breith imscrúdú a ghabháil de láimh faoi *alt 205(1)*,

(f) go bhfaighidh an tOmbudsman Póilíneachta iarraidh ón Aire faoi *alt 205(2)*,

(g) go mbeidh feidhm ag *alt 207(1)*, nó

(h) go bhfaighidh an tOmbudsman Póilíneachta iarraidh ón Aire faoi *alt 207(2)*.

(2) Ní bheidh feidhm ag *mír (c) d'fho-alt (1)* i gcás go mbaineann an gearán le gníomh nó le neamhghníomh a rinne comhalta d'fhoireann an Gharda nuair nach raibh an comhalta ar dualgas.

(3) Déanfar ceapachán faoi *fho-alt (1)* a thaifeadadh i scríbhinn.

(4) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* d'ainneoin—

(a) nach eol céannacht an chomhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don imscrúdú nuair a dhéanfar an ceapachán faoin bhfo-alt sin,

(b) maidir leis an gcomhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don imscrúdú, nach comhalta é nó í a thuilleadh nó go bhfuil sé nó sí tar éis dul ar scor ón nGarda Síochána nó tar éis éirí as an nGarda Síochána tar éis an ceapachán faoin bhfo-alt sin a bheith déanta, nó

(c) maidir leis an ní is ábhar don imscrúdú, go bhféadfadh baint a bheith ag duine nach comhalta de phearsanra an Gharda leis freisin.

(5) I gcás go gceapfaidh an tOmbudsman Póilíneachta oifigeach sainainmnithe faoi *mhír (b)*, *(c)*, *(d)*, *(e)*, *(f)*, *(g)* nó *(h) d'fho-alt (1)* chun imscrúdú a ghabháil de láimh, déanfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (6)*, fógra a thabhairt—

(a) i gcás ceapachán faoi *mhír (b)*, *(c)*, *(d)*, *(e)* nó *(f) d'fho-alt (1)*—

(i) i gcás gurb eol don Ombudsman Póilíneachta an comhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don imscrúdú, nó ar an Ombudsman Póilíneachta do theacht ar an eolas sin, don chomhalta sin i dtaobh an cheapacháin sin, agus

(ii) do Choimisinéir an Gharda,

agus

(b) i gcás ceapachán faoi *mhír (g)* nó *(h) d'fho-alt (1)*, do Choimisinéir an Gharda i dtaobh an cheapacháin sin.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta fógra faoi *mhír (a)(i)* nó faoi *mhír (b) d'fho-alt (5)* a iarchur i gcás go bhfuil cúis mhaith aige nó aici chun é sin a dhéanamh.

(7) Maidir le fógra a iarchur faoi *fho-alt (6)*, ní bheidh feidhm aige ach amháin a fhad a bheidh cúis mhaith leis an iarchur sin agus i gcás nach mbeidh chúis mhaith ann a thuilleadh, tabharfar an fógra a luaithe is indéanta.

(8) Cuirfidh an tOmbudsman Póilíneachta na nithe seo a leanas in iúl do Choimisinéir an Gharda—

(a) breith faoi *fho-alt (6)* chun fógra faoi *fho-alt (5)(a)(i)* a iarchur, lena n-áirítear an chúis go ndéanfar amhlaidh, agus

(b) fógra arna thabhairt do chomhalta de phearsanra an Gharda faoi *fho-alt (5)(a)(i)* i gcás nach ann a thuilleadh don chúis a d'fháig go ndearnadh an fógra a iarchur faoi *fho-alt (6)*.

(9) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta a threorú go ndéanfar imscrúdú a fhionraí, más rud é—

(a) go bhfuil an ní is ábhar don imscrúdú á imscrúdú ag comhlacht poiblí eile,

(b) go bhfuil an ní is ábhar don imscrúdú ina ábhar d'imeachtaí sibhialta nó coiriúla agus nach ndearna an chúirt sna himeachtaí sin cinneadh críochnaitheach ar na saincheisteanna, nó

(c) gurb é tuairim an Ombudsman Póilíneachta go gcuirfeadh sé isteach ar fheidhmeanna comhlachta phoiblí eile nó go mbeadh sé ar neamhréir le feidhmeanna comhlachta phoiblí eile dá ndéanfaí imscrúdú a ghabháil de láimh nó dá leanfaí d'imscrúdú.

(10) Ar imscrúdú a bheith críochnaithe ag oifigeach sainainmnithe de réir na Coda seo, déanfaidh an t-oifigeach sainainmnithe tuarascáil ar an imscrúdú a chur faoi bhráid an Ombudsman Póilíneachta.

(11) Ní chuirfidh aon ní i *bhfo-alt (10)* teorainn le cumhacht an oifigigh shainainmnithe chun tuarascáil a bhaineann le cuid d'imscrúdú nó le comhalta is ábhar d'imscrúdú a chur faoi bhráid an Ombudsman Póilíneachta tráth ar bith.

(12) In aon imeachtaí dlí, aon doiciméad a airbheartóidh gur ceapachán faoi *fho-alt (1)* é nó aon chóip de cheapachán den sórt sin a airbheartóidh a bheith sínithe ag an Ombudsman Póilíneachta, nó thar ceann an Ombudsman Póilíneachta, is fianaise é nó í, mura suífear a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite ann nó inti, gan a thuilleadh cruthúnais, lena n-áirítear cruthúnas ar shíniú an Ombudsman Póilíneachta, nó ar shíniú duine eile a bheidh údaraithe chun an t-údarú a thabhairt thar ceann an Ombudsman Póilíneachta.

Cumhachtaí atá comhionann le comhalta den Gharda Síochána nuair atá imscrúdú á ghabháil de láimh

209. (1) I gcás go gceapfar oifigeach sainainmnithe faoi *alt 208(1)* chun imscrúdú a ghabháil de láimh, beidh ag aon oifigeach sainainmnithe, d'fhonn an t-imscrúdú lena mbaineann a ghabháil de láimh, nó d'fhonn cabhrú leis an imscrúdú lena mbaineann, agus chun críoch aon nithe atá coimhdeach nó iarmhartach maidir le himscrúdú den sórt sin, na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí go léir a thugtar d'aon chomhalta den Gharda Síochána, agus beidh air nó uirthi na dualgais go léir a fhorchuirtear ar aon chomhalta den Gharda Síochána, le haon achtachán nó faoi aon achtachán nó leis an dlí coiteann nó faoin dlí coiteann, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) dul isteach in aon áit agus cuardach a dhéanamh ar aon áit (seachas áitreabh Garda Síochána) de bhun barántas arna eisiúint de réir dlí agus rudaí a urghabháil de réir mar a bheidh údaraithe leis an mbarántas;

(b) duine a ghabháil, le barántas nó gan bharántas;

(c) cúiseamh a thionscnamh in aghaidh duine;

(d) toghairm a eisiúint chuig duine;

(e) cuardach a dhéanamh ar dhuine agus grianghraf de nó di, a mhéarloirg nó a méarloirg agus loirg a dhearnan nó loirg a dearnan a thógáil;

(f) duine a choinneáil agus a cheistiú;

(g) samplaí colainne nó rudaí eile a thógáil ó dhuine chun críche tástála dlí-eolaíochta.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, aon achtachán lena dtugtar cumhacht, díolúine nó pribhléid do chomhalta den Gharda Síochána nó lena bhforchuirtear dualgas air nó uirthi i ndáil le haon cheann de na nithe atá sonraithe san fho-alt sin, beidh feidhm aige fairis na modhnuithe seo a leanas agus fara aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) faoi réir *mhír (c)*, déanfar tagairt san achtachán do chomhalta den Gharda Síochána a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach sainainmnithe;

(b) déanfar tagairt in alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 nó i Rialacháin 1987 do chomhalta atá i gceannas ar stáisiún Garda Síochána a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach sainainmnithe;

(c) déanfar tagairt san achtachán do chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach sainainmnithe sinsearach.

(3) Aon duine a chuirfidh moill nó cosc ar oifigeach sainainmnithe, nó a chuirfidh isteach air nó uirthi, le linn dó nó di na cumhachtaí a thugtar faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú nó le linn dó nó di na dualgais a fhorchuirtear faoi *fho-alt (1)* a chomhall, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) San alt seo—

ciallaíonn "achtachán" reacht nó ionstraim reachtúil, cibé acu a ritheadh nó a rinneadh é nó í roimh an Acht seo nó aon chuid de reacht nó d'ionstraim reachtúil den sórt sin a rith nó dá éis sin, ach ní fholaíonn sé aon fhoráil de na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998;

folaíonn "áit" teaghais.

Cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána

210. (1) Faoi réir an ailt seo, i gcás go gceapfar oifigeach sainainmnithe faoi *alt 208(1)* chun imscrúdú a ghabháil de láimh, féadfaidh aon oifigeach sainainmnithe, le húdarú ón Ombudsman Póilíneachta, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar bharántas chun cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána.

(2) Sula n-údaróidh an tOmbudsman Póilíneachta iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, rachaidh an tOmbudsman Póilíneachta i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda chun a shuíomh an bhfuil agóid ag Coimisinéir an Gharda i gcoinne cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an Stáit.

(3) Beidh comhchomhairliúchán faoi *fho-alt (2)* faoi rún agus cuirfidh Coimisinéir an Gharda nósanna imeachta ar bun chun a chinntiú nach ndéanfaidh comhchomhairliúchán den sórt sin díobháil do shláine imscrúduithe.

(4) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta a údarú go ndéanfaidh oifigeach sainainmnithe iarratas faoi *fho-alt (1)*—

(a) i gcás nach bhfuil agóid ag Coimisinéir an Gharda i gcoinne cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána ar na cúiseanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, nó

(b) ar threorú faoi *fho-alt (15)* a fháil faoi *fho-alt (17)(a).*

(5) Déanfar údarú arna eisiúint faoi *fho-alt (4)* a thaifeadadh i scríbhinn agus beidh an t-údarú, nó cóip de, ina fhianaise nó ina fianaise, mura suífear a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite ann nó inti gan a thuilleadh cruthúnais.

(6) Cuirfidh oifigeach sainainmnithe ar áireamh san fhaisnéis a thabharfaidh sé nó sí faoi mhionn agus a bheidh ag tacú le hiarratas faoi *fho-alt (1)*—

(a) cóip den údarú arna eisiúint ag an Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (4)*, agus

(b) más iomchuí, cóip de threorú arna eisiúint faoi *fho-alt (15)*.

(7) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi, trí fhianaise faoi mhionn a éisteacht ó oifigeach sainainmnithe—

(a) go bhfuil cúis réasúnach ann le drochamhras a bheith ann go bhfuil comhalta de phearsanra an Gharda, is ábhar d'imscrúdú, ciontach i gcion, agus

(b) go bhfuil forais réasúnacha ann le drochamhras a bheith ann go bhfuil fianaise ar an gcion a bheith déanta, nó fianaise a bhaineann leis an gcion a bheith déanta, le fáil in áitreabh Garda Síochána nó i seilbh aon duine atá ann,

barántas cuardaigh a eisiúint chun cuardach a dhéanamh ar an áitreabh Garda Síochána sin de réir aon treorú faoi *fho-alt (15)*.

(8) Údarófar le barántas cuardaigh arna eisiúint faoi *fho-alt (7)* d'oifigeach sainainmnithe ainmnithe, agus cibé oifigigh shainainmnithe eile nó daoine eile, nó iad araon, a mheasfaidh an t-oifigeach sainainmnithe ainmnithe is gá ina theannta nó ina teannta—

(a) dul isteach san áitreabh Garda Síochána atá sonraithe ar an mbarántas laistigh de sheachtain tar éis an dáta atá sonraithe ar an mbarántas,

(b) cuardach a dhéanamh ar an áitreabh sin agus ar aon daoine a fhaightear ann,

(c) aon rud a gheofar san áitreabh sin, nó a fhaightear i seilbh duine atá i láthair san áitreabh tráth an chuardaigh, a urghabháil, ar rud é a gcreideann an t-oifigeach sainainmnithe, nó aon oifigeach sainainmnithe eile nó aon duine eile ina theannta nó ina teannta, le réasún ina leith gur fianaise é ar an gcion lena mbaineann a bheith déanta nó gur fianaise é a bhaineann leis an gcion lena mbaineann a bheith déanta, agus

(d) aon bhearta eile a dhéanamh is dealraitheach don oifigeach sainainmnithe nó d'aon oifigeach sainainmnithe eile nó d'aon duine eile ina theannta nó ina teannta is gá chun aon rud den sórt sin a chaomhnú agus chun nach gcuirfear isteach air.

(9) Folaíonn an t-údarás a thugtar le *fo-alt (8)(c)* chun aon rud a urghabháil, i gcás doiciméid nó taifid, údarás—

(a) chun cóip den doiciméad nó den taifead a dhéanamh agus a choinneáil, agus

(b) más gá, chun aon ríomhaire nó aon mheán stórála eile ina gcoimeádtar aon doiciméad nó taifead a urghabháil agus a choinneáil ar feadh cibé fad is gá.

(10) Féadfaidh oifigeach sainainmnithe ag gníomhú dó nó di faoi údarás barántais faoin alt seo—

(a) aon ríomhaire san áitreabh Garda Síochána ina ndéanfar an cuardach a oibriú nó a chur faoi deara go ndéanfaidh aon oifigeach sainainmnithe eile nó aon duine eile atá i dteannta an oifigigh aon ríomhaire den sórt sin a oibriú chun na críche sin, agus

(b) a cheangal ar aon duine san áitreabh sin ar dealraitheach don oifigeach rochtain dhleathach a bheith aige nó aici ar an bhfaisnéis atá in aon ríomhaire den sórt sin—

(i) aon phasfhocal is gá chun é a oibriú a thabhairt don oifigeach,

(ii) a chumasú don oifigeach, d'aon oifigeach sainainmnithe eile nó d'aon duine eile atá ina theannta nó ina teannta, ar shlí eile, an fhaisnéis a bhfuil rochtain uirthi leis an ríomhaire a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil an fhaisnéis infheicthe agus inléite, nó

(iii) an fhaisnéis a thabhairt ar aird i bhfoirm inar féidir í a thabhairt chun siúil agus ina bhfuil sí infheicthe agus inléite nó inar féidir faisnéis infheicthe agus inléite a dhéanamh di.

(11) I gcás go mbeidh oifigeach sainainmnithe tar éis dul isteach in áitreabh Garda Síochána ag forghníomhú barántas arna eisiúint faoi *fho-alt (7)*, féadfaidh sé nó sí aon ábhar, seachas nithe atá faoi réir pribhléid dhlíthiúil, ar dóigh go mbeadh luach substaintiúil leis (cibé acu ann féin nó mar aon le hábhar eile) don imscrúdú ar lena aghaidh a eisíodh an barántas, a urghabháil.

(12) Féadfaidh oifigeach sainainmnithe ag gníomhú dó nó di faoi bharántas cuardaigh arna eisiúint faoi *fho-alt (7)*—

(a) a cheangal ar aon duine atá i láthair san áitreabh Garda Síochána ina ndéanfar an cuardach a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt don oifigeach, agus

(b) aon duine a ghabháil gan bharántas, ar duine é nó í—

(i) a chuirfidh cosc, nó a fhéachfaidh le cosc a chur, ar an oifigeach, nó ar aon oifigeach sainainmnithe eile nó ar aon duine eile atá i dteannta an oifigigh, le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhall,

(ii) a mhainneoidh ceanglas faoi *mhír (a)* a chomhlíonadh, nó

(iii) a thabharfaidh ainm nó seoladh a bhfuil cúis réasúnach ag an oifigeach ina leith chun a chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach.

(13) Maidir le duine—

(a) a chuirfidh cosc, nó a fhéachfaidh le cosc a chur, ar oifigeach sainainmnithe, nó ar aon oifigeach sainainmnithe eile nó ar aon duine eile atá i dteannta an oifigigh, a bheidh ag gníomhú faoi bharántas cuardaigh arna eisiúint faoin alt seo,

(b) a mhainneoidh ceanglas faoi *fho-alt (12)(a)* a chomhlíonadh, nó

(c) a thabharfaidh ainm nó seoladh bréagach don oifigeach sin mar fhreagairt do cheanglas faoi *fho-alt (12)(a),*

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(14) I gcás go ndéanfaidh Coimisinéir an Gharda agóid i gcoinne cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána ar na cúiseanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, déanfaidh sé nó sí, gan mhoill, fógra i scríbhinn a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta agus don Scrúdaitheoir Neamhspleách faoin agóid atá aige nó aici d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an agóid faoi *alt 243*.

(15) Ar mholadh a fháil ón Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *alt 243(4)* i ndáil le ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (14)*, i gcás gur deimhin leis an Aire, agus an moladh á chur i gcuntas aige nó aici, maidir leis an gcuardach ar áitreabh Garda Síochána—

(a) nach ndéanfadh sé dochar do shlándáil an Stáit, nó

(b) go bhfuil sé comhréireach agus riachtanach chun imscrúdú cuí a dhéanamh ar ní a bhaineann le bás duine, nó le díobháil thromchúiseach do dhuine, de thoradh oibríochtaí de chuid an Gharda Síochána nó le linn dó nó di a bheith faoi chúram nó faoi choimeád an Gharda Síochána,

eiseoidh sé nó sí treorú lena sonrófar an t-áitreabh Garda Síochána a fhéadfaidh a bheith ina ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)*.

(16) Féadfaidh cibé coinníollacha nó srianta maidir leis an gcuardach a mheasfaidh an tAire is gá ar mhaithe le slándáil an Stáit a bheith i dtreorú faoi *fho-alt (15)*.

(17) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta—

(a) tar éis treorú a eisiúint faoi *fho-alt (15)*, cóip den treorú a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta agus do Choimisinéir an Gharda, nó

(b) tar éis dó nó di breith a thabhairt gan treorú a eisiúint faoin bhfo-alt sin, an méid sin a chur in iúl i scríbhinn don Ombudsman Póilíneachta agus do Choimisinéir an Gharda.

(18) San alt seo—

folaíonn "ríomhaire san áitreabh Garda Síochána ina ndéanfar an cuardach" aon ríomhaire eile, bíodh sé san áitreabh sin nó in áit ar bith eile, ar ríomhaire é a bhfuil rochtain air go dleathach trí mheán an ríomhaire sin;

folaíonn "cuardach", i ndáil le cuardach a dhéanamh ar áitreabh Garda Síochána de bhun barántas arna eisiúint faoi *fho-alt (7)*, cuardach a dhéanamh ar fheithicil in áitreabh den sórt sin atá ar úinéireacht phríobháideach ag comhalta de phearsanra an Gharda;

folaíonn "urghabháil", i ndáil le haon rud a gheofar in áitreabh Garda Síochána, cumhacht chun aon rud a gheofar i bhfeithicil atá ar úinéireacht phríobháideach ag comhalta de phearsanra an Gharda agus atá in áitreabh den sórt sin i gcúrsa cuardach de bhun barántas arna eisiúint faoi *fho-alt (7)* a urghabháil.

Cumhachtaí breise chun imscrúduithe a ghabháil de láimh

211. (1) Chun críche imscrúdaithe, féadfaidh oifigeach sainainmnithe, gan dochar do na cumhachtaí atá aige nó aici de bhun *alt 209*, le fógra i scríbhinn—

(a) a cheangal ar aon duine a bhfuil, ina thuairim nó ina tuairim, faisnéis aige nó aici, nó cumhacht nó rialú aige nó aici ar dhoiciméad nó ar rud is iomchuí maidir leis an imscrúdú agus a éilítear chun críocha an imscrúdaithe, an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud sin a sholáthar don oifigeach sainainmnithe, agus

(b) más cuí, a cheangal ar an duine sin freastal os comhair an oifigigh shainainmnithe chun na críche sin.

(2) Faoi réir *fho-ailt (5)* agus *(12)*, comhlíonfaidh duine ceanglas a bheidh curtha air nó uirthi agus a bheidh sonraithe i bhfógra faoi *fho-alt (1)*.

(3) Sonrófar an méid seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (1)*—

(a) tréimhse ar laistigh di atá an fógra le comhlíonadh ag an duine, agus

(b) de réir mar is cuí—

(i) an áit ina bhfreastalóidh an duine chun an fhaisnéis lena mbaineann a thabhairt nó chun a seachadfaidh an duine an doiciméad nó an rud lena mbaineann, nó

(ii) an áit chun a gcuirfidh an duine an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud lena mbaineann.

(4) Aon duine a gceanglófar air nó uirthi freastal os comhair oifigeach sainainmnithe de bhun fógra faoi *fho-alt (1)(b)*—

(a) freagróidh sé nó sí go hiomlán agus go fírinneach aon cheist a chuirfidh an t-oifigeach sainainmnithe air nó uirthi, agus

(b) má iarrann an t-oifigeach sainainmnithe air nó uirthi amhlaidh, síneoidh sé nó sí dearbhú maidir le fírinne a fhreagra nó a freagra ar an gceist.

(5) Féadfaidh duine diúltú aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a sholáthar, seachas de réir treorú faoi *fho-alt (8)*, de bhun ceanglas faoi *fho-alt (1)(a)* nó aon cheist a fhreagairt faoi *fho-alt (4)(a)* ar na forais go mbaineann sí nó sé le slándáil an Stáit.

(6) I gcás gurb é tuairim duine go bhfuil feidhm ag *fo-alt (5)* i ndáil le ceanglas a chuirtear air nó uirthi, cuirfidh an t-oifigeach sainainmnithe an méid sin in iúl don Ombudsman Póilíneachta.

(7) I gcás go gcuirfear in iúl don Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (6)* gurb é tuairim an duine go bhfuil feidhm ag *fo-alt (5)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, má dhiúltaíonn an duine an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud a sholáthar de bhun ceanglas

faoi *fho-alt (1)(a)* nó an cheist a fhreagairt faoi *fho-alt (4)(a),* an diúltú a tharchur chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách i scríbhinn d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an diúltú de réir *alt 243*.

(8) Ar mholadh a fháil ón Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *alt 243(4)* i ndáil le ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*, i gcás gur deimhin leis an Aire, agus an moladh á chur i gcuntas aige nó aici, maidir leis an bhfaisnéis, leis an doiciméad nó leis an rud go léir, nó le cuid den fhaisnéis, den doiciméad nó den rud, a bheidh sonraithe sa cheanglas a sholáthar nó maidir leis an gceist a fhreagairt, de réir mar a bheidh—

(a) nach ndéanfadh sé dochar do shlándáil an Stáit, nó

(b) go bhfuil sé riachtanach chun imscrúdú cuí a dhéanamh ar ní a bhaineann le bás duine, nó le díobháil thromchúiseach do dhuine, de thoradh oibríochtaí de chuid an Gharda Síochána nó le linn dó nó di a bheith faoi chúram nó faoi choimeád an Gharda Síochána,

eiseoidh sé nó sí treorú lena sonrófar go ndéanfar an doiciméad, an fhaisnéis nó an rud go léir, nó cuid den doiciméad, den fhaisnéis nó den rud, a nochtadh nó an cheist a fhreagairt.

(9) Féadfaidh cibé coinníollacha nó srianta maidir leis an nochtadh nó leis an bhfreagra a mheasfaidh an tAire is gá ar mhaithe le slándáil an Stáit a bheith i dtreorú faoi *fho-alt (8)*.

(10) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta—

(a) tar éis treorú a eisiúint faoi *fho-alt (8)*, cóip den treorú a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta, nó

(b) tar éis dó nó di breith a thabhairt gan treorú a eisiúint faoin bhfo-alt sin, an méid sin a chur in iúl i scríbhinn don Ombudsman Póilíneachta.

(11) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ceanglas faoi *fho-alt (1)* nó *(4)* a chomhlíonadh, nó a mhainneoidh treorú faoi *fho-alt (8)* a chomhlíonadh, gan leithscéal réasúnach, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(12) Ní mheasfar go gcuirtear iallach le haon ní san alt seo ar dhuine, le linn dó nó di ceanglas faoi *fho-alt (1)* nó *(4)*, nó treorú faoi *fho-alt (8)*, a chomhlíonadh, aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a sholáthar a bheadh díolmhaithe óna tabhairt ar aird nó óna thabhairt ar aird in imeachtaí i gcúirt ar fhoras pribhléide gairmiúla dlíthiúla.

(13) Aon ráiteas nó aon admháil a bheidh déanta ag duine de réir ceanglas faoi *fho-alt (1)* nó *(4)*, de réir treorú faoi *fho-alt (8)* nó de réir aon cheanglas nó aon treorú den sórt sin arb i ndáil leis atá cinneadh déanta ag an gCúirt Dúiche ar iarratas a bheith déanta chuici faoi *alt 212(1)*, ní bheidh sé nó sí inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine i leith ciona (seachas cion faoi *fho-alt (11)*) agus déanfaidh an t-oifigeach sainainmnithe nó an breitheamh, de réir mar is cuí, an méid sin a mhíniú don duine i ngnáthchaint.

Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid

212. (1) I gcás go ndiúltóidh duine atá faoi réir ceanglas faoi *fho-alt (1)* nó *(4) d'alt 211*, nó de réir treorú faoi *fho-alt (8)* den alt sin, an treorú nó an ceanglas sin a chomhlíonadh ar na forais go bhfuil feidhm ag *fo-alt (12)* den alt sin, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta nó an duine atá faoi réir an treoraithe nó an cheanglais sin iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar chinneadh i dtaobh an mbaineann an fo-alt sin leis an bhfaisnéis, leis an doiciméad nó leis an rud is ábhar don cheanglas nó don treorú.

(2) Aon duine a dhiúltóidh ceanglas faoi *fho-alt (1)* nó *(4) d'alt 211*, nó treorú faoi *fho-alt (8)* den alt sin, a chomhlíonadh ar na forais gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad nó an rud, déanfaidh sé nó sí an doiciméad nó an rud a chaomhnú agus a choimeád in áit shlán shábháilte go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (1)* agus déanfaidh sé nó sí, má chinntear amhlaidh nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid é, é a thabhairt ar aird de réir ordú arna dhéanamh ag an gCúirt Dúiche in iarratas faoi *fho-alt (1)*.

(3) Go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar iarratas faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche cibé treoruithe eatramhacha nó idirbhreitheacha a thabhairt is cuí leis nó léi, lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, i gcás go bhfuil líon na ndoiciméad is ábhar don iarratas substaintiúil, treoruithe i dtaca le duine ag a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha dlí agus ag a bhfuil an leibhéal taithí, agus an neamhspleáchas ó aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an mbreitheamh a bheith cuí, a cheapadh—

(a) chun na doiciméid a scrúdú, agus

(b) chun tuarascáil a ullmhú don bhreitheamh d'fhonn cuidiú leis an mbreitheamh, nó d'fhonn a éascú dó nó di, a chinneadh nó a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid na doiciméid.

(4) Má threoraíonn an breitheamh den Chúirt Dúiche amhlaidh, féadfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(5) Beidh ábhar achomhairc chun na Cúirte Cuarda ann i gcoinne cinneadh ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoin alt seo agus ní bheidh aon ábhar achomhairc eile ann i gcoinne ordú ón gCúirt Chuarda arna dhéanamh ar achomharc faoin alt seo.

(6) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir le hiarratais chuig breitheamh den Chúirt Dúiche, agus maidir le haon achomhairc i gcoinne na gcinntí ó bhreitheamh den sórt sin, a éisteacht go dlúsúil faoin alt seo.

(7) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo maidir le costais a dhámhachtain d'aon pháirtí nó maidir le costais a íoc le haon pháirtí, nó maidir le haon pháirtí do dhámhachtain nó d'íoc costas, de bhun iarratas nó achomharc faoin alt seo.

(8) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* chuig breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta don dúiche Cúirte Dúiche ina bhfuil an doiciméad nó an rud atá á lorg nó ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine óna bhfuil an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud á lorg nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, aon ghnó nó aon slí bheatha.

(9) San alt seo, ciallaíonn "ábhar dlíthiúil faoi phribhléid" aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na cúirte lena mbaineann, diúltú í nó é a

thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt uirthi nó air ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

Cumhacht chun imscrúdú a scor

213. (1) D'ainneoin aon fhoráil eile den Acht seo, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, tráth ar bith, a threorú go ndéanfar imscrúdú ar ghearán a scor más rud é—

(a) gurb é a thuairim nó a tuairim—

(i) go bhfuil an gearán suaibhreosach,

(ii) go bhfuil an gearánach tar éis an gearán a tharraingt siar,

(iii) go bhfuil an gearánach tar éis scaoileadh leis an bpróiseas gearán,

(iv) go bhfuil an gearán cráiteach,

(v) go ndearnadh an gearán agus é ar eolas go raibh sé bréagach nó míthreorach,

(vi) nach bhfuil imscrúdú breise riachtanach, indéanta le réasún ná comhréireach, ag féachaint do na himthosca go léir,

(vii) go gcuirfeadh sé isteach ar fheidhmeanna comhlachta phoiblí eile nó go mbeadh sé ar neamhréir le feidhmeanna comhlachta phoiblí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, dá leanfaí den imscrúdú, nó

(viii) go gcuirfeadh sé isteach ar imeachtaí dlí os comhair cúirt nó binse sa Stát dá leanfaí den imscrúdú,

nó

(b) gur réitíodh an gearán chun sástacht an ghearánaigh.

(2) D'ainneoin aon fhoráil eile den Acht seo, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta a threorú go ndéanfar imscrúdú ar aon ní faoin gCuid seo, seachas gearán, a scor más rud é gurb é a thuairim nó a tuairim—

(a) nach bhfuil imscrúdú breise riachtanach, indéanta le réasún ná comhréireach, ag féachaint do na himthosca go léir,

(b) go gcuirfeadh sé isteach ar fheidhmeanna comhlachta phoiblí eile nó go mbeadh sé ar neamhréir le feidhmeanna comhlachta phoiblí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, dá leanfaí den imscrúdú, nó

(c) go gcuirfeadh sé isteach ar imeachtaí dlí os comhair cúirt nó binse sa Stát dá leanfaí den imscrúdú.

(3) I gcás go ndéanfar treorú faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta fógra, faoin treorú agus faoi na cúiseanna atá leis, a thabhairt do cibé duine de na daoine seo a leanas is cuí ina thuairim nó ina tuairim:

(a) an gearánach;

(b) an comhalta de phearsanra an Gharda is ábhar don ghearán nó don imscrúdú, de réir mar a bheidh;

(c) Coimisinéir an Gharda;

(d) an tAire;

(e) an tÚdarás;

(f) i gcás nochtadh cosanta, an duine a rinne an nochtadh;

(g) aon duine eile.

Tarchur arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

214. (1) I gcás gurb é tuairim an Ombudsman Póilíneachta go nochtar i dtuarascáil faoi *fho-alt (10)* nó *(11) d'alt 208* gníomh nó neamhghníomh arb ionann é agus cion ag comhalta de phearsanra an Gharda, déanfaidh sé nó sí—

(a) cóip den tuarascáil agus de chomhad an imscrúdaithe a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar aon le haon mholtaí is dealraitheach don Ombudsman Póilíneachta is cuí, agus

(b) ar iarraidh a fháil ón Stiúrthóir sin, aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud eile a sholáthar dó nó di, is faisnéis, doiciméad nó rud a bhaineann leis an imscrúdú agus is dealraitheach don Stiúrthóir is gá chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 a chomhlíonadh.

(2) Cuirfidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an méid seo a leanas in iúl don Ombudsman Póilíneachta—

(a) breith ón Stiúrthóir i dtaobh cibé acu is ceart nó nach ceart ionchúiseamh a thionscnamh i ndáil leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh is ábhar do thuarascáil arna fáil ón Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (1)*, agus

(b) i gcás go dtionscnófar ionchúiseamh, faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis an ionchúiseamh agus cibé acu a dhéanfar, de thoradh an ionchúisimh, an comhalta de phearsana an Gharda arb é a ghníomh nó a gníomh nó a neamhghníomh ab ábhar don tuarascáil a chiontú nó a éigiontú.

(3) Ní chuirfear le *fo-alt (1)* teorainn le cumhacht an Ombudsman Póilíneachta chun tuarascáil ar imscrúdú ina nochtar, ina thuairim nó ina tuairim, go ndearnadh cion a chur ar aghaidh, tráth ar bith, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

(4) D'ainneoin—

(a) go gciontófar nó go n-éigiontófar comhalta de phearsanra an Gharda i gcion i leith ní a thuairisceofar don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoin alt seo,

(b) go ndéanfar an cúiseamh i gcoinne an chomhalta de phearsanra an Gharda i leith cion dá dtagraítear i *mír (a)* a dhíbhe faoi alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967,

(c) go ndéanfar na himeachtaí i leith cion dá dtagraítear i *mír (a)* a scor, nó

(d) go dtabharfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí breith gan ionchúiseamh a thionscnamh i ndáil le ní arna thuairisciú dó nó di faoin alt seo,

ní choiscfear imeachtaí iompair ná imeachtaí dífhostúcháin a thionscnamh ná leanúint d'imeachtaí iompair nó d'imeachtaí dífhostúcháin i ndáil leis an ní de bhíthin gurb

ionann, ina shubstaint, an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann agus an t-iompar arb é an cion dá dtagraítear i *mír (a)* é nó go dtabharfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí breith gan ionchúiseamh a thionscnamh i ndáil le ní arna thuairisciú dó nó di faoin alt seo, agus dá bhíthin sin amháin.

(5) Ní choiscfear le haon ní san alt seo ar an Ombudsman Póilíneachta tuarascáil a thabhairt faoi *alt 215*, cibé acu i dteannta tuarascáil don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi *fho-alt (1)* nó ar shlí eile, agus cóip a sholáthar do Choimisinéir an Gharda, don Aire nó don Údarás, de réir mar is cuí.

Tarchuir eile arna ndéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta tar éis imscrúdú

215. (1) I gcás gurb é tuairim an Ombudsman Póilíneachta go nochtar i dtuarascáil faoi *fho-alt (10)* nó *(11) d'alt 20*8—

(a) aon ní ar chóir déileáil leis—

(i) ar mhodh imeachtaí iompair,

(ii) ar mhodh imeachtaí feidhmíochta, nó

(iii) faoi aon socruithe eile lena ndéileálann nó faoina ndéileálann an Garda Síochána le feidhmíocht mhíshásúil comhalta de phearsanra an Gharda,

nó

(b) ábhar imní i ndáil le cleachtais, beartais nó nósanna imeachta an Gharda Síochána nó aon saincheist eile de chineál ginearálta nó córasach i ndáil leis an nGarda Síochána,

déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta cóip den tuarascáil a sholáthar do Choimisinéir an Gharda, don Aire nó don Údarás, de réir mar is cuí, maille le cibé moltaí is cuí leis nó léi.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta tar éis cóip de thuarascáil a fháil faoi *fho-alt (1)*, fógra a thabhairt, de réir na bprótacal, don Ombudsman Póilíneachta faoi na gníomhartha (más ann) a bheidh le déanamh ag Coimisinéir an Gharda mar fhreagairt do na moltaí sa tuarascáil agus faoi na cúiseanna atá leo.

(3) In aon imeachtaí feidhmíochta, imeachtaí iompair nó imeachtaí dífhostúcháin arna dtionscnamh i ndáil le ní nó le hábhar imní i dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, aon doiciméad a airbheartóidh gurb é an tuarascáil sin é, is fianaise é, mura suífear a mhalairt, ar na fíorais a bheidh luaite ann gan a thuilleadh cruthúnais.

(4) I gcás go dtionscnófar imeachtaí feidhmíochta, imeachtaí iompair nó imeachtaí dífhostúcháin tar éis tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fháil, déanfaidh Coimisinéir an Gharda, ar na himeachtaí a bheith críochnaithe agus de réir na bprótacal, fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta faoin toradh agus faoi na cúiseanna atá leis.

(5) Ní choiscfear le haon ní san alt seo imeachtaí feidhmíochta, imeachtaí iompair ná imeachtaí dífhostúcháin a fhionraí go dtí go gcríochnófar imeachtaí i leith cion i ndáil leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh go léir, nó i ndáil le cuid den ghníomh nó den neamhghníomh, is ábhar do na himeachtaí feidhmíochta, do na himeachtaí iompair nó do na himeachtaí dífhostúcháin, de réir mar a bheidh.

(6) Ní dochar *fo-alt (1)* do chumhacht an Ombudsman Póilíneachta tuarascáil, ar ghearán, nó ar ní eile, ina nochtar, i dtuairim an Ombudsman Póilíneachta, ábhar imní i ndáil le comhalta de phearsanra an Gharda, a chur ar aghaidh, tráth ar bith, chuig Coimisinéir an Gharda i gcomhair aon ghníomh a mheasfaidh an tOmbudsman Póilíneachta is cuí.

An dualgas daoine áirithe a choimeád ar an eolas

216. (1) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh nó ar iarraidh a fháil ó dhuine amháin nó níos mó de na daoine seo a leanas, faisnéis leordhóthanach a sholáthar do na daoine sin chun iad a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta, agus faoi na torthaí atá bainte amach, i ndáil le himscrúdú:

(a) i gcás gur de dheasca gearáin a tharla an t-imscrúdú, an gearánach;

(b) i gcás go mbaineann an t-imscrúdú le ní dá dtagraítear in *alt 203(1)* a bhaineann le bás duine, nó le díobháil thromchúiseach do dhuine, an tAire;

(c) i gcás gur de dheasca iarraidh ón Aire faoi *fho-alt (2) d'alt 205* nó tarchur ón Aire faoi *fho-alt (3)* den alt sin a tharla an t-imscrúdú—

(i) an duine a tharraing aird an Aire ar ábhar na hiarrata nó an tarchuir nó ar thar a cheann nó thar a ceann a tarraingíodh an aird sin air, agus

(ii) an tAire;

(d) i gcás gur de dheasca tarchur ón Údarás faoi *alt 205(5)* a tharla an t-imscrúdú—

(i) an duine a tharraing aird an Údaráis ar ábhar an tarchuir nó ar thar a cheann nó thar a ceann a tarraingíodh an aird sin air,

(ii) an tÚdarás, agus

(iii) an tAire;

(e) i gcás gur de dheasca tarchur ó Choimisinéir an Gharda faoi *alt 205(7)* a tharla an t-imscrúdú, an tAire;

(f) i gcás gur de dheasca breith faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 207* a tharla an t-imscrúdú, an tAire;

(g) Coimisinéir an Gharda;

(h) i gcás go mbaineann ábhar an imscrúdaithe le hiompar nó feidhmíocht comhalta is aithnid de phearsanra an Gharda, an comhalta sin;

(i) aon duine eile a measann an tOmbudsman Póilíneachta leas leordhóthanach a bheith aige nó aici sa ní.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le faisnéis arb é tuairim an Ombudsman Póilíneachta i leith nochtadh na faisnéise sin—

(a) go ndéanfadh sé dochar d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil,

(b) go gcuirfeadh sé sábháilteacht aon duine i mbaol,

(c) go mbeadh sé contrártha d'alt 16 nó 16A d'Acht 2014, nó

(d) ar chúis ar bith eile, nach mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail.

Coimisinéir an Gharda do sholáthar faisnéise agus doiciméad don Ombudsman Póilíneachta

217. (1) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda, a luaithe is indéanta, cibé faisnéis agus doiciméid a iarrfaidh an tOmbudsman Póilíneachta a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta d'fhonn aon cheann d'fheidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a chomhlíonadh, nó i dtaca leis an gcéanna.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i leith aon fhaisnéis ná aon doiciméad, ná cuid d'aon fhaisnéis nó d'aon doiciméad, a bhaineann, i dtuairim Choimisinéir an Gharda, le slándáil an Stáit, ach amháin sa mhéid go dtreoróidh, agus a mhéid a threoróidh, an tAire a mhalairt.

(3) I gcás go ndiúltóidh Coimisinéir an Gharda déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (1)* aon fhaisnéis nó aon doiciméad a sholáthar ar an bhforas gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl i scríbhinn don Ombudsman Póilíneachta.

(4) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, má dhiúltaíonn Coimisinéir an Gharda déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (1)*, an diúltú a tharchur i scríbhinn chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an diúltú faoi *alt 243*.

(5) Ar mholadh a fháil ón Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *alt 243(4)* i ndáil le ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, i gcás gur deimhin leis an Aire, agus an moladh á chur i gcuntas aige nó aici—

(a) maidir leis an bhfaisnéis nó leis an doiciméad go léir, nó maidir le cuid den fhaisnéis nó den doiciméad, arna hiarraidh nó arna iarraidh ag an Ombudsman Póilíneachta, nach ndéanfadh sé dochar do shlándáil an Stáit dá soláthrófaí í nó é, nó

(b) maidir leis an bhfaisnéis nó leis an doiciméad dá dtagraítear i *mír (a)*, gur gá í nó é a sholáthar chun imscrúdú cuí a dhéanamh ar ní a bhaineann le bás duine, nó le díobháil thromchúiseach do dhuine, de thoradh oibríochtaí de chuid an Gharda Síochána nó le linn dó nó di a bheith faoi chúram nó faoi choimeád an Gharda Síochána,

eiseoidh sé nó sí treorú lena sonrófar go bhfuil an fhaisnéis nó an doiciméad go léir, nó cuid den fhaisnéis nó den doiciméad, de réir mar a bheidh, le soláthar.

(6) Féadfaidh cibé coinníollacha nó srianta maidir leis an nochtadh a mheasfaidh an tAire is gá ar mhaithe le slándáil an Stáit a bheith i dtreorú faoi *fho-alt (5)*.

(7) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta—

(a) tar éis treorú a eisiúint faoi *fho-alt (5)*, cóip den treorú a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta agus do Choimisinéir an Gharda, nó

(b) tar éis dó nó di breith a thabhairt gan treorú a eisiúint faoin bhfo-alt sin, an méid sin a chur in iúl don Ombudsman Póilíneachta agus do Choimisinéir an Gharda.

Oifigigh shainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta do chomhlíonadh feidhmeanna faoi na hAchtanna Cróinéirí, 1962 go 2020

218. (1) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, i dtaca le himscrúdú a dhéanamh ar ghearán nó ar ní faoin gCuid seo a bhaineann le bás duine, a threorú d'oifigeach sainainmnithe—

(a) na feidhmeanna a chomhlíonadh a thugtar d'oifigeach den sórt sin leis na hAchtanna Cróinéirí, 1962 go 2020 i ndáil le cróinéir do dhéanamh fiosrú faoi na hAchtanna sin faoi bhás an duine, agus

(b) cibé cúnamh a sholáthar don chróinéir, ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi, i dtaobh ionchoisne a chur ar bun maidir le bás an duine sin, is cúnamh a sholáthródh comhalta den Gharda Síochána i gcás aon ionchoisne eile faoin Acht sin,

agus déanfaidh oifigeach sainainmnithe a dtabharfar treorú dó nó di amhlaidh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh agus soláthróidh sé nó sí an cúnamh sin cibé acu a chríochnófar nó nach gcríochnófar an t-imscrúdú faoin gCuid seo.

(2) Beidh ag oifigeach sainainmnithe na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí go léir a thugtar do chomhalta den Gharda Síochana, agus beidh air nó uirthi na dualgais go léir a fhorchuirtear ar chomhalta den Gharda Síochána, le haon achtachán nó faoi aon achtachán nó leis an dlí coiteann nó faoin dlí coiteann, d'fhonn feidhmeanna oifigigh den sórt sin dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (1)* a chomhlíonadh agus d'fhonn an cúnamh dá dtagraítear i *mír (b)* den fho-alt sin a sholáthar.

Caibidil 3

Ilghnéitheach (Cuid 6)

An dualgas fianaise a chaomhnú

219. (1) Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go ndéanfaidh aon chomhalta de phearsanra an Gharda, nuair a gheobhaidh sé nó sí amach go bhfuil gearán nó aon ní ann ar tugadh fógra don Ombudsman Póilíneachta ina leith nó a tarchuireadh chuige nó chuici faoin gCuid seo, aon bhearta dleathacha a ndealraíonn sé dó nó di iad a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun fianaise a bhaineann leis an ngearán nó leis an ní a fháil agus a chaomhnú.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* is cuma cinneadh a bheith déanta nó gan a bheith déanta faoi *alt 198* maidir le hinghlacthacht gearáin.

Dualgas comhaltaí de phearsanra an Gharda cuntas a thabhairt d'oifigeach sainainmnithe

220. (1) Déanfaidh comhalta de phearsanra an Gharda, nuair a threoróidh oifigeach sainainmnithe dó nó di déanamh amhlaidh, cuntas a thabhairt ar aon ghníomh nó aon neamhghníomh arna dhéanamh ag an gcomhalta le linn dó nó di a bheith ar dualgas.

(2) Má mhainníonn comhalta de phearsanra an Gharda treorú faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, beidh an mhainneachtain sin ina hábhar do bheart araíonachta de réir na Rialachán Iompair nó de réir an chóid iompair.

(3) Ar threorú faoi *fho-alt (1)* a thabhairt do chomhalta de phearsanra an Gharda, cuirfidh an t-oifigeach sainainmnithe in iúl don chomhalta—

(a) go bhféadfadh sé gurbh é a leanfadh as mainneachtain an treorú a chomhlíonadh go ndéanfaí an comhalta a dhífhostú as an nGarda Síochána, agus

(b) an éifeacht atá le *fo-alt (4)*.

(4) Ní bheidh aon ráiteas ná aon admháil a dhéanfaidh comhalta de phearsanra an Gharda de bhun treorú faoi *fho-alt (1)* inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla a thionscnófar i gcoinne an chomhalta lena mbaineann.

Fadú leis an teorainn ama chun imeachtaí achoimre i leith cionta a thionscnamh

221. (1) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, *1851*, féadfar imeachtaí achoimre i leith ní a bhaineann le cion a thuairisceofar don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoin gCuid seo a thionscnamh laistigh de 18 mí ó dháta an chiona.

(2) Chun críoch *fho-alt (1)*, toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gur thuairiscigh an tOmbudsman Póilíneachta an cion don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí de réir na Coda seo.

Féadfaidh an gníomh nó an neamhghníomh céanna a bheith ina bhonn le gearán nó le cúiseamh

222. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, ní choisceann aon ní sa Chuid seo ar chomhalta den Gharda Síochána comhalta de phearsanra an Gharda a chúiseamh i gcion, ná fógra muirir sheasta a eisiúint chuige nó chuici i leith ciona, fiú amháin más rud é go bhféadfadh an gníomh nó an neamhghníomh, arb ina leith a bhaineann an cion, a bheith ina ábhar do ghearán nó d'imscrúdú faoin gCuid seo.

(2) I gcás go mbeidh gearán déanta leis an Ombudsman Póilíneachta nó fógra faoi ní tugtha don Ombudsman Póilíneachta, nó go mbeidh ní tarchurtha chuige nó chuici, faoin gCuid seo maidir le gníomh nó neamhghníomh arna dhéanamh ag comhalta de phearsanra an Gharda, is é nó is í an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin a fhéadfaidh, nó is le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí amháin a fhéadfar, an comhalta a chúiseamh i gcion a bhaineann leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh sin.

Prótacail

223. (1) A luaithe is indéanta tar éis don alt seo teacht i ngníomh, déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta agus Coimisinéir an Gharda socruithe, i bhfoirm prótacail i scríbhinn, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na himthosca agus na nósanna imeachta a bhaineann le fógraí faoi *alt 204(1)*;

(b) an comhchomhairliúchán idir an tOmbudsman Póilíneachta agus Coimisinéir an Gharda sula dtabharfar breith faoi *alt 204(2)*;

(c) na tosca a bheidh le breithniú nuair a bheidh breith á tabhairt faoi *alt 204(2)* ag féachaint d'fheidhmeanna an Gharda Síochána agus Choimisinéir an Gharda faoin Acht seo;

(d) breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ó Choimisinéir an Gharda go bhféadfadh breith ón Ombudsman Póilíneachta imscrúdú a ghabháil de láimh faoi *alt 204(2)(d),* i ndáil le teagmhas áirithe is ábhar imní, imscrúdú coiriúil eile a chur i mbaol;

(e) oifigigh shainainmnithe d'úsáid saoráidí coinneála i stáisiúin Garda Síochána chun a gcumhachtaí a fheidhmiú agus a ndualgais a chomhall faoi *alt 208*;

(f) feidhm Rialacháin 1987 nuair a bheidh na saoráidí coinneála i stáisiúin Garda Síochána á n-úsáid ag oifigigh shainainmnithe chun na gcríoch dá dtagraítear i *mír (e)*;

(g) fógraí a chur faoi *fho-alt (2)* nó *(4) d'alt 215*;

(h) faisnéis leordhóthanach a sholáthar faoi *alt 216* chun Coimisinéir an Gharda a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta, agus faoi na torthaí atá bainte amach, i ndáil le himscrúduithe d'fhonn a éascú dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall, lena n-áirítear i ndáil le fionraí comhaltaí de phearsanra an Gharda a bhainistiú;

(i) oibriú *alt 217*;

(j) an tOmbudsman Póilíneachta do láimhseáil aon imscrúduithe faoin Acht seo, ar imscrúduithe iad atá comhthráthach le himscrúduithe ag an nGarda Síochána ar na nithe céanna;

(k) faisnéis (lena n-áirítear fianaise ar chionta) a fhaigheann an tOmbudsman Póilíneachta nó Coimisinéir an Gharda a chomhroinnt lena chéile;

(l) an Garda Síochána do chur oiliúint ar fáil d'oifigigh don Ombudsman Póilíneachta i ndáil le seoladh imscrúduithe;

(m) cibé nithe eile a mheasfaidh an tOmbudsman Póilíneachta agus Coimisinéir an Gharda a thacódh le comhlíonadh cuí a bhfeidhmeanna faoi seach faoin gCuid seo.

(2) Déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta agus Coimisinéir an Gharda oibriú na bprótacal faoin alt seo agus oibriú na bprótacal sin a bheidh comhaontaithe de bhun alt 108 d'Acht 2005 agus a leanfar díobh de réir *fho-alt (3)* a choimeád faoi athbhreithniú agus féadfaidh siad cibé leasuithe ar na prótacail sin a chomhaontú is dealraitheach is gá nó is inmhianaithe i gcomhair oibriú cuí an ailt seo.

(3) Aon phrótacail a bheidh comhaontaithe de bhun alt 108 d'Acht 2005 agus atá i bhfeidhm díreach roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5*, measfar, ar an aisghairm sin agus dá éis, gur prótacail iad faoin alt seo agus féadfar iad a leasú agus a chúlghairm faoin alt seo dá réir sin.

Athbhreithniú ag an Ombudsman Póilíneachta

224. (1) I gcás go dtabharfar fógra do ghearánach—

(a) faoi *alt 198(10)(a)* go bhfuil cinneadh déanta go bhfuil a ghearán nó a gearán neamh-inghlactha, nó

(b) faoi *fho-alt (3)(a) d'alt 213* go bhfuil treorú déanta faoi *fho-alt (1)* den alt sin go bhfuil an t-imscrúdú ar a ghearán nó ar a gearán le scor,

féadfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (2)*, laistigh den tréimhse 28 lá dar tosach an dáta a bheidh an fógra faighte ag an ngearánach, a iarraidh ar an Ombudsman Póilíneachta an cinneadh nó an treorú, de réir mar a bheidh, a athbhreithniú.

(2) Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta fadú ar an tréimhse ama dá dtagraítear faoi *fho-alt (1)* a údarú i gcás go measfaidh sé nó sí go bhfuil cúis mhaith lena dhéanamh.

(3) Déanfar iarraidh ar athbhreithniú faoi *fho-alt (1)* i cibé foirm, agus beidh cibé faisnéis inti, a shonróidh an tOmbudsman Póilíneachta.

(4) I gcás go bhfaighidh an tOmbudsman Póilíneachta iarraidh ar athbhreithniú de réir an ailt seo, déanfaidh sé nó sí athbhreithniú nó socróidh sé nó sí go ndéanfar athbhreithniú.

(5) Tar éis athbhreithniú faoin alt seo, déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt i scríbhinn, nó socrú go dtabharfar fógra, don ghearánach faoi thoradh an athbhreithnithe.

Fiosrúchán breithiúnach i dtaobh iompar an Ombudsman Póilíneachta, iompar an Leas-Ombudsman Póilíneachta agus i dtaobh bheartais, chleachtais nó nósanna imeachta Oifig an Ombudsman Póilíneachta

225. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Ombudsman Póilíneachta, agus i gcás go measfaidh sé nó sí gurb é leas an phobail é, a iarraidh ar an bPríomh-Bhreitheamh cuireadh a thabhairt do bhreitheamh fiosrú a dhéanamh (le linn dó nó di a bheith ag fónamh mar bhreitheamh) maidir le ceachtar díobh seo a leanas nó maidir leo araon:

(a) iompar an Ombudsman Póilíneachta, an Leas-Ombudsman Póilíneachta, phríomh-oifigeach feidhmiúcháin Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó oifigigh don Ombudsman Póilíneachta, lena n-áirítear oifigeach sainainmnithe, i ndáil le himscrúdú nó le himscrúdú faoi *alt 227*;

(b) beartais, cleachtais nó nósanna imeachta Oifig an Ombudsman Póilíneachta—

(i) ar ócáid áirithe fad a bhí imscrúdú nó imscrúdú faoi *alt 227* á ghabháil de láimh, nó

(ii) i gcoitinne fad a bhíonn imscrúduithe nó imscrúduithe faoi *alt 227* á ngabháil de láimh.

(2) Féadfaidh an Príomh-Bhreitheamh cuireadh a thabhairt—

(a) do bhreitheamh den Chúirt Uachtarach,

(b) le toiliú Uachtarán na Cúirte Achomhairc, do bhreitheamh den Chúirt Achomhairc, nó

(c) le toiliú Uachtarán na hArd-Chúirte, do bhreitheamh den Ard-Chúirt,

fiosrúchán a sheoladh faoin alt seo agus, má ghlactar leis an gcuireadh, ceapfaidh an Príomh-Bhreitheamh an breitheamh chun an fiosrúchán a sheoladh (dá ngairtear "breitheamh ceaptha" san alt seo).

(3) Déanfar téarmaí tagartha breithimh cheaptha a shonrú san iarraidh arna déanamh ag an Aire faoi *fho-alt (1)* agus féadfaidh baint a bheith acu leo seo a leanas—

(a) iompar an Ombudsman Póilíneachta, an Leas-Ombudsman Póilíneachta, phríomh-oifigeach feidhmiúcháin Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó oifigigh don Ombudsman Póilíneachta, lena n-áirítear oifigeach sainainmnithe—

(i) ar ócáid áirithe fad a bhí imscrúdú nó imscrúdú faoi *alt 227* á ghabháil de láimh, nó

(ii) i gcoitinne fad a bhíonn imscrúduithe nó imscrúduithe faoi *alt 227* á ngabháil de láimh,

agus

(b) beartais, cleachtais nó nósanna imeachta an Ombudsman Póilíneachta—

(i) ar ócáid áirithe fad a bhí imscrúdú nó imscrúdú faoi *alt 227* á ghabháil de láimh, nó

(ii) i gcoitinne fad a bhíonn imscrúduithe nó imscrúduithe faoi *alt 227* á ngabháil de láimh.

(4) I gcás go raibh baint ag comhalta de phearsanra an Gharda le himscrúdú dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (3)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, a shonrú go bhféadfaidh baint a bheith ag téarmaí tagartha fiosrúcháin faoin alt seo le hiompar an chomhalta.

(5) Féadfaidh breitheamh ceaptha fiosrúchán a sheoladh faoin alt seo ar an modh is cuí leis nó léi, cibé acu trí fhinnéithe a cheistiú nó ar shlí eile, agus féadfaidh sé nó sí, go háirithe, aon imeachtaí i ndáil leis an bhfiosrúchán a sheoladh ar shlí eile seachas go poiblí.

(6) Chun críche fiosrúcháin faoin alt seo, beidh ag an mbreitheamh ceaptha na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear do bhreitheamh den Ard-Chúirt ar chaingean a éisteacht, lena n-áirítear an chumhacht chun an méid seo a leanas a dhéanamh—

(a) tabhairt ar fhinnéithe freastal, agus

(b) a cheangal go ndéanfar taifid a thabhairt ar aird.

(7) Aon duine a dhéanfaidh, nó a fhágfaidh gan déanamh, aon ní ar dhíspeagadh ar an gcúirt sin a bheadh ann dá mba chúirt dlí an fiosrúchán agus an chumhacht aici pionós a ghearradh mar gheall ar dhíspeagadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(8) Ní bheidh ráiteas ná admháil a thabharfaidh duine do bhreitheamh ceaptha i bhfiosrúchán faoin alt seo inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion (seachas cion faoi *fho-alt (7)*).

(9) Déanfaidh breitheamh ceaptha, ar fhiosrúchán faoin alt seo a chríochnú, tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire maidir lena fhionnachtana nó lena fionnachtana agus beidh ar áireamh aige nó aici sa tuarascáil cibé moltaí a mheasfaidh sé nó sí is iomchuí de dhroim nithe a mbeidh imscrúdú déanta orthu de réir théarmaí tagartha an fhiosrúcháin.

(10) Faoi réir *fho-alt (11)*, déanfaidh an tAire cóip de thuarascáil arna cur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (9)* a chur ar aghaidh chuig an Ombudsman Póilíneachta le haghaidh cibé gníomh a mheasfaidh an tOmbudsman Póilíneachta is cuí.

(11) I gcás go mbainfidh tuarascáil arna cur faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (9)* le fiosrúchán i dtaobh iompar an Ombudsman Póilíneachta, beidh feidhm ag *fo-alt (10)* faoi réir an mhodhnaithe, maidir leis an tagairt san fho-alt sin do déanfaidh an tAire, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt do féadfaidh an tAire.

An cion arb éard é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar

226. (1) Aon duine a dhéanfaidh, i ndáil le gearán, le himscrúdú nó le himscrúdú faoi *alt 227*, faisnéis is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach a sholáthar don Ombudsman Póilíneachta nó do chomhalta den Gharda Síochána, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Is é nó is í an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin a dhéanfaidh, nó is le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí amháin a dhéanfar, ionchúiseamh mar gheall ar chion faoin alt seo a thionscnamh, ar an Ombudsman Póilíneachta do tharchur an ní chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Dlínse chun cionta faoin gCuid seo a imscrúdú

227. (1) Beidh dlínse ag an Ombudsman Póilíneachta chun cion faoin gCuid seo a imscrúdú.

(2) I gcás go gceapfaidh an tOmbudsman Póilíneachta oifigeach sainainmnithe chun cion faoin gCuid seo a imscrúdú, beidh feidhm ag na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí go léir a thugtar, agus ag na dualgais go léir a fhorchuirtear, faoi *alt 209* maidir leis an oifigeach chun críocha an imscrúdaithe sin agus chun críoch aon nithe atá coimhdeach nó iarmhartach maidir leis an imscrúdú.

(3) Beidh feidhm ag *alt 210* fairis na modhnuithe is gá i leith imscrúdú faoin alt seo.

(4) I gcás go gcríochnóidh oifigeach sainainmnithe imscrúdú faoin alt seo, cuirfidh sé nó sí tuarascáil ar an imscrúdú faoi bhráid an Ombudsman Póilíneachta.

(5) Más rud é, tar éis tuarascáil arna cur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (4)* a bhreithniú, gurb é tuairim an Ombudsman Póilíneachta go nochtar sa tuarascáil go bhféadfadh sé go ndearnadh cion, déanfaidh an tOmbudsman Póilíneachta—

(a) cóip den tuarascáil agus de chomhad an imscrúdaithe a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, agus

(b) ar iarraidh a fháil ón Stiúrthóir sin, aon fhaisnéis eile a sholáthar dó nó di ar faisnéis í a bhaineann leis an imscrúdú agus is dealraitheach don Stiúrthóir is gá chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 a chomhlíonadh.

(6) Cuirfidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an méid seo a leanas in iúl don Ombudsman Póilíneachta—

(a) breith ón Stiúrthóir i dtaobh cibé acu is ceart nó nach ceart ionchúiseamh a thionscnamh i ndáil leis an gcion líomhnaithe is ábhar do thuarascáil arna fáil ón Ombudsman Póilíneachta faoi *fho-alt (5)*, agus

(b) i gcás go dtionscnófar ionchúiseamh, faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis an ionchúiseamh agus cibé acu a dhéanfar, de thoradh an ionchúisimh, an duine arb é a iompar nó a hiompar ab ábhar don tuarascáil a chiontú nó a éigiontú.

(7) D'ainneoin—

(a) go gciontófar nó go n-éigiontófar comhalta de phearsanra an Gharda i gcion i leith ní a thuairisceofar don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoin alt seo,

(b) go ndéanfar an cúiseamh i gcoinne an chomhalta de phearsanra an Gharda i leith cion den sórt sin a dhíbhe faoi alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967,

(c) go ndéanfar na himeachtaí i leith cion den sórt sin a scor, nó

(d) go dtabharfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí breith gan ionchúiseamh a thionscnamh i ndáil leis an ní sin,

ní choiscfear imeachtaí iompair ná imeachtaí dífhostúcháin a thionscnamh ná leanúint d'imeachtaí iompair ná d'imeachtaí dífhostúcháin i ndáil leis an ní de bhíthin gurb ionann, ina shubstaint, an gníomh nó an neamhghníomh atá á imscrúdú agus an t-iompar arb é an cion dá dtagraítear i *mír (a)* é, agus dá bhíthin sin amháin.

(8) Beidh feidhm ag *alt 216(1)(g)* i leith imscrúdú faoin alt seo.

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le gearáin, le himscrúduithe agus le nithe eile faoi Acht 2005

228. (1) Más rud é, díreach roimh aisghairm alt 87 d'Acht 2005 le *halt 5*, nach mbeidh cinneadh faoin alt sin 87 maidir le hinghlacthacht gearáin (de réir bhrí Chuid 4 den Acht sin) déanta, measfar an gearán a bheith déanta faoin Acht seo.

(2) Más rud é, díreach roimh aisghairm alt 90 d'Acht 2005 le *halt 5*, go mbeidh gearán inghlactha (de réir bhrí Chuid 4 d'Acht 2005) faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint faoin alt sin 90 agus nach mbeidh an gearán réitithe, leanfaidh Acht 2005 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an ngearán amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh aon fhoráil den Acht sin.

(3) Más rud é, díreach roimh aisghairm alt 90 d'Acht 2005 le *halt 5*, go mbeidh gearán inghlactha (de réir bhrí Chuid 4 d'Acht 2005) tarchurtha chuig Coimisinéir an Gharda faoi mhír (a) d'alt 92 d'Acht 2005 agus go mbeidh tús curtha leis an imscrúdú ar an ngearán faoi alt 94 d'Acht 2005 agus nach mbeidh sé críochnaithe roimh aisghairm an ailt sin 94 le *halt 5*, leanfaidh Acht 2005 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an imscrúdú amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh aon fhoráil den Acht sin.

(4) Más rud é, díreach roimh aisghairm alt 91 d'Acht 2005 le *halt 5*, nach mbeidh scrúdú faoi fho-alt (1)(a) den alt sin 91 ar ghearán dá dtagraítear san alt sin tosaithe nó nach mbeidh sé críochnaithe, measfar an gearán a bheith déanta faoin Acht seo.

(5) Más rud é, maidir le himscrúdú faoi alt 95 nó 98 d'Acht 2005 ar ghearán (de réir bhrí Chuid 4 d'Acht 2005), nach mbeidh sé tosaithe roimh aisghairm na n-alt sin le *halt 5*, leanfaidh Acht 2005 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an ngearán amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh aon fhoráil den Acht sin.

(6) Más rud é, maidir le himscrúdú faoi alt 95 nó 98 d'Acht 2005 ar ghearán (de réir bhrí Chuid 4 d'Acht 2005), go mbeidh sé tosaithe roimh aisghairm na n-alt sin le *halt 5* agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an imscrúdú críochnaithe roimh an aisghairm sin, leanfaidh Acht 2005 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an imscrúdú amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh aon fhoráil den Acht sin.

(7) Más rud é, maidir le himscrúdú—

(a) ar aon ní faoi alt 102(4), (4A) nó (5) d'Acht 2005, nó

(b) ar aon éagóiritheoireacht iomchuí lena mbaineann nochtadh dá dtagraítear in alt 102A(1) d'Acht 2005,

nach mbeidh sé tosaithe roimh aisghairm na n-alt sin le *halt 5*, measfar gur ní nó nochtadh lena mbaineann an tAcht seo an ní nó an nochtadh lena mbaineann.

(8) Más rud é, maidir le himscrúdú—

(a) ar aon ní faoi fho-alt (4), (4A) nó (5) d'alt 102 d'Acht 2005, nó

(b) ar aon éagóiritheoireacht iomchuí lena mbaineann nochtadh dá dtagraítear in alt 102A(1) d'Acht 2005,

go mbeidh sé tosaithe roimh aisghairm na n-alt sin le *halt 5* agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an imscrúdú lena mbaineann críochnaithe roimh an aisghairm, leanfaidh Acht 2005 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an imscrúdú amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh aon fhoráil den Acht sin.

(9) Más rud é, maidir le scrúdú faoi fho-alt (1) d'alt 106 d'Acht 2005, go mbeidh sé tosaithe roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* agus nach mbeidh an scrúdú críochnaithe roimh an aisghairm sin, leanfaidh Acht 2005 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an scrúdú amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh aon fhoráil den Acht sin.

(10) Chun críoch an ailt seo—

(a) déanfar tagairt d'imscrúdú a thosú faoi alt 95 d'Acht 2005 a fhorléiriú mar thagairt don tráth a thabharfaidh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána breith gearán a imscrúdú i dtaobh iompar nach cosúil gur cion é faoin alt sin, agus

(b) déanfar tagairt d'imscrúdú a thosú faoi alt 98 d'Acht 2005 a fhorléiriú mar thagairt don tráth a threorófar, faoin alt sin, d'oifigeach sainainmnithe do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána gearán a imscrúdú faoin Acht sin.

(11) Más rud é, roimh aisghairm alt 129 d'Acht 2005 le *halt 5*, gur shínigh comhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána deimhniú de réir fho-alt (1) nó (2) den alt sin 129, beidh an deimhniú, in aon imeachtaí dlí tar éis na haisghairme sin, mura suífear a mhalairt, ina fhianaise ar na nithe a bheidh luaite ann amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh na fo-ailt sin (1) agus (2) d'alt 129 agus beidh feidhm ag fo-alt (3) den alt sin 129 i leith an deimhnithe sin amhail is dá mba rud é nár aisghaireadh é.

CUID 7

AN SCRÚDAITHEOIR NEAMHSPLEÁCH UM REACHTAÍOCHT SLÁNDÁLA

CAIBIDIL 1

Réamhráiteach agus Ginearálta (Cuid 7)

Mínithe (*Cuid 7*)

229. Sa Chuid seo—

ciallaíonn "Acht 1993" an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993;

ciallaíonn "Acht 2009" an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009;

ciallaíonn "Acht 2011" an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011;

tá le "tuarascáil bhliantúil" an bhrí a shanntar dó le *halt 244(1)*;

ciallaíonn "lá bunaithe na hoifige" an lá a cheapfar faoi *alt 23*1;

ciallaíonn "sealbhóir faisnéise"—

(a) An Garda Síochána,

(b) na Buan-Óglaigh, nó

(c) Aire den Rialtas nó aon chomhlacht poiblí eile—

(i) ar a bhfuil freagrachtaí a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta agus le slándáil an Stáit a chosaint, lena n-áirítear bonneagar criticiúil, leas eacnamaíoch an Stáit agus caidreamh idirnáisiúnta a choimirciú,

(ii) atá freagrach as reachtaíocht slándála a fhorbairt, a chur i ngníomh nó a oibriú, nó atá bainteach leis an gcéanna, nó

(iii) atá i seilbh faisnéis, doiciméid nó aon rud eile is iomchuí, i dtuairim an Scrúdaitheora Neamhspleách, maidir lena chuid oibre nó lena cuid oibre;

tá le "oifig" an bhrí a shanntar dó le *halt 232(1)*;

ciallaíonn "Aire iomchuí", i ndáil le sealbhóir faisnéise—

(a) i gcás gur Aire den Rialtas an sealbhóir faisnéise, an tAire sin, agus

(b) i ngach cás eile, an tAire den Rialtas atá freagrach as an sealbhóir faisnéise agus dá ndílsítear feidhmeanna, cibé acu reachtúil nó eile, i leith an tsealbhóra faisnéise;

ciallaíonn "reachtaíocht slándála"—

(a) na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998,

(b) an tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976,

(c) Acht 1993,

(d) an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005,

(e) Acht 2009,

(f) an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010,

(g) Acht 2011, agus

(h) aon reachtaíocht a shonróidh an Taoiseach de réir *alt 230*;

ciallaíonn "seirbhísí slándála" seirbhísí a bhaineann le slándáil an Stáit a chosaint;

ciallaíonn "faisnéis íogair" faisnéis a gheobhaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, is faisnéis lena bhféadfaí, dá nochtfaí í do thríú páirtí—

(a) dochar nó díobháil a dhéanamh do shlándáil an Stáit, don chosaint nó do leasanna idirnáisiúnta, nó do nithe a bhaineann le Tuaisceart Éireann,

(b) beatha nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol,

(c) foinse faisnéise, cúnamh eile nó modhanna oibríochta a úsáidtear i seachadadh seirbhísí slándála nó seirbhísí póilíneachta, a shainaithint nó mionsonraí i dtaobh an chéanna a sholáthar,

(d) faisnéis a nochtadh faoi oibríochtaí póilíneachta nó slándála áirithe, imscrúduithe coiriúla áirithe nó ionchúisimh choiriúla áirithe atá gafa de láimh nó atá á ngabháil de láimh ag sealbhóir faisnéise nó a bheartaíonn an sealbhóir faisnéise a ghabháil de láimh,

(e) faisnéis a nochtadh is faisnéis arna soláthar don Stát ag comhlacht idirnáisiúnta nó ag rialtas stáit, seachas an Stát, i gcás nach dtoilíonn an comhlacht idirnáisiúnta ná rialtas an stáit sin lena nochtadh,

(f) dochar a dhéanamh do thabhairt faisnéise íogaire breise don Stát ag comhlacht idirnáisiúnta nó ag rialtas stáit, seachas an Stát, nó dochar a dhéanamh do thabhairt faisnéise eile dá samhail do chomhlacht idirnáisiúnta ag stáit eile, nó

(g) dochar a dhéanamh do chomhoibriú comhlachta idirnáisiúnta nó rialtais stáit eile leis an Stát;

ciallaíonn "tuarascáil speisialta" tuarascáil arna cur faoi bhráid an Taoisigh faoi *fho-alt (1)* nó *(3) d'alt 245*.

Reachtaíocht slándála a shonrú

230. (1) Féadfaidh an Taoiseach, tar éis dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus le cibé Aire den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí is cuí, aon achtachán a shonrú, le hordú, chun críocha *mhír (h)* den mhíniú ar "reachtaíocht slándála" in *alt 229*.

(2) Agus ordú á dhéanamh ag an Taoiseach faoi *fho-alt (1)*, beidh aird aige nó aici ar fheidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách agus ar chineál an achtacháin arb ina leith a bheartaítear ordú a dhéanamh.

Caibidil 2

An oifig a bhunú

Lá bunaithe na hoifige

231. Déanfaidh an Rialtas, le hordú, lá a cheapadh chun bheith mar lá bunaithe na hoifige chun críocha na Coda seo.

An oifig a bhunú

232. (1) Beidh arna bunú, ar lá bunaithe na hoifige, oifig ar a dtabharfar oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála (dá ngairtear an "oifig" sa Chuid seo) chun na feidhmeanna a thugtar di leis an Acht seo nó le haon achtachán eile a chomhlíonadh.

(2) Tabharfar an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála nó, sa Bhéarla, *the Independent Examiner of Security Legislation* (dá ngairtear an "Scrúdaitheoir Neamhspleách" san Acht seo) ar shealbhóir na hoifige.

Caibidil 3

An Scrúdaitheoir Neamhspleách

An Scrúdaitheoir Neamhspleách a cheapadh

233. (1) Faoi réir na Coda seo, is é an Rialtas a dhéanfaidh duine a cheapadh ina Scrúdaitheoir Neamhspleách tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rúin a rith ag moladh an duine a cheapadh.

(2) Féadfaidh an Rialtas, roimh lá bunaithe na hoifige, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad Scrúdaitheoir Neamhspleách nó ina céad Scrúdaitheoir Neamhspleách.

(3) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe na hoifige, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (2)*, beidh an duine arna cheapadh nó arna ceapadh, an lá sin, ina chéad Scrúdaitheoir Neamhspleách nó ina céad Scrúdaitheoir Neamhspleách.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (2)*.

(5) Ní dhéanfaidh an Rialtas duine a cheapadh, ná a shainainmniú lena cheapadh nó lena ceapadh, ina Scrúdaitheoir Neamhspleách mura deimhin leis an Rialtas go bhfuil an duine oiriúnach lena cheapadh nó lena ceapadh amhlaidh mar gheall ar cibé taithí, cáilíochtaí, oiliúint agus saineolas iomchuí a bheith aige nó aici is cuí ag féachaint, go

háirithe, d'fheidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách faoin Acht seo agus faoi aon achtachán eile.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, féadfar aon duine, a mbeidh oifig breithimh den Ard-Chúirt, oifig breithimh den Chúirt Achomhairc nó oifig breithimh den Chúirt Uachtarach ina sheilbh aige nó ina seilbh aici, a cheapadh ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, gan scaradh leis an oifig sin.

(7) I gcás go gceapfar duine a shonraítear i *bhfo-alt (6)* ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, ní cheanglófar air nó uirthi, mura bhforáiltear a mhalairt le téarmaí a cheapacháin nó a ceapacháin, fad a bheidh sé nó sí ceaptha amhlaidh, a dhualgais nó a dualgais a chomhall faoi reacht mar shealbhóir na hoifige breithiúnaí lena mbaineann dá dtagraítear san fho-alt sin.

(8) Beidh feidhm ag *Sceideal 6* i gcás go ndéanfar duine a shealbhaíonn oifig bhreithiúnach dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* a cheapadh ina Scrúdaitheoir Neamhspleách.

Cuspóirí, feidhmeanna agus cumhachtaí an Scrúdaitheora Neamhspleách

234. (1) Is iad seo a leanas cuspóirí an Scrúdaitheora Neamhspleách—

(a) muinín a chur chun cinn i measc an phobail as an reachtaíocht slándála,

(b) tacú leis an Rialtas chun slándáil an Stáit a chosaint,

(c) a chinntiú go ndéanfar faisnéis a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur ar fáil don phobal a mhéid is mó is féidir gan dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit, don chosaint ná do chaidreamh idirnáisiúnta, agus

(d) a chinntiú go gcomhlíontar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna ar mhodh tráthúil éifeachtúil éifeachtach.

(2) Faoi réir an Achta seo, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách:

(a) oibriú agus éifeachtacht na reachtaíochta slándála a choimeád faoi athbhreithniú, lena n-áirítear trí scrúdú a dhéanamh—

(i) i dtaobh an amhlaidh, maidir leis an reachtaíocht slándála—

(I) go bhfuil sí éifeachtach agus comhréireach ó thaobh na gcuspóirí atá léi sa mhéid go mbaineann siad le slándáil an Stáit a chosaint, agus

(II) go bhfuil coimircí leordhóthanacha inti chun cearta an duine a chosaint,

agus

(ii) ar an ngá leanúnach atá leis an reachtaíocht chun slándáil an Stáit a chosaint;

(b) athbhreithnithe (de réir bhrí *alt 243*) a chomhall agus moltaí a eisiúint faoin alt sin;

(c) scrúdú a dhéanamh ar a éifeachtúla agus ar a éifeachtaí is a dhéantar seirbhísí slándála a sheachadadh;

(d) tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta agus tuarascálacha faoi *alt 246* a ullmhú;

(e) aon fheidhmeanna eile a thugtar don Scrúdaitheoir Neamhspleách leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh.

(3) Faoi réir an Achta seo, beidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách neamhspleách agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna á gcomhlíonadh aige nó aici.

(4) Beidh aird ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách, agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna á gcomhlíonadh aige nó aici, ar fheidhmeanna comhlachtaí poiblí eile.

(5) Beidh ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(6) Más rud é, i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, go dtiocfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách ar an eolas faoi ní, i ndáil le sealbhóir faisnéise, is iomchuí maidir leis na feidhmeanna atá ag comhlacht formhaoirsiúcháin neamhspleách i ndáil leis an sealbhóir faisnéise, tabharfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách fógra faoin ní don chomhlacht sin i scríbhinn.

(7) I gcás gurb é tuairim an Scrúdaitheora Neamhspleách go mbaineann achtachán, seachas achtachán a thagann faoi réim an mhínithe ar "reachtaíocht slándála", le slándáil an Stáit a chosaint—

(a) beidh feidhm ag *fo-alt (2)(a)* amhail is dá bhfolódh na tagairtí do reachtaíocht slándála san fho-alt sin tagairtí don achtachán sin, agus

(b) cuirfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách an tuairim sin in iúl don Aire.

(8) I gcás go gcuirfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách tuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* in iúl don Aire faoin bhfo-alt sin, cuirfidh an tAire an tuairim sin in iúl do cibé Airí eile den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí is cuí.

(9) Féadfaidh an Taoiseach, tar éis dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus le cibé Airí den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí is cuí, le rialachán—

(a) cibé feidhmeanna breise, a bhaineann le slándáil an Stáit a chosaint agus a mheasfaidh an Taoiseach is cuí, a thabhairt don Scrúdaitheoir Neamhspleách, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar sa rialachán, agus

(b) cibé foráil a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is fóirsteanach i ndáil le nithe atá coimhdeach leis na feidhmeanna breise sin a thabhairt nó atá tar éis teacht chun cinn mar gheall gur tugadh na feidhmeanna breise sin.

(10) Beidh aird ag an Taoiseach, sula ndéanfaidh sé nó sí rialacháin faoi *fho-alt (9)*, ar chuspóirí an Scrúdaitheora Neamhspleách a shonraítear i *bhfo-alt (1)* agus ar fheidhmeanna láithreacha an Scrúdaitheora Neamhspleách faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile.

(11) San alt seo, ciallaíonn "comhlacht formhaoirsiúcháin neamhspleách", i ndáil le sealbhóir faisnéise, comhlacht poiblí atá neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus arb é an cuspóir atá leis formhaoirsiú, iniúchadh nó imscrúdú a dhéanamh, nó scrúdú a dhéanamh ar shlí eile, ar ábhar arna shealbhú ag an sealbhóir faisnéise.

Téarmaí agus coinníollacha ceapacháin an Scrúdaitheora Neamhspleách

235. (1) Faoi réir na Coda seo, is go ceann cibé tréimhse, nach faide ná 5 bliana, a chinnfidh an Rialtas tráth an cheaptha, a cheapfar duine faoi *alt 233* ina Scrúdaitheoir Neamhspleách.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh an Rialtas duine a athcheapadh ina Scrúdaitheoir Neamhspleách de réir *alt 233(1)* go ceann tréimhse bhreise nach faide ná 5 bliana.

(3) Ní bheidh duine a mbeidh 2 théarma oifige curtha isteach aige nó aici mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách in-athcheaptha faoi *fho-alt (2)*.

(4) Beidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an Rialtas, tráth an cheaptha nó an athcheaptha.

Cumhacht an Taoisigh duine a shainainmniú chun feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách a chomhlíonadh

236. (1) I gcás nach bhfuil an Scrúdaitheoir Neamhspleách ábalta, ar aon chúis, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, déanfaidh na daoine seo a leanas, gan mhoill, fógra faoin méid sin a thabhairt i scríbhinn don Taoiseach—

(a) an Scrúdaitheoir Neamhspleách, nó

(b) i gcás nach bhfuil an Scrúdaitheoir Neamhspleách ábalta fógra faoin méid sin a thabhairt don Taoiseach, an tAire ar é nó í do theacht ar an eolas faoin neamhábaltacht sin.

(2) Sonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (1)*—

(a) an dáta óna scoir an Scrúdaitheoir Neamhspleách, nó óna scoirfidh sé nó sí, de bheith ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh,

(b) an chúis nach bhfuil an Scrúdaitheoir Neamhspleách ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(c) más eol, an dáta ar a mbeidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách ábalta atosú ar a fheidhmeanna nó ar a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) I gcás go bhfaighidh an Taoiseach fógra faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh sé nó sí duine a shainainmniú chun feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách a chomhlíonadh go ceann cibé tréimhse, faoi réir *fho-alt (5)*, nach mbeidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách ábalta na feidhmeanna sin a chomhlíonadh amhlaidh lena linn.

(4) Beidh feidhm ag *fo-ailt (5)* go *(8) d'alt 233* maidir le duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi *fho-alt (3)* faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) déanfar tagairt sna fo-ailt sin do cheapachán a fhorléiriú mar thagairt do shainainmniúchán faoi *fho-alt (3)*;

(b) déanfar tagairt in *alt 233(5)* don Rialtas a fhorléiriú mar thagairt don Taoiseach.

(5) Féadfaidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú ag an Taoiseach faoi *fho-alt (3)* feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách a chomhlíonadh go ceann cibé tréimhse, nach faide ná 6 mhí, a shonróidh an Taoiseach.

(6) I gcás go sainainmneofar duine faoi *fho-alt (3)* chun feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách a chomhlíonadh, déanfar aon tagairt san Acht seo nó in aon achtachán eile don Scrúdaitheoir Neamhspleách, ar feadh thréimhse an tsainainmniúcháin sin, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú amhlaidh.

(7) San alt seo, ciallaíonn tagairt don Scrúdaitheoir Neamhspleách gan bheith ábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh—

(a) an Scrúdaitheoir Neamhspleách a bheith as láthair nó éagumasaithe, nó

(b) an oifig a bheith folamh.

Neamh-incheapthacht agus dícháiliú chun oifig a shealbhú mar Scrúdaitheoir Neamhspleách

237. (1) Ní bheidh duine inainmnithe ná incheaptha mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách ach amháin i gcás go bhfuil nó go raibh oifig breithimh den Ard-Chúirt, oifig breithimh den Chúirt Achomhairc nó oifig breithimh den Chúirt Uachtarach á sealbhú aige nó aici.

(2) Ní bheidh duine inainmnithe ná incheaptha mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách más rud é—

(a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,

(b) go bhfuil sé nó sí, faoi rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa, i dteideal suí sa Pharlaimint sin, nó

(c) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í.

(3) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách, más rud é—

(a) faoi réir *fho-alt (4)*, go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í,

(b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,

(c) go gciontófar ar díotáil é nó í i gcion, nó go gciontófar é nó í lasmuigh den Stát i gcion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion ab intriailte ar díotáil iad dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,

(d) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,

(e) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,

(f) go mbeidh dearbhú faoi alt 819 d'Acht 2014 déanta ina choinne nó ina coinne nó go measfar é nó í a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin, nó

(g) go mbeidh sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháiliúcháin de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht 2014, cibé acu de bhua na Caibidle sin nó aon fhoráil eile den Acht sin nó faoi réir dícháiliú lasmuigh den Stát, a mbeidh an éifeacht chéanna leis, agus a bheidh i gcomhréir le hordú dícháiliúcháin den sórt sin.

(4) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *mhír (a) d'fho-alt (3)* fad nach mbeidh deimhniú urscaoilte ón bhféimheacht faighte aige nó aici.

(5) Más rud é, maidir leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(d) go dtoghfar nó go gcomhthoghfar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí, air sin, d'oifig a shealbhú mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách.

An Scrúdaitheoir Neamhspleách d'éirí as oifig

238. Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách éirí as an oifig le fógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Taoiseach agus glacfaidh an t-éirí as éifeacht an dáta a gheobhaidh an Taoiseach an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má chomhaontaíonn an Taoiseach leis an dáta sin, an dáta sin.

An Scrúdaitheoir Neamhspleách a chur as oifig

239. Féadfaidh an Rialtas an Scrúdaitheoir Neamhspleách a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe, lena n-áirítear de bhíthin—

(a) gur mhainnigh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, feidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh,

(b) go bhfuil sé nó sí tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte nó ar chúis éigin eile, ar na feidhmeanna sin a chomhlíonadh go héifeachtach,

(c) gur mhí-iompair sé é féin nó sí í féin mar a bheidh sonraithe,

(d) go bhfuil easaontacht leasa aige nó aici atá chomh suntasach sin gur chóir go scoirfeadh sé nó sí den oifig a shealbhú, nó

(e) go bhfuil sé nó sí, ar shlí eile, neamhfheidhmiúil chun an oifig a shealbhú nó nach bhfuil sé nó sí ábalta feidhmeanna na hoifige a chomhall.

Seirbhísí agus foireann a sholáthar don Scrúdaitheoir Neamhspleách

240. (1) Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé cistí, áitribh, saoráidí agus seirbhísí is gá ar mhaithe le feidhmiú cuí na hoifige a sholáthar don Scrúdaitheoir Neamhspleách.

(2) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, cibé oifigigh agus cibé líon oifigeach de chuid an Aire a chinnfidh an

tAire a cheapadh chun cabhrú leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Cumhacht an Scrúdaitheora Neamhspleách chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a cheapadh agus chun conarthaí a dhéanamh

241. (1) Faoi réir cibé nósanna imeachta agus ceanglais a bheidh i rialacháin (más ann) faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, le toiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe—

(a) cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhruiliú a mheasfaidh sé nó sí is gá chun cabhrú leis nó léi a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, agus

(b) conradh a dhéanamh le haon duine nó le haon chomhlacht maidir le haon ní a eascróidh i ndáil leis na feidhmeanna sin.

(2) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Taoisigh agus ag féachaint don ghá atá ann slándáil an Stáit a chosaint, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le nósanna imeachta chun a oiriúnaí atá siad seo a leanas, agus aon cheanglais a bheidh le comhlíonadh acu seo a leanas, a chinneadh—

(a) sainchomhairleoirí nó comhairleoirí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a),* nó

(b) daoine nó comhlachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)*.

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Taoiseach, diúltú a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoi *fho-alt (1)* i gcás gurb é tuairim an Aire maidir leis an sainchomhairleoir nó leis an gcomhairleoir a bheartaíonn an Scrúdaitheoir Neamhspleách a fhruiliú faoi *mhír (a)* den fho-alt sin, nó maidir leis an duine nó leis an gcomhlacht lena mbeartaíonn an Scrúdaitheoir Neamhspleách conradh a dhéanamh faoi *mhír (b)* den fho-alt sin—

(a) nach gcomhlíonann sé nó sí cibé ceanglais (más ann) a shonrófar i rialacháin faoi *fho-alt (2)*, nó

(b) nach bhfuil sé nó sí oiriúnach ar shlí eile.

(4) Íocfaidh an oifig, as na hacmhainní atá faoina réir ag an oifig, le sainchomhairleoirí, comhairleoirí, daoine nó comhlachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, cibé táillí (más ann) nó liúntais i leith caiteachais (más ann) a thabhóidh siad agus a chinnfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, le toiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(5) Faoi réir *fho-alt (4)*, is go ceann cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách is cuí a dhéanfar duine a fhruiliú mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir faoi *fho-alt (1)(a).*

Cumhachtaí breise an Scrúdaitheora Neamhspleách

242. (1) D'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, le fógra i scríbhinn—

(a) a cheangal ar shealbhóir faisnéise a bhfuil, i dtuairim an Scrúdaitheora Neamhspleách, faisnéis aige nó aici, nó cumhacht nó rialú aige nó aici ar

dhoiciméad nó ar rud, is iomchuí maidir le feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách a chomhlíonadh, an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud sin a sholáthar don Scrúdaitheoir Neamhspleách, agus

(b) más cuí, a cheangal ar shealbhóir faisnéise nó ar dhuine a bheidh ainmnithe thar ceann sealbhóir faisnéise freastal os comhair an Scrúdaitheora Neamhspleách chun críche ceanglais faoi *mhír (a)*.

(2) Déanfaidh sealbhóir faisnéise is ábhar do cheanglas a shonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (1)*, nó duine a bheidh ainmnithe ag sealbhóir faisnéise den sórt sin, an ceanglas a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus sealbhóir faisnéise meabhrán tuisceana a chomhaontú maidir leis an modh ar a soláthrófar faisnéis, doiciméid nó rudaí don Scrúdaitheoir Neamhspleách faoin alt seo.

(4) Aon sealbhóir faisnéise, nó duine a bheidh ainmnithe ag an sealbhóir faisnéise, a gceanglófar air nó uirthi freastal os comhair an Scrúdaitheora Neamhspleách de bhun fógra faoi *fho-alt (1)(b)*—

(a) déanfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (5)*, aon cheist a chuirfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách air nó uirthi a fhreagairt go hiomlán agus go fírinneach, agus

(b) má iarrann an Scrúdaitheoir Neamhspleách air nó uirthi amhlaidh, síneoidh sé nó sí dearbhú maidir le fírinne a fhreagra nó a freagra ar an gceist.

(5) Más rud é—

(a) go soláthrófar aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud don Scrúdaitheoir Neamhspleách de réir fógra faoi *fho-alt (1)(a),* nó

(b) go gcuirfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách ceist ar dhuine faoi *fho-alt (4)(a)*,

maidir leis an sealbhóir faisnéise, nó maidir leis an duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an sealbhóir faisnéise, de réir mar a bheidh, a sholáthróidh an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud nó ar a gcuirfear an cheist, cinnteoidh sé nó sí go mbeidh an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud arna soláthar nó arna sholáthar aige nó aici, nó an freagra arna thabhairt aige nó aici, de réir mar a bheidh, faoi réir cibé eisiaimh nó eagarfholuithe a mheasfaidh sé nó sí is gá chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) foinsí faisnéiseachta idirnáisiúnta a choimirciú, nó

(ii) céannacht duine a cheilt, i gcás go bhféadfaí beatha nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol dá nochtfaí céannacht an duine.

(6) Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách a iarraidh go gcuirfear saoráidí cuí agus cóiríocht chuí ar fáil laistigh d'áitreabh sealbhóra faisnéise chun scrúdú ar fhaisnéis, ar dhoiciméid nó ar rudaí a cheadú agus chun ceisteanna a chur ar phearsana aonair agus, i gcás go n-iarrfaidh sé nó sí amhlaidh, déanfaidh sealbhóir faisnéise de réir na hiarrata.

(7) Féadfaidh an tAire, ag féachaint *d'fho-alt (6)*, an modh ar a mbeidh faisnéis, doiciméid nó rudaí le soláthar ag sealbhóirí faisnéise don Scrúdaitheoir Neamhspleách a fhorordú.

Athbhreithnithe agus moltaí ón Scrúdaitheoir Neamhspleách

243. (1) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách athbhreithniú de réir an ailt seo (dá ngairtear "athbhreithniú" san alt seo) ar na nithe seo a leanas:

(a) diúltú ó Choimisinéir an Gharda, faoi *fho-alt (5) d'alt 147*, déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (4)* den alt sin chun faisnéis nó doiciméad a sholáthar don Údarás, is diúltú arna tharchur ag an Údarás chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoin *bhfo-alt* sin *(5)*;

(b) agóid arna déanamh ag Coimisinéir an Gharda faoi *alt 210(14)* i gcoinne cuardach ar áitreabh Garda Síochána a mbeidh fógra tugtha ag Coimisinéir an Gharda don Scrúdaitheoir Neamhspleách ina leith faoin bhfo-alt sin;

(c) diúltú ó dhuine, faoi *fho-alt (5) d'alt 211*, aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a sholáthar de bhun ceanglas faoi *fho-alt (1)(a)* den alt sin nó aon cheist a fhreagairt faoi *fho-alt (4)(a)* den alt sin, is diúltú arna tharchur nó ceist arna tarchur ag an Ombudsman Póilíneachta chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *fho-alt (7)* den alt sin;

(d) diúltú ó Choimisinéir an Gharda, faoi *fho-alt (3) d'alt 217*, déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (1)* den alt sin chun aon fhaisnéis nó aon doiciméad a sholáthar, is diúltú arna tharchur ag an Ombudsman Póilíneachta chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *fho-alt (4)* den alt sin.

(2) Beidh i dtarchur nó i bhfógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* cibé faisnéis eile, i ndáil leis an ní arna tharchur nó i ndáil leis an ní a mbeidh fógra tugtha ina leith, a éileoidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách le réasún chun críoch athbhreithnithe.

(3) Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, chun críche athbhreithnithe, faisnéis bhreise a lorg ar an nGarda Síochána nó duine a bheidh ainmnithe ag Coimisinéir an Gharda a chur faoi agallamh chun na críche sin.

(4) Ar athbhreithniú a chríochnú, eiseoidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách moladh i scríbhinn chuig an Aire i ndáil leis an ní lena mbaineann an t-athbhreithniú agus na cúiseanna atá leis an moladh sin.

(5) Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách meabhrán tuisceana a chomhaontú le Coimisinéir an Gharda maidir leis an modh ar a bhféadfar cumhachtaí an Scrúdaitheora Neamhspleách faoi *fho-alt (3)* a fheidhmiú.

CAIBIDIL 4

Tuairisciú

Tuarascáil bhliantúil an Scrúdaitheora Neamhspleách

244. (1) Faoi réir *fho-alt (3)(a)* agus *alt 249,* déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí nó ar a gníomhaíochtaí faoin Acht seo agus faoi Acht 1993, Acht 2009 agus Acht 2011 i rith na bliana roimhe sin (dá ngairtear an "tuarascáil bhliantúil" sa Chuid seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Taoisigh.

(2) Faoi réir *alt 249*, beidh ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil—

(a) athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtacht Acht 1993, Acht 2009 agus Acht 2011 sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil,

(b) faoi réir *fho-alt (3)(b),* uair amháin ar a laghad gach 3 bliana, athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtacht na n-achtachán, seachas na hachtacháin sin dá dtagraítear i *mír (a),* a thagann faoi réim an mhínithe ar "reachtaíocht slándála",

(c) gan dochar do *mhíreanna (a)* ná *(b)*, ráiteas ginearálta maidir leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách do chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil, lena n-áirítear, faoi réir *fho-alt (3)(c),* cibé feidhmeanna breise a thabharfar dó nó di faoi *alt 234(9)(a)*,

(d) ráiteas ginearálta maidir le fógraí ar bith a bheidh faighte le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil faoi *alt 204(7)*,

(e) mionsonraí i dtaobh aon iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a bheidh déanta ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus aon bhreith ón Taoiseach i ndáil leis an iarraidh sin, agus

(f) cibé moltaí, ag féachaint dá chuspóirí nó dá cuspóirí dá dtagraítear in *alt 234(1)*, is dealraitheach don Scrúdaitheoir Neamhspleách is cuí.

(3) Féadfaidh an Taoiseach, i gcás go bhfaighidh sé nó sí iarraidh i scríbhinn ina thaobh sin ón Scrúdaitheoir Neamhspleách i ndáil le tuarascáil bhliantúil—

(a) tréimhse bhreise suas le 6 mhí a dheonú, dar tosach deireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(5)*, de réir mar a bheidh, chun an tuarascáil bhliantúil a chur faoina bhráid nó faoina bráid faoin bhfo-alt lena mbaineann,

(b) i gcás go gceanglófaí thairis sin, de bhua oibriú *fho-alt (2)(b),* athbhreithniú ar achtachán lena mbaineann an fo-alt sin a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, a cheadú nach ndéanfar an t-athbhreithniú sin a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil sin agus, ina ionad sin, go ndéanfar é a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil an bhliain dár gcionn, agus

(c) i gcás go gceanglófaí thairis sin, de bhua oibriú *fho-alt (2)(c),* ráiteas ginearálta maidir leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách do chomhlíonadh cibé feidhmeanna breise a thabharfar dó nó di faoi *alt 234(9)(a)* a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, a cheadú nach ndéanfar an ráiteas sin a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil sin agus go ndéanfar é a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil an bhliain ina dhiaidh sin.

(4) Cinnteoidh an Taoiseach go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di cóip den tuarascáil bhliantúil a fháil, cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(5) D'ainneoin *fho-alt (1)*, dá mba rud é, murach an fo-alt seo, go mbainfeadh an chéad tuarascáil bhliantúil faoin bhfo-alt sin le tréimhse ba ghiorra ná 6 mhí, bainfidh an tuarascáil bhliantúil sin leis an tréimhse sin agus leis an mbliain díreach i ndiaidh na tréimhse sin agus ullmhófar í a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí, tar éis dheireadh na bliana sin.

Tuarascálacha speisialta ón Scrúdaitheoir Neamhspleách

245. (1) Faoi réir *alt 249*, féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách tuarascálacha, chomh maith le tuarascáil bhliantúil, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Taoisigh ar nithe a bhaineann lena ghníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí nó le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar aon le haon mholtaí a mheasfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách is cuí agus a dteastaíonn, ina thuairim nó ina tuairim, tuarascáil speisialta ina dtaobh mar gheall ar a thromaí atá na nithe nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla eile.

(2) Féadfaidh an Taoiseach a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Neamhspleách tuarascáil speisialta a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid—

(a) ar na gníomhartha arna ndéanamh ag comhlacht poiblí, nó ar iompar comhlachta phoiblí, i leith aon teagmhas a bhaineann le slándáil an Stáit a chosaint, nó

(b) i leith aon ní eile a bhaineann le feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách.

(3) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di iarraidh a fháil faoi *fho-alt (2)*, de réir na hiarrata agus déanfaidh sé nó sí tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid an Taoisigh.

(4) Cinnteoidh an Taoiseach go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis tuarascáil speisialta a fháil faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascáil ón Scrúdaitheoir Neamhspleách ar éifeachtacht na hoifige agus ar éifeachtacht feidhmeanna

246. (1) Faoi réir *alt 249*, déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, cibé tráthanna a iarrfaidh an Taoiseach, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Taoisigh i ndáil le héifeachtacht na hoifige, lena n-áirítear i leith fheidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách faoin Acht seo agus faoi Acht 1993, Acht 2009 agus Acht 2011.

(2) Féadfaidh moltaí a bheith i dtuarascáil faoin alt seo chun éifeachtacht na hoifige a fheabhsú, lena n-áirítear i leith fheidhmeanna agus chumhachtaí an Scrúdaitheora Neamhspleách faoin Acht seo agus faoi Acht 1993, Acht 2009 agus Acht 2011.

(3) Cinnteoidh an Taoiseach go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di tuarascáil a fháil faoin alt seo, cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

An Scrúdaitheoir Neamhspleách d'fhoilsiú tuarascálacha

247. Cinnteoidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis na nithe seo a leanas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas de réir alt *244(4)*, *245(4)* nó *246(3)*, de réir mar a bheidh—

(a) cóip den tuarascáil bhliantúil,

(b) cóip de thuarascáil speisialta, nó

(c) cóip de thuarascáil faoi *alt 246*,

an tuarascáil arna leagan a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách nó thar ceann an Scrúdaitheora Neamhspleách nó ar cibé modh eile a shonróidh an Taoiseach.

Freagra ón Taoiseach ar thuarascálacha ón Scrúdaitheoir Neamhspleách

248. (1) Déanfaidh an Taoiseach, laistigh de 3 mhí tar éis dó nó di na nithe seo a leanas a fháil—

(a) tuarascáil bhliantúil arna cur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *alt 244(1)*,

(b) tuarascáil speisialta arna cur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (1)* nó *(3) d'alt 245*, nó

(c) tuarascáil arna cur faoina bhráid nó faoina bráid faoi *alt 246(1*),

freagra a eisiúint chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách thar ceann an Rialtais.

(2) Tabharfar aghaidh i bhfreagra faoi *fho-alt (1)* ar aon mholtaí arna ndéanamh i dtuarascáil dá dtagraítear san fho-alt sin agus arb ina leith a eiseofar é.

(3) Cinnteoidh an Taoiseach go ndéanfar cóip de fhreagra faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta.

Faisnéis íogair

249. (1) I gcás go mbeartóidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách faisnéis íogair arna soláthar dó nó di a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil, i dtuarascáil speisialta nó i dtuarascáil faoi *alt 246*, rachaidh sé nó sí i gcomhairle, i ndáil leis an bhfaisnéis íogair lena mbaineann, leis an sealbhóir faisnéise iomchuí agus leis an Aire iomchuí i leith an tsealbhóra faisnéise sin sula gcuirfidh sé nó sí an tuarascáil lena mbaineann faoi bhráid an Taoisigh faoi *alt 244(1)*, faoi *fho-alt (1)* nó *(3) d'alt 245* nó faoi *alt 246(1)*, de réir mar a bheidh.

(2) Más rud é, i ndáil le faisnéis íogair arna soláthar don Scrúdaitheoir Neamhspleách, go dtiocfaidh sealbhóir faisnéise iomchuí nó an tAire iomchuí ar an tuairim go bhfuil faisnéis íogair, nach bhfuil oiriúnach lena foilsiú, i dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách—

(a) sula gcuirfidh sé nó sí an tuarascáil lena mbaineann faoi bhráid an Taoisigh faoi *alt 244(1)*, faoi *fho-alt (1)* nó *(3) d'alt 245*, nó faoi *alt 246(1)*, de réir mar a bheidh, cibé eagarfholuithe nó leasuithe ar an tuarascáil, a d'fhágfadh go mbeadh sí oiriúnach lena foilsiú, a chomhaontú leis an sealbhóir faisnéise iomchuí nó leis an Aire iomchuí, de réir mar a bheidh, agus

(b) faoi réir *fho-alt (3)*, an tuarascáil arna heagarfholú nó arna leasú amhlaidh a chur faoi bhráid an Taoisigh faoi *alt 244(1)*, faoi *fho-alt (1)* nó *(3) d'alt 245*, nó faoi *alt 246(1)*.

(3) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le tuarascáil bhliantúil, tuarascáil speisialta nó tuarascáil faoi *alt 246* agus gurb é tuairim an Scrúdaitheora Neamhspleách gur gá déanamh amhlaidh chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí, féadfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Taoisigh—

(a) leagan den tuarascáil bhliantúil, den tuarascáil speisialta nó den tuarascáil a mbeidh eagarfholú déanta air nó a bheidh leasaithe faoi *fho-alt (2)*, agus

(b) leagan den tuarascáil sin nach mbeidh eagarfholú déanta air ná leasaithe amhlaidh.

(4) I gcás go gcuirfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách 2 leagan de thuarascáil bhliantúil, de thuarascáil speisialta nó de thuarascáil faoi *alt 246* faoi bhráid an Taoisigh de bhun *fho-alt (3)*, déanfar tagairt—

(a) in *alt 244(4)*, *247* nó *248(1)* don tuarascáil bhliantúil,

(b) in *alt 245(4)*, *247* nó *248(1)* don tuarascáil speisialta, nó

(c) in *alt 246(3)*, *247* nó *248(1)* don tuarascáil,

a fhorléiriú mar thagairt don leagan den tuarascáil a mbeidh eagarfholú déanta air nó a bheidh leasaithe faoi *fho-alt (2*).

(5) San alt seo, ciallaíonn "sealbhóir faisnéise iomchuí", i ndáil le faisnéis íogair, an comhlacht poiblí a sholáthair an fhaisnéis íogair don Scrúdaitheoir Neamhspleách.

Caibidil 5

Faisnéis

Rúndacht faisnéise íogaire (*Cuid 7*)

250. (1) Maidir le duine atá nó a bhí—

(a) ina Scrúdaitheoir Neamhspleách,

(b) ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na hoifige,

(c) fruilithe ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách nó faoi chonradh leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách de bhun *alt 241*, nó

(d) ina fhostaí nó ina fostaí nó ina chonraitheoir nó ina conraitheoir de chuid duine lena mbaineann *mír (c)*,

ní nochtfaidh sé nó sí, go hintinneach ná go meargánta, sa Stát ná lasmuigh de, mura gceanglaítear air nó uirthi nó mura gceadaítear dó nó di le dlí nó mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách ar mhaithe lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur chun cinn, aon fhaisnéis íogair a bheidh faighte aige nó aici i gcúrsa na dualgais a ghabhann le hoifig, fostaíocht, conradh nó socrú eile fruiliúcháin an duine sin a chomhall.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is cosaint é a shuíomh gur chreid an duine a rinne an nochtadh, le réasún, gur ceanglaíodh nó gur ceadaíodh an nochtadh le dlí nó go raibh an nochtadh údaraithe go cuí ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách ar mhaithe lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur chun cinn.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* agus a gheobhaidh aon bhronntanas, aon chomaoin nó aon bhuntáiste mar aslú chun an fhaisnéis lena mbaineann an nochtadh a nochtadh nó mar luaíocht as nochtadh na faisnéise sin nó ar shlí eile de thoradh an nochtadh sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €75,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Maidir le forálacha an ailt seo, is forálacha iad i dteannta, agus ní forálacha iad in ionad, fhorálacha Acht 1963.

Slándáil faisnéise

251. (1) Cuirfidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách gach beart is gá agus is réasúnach ar bun chun slándáil aon fhaisnéise, aon doiciméid nó aon ruda a chinntiú, is faisnéis, doiciméad nó rud arna soláthar nó arna sholáthar dó nó di nó arna fáil nó arna fháil aige nó aici ar shlí eile i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách agus sealbhóir faisnéise a sholáthróidh aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud dó nó di faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile meabhrán tuisceana a chomhaontú lena mbainfidh bearta trína gcinnteofar slándáil aon fhaisnéise, aon doiciméid nó aon ruda den sórt sin, arna soláthar nó arna sholáthar amhlaidh nó arna fáil nó arna fháil ar shlí eile ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) Beidh ar áireamh i meabhrán tuisceana arna chomhaontú de bhun *fho-alt (2)*—

(a) bearta i gcomhair slándáil fhisiciúil agus leictreonach, agus

(b) nósanna imeachta chun go ndéanfaidh an oifig faisnéis íogair a láimhseáil go cuí.

(4) Cinnteoidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách go ndéanfar aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud arna soláthar nó arna sholáthar ag sealbhóir faisnéise dó nó di a chur ar ais chuig an sealbhóir faisnéise a luaithe is indéanta.

CUID 8

Rialacháin

Rialacháin agus orduithe

252. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire, le rialachán, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire rialacháin ná orduithe faoi na hailt seo a leanas ach amháin le ceadú an Rialtais:

(a) *alt 45(2)*;

(b) *alt 59(1)*;

(c) *alt 96(4)*;

(d) *alt 193(2)*;

(e) *alt 196(8)*;

(f) *alt 253(1)*;

(g) *alt 254(1)*;

(h) *alt 255(1)*;

(i) *alt 256(1)*;

(j) *alt 257(1)*;

(k) *alt 258(1*);

(l) *alt 260*;

(m) *alt 261(3)*.

(3) Gach rialachán nó ordú a dhéanfar fúthu seo a leanas—

(a) *fo-alt (1)* nó *(3) d'alt 87*,

(b) *alt 107(5)*,

(c) *alt 114(1)*,

(d) *alt 115*,

(e) *alt 212(7)*,

(f) *alt 230(1)*,

(g) *alt 234(9)*,

(h) *alt 241(2)*,

(i) *alt 259*, nó

(j) *alt 264(3)*,

leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó

an ordaithe, beidh an t-ordú nó an rialachán lena mbaineann ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

(4) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith in ordú nó i rialachán faoin Acht seo is dealraitheach don Rialtas, don Taoiseach nó don Aire, de réir mar a bheidh, a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha an ordaithe nó an rialacháin.

Cumhacht ghinearálta chun rialacháin a dhéanamh

253. (1) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire, i dteannta aon chumhacht eile a thugtar dó nó di chun rialacháin a dhéanamh, rialacháin a dhéanamh i gcoitinne chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo.

(2) Sula ndéanfaidh an tAire rialacháin faoin alt seo, rachaidh sé nó sí i gcomhairle le cibé acu seo a leanas is cuí leis an Aire:

(a) Coimisinéir an Gharda;

(b) an Bord;

(c) an tÚdarás;

(d) an tOmbudsman Póilíneachta;

(e) an Scrúdaitheoir Neamhspleách.

Rialacháin a bhaineann le bainistiú an Gharda Síochána

254. (1) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda agus leis an Údarás, rialacháin a bhaineann le bainistiú an Gharda Síochána a dhéanamh, lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le haon ní nó le gach ní díobh seo a leanas:

(a) na dualgais a ghabhann leis na céimeanna éagsúla den Gharda Síochána;

(b) na feidhmeanna a bhíonn ag na gráid éagsúla de chomhaltaí d'fhoireann an Gharda;

(c) comhaltaí den Gharda Síochána a ghlacadh, a cheapadh agus a rollú, lena n-áirítear comhaltaí a bhí ag fónamh le seirbhísí póilíneachta eile agus comhaltaí de bhunadh eitneach nó náisiúnta éagsúil nó a bhfuil creidimh éagsúla nó cúlraí creidimh éagsúla acu;

(d) na próisis roghnóireachta a chuirfear chun feidhme maidir le ceapacháin chun céimeanna éagsúla den Gharda Síochána, lena n-áirítear an tÚdarás d'ainmniú ionadaí chun bheith rannpháirteach sna boird roghnóireachta sin a shonrófar sna rialacháin;

(e) fad an téarma ar ar a fheadh a bheidh duine, a cheapfar chun na céime arb éard í Leas-Choimisinéir den Gharda nó Coimisinéir Cúnta den Gharda tar éis don alt seo teacht i ngníomh, i seilbh oifige;

(f) gan dochar *d'ailt 93* ná *94*, comhaltaí atá ar iasacht ó sheirbhís póilíneachta nó ó ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí i stát seachas an Stát a cheapadh chun an Gharda Síochána, lena n-áirítear na critéir, na nósanna imeachta agus na téarmaí agus na coinníollacha a mbeadh feidhm acu maidir leis na ceapacháin sin agus maidir le comhaltaí arna gceapadh amhlaidh;

(g) pearsanra a iasachtú chuig an nGarda Síochána agus uaidh de bhun comhaontú arna dhéanamh faoi *alt 93*, lena n-áirítear na critéir, na nósanna imeachta agus na téarmaí agus na coinníollacha a mbeadh feidhm acu maidir leis an iasachtú sin agus maidir le pearsanra arna iasachtú amhlaidh;

(h) oiliúint a chur ar chomhaltaí den Gharda Síochána;

(i) comhaltaí den Gharda Síochána do scor, lena n-áirítear aoiseanna scoir comhaltaí cúltaca agus céimeanna eile den Gharda Síochána;

(j) pinsin, liúntais agus aiscí a íoc le comhaltaí den Gharda Síochána agus lena gcéilí nó lena bpáirtnéirí sibhialta (de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010), lena leanaí agus lena gcleithiúnaithe, lena n-áirítear—

(i) na coinníollacha faoina mbeidh na pinsin, na liúntais agus na haiscí sin iníoctha,

(ii) na rátaí agus na scálaí íocaíochta, agus

(iii) na pionóis mar gheall ar iompar calaoiseach i ndáil le hiarratas ar phinsean, ar liúntas nó ar aisce;

(k) arduithe céime do chomhaltaí den Gharda Síochána;

(l) ceanglais maidir le comhaltaí den Gharda Síochána d'éirí as;

(m) an úsáid a bhaineann an Garda Síochána as saoráidí, trealamh, airm nó seirbhísí;

(n) na teorainneacha, na srianta nó na coinníollacha is infheidhme maidir le tarmligean fheidhmeanna Choimisinéir an Gharda faoi *alt 39*;

(o) na teorainneacha, na srianta nó na coinníollacha is infheidhme maidir le feidhmiú chumhachtaí Choimisinéir an Gharda faoi *alt 40*;

(p) na himthosca ina bhféadfaidh, agus a mhéid a fhéadfaidh, an Garda Síochána seirbhísí dá dtagraítear in *alt 43(3)* a sholáthar faoin alt sin;

(q) na costais a bheidh le cur i gcuntas faoi *alt 43(4)* i ndáil le seirbhísí a sholáthar faoin alt sin;

(r) nithe a bhaineann le ról agus stádas comhlachas, agus le comhlachais do sheoladh gnó, sa Gharda Síochána, is comhlachais arna mbunú de réir *alt 59*, lena n-áirítear na comhlachais sin a eagrú agus na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu maidir leis na comhlachais sin;

(s) aon ní eile a bhaineann le heagrú, oiliúint, comhall dualgas, éifeachtúlacht, bainistiú nó riaradh an Gharda Síochána.

(2) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, an cuspóir arb éard é éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht a chur chun cinn sa Gharda Síochána a bhreithniú.

(3) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo—

(a) féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leo maidir leo seo a leanas—

(i) catagóirí éagsúla de comhaltaí nó de chéimeanna an Gharda Síochána,

(ii) catagóirí nó gráid éagsúla de chomhaltaí d'fhoireann an Gharda, nó

(iii) catagóirí éagsúla de dhaoine ar bith eile den sórt sin a bhféadfaidh feidhm a bheith ag na rialacháin maidir leo,

nó

(b) féadfar a údarú leo go ndéanfaidh duine sonraithe nó comhlacht sonraithe aon ní nó aon rud a chinneadh nó a chur i bhfeidhm.

Rialacháin a bhaineann le córas tástála le haghaidh drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha a bhunú, a chothabháil agus a oibriú

255. (1) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda agus leis an Údarás, chun go ndéanfar córas tástála le haghaidh drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha a bhunú, a chothabháil agus a oibriú i ndáil leis an nGarda Síochána, is rialacháin lena bhféadfar foráil a dhéanamh maidir leo seo a leanas—

(a) faoi réir *mhír (b)*, toirmeasc ar thiúchan de dhrugaí rialaithe nó de shubstaintí sícighníomhacha, atá os cionn tiúchan sonraithe, a bheith i sampla,

(b) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás go mbeidh duine faoi lé druga rialaithe nó substaint shícighníomhach i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna nó a fhostaíochta nó a fostaíochta, agus mar thoradh orthu,

(c) samplaí a thógáil,

(d) toirmeasc ar chrioscaíl le sampla,

(e) faoi réir *fho-alt (2)*, na daoine óna bhféadfar sampla a thógáil lena thástáil,

(f) na daoine a gceadófar dóibh sampla a thógáil,

(g) an fhaisnéis a bheidh le soláthar do dhuine a gceanglaítear air nó uirthi sampla a sholáthar,

(h) nithe maidir le tástáil agus anailís a dhéanamh ar shamplaí,

(i) na cúiseanna atá leis an tástáil, a bhféadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh iontu—

(i) tástáil réamhfhostaíochta,

(ii) tástáil a dhéanamh ar dhaoine arna ligean isteach mar oiliúnaithe de réir *alt 53*,

(iii) tástáil amasach,

(iv) tástáil spriocdhírithe le haghaidh drugaí,

(v) tástáil le húdar, nó

(vi) tástáil iartheagmhais,

(j) an tiúchán de dhruga rialaithe nó de shubstaint shícighníomhach is gá a bheith i sampla chun go mbeadh toradh dearfach air,

(k) mar a stórálfar samplaí,

(l) an tréimhse ar lena linn a fhéadfar samplaí a stóráil, agus

(m) an t-athbhreithniú a dhéanfar ar thorthaí tástálacha.

(2) Féadfaidh feidhm a bheith ag córas tástála arna bhunú, arna chothabháil agus arna oibriú de bhun rialacháin faoi *fho-alt (1)* i leith cibé daoine de na daoine seo a leanas a shonrófar sna rialacháin:

(a) iarratasóirí atá ag iarraidh go gceapfaí iad chun poist arb éard é comhalta den Gharda Síochána;

(b) daoine arna ligean isteach mar oiliúnaithe de réir *alt 53*;

(c) comhaltaí den Gharda Síochána;

(d) daoine atá ar iasacht chuig an nGarda Síochána de bhun comhaontú faoi *alt 93*;

(e) comhaltaí d'fhoireann an Gharda.

(3) Féadfar le rialacháin faoi *fho-alt (1)* foráil éagsúil a dhéanamh maidir le catagóirí éagsúla de dhaoine arb ina leith a fhéadfaidh feidhm a bheith acu de bhun *fho-alt (2)*.

Rialacháin Feidhmíochta

256. (1) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda agus leis an Ombudsman Póilíneachta, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir leis na nósanna imeachta faoina dtabharfaidh an Garda Síochána aghaidh ar na nithe seo a leanas—

(a) feidhmíocht mhíshásúil comhalta den Gharda Síochána, nó

(b) freastal míshásúil comhalta den sórt sin,

(dá ngairtear na "Rialacháin Feidhmíochta" san Acht seo).

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh leis na Rialacháin Feidhmíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na critéir agus na nósanna imeachta trína gcinnfear go mbeidh feidhm ag na rialacháin i leith feidhmíocht mhíshásúil nó freastal míshásúil comhalta den Gharda Síochána;

(b) na critéir agus na nósanna imeachta trína bhféadfar measúnú a dhéanamh ar a thromchúisí atá feidhmíocht mhíshásúil nó freastal míshásúil an chomhalta;

(c) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu agus aghaidh á tabhairt ar fheidhmíocht mhíshásúil an chomhalta nó ar fhreastal míshásúil an chomhalta, lena n-áirítear—

(i) an duine atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar an bhfeidhmíocht mhíshásúil sin nó ar an bhfreastal míshásúil sin atá déanta ag an gcomhalta lena mbaineann ag gach céim de na nósanna imeachta sin,

(ii) na bearta a fhéadfaidh an Garda Síochána a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht mhíshásúil an chomhalta lena mbaineann nó ar fhreastal míshásúil an chomhalta lena mbaineann, lena n-áirítear—

(I) cruinnithe a thionól leis an gcomhalta sin, bíodh na cruinnithe sin á dtionól ag comhalta eile de phearsanra an Gharda nó ag painéal de chomhaltaí den sórt sin,

(II) measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an chomhalta sin nó ar fhreastal an chomhalta sin chun a chinneadh an gá bearta breise a dhéanamh faoi na rialacháin i ndáil leis nó léi,

(III) fógra i scríbhinn a eisiúint chuig an gcomhalta sin lena gceanglófar air nó uirthi a fheidhmíocht nó a feidhmíocht nó a fhreastal nó a freastal a fheabhsú agus lena sonrófar aon ghníomhartha a bhfuil gá leo chun go dtiocfaidh feabhas ar an bhfeidhmíocht nó ar an bhfreastal sin agus cibé nithe eile a mheasfar is cuí (dá ngairtear "plean feabhsúcháin" san alt seo),

(IV) measúnú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhalta sin do dhéanamh de réir plean feabhsúcháin,

(V) plean feabhsúcháin a athrú,

(VI) an comhalta sin a chur ar fionraí faoi *alt 48* nó *50(3)*, agus

(VII) an comhalta sin do thíolacadh athbhreithniú mar gheall ar thoradh atá beartaithe faoi na rialacháin agus an t-athbhreithniú sin a sheoladh nó a bhreithniú,

(iii) na nósanna imeachta córa a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcomhalta lena mbaineann fad a bheidh breithniú nó measúnú á dhéanamh ar a fheidhmíocht nó ar a feidhmíocht nó ar a fhreastal nó ar a freastal, lena n-áirítear na himthosca ina bhféadfaidh ionadaíocht dhlíthiúil a bheith ag an gcomhalta lena mbaineann, agus

(iv) na torthaí a fhéadfar a fhorchur ar an gcomhalta lena mbaineann faoi na rialacháin, lena n-áirítear—

(I) breith nach gá aon ghníomh breise a dhéanamh faoi na rialacháin,

(II) cás an chomhalta sin a tharchur chun go ndéileálfar leis faoi na Rialacháin Iompair,

(III) ísliú céime a thabhairt don chomhalta sin, nó

(IV) an comhalta sin a dhífhostú;

(d) taifid a bhaineann le haon ní a ndéileáiltear leis faoi na rialacháin a choinneáil;

(e) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu i gcás gur sholáthair an tOmbudsman Póilíneachta cóip de thuarascáil do Choimisinéir an Gharda faoi *alt 215,* i ndáil le comhalta den Gharda Síochána, ina nochtar ní ar chóir déileáil leis faoi na Rialacháin Feidhmíochta.

(3) Féadfar le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo foráil éagsúil a dhéanamh—

(a) ag brath ar a thromchúisí atá feidhmíocht mhíshásúil nó freastal míshásúil comhalta den Gharda Síochána, nó

(b) maidir le catagóirí éagsúla de chomhaltaí nó de chéimeanna den Gharda Síochána.

(4) San alt seo—

tá le "plean feabhsúcháin" an bhrí a shanntar dó le *fo-alt 2(c)(ii)(III)*;

ciallaíonn "freastal míshásúil", i ndáil le comhalta den Gharda Síochána, neamhábaltacht nó mainneachtain ar thaobh an chomhalta freastal i gcomhair dualgas mar chomhalta den sórt sin de réir an leibhéil a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún ó chomhalta den sórt sin;

ciallaíonn "feidhmíocht mhíshásúil", i ndáil le comhalta den Gharda Síochána, neamhábaltacht nó mainneachtain ar thaobh an chomhalta dualgais an róil atá á ghabháil de láimh aige nó aici an tráth sin, nó dualgais na céime ar a bhfuil sé nó sí, a chomhlíonadh de réir an leibhéil a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún ó chomhalta den sórt.

Rialacháin Iompair

257. (1) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda agus leis an Ombudsman Póilíneachta, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir leis na nósanna imeachta faoina dtabharfaidh an Garda Síochána aghaidh ar mhí-iompar comhalta den Gharda Síochána (dá ngairtear na "Rialacháin Iompair" san Acht seo).

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh leis na Rialacháin Iompair maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na critéir agus na nósanna imeachta trína gcinnfear go mbeidh feidhm ag na rialacháin i leith mí-iompar líomhnaithe comhalta den Gharda Síochána;

(b) na critéir agus na nósanna imeachta lena bhféadfar measúnú a dhéanamh ar a thromchúisí atá mí-iompar líomhnaithe comhalta den Gharda Síochána;

(c) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu tráth a thabharfar aghaidh ar mhí-iompar líomhnaithe comhalta den Gharda Síochána, lena n-áirítear—

(i) imscrúdú a sheoladh, más cuí, ar mhí-iompar líomhnaithe an chomhalta lena mbaineann,

(ii) duine a cheapadh chun imscrúdú den sórt sin a sheoladh,

(iii) an modh ar a seolfar imscrúdú den sórt sin,

(iv) an comhalta lena mbaineann a chur ar fionraí faoi *alt 30*, *48* nó *50(3)*,

(v) imeachtaí a thionscnamh faoi na rialacháin i gcoinne an chomhalta lena mbaineann chun breithniú a dhéanamh i dtaobh ar chóir smachtbhanna araíonachta a fhorchur ar an duine (dá ngairtear "imeachtaí iomchuí" san alt seo), lena n-áirítear—

(I) na nithe a fhéadfar a chur i gcuntas in imeachtaí den sórt sin,

(II) duine nó painéal de dhaoine a cheapadh chun imeachtaí den sórt sin a sheoladh,

(III) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu maidir le himeachtaí den sórt sin a sheoladh,

(IV) na himthosca ina bhféadfaidh an comhalta lena mbaineann athbhreithniú a lorg ar fhionnachtain atá déanta nó ar smachtbhanna araíonachta atá beartaithe, nó achomharc a dhéanamh i gcoinne an chéanna, faoi na rialacháin,

(V) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu maidir le hathbhreithniú nó le hachomharc dá dtagraítear i *gclásal (IV)* a sheoladh, agus

(VI) an smachtbhanna araíonachta a fhéadfar a fhorchur ar an gcomhalta lena mbaineann faoi na rialacháin,

(vi) na nósanna imeachta córa a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcomhalta lena mbaineann fad a bheidh imscrúdú á sheoladh nó imeachtaí iomchuí á seoladh faoi na rialacháin, lena n-áirítear na himthosca ina bhféadfaidh ionadaíocht dhlíthiúil a bheith ag an gcomhalta lena mbaineann,

(vii) na cumhachtaí atá ag duine atá ceaptha chun imscrúdú a sheoladh de bhun *fhomhír (ii)* nó ag duine nó ag painéal de dhaoine atá ceaptha chun imeachtaí iomchuí a sheoladh de bhun *fhomhír (v)(II),* lena n-áirítear an chumhacht chun a cheangal ar dhuine—

(I) comhoibriú le himscrúdú nó le himeachtaí den sórt sin ar cibé modh a shonrófar sna rialacháin,

(II) aon fhaisnéis nó aon doiciméid a bheidh ag teastáil a sholáthar,

(III) freastal le haghaidh agallaimh, cruinnithe nó éisteachta de réir mar is gá,

(IV) cuntas fírinneach a thabhairt ar aon ní atá á imscrúdú nó is ábhar d'imeachtaí iomchuí, nó

(V) aon cheisteanna a chuirfear air nó uirthi le linn an imscrúdaithe nó na n-imeachtaí iomchuí a fhreagairt go fírinneach,

agus

(viii) na hiarmhairtí a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir le duine nach gcomhoibreoidh le duine atá ceaptha chun imscrúdú a sheoladh de bhun *fhomhír (ii)* nó le duine nó le painéal de dhaoine atá ceaptha chun imeachtaí iomchuí a sheoladh de bhun *fhomhír (v)(II)* le linn dó nó di a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú;

(d) na critéir a mbeidh feidhm acu maidir le mí-iompar líomhnaithe comhalta is ábhar d'imscrúdú nó d'imeachtaí iomchuí faoi na rialacháin a tharchur chun go ndéileálfar leis faoi na Rialacháin Feidhmíochta;

(e) taifid a bhaineann le haon ní a ndéileáiltear leis faoi na rialacháin a choinneáil;

(f) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu i gcás gur sholáthair an tOmbudsman Póilíneachta cóip de thuarascáil do Choimisinéir an Gharda faoi *alt 215* i ndáil le comhalta den Gharda Síochána ina nochtar ní ar chóir déileáil leis faoi na Rialacháin Iompair;

(g) i gcás go mbaineann an tuarascáil dá dtagraítear i *mír (f)* le comhalta den Gharda Síochána nach comhalta den sórt sin a thuilleadh é nó í an tráth a gheobhaidh Coimisinéir an Gharda an tuarascáil, na himthosca ina bhféadfar fionnachtain sa tuarascáil agus moladh an Ombudsman Póilíneachta a thaifeadadh i dtaifead fostaíochta an chomhalta, agus an fhaisnéis a chomhroinnfear le daoine eile.

(3) Féadfaidh feidhm a bheith ag na Rialacháin Iompair i leith mí-iompar comhalta den Gharda Síochána d'ainneoin—

(a) gur ciontaíodh nó gur éigiontaíodh é nó í i gcion i leith an ní arb é an mí-iompar é,

(b) go ndearnadh cúiseamh i gcoinne an chomhalta lena mbaineann i leith cion dá dtagraítear i *mír (a)* a dhíbhe faoi alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967,

(c) go ndearnadh imeachtaí i gcoinne an chomhalta lena mbaineann i leith cion dá dtagraítear i *mír (a)* a scor, nó

(d) gur thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí breith gan ionchúiseamh a thionscnamh i ndáil leis an ní arb é an mí-iompar é.

(4) Féadfar leis na Rialacháin Iompair foráil éagsúil a dhéanamh—

(a) ag brath ar a thromchúisí atá mí-iompar líomhnaithe comhalta den Gharda Síochána, nó

(b) maidir le catagóirí éagsúla de chomhaltaí nó de chéimeanna den Gharda Síochána.

(5) Faoi réir *fho-ailt (6)* agus *(7)*, beidh feidhm ag na Rialacháin Iompair maidir le mí-iompar comhalta den Gharda Síochána is cuma ar tharla an mí-iompar roimh theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis.

(6) Ní bheidh feidhm ag na Rialacháin Iompair maidir le mí-iompar comhalta den Gharda Síochána a tharla roimh theacht i ngníomh don alt seo agus arb i ndáil leis a bhí imeachtaí araíonachta (de réir bhrí Rialacháin 2007) tosaithe ach nach raibh siad críochnaithe faoi Rialacháin 2007 ar dháta an teacht i ngníomh sin.

(7) Aon smachtbhanna araíonachta a fhorchuirfear ar chomhalta den Gharda Síochána faoi na Rialacháin Iompair i ndáil le mí-iompar a tharla roimh theacht i ngníomh don alt seo, ní mó é ná an smachtbhanna a d'fhéadfadh a bheith forchurtha i leith an tsáraithe sin an tráth a tharla an sárú.

(8) San alt seo—

ciallaíonn "smachtbhanna araíonachta"—

(a) rabhadh scríofa,

(b) laghdú sealadach ar phá nach mó ná pá 2 sheachtain,

(c) rabhadh críochnaitheach scríofa, nó

(d) dífhostú;

ciallaíonn "mí-iompar", i ndáil le hiompar comhalta den Gharda Síochána—

(a) a tharlaíonn tar éis don alt seo teacht i ngníomh—

(i) gur sháraigh an comhalta na caighdeáin iompraíochta gairmiúla, nó

(ii) gur mhainnigh an comhalta comhoibriú leo seo a leanas—

(I) aon bhearta arna ndéanamh faoi na Rialacháin Feidhmíochta i leith a fheidhmíochta nó a feidhmíochta míshásúla nó i leith a fhreastail nó a freastail mhíshásúil,

(II) imscrúdú (de réir bhrí *Chuid 6*),

(III) imscrúdú faoi *alt 227*, nó

(IV) duine atá ceaptha chun imscrúdú a sheoladh de bhun *fho-alt (2)(c)(ii)* nó duine nó painéal de dhaoine atá ceaptha chun imeachtaí iomchuí a sheoladh de bhun *fho-alt (2)(c)(v)(II)*,

agus

(b) a tharlaíonn roimh theacht i ngníomh don alt seo, iompar ar shárú araíonachta de réir bhrí Rialacháin 2007 a bheadh ann an tráth a tharla sé;

ciallaíonn "Rialacháin 2007" Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007 (I.R. Uimh. 214 de 2007).

Rialacháin a bhaineann le caighdeáin iompraíochta gairmiúla

258. (1) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, leis an Ombudsman Póilíneachta agus leis an Údarás, na caighdeáin iompraíochta gairmiúla is infheidhme maidir le comhaltaí de phearsanra an Gharda (dá ngairtear na "caighdeáin iompraíochta gairmiúla" san Acht seo) a fhorordú.

(2) Agus caighdeáin iompraíochta gairmiúla á bhforordú faoi *fho-alt (1)*, beidh aird ag an Aire ar an méid seo a leanas—

(a) a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh comhaltaí de phearsanra an Gharda caighdeáin chuí chóirchuibhis a choimeád agus iad féin a iompar ar mhodh ar a ndéanfar muinín a chur chun cinn i measc an phobail as cúrsaí póilíneachta,

(b) na prionsabail phóilíneachta,

(c) an cód eitice do chomhaltaí de phearsanra an Gharda arna eisiúint faoi *alt 78*, agus

(d) cibé nithe eile a mheasfaidh sé nó sí is cuí.

(3) Féadfaidh an tAire caighdeáin éagsúla a fhorordú faoi *fho-alt (1)* i gcomhair comhaltaí den Gharda Síochána agus i gcomhair comhaltaí d'fhoireann an Gharda.

Rialacháin a bhaineann le táillí ar sheirbhísí grinnfhiosrúcháin a sholáthar

259. Féadfaidh an tAire—

(a) tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, agus

(b) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe,

rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar táillí i ndáil leis an nGarda Síochána do sholáthar seirbhísí grinnfhiosrúcháin.

Rialacháin i ndáil le nithe a bhaineann le slándáil an Stáit

260. Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda, chun críocha alt 45(10) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar—

(a) faisnéis, doiciméid nó rudaí, nó aicmí faisnéise, doiciméad nó rudaí, a bhaineann le slándáil an Stáit, agus

(b) áitribh Garda Síochána ina gcoimeádtar faisnéis, doiciméid nó rudaí, nó aicmí faisnéise, doiciméad nó rudaí, a bhaineann le slándáil an Stáit.

Rialacháin agus orduithe áirithe do leanúint i bhfeidhm

261. (1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go *(4)*, maidir le rialacháin agus le horduithe arna ndéanamh nó arna gcoimeád i bhfeidhm faoi achtachán a aisghairtear le *halt 5* agus atá i bhfeidhm díreach roimh an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm an lá sin agus dá éis, agus go feadh an mhéid chéanna a bhí siad i bhfeidhm amhlaidh.

(2) Déantar gach rialachán nó ordú a shonraítear i *Sceideal 7*, a mhéid atá sé i bhfeidhm díreach roimh an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, a chúlghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (4)* den Sceideal sin.

(3) Faoi réir *alt 252(2)*, féadfaidh an tAire rialachán nó ordú a choimeádtar i bhfeidhm faoin alt seo a chúlghairm (cibé acu go hiomlán nó go páirteach).

(4) Folóidh cumhacht faoin Acht seo chun rialachán nó ordú a dhéanamh cumhacht, is infheidhmithe ar an modh céanna agus faoi réir an toilithe chéanna agus na gcoinníollacha céanna (más ann), chun rialachán nó ordú arna choimeád i bhfeidhm faoin alt seo a leasú.

CUID 9

Ilghnéitheach

Ciste Luaíochta an Gharda Síochána a dhíscaoileadh

262. (1) Díscaoiltear Ciste Luaíochta an Gharda Síochána a bunaíodh faoi alt 18 d'Acht an Ghárda Síochána, 1924 agus a coimeádadh ar marthain faoi alt 127 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

(2) Faoi réir alt 315 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959, déanfar aon suimeanna a bheidh chun creidiúna do Chiste Luaíochta an Gharda Síochána an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh a dhiúscairt, de réir threoruithe Choimisinéir an Gharda, chun dea-bhail comhaltaí de phearsanra an Gharda a chur chun cinn.

Oifigigh shlándála d'fheidhmiú cumhachtaí speisialta

263. (1) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon cheann de na comhlachtaí seo a leanas a shainainmniú chun críocha an ailt seo:

(a) an tSeirbhís Chúirteanna;

(b) Roinn Stáit;

(c) Oifig an Ard-Aighne;

(d) Coimisiún Thithe an Oireachtais;

(e) Dánlann Náisiúnta na hÉireann;

(f) Ard-Mhúsaem na hÉireann.

(2) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh ceann comhlachta údaraithe, an méid seo a leanas a dhéanamh i scríbhinn—

(a) aon áitreabh ina ndéantar aon ghníomhaíocht a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta sin a shonrú (dá ngairtear "áitreabh sonraithe" san alt seo), agus

(b) i gcás go ndéanfaidh sé nó sí áitreabh a shonrú amhlaidh, duine a shainainmniú mar oifigeach slándála i ndáil leis an áitreabh sonraithe chun gardáil a dhéanamh, patról a dhéanamh nó aon seirbhísí cosantacha eile a sholáthar i ndáil leis an áitreabh agus le daoine san áitreabh, i gcás gur deimhin leis an gceann sin—

(i) gur duine oiriúnach an duine chun cumhachtaí oifigigh slándála a fheidhmiú faoin alt seo i ndáil leis an áitreabh,

(ii) go bhfuair an duine oiliúint leordhóthanach chun na críche sin,

(iii) i gcás go ndearna an duine conradh leis an gcomhlacht údaraithe nó le ceann comhlachta údaraithe, thar ceann an chomhlachta údaraithe, chun seirbhís slándála iomchuí a sholáthar, gur sealbhóir é nó í ar aon cheadúnas a cheanglaítear faoi Acht 2004 chun seirbhís den sórt sin a sholáthar, agus

(iv) i gcás gur fostaí de chuid duine lena ndearna an comhlacht údaraithe nó ceann comhlachta údaraithe, thar ceann an chomhlachta údaraithe, conradh chun seirbhís slándála iomchuí a sholáthar (dá ngairtear "an conraitheoir" san fhomhír seo) an duine, go sealbhaíonn an conraitheoir agus an fostaí, gach duine acu, aon cheadúnas a cheanglaítear faoi Acht 2004 chun seirbhís den sórt sin a sholáthar.

(3) Féadfaidh oifigeach slándála, le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhall i ndáil le háitreabh sonraithe arb ina leith atá sé nó sí sainainmnithe faoi *fho-alt (2)(b),* aon cheann de na cumhachtaí a shonraítear i *bhfo-alt (4)* nó, más infheidhme, i *bhfo-alt (5),* a fheidhmiú, más rud é—

(a) go bhfuil an t-oifigeach slándála inchéannaithe mar oifigeach den sórt sin de bhíthin suaitheantais nó éide, agus

(b) go bhfeidhmeofar na cumhachtaí de réir aon treoir ghinearálta nó speisialta arna heisiúint ag ceann an chomhlachta údaraithe a bhfuil an t-oifigeach slándála sainainmnithe amhlaidh aige nó aici.

(4) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag oifigeach slándála:

(a) cuardach a dhéanamh ar aon duine atá san áitreabh sonraithe, nó a fhéachann le dul isteach san áitreabh sonraithe, arb ina leith atá an t-oifigeach slándála sainainmnithe faoi *fho-alt (2)(b);*

(b) scrúdú a dhéanamh ar aon airceadal atá san áitreabh sin, atá á sheachadadh air nó á thabhairt isteach ann;

(c) aon duine a eisiamh nó a aistriú as an áitreabh sin, ar duine é nó í a dhiúltóidh, gan cúis mhaith—

(i) do chuardach a dhéanamh air nó uirthi de réir *mhír (a)*, nó

(ii) cead a thabhairt scrúdú a dhéanamh ar airceadal atá ina sheilbh nó ina seilbh de réir *mhír (b)*;

(d) aon duine a eisiamh nó a aistriú as an áitreabh sin más gá déanamh amhlaidh—

(i) chun duine nó maoin a chosaint, nó

(ii) chun ligean do ghnó an chomhlachta údaraithe dul ar aghaidh gan cur isteach air nó gan moill a chur air;

(e) a cheangal ar aon duine atá san áitreabh sin, nó a fhéachann le dul isteach ann, é féin nó í féin a chéannú;

(f) aon arm a urghabháil, fad a bheidh cumhachtaí faoin alt seo á bhfeidhmiú aige nó aici, seachas arm atá i seilbh duine a bhfuil údarás dleathach aige nó aici an t-arm a bheith ina sheilbh nó ina seilbh;

(g) aon airceadal a urghabháil a gcreideann an t-oifigeach slándála le réasún ina leith go bhfuil sé á aistriú go neamhdhleathach as an áitreabh sin;

(h) forneart réasúnach a úsáid, más gá, le linn dó nó di cumhacht arna tabhairt faoi *mhír (c)*, *(d)*, *(f)* nó *(g)* a fheidhmiú.

(5) Gan dochar *d'fho-alt (4)*, i gcás go mbeidh oifigeach slándála sainainmnithe faoi *fho-alt (2)(b)* ag Príomh-Fheidhmeannach na Seirbhíse Cúirteanna i leith áitreabh sonraithe ar cúirt an t-áitreabh ina iomláine nó ar cúirt cuid den áitreabh, féadfaidh an t-oifigeach slándála, le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhall i ndáil leis an áitreabh, ar threorú ó bhéal a fháil ó bhreitheamh—

(a) aon duine a chinn an breitheamh díspeagadh cúirte a bheith déanta aige nó aici a aistriú as an gcúirt, nó

(b) aon duine ar chinn an breitheamh amhlaidh ina leith a ghlacadh i gcoimeád agus an duine sin a sheachadadh isteach i gcoimeád comhalta den Gharda Síochána a luaithe is indéanta.

(6) Aon duine a bheidh glactha i gcoimeád de bhun *fho-alt (5)(b),* mura rud é go mbeidh ordú tugtha ag an gcúirt le barántas, nó ar shlí eile, go ndéanfar an duine a chimiú chun príosúin nó a scaoileadh saor, déanfaidh duine de na daoine seo a leanas é nó í a thabhairt os comhair na cúirte chun go ndéileálfaidh sí leis an ní sula n-éireoidh an chúirt—

(a) an t-oifigeach slándála lena mbaineann, más rud é go bhfuil an duine sin fós faoina choimeád nó faoina coimeád, nó

(b) comhalta den Gharda Síochána, más rud é go bhfuil an duine sin seachadta isteach cheana féin faoi choimeád an Gharda Síochána.

(7) Féadfaidh oifigeach slándála forneart réasúnach a úsáid más gá le linn dó nó di treorú faoi *fho-alt (5)* a chomhlíonadh nó dualgas faoi *fho-alt (6)* a chomhall.

(8) Ní údarófar d'oifigeach slándála leis na cumhachtaí a thugtar d'oifigigh shlándála faoin alt seo na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) a cheangal ar dhuine éadaí seachas baill éadaigh sheachtracha, amhail cótaí, hataí, seaicéid agus bróga, a bhaint de nó di, ná

(b) aon doiciméad a léamh a bheadh díolmhaithe óna thabhairt ar aird in aon imeachtaí i gcúirt ar fhoras na pribhléide gairmiúla dlíthiúla.

(9) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'aon chumhacht ghabhála a thugtar le dlí, lena n-áirítear an chumhacht a thugtar faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997.

(10) San alt seo—

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004;

ciallaíonn "comhlacht údaraithe" comhlacht a bheidh sainainmnithe de thuras na huaire ag an Aire faoi *fho-alt (1)*;

ciallaíonn "ceann comhlachta údaraithe"—

(a) i ndáil le Roinn Stáit, an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne,

(b) i ndáil le hOifig an Ard-Aighne, an tArd-Aighne, agus

(c) i ndáil le haon chomhlacht údaraithe eile, an duine ag a bhfuil feidhmeanna phríomh-oifigeach feidhmiúcháin (cibé ainm a thugtar air nó uirthi) an chomhlachta sin nó a chomhlíonann na feidhmeanna sin;

folaíonn "áitreabh"—

(a) aon fhoirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh, agus

(b) aon talamh atá foghabhálach le foirgneamh;

ciallaíonn "seirbhís slándála iomchuí" seirbhís slándála de réir bhrí alt 2(1) d'Acht 2004;

ciallaíonn "oifigeach slándála" duine atá sainainmnithe de thuras na huaire ag ceann an chomhlachta údaraithe lena mbaineann faoi *fho-alt (2)(b);*

tá le "áitreabh sonraithe" an bhrí a shanntar dó le *fo-alt (2)(a).*

Faisnéis a chomhroinnt chun feidhmeanna a chomhlíonadh

264. (1) Féadfaidh comhlacht iomchuí doiciméid agus faisnéis (lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir bhrí an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí) a chomhroinnt—

(a) le comhlacht iomchuí eile, nó

(b) le comhlacht forordaithe a bheidh forordaithe i ndáil leis an gcomhlacht iomchuí,

chun feidhmeanna an chomhlachta iomchuí, an chomhlachta iomchuí eile lena mbaineann nó an chomhlachta fhorordaithe lena mbaineann a chomhlíonadh, i gcás, más rud é go ndéanfar an chomhroinnt, go mbeidh sí de réir dlí agus de réir mar is gá agus is comhréireach chun na críche sin.

(2) Féadfaidh comhlacht forordaithe doiciméid agus faisnéis (lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir bhrí an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí) a chomhroinnt le comhlacht iomchuí arb i ndáil leis atá sé forordaithe chun feidhmeanna an chomhlachta fhorordaithe nó an chomhlachta iomchuí a chomhlíonadh, i gcás, más rud é go ndéanfar an chomhroinnt, go mbeidh sí de réir dlí agus de réir mar is gá agus is comhréireach chun na críche sin.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le faisnéis a chomhroinnt faoin alt seo, lena n-áirítear i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) an cineál faisnéise a fhéadfar a chomhroinnt faoin alt seo,

(b) an modh ar a bhféadfar faisnéis arna comhroinnt faoin alt seo a úsáid, agus

(c) na bearta a bheidh le déanamh ag comhlacht iomchuí nó ag comhlacht forordaithe chun a chinntiú nach ndéanfar faisnéis arna comhroinnt faoin alt seo a chomhroinnt ach amháin a mhéid is gá agus is comhréireach chun feidhmeanna an chomhlachta a chomhlíonadh.

(4) Faoi réir *fho-ailt (5)* agus *(6)*, i gcás go measfaidh an tAire gur cuí é, féadfaidh sé nó sí, i ndáil le gach comhlacht iomchuí—

(a) comhlacht poiblí, nó

(b) Cigire na bPríosún,

a fhorordú mar chomhlacht forordaithe i ndáil leis an gcomhlacht iomchuí chun críocha an ailt seo.

(5) Le linn dó nó di comhlacht poiblí nó Cigire na bPríosún a fhorordú faoi *fho-alt (4)* mar chomhlacht forordaithe i ndáil le comhlacht iomchuí, beidh aird ag an Aire ar fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí nó Chigire na bPríosún, de réir mar a bheidh.

(6) Sula ndéanfaidh an tAire comhlacht poiblí nó Cigire na bPríosún a fhorordú faoi *fho-alt (4)* mar chomhlacht forordaithe i ndáil le comhlacht iomchuí, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an gcomhlacht iomchuí agus leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann nó le Cigire na bPríosún, de réir mar a bheidh.

(7) Ní dochar an t-alt seo d'aon bhonn dlíthiúil eile atá le doiciméid agus faisnéis a chomhroinnt idir comhlachtaí iomchuí agus comhlachtaí forordaithe.

(8) San alt seo, ciallaíonn "comhlacht iomchuí"—

(a) An Garda Síochána,

(b) an tÚdarás. nó

(c) Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

CUID 10

Leasuithe ar Achtanna eile den Oireachtas

Leasú ar an Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959

265. Leasaítear an tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 315:

"Íocaíochtaí le hIascach Intíre Éireann i leith fíneálacha mar gheall ar chionta áirithe

315. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) cion faoi aon alt den Acht seo (seachas alt atá i gCuid XV nó XVI nó alt 217, 290 nó 323), agus

(b) cion in aghaidh aon fhodhlí arna dhéanamh faoi alt 57 den Acht um Iascach Intíre, 2010.

(2) I gcás go ndéanfar fíneáil arna forchur i leith cion lena mbaineann an t-alt seo a íoc nó a thobhach, ansin, mura rud é gur loghadh an fhíneáil go hiomlán, íocfar le hIascach Intíre Éireann suim is comhionann leis an bhfíneáil, nó, má loghadh cuid den fhíneáil, leis an méid di nár loghadh.

(3) An t-airgead go léir is iníoctha faoi fho-alt (2), íocfaidh an tAire é, cibé tráthanna is cuí leis nó léi, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(4) Déanfar tagairt i bhfo-alt (2) d'fhíneáil arna forchur i leith cion lena mbaineann an t-alt seo a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d'fhíneáil arna forchur faoin alt seo agus nach mbeidh íoctha go hiomlán nó nach mbeidh cuid di íoctha roimh theacht i ngníomh *d'alt 265* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*.",

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 318:

"Íocaíochtaí le hIascach Intíre Éireann i leith fáltais ó fhorghéilltí áirithe

318. (1) Más rud é—

(a) go bhforghéillfear aon ní fúthu seo a leanas—

(i) alt 302,

(ii) aon alt eile den Acht seo, seachas alt i gCuid XV nó XVI, nó

(iii) aon fhodhlí arna dhéanamh faoi alt 57 den Acht um Iascach Intíre, 2010,

agus

(b) go ndíolfar an ní sin le treorú ón Aire faoi alt 317,

íocfar le hIascach Intíre Éireann suim is comhionann le glanfháltais sin na díola sin.

(2) An t-airgead go léir is iníoctha faoi fho-alt (1), íocfaidh an tAire é, cibé tráthanna is cuí leis nó léi, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.",

agus

(c) in alt 319(1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) más de réir mhír (a) a dhéileálfar leis na glanfháltais sin, íocfar na fáltais sin le hIascach Intíre Éireann.".

Leasú ar an Acht Cróinéirí, 1962

266. Leasaítear an tAcht Cróinéirí, 1962—

(a) in alt 2—

(i) trí na mínithe seo a leanas a scriosadh:

(I) "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman";

(II) "an Coimisiún Ombudsman";

(III) "imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman",

agus

(ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

ciallaíonn 'oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta' oifigeach sainainmnithe de réir bhrí *Acht 2024*;

ciallaíonn 'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta' imscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta ar ghearán nó ar ní faoi *Chuid 6 d'Acht 2024* i dtaobh bhás an duine arb i ndáil lena bhás nó lena bás atá feidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh ag cróinéir;

ciallaíonn 'oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta' oifigeach sainainmnithe sinsearach de réir bhrí *Acht 2024*;",

(b) in alt 20(1), trí "oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman",

(c) in alt 25—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta,",

agus

(II) i mír (ii), trí "oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

agus

(ii) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta,",

(d) in alt 27(1), trí "oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman",

(e) in alt 29—

(i) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

"(e) an tOmbudsman Póilíneachta, nó",

agus

(ii) i bhfo-alt (4), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

"(e) an tOmbudsman Póilíneachta, nó",

(f) in alt 33A(2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

"(d) oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta,",

(g) in alt 33E(3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

"(d) oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta,",

(h) in alt 36—

(i) trí "d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "d'imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman", agus

(ii) trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(i) in alt 40(3), trí "oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(j) in alt 43—

(i) trí "d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "d'imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman", agus

(ii) trí "d'oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta agus déanfaidh an comhalta nó an t-oifigeach sainainmnithe" a chur in ionad "d'oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman agus déanfaidh an comhalta nó an t-oifigeach ainmnithe",

(k) in alt 47(1A)—

(i) trí "d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta agus go gcuirfidh oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "d'imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman agus go gcuirfidh oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman", agus

(ii) trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman",

agus

(l) in alt 49A—

(i) i bhfo-alt (3), trí "den Gharda Síochána ina theannta nó ina teannta, nó oifigigh shainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta ina theannta nó ina teannta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "den Gharda Síochána, nó oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman ina theannta nó ina teannta i gcás gurb ann d'imscrúdú iomchuí de chuid an Choimisiúin Ombudsman", agus

(ii) i bhfo-alt (5), trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman".

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980

267. Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980—

(a) trí mhír 42 a scriosadh,

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 44:

"44. Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta",

agus

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 110:

"111. An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

112.Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála".

Leasú ar alt 98 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983

268. Leasaítear alt 98 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2D):

"(2E) Is i scríbhinn a bheidh iarraidh ó oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta ar dhuine atá fostaithe ag an gcuideachta chun nochtadh a dhéanamh de réir fhorálacha fho-alt (2A) agus beidh sí sínithe ag oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta a bheidh údaraithe ag an Ombudsman Póilíneachta chun críocha an ailt seo.",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) San alt seo—

ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

ciallaíonn 'oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta' oifigeach sainainmnithe de réir bhrí *Acht 2024*;

ciallaíonn 'oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta' oifigeach sainainmnithe sinsearach de réir bhrí *Acht 2024*.".

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984

269. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 8E:

"Feidhm alt áirithe maidir leis an Ombudsman Póilíneachta

8E. Déanfar na tagairtí in ailt 8A, 8B, 8D agus 8H don Choimisinéir a fhorléiriú, chun na hailt sin a chur chun feidhme maidir leis an Ombudsman Póilíneachta, mar thagairtí don Ombudsman Póilíneachta.",

agus

(b) in alt 8F(1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) chuig comhaltaí d'fhoireann an Gharda (de réir bhrí *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*) de réir gráid, poist, ainm nó ar shlí eile.".

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986

270. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

"Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta

An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

An Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála

An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail".

Leasú ar an Acht Caidrimh Thionscail, 1990

271. Leasaítear an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990—

(a) in alt 3(1)—

(i) tríd an míniú ar "Acht 2005" a scriosadh,

(ii) sa mhíniú ar "Coimisinéir an Gharda", trí "*Acht 2024*" a chur in ionad "Acht 2005",

(iii) sa mhíniú ar "an Garda Síochána", trí "*alt 8(1) d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 6 d'Acht 2005",

(iv) sa mhíniú ar "comhalta", trí "*Acht 2024*" a chur in ionad "Acht 2005" gach áit a bhfuil sé, agus

(v) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;",

agus

(b) in alt 23—

(i) i bhfo-alt (1B)(c), trí "*alt 59 d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 18 d'Acht 2005", agus

(ii) i bhfo-alt (1C)(a), trí "*alt 59(3) d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 18(3) d'Acht 2005".

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992

272. Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992—

(a) i gCuid V, i Riail 29—

(i) i mír (5)(a), trí "comhalta d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána", agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (9):

"(9) I mír (5), tá le 'comhalta d'fhoireann an Gharda' an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*.",

agus

(b) i gCuid VII, i Riail 38—

(i) i mír (5)(a), trí "comhalta d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána", agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (9):

"(9) I mír (5), tá le 'comhalta d'fhoireann an Gharda' an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*.".

Leasú ar alt 18A d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

273. Leasaítear alt 18A d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 trí "maidir leis an nGarda Síochána, le Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta agus leis an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail" a chur in ionad "maidir leis an nGarda Síochána agus leis an Údarás Póilíneachta".

Leasú ar an Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993

274. (1) Leasaítear Acht 1993—

(a) in alt 1—

(i) trí na mínithe seo a leanas a scriosadh:

(I) "cathaoirleach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána";

(II) "an breitheamh sainainmnithe",

agus

(ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

tá le 'Scrúdaitheoir Neamhspleách' an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2024*;",

(b) in alt 2(7), trí "leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách" a chur in ionad "leis an mbreitheamh sainainmnithe",

(c) in alt 4(a)—

(i) i bhfomhír (i)(I), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána", agus

(ii) i bhfomhír (ii)(I)(B), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána",

(d) in alt 6(1)(a)(i)(II), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag cathaoirleach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána",

(e) in alt 7, trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "cathaoirleach Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána",

(f) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 8:

"Dualgais an Scrúdaitheora Neamhspleách i ndáil leis an Acht

8. (1) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách na dualgais a shonraítear san alt seo a ghabháil de láimh.

(2) Beidh de dhualgas ar an Scrúdaitheoir Neamhspleách a fhionnadh an bhfuil forálacha an Achta seo á gcomhlíonadh.

(3) D'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi fho-alt (2), maidir leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách—

(a) beidh an chumhacht aige nó aici aon chás ina mbeidh údarú tugtha a imscrúdú, agus

(b) gan dochar *d'alt 242 d'Acht 2024*, beidh rochtain aige nó aici ar aon doiciméid oifigiúla a bhaineann le húdarú nó leis an iarratas air, agus féadfaidh sé nó sí iad a iniúchadh.

(4) Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, más inmhianaithe leis nó léi déanamh amhlaidh, dul i gcumarsáid leis an Taoiseach nó leis an Aire maidir le haon ní a bhaineann le tascraí.

(5) Gan dochar *d'alt 242 d'Acht 2024*, gach duine a bhí bainteach leis an iarratas a dhéanamh ar údarú nó le húdarú a thabhairt, nó a mbeidh faisnéis aige nó aici is iomchuí maidir leis an gcéanna, nó a raibh baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú aon fhorála den Acht seo a bhaineann leis an iarratas nó leis an údarú, déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis, atá ina sheilbh aige nó ina seilbh aici agus a bhaineann leis an iarratas nó leis an údarú, a thabhairt don Scrúdaitheoir Neamhspleách ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi.

(6) Má chuireann an Scrúdaitheoir Neamhspleách in iúl don Aire gur dóigh leis nó léi, maidir le húdarú áirithe atá i bhfeidhm, nár chóir é a bheith tugtha nó (de dheasca imthosca a tháinig chun cinn tar éis é a bheith tugtha) gur chóir é a chealú nó nár chóir an tréimhse a raibh sé i bhfeidhm lena linn a bheith fadaithe nó fadaithe a thuilleadh, déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir, an méid sin a chur in iúl don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus déanfaidh sé nó sí ansin an t-údarú a chealú.

(7) Ní dhéanfar difear le haon ní san alt seo d'fheidhmeanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi alt 10 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 agus faoi Chuid 6 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.",

(g) in alt 9, tríd an leagan cuí gramadaí de "an Scrúdaitheoir Neamhspleách" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an breitheamh sainainmnithe" gach áit a bhfuil sé, agus

(h) in alt 10—

(i) i bhfo-alt (2)(d)(i), trí "nó aon oifigeach sainainmnithe (de réir bhrí *Acht 2024)*" a chur in ionad "nó aon duine atá ar fostú ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána faoi alt 74 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus atá ainmnithe aige faoi alt 73 den Acht sin chun feidhmeanna faoi aon fhorálacha de Chuid 4 den Acht sin a chomhlíonadh", agus

(ii) i bhfo-alt (3), trí "an Scrúdaitheoir Neamhspleách" a chur in ionad "an breitheamh sainainmnithe".

(2) Ar feadh tréimhse 3 mhí ón dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, leanfaidh Acht 1993, chun na críche a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, d'fheidhm a bheith aige amhail is dá mba rud é nár leasaíodh alt 8 den Acht sin le *fo-alt (1)(f)*.

(3) Is í an chríoch dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* go gceadófar don bhreitheamh sainainmnithe na dualgais a shonraítear in alt 8 d'Acht 1993 a ghabháil de láimh, sa mhéid go bhfuil feidhm ag na dualgais sin maidir le hoibriú an Achta sin, agus le comhlíonadh a fhorálacha, roimh theacht i ngníomh don alt seo.

(4) Gan dochar *d'fho-alt (2)* agus d'ainneoin teacht i ngníomh *d'fho-alt (1)(f)*—

(a) leanfaidh fo-alt (6) d'alt 8 d'Acht 1993 d'fheidhm a bheith aige chun a cheadú don Aire na dualgais a shonraítear, agus atá air nó uirthi, faoi fho-alt (6) d'alt 8 d'Acht 1993 a ghabháil de láimh, agus

(b) leanfaidh fo-ailt (7) agus (8) d'alt 8 d'Acht 1993 d'fheidhm a bheith acu maidir le tuarascáil arna hullmhú de bhun fho-alt (3),

amhail is dá mba rud é nár leasaíodh na fo-ailt sin le *fo-alt (1)(f)*.

(5) San alt seo—

ciallaíonn "Acht 1993" an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993;

ciallaíonn "breitheamh sainainmnithe" an duine a bheidh arna shainainmniú nó arna sainainmniú chun críocha Acht 1993 faoi alt 8 den Acht sin an tráth a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh.

Leasú ar Sceideal 13 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

275. Leasaítear Sceideal 13 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 191:

"191. Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta.",

agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 201:

"201. An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail".

Leasú ar alt 257C d'Acht na Leanaí, 2001

276. Leasaítear alt 257C(5) d'Acht na Leanaí, 2001 trí "den fhóram comharsanachta limistéarbhunaithe um shábháilteacht pobail (de réir bhrí *Chuid 3* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*)" a chur in ionad "den fhóram áitiúil póilíneachta (de réir bhrí Acht an Gharda Síochána 2005)".

Leasú ar alt 4 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004

277. Leasaítear alt 4(4) den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 trí "de réir *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "de réir Acht an Gharda Síochána, 2005".

Leasú ar alt 46 den Acht um Míchumas, 2005

278. Leasaítear alt 46(3) den Acht um Míchumas, 2005 trí "maidir le comhaltaí den Gharda Síochána de réir bhrí *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "maidir le comhaltaí, de réir bhrí alt 3(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, den Gharda Síochána".

Leasú ar alt 38 d'Acht 2005

279. Leasaítear alt 38 d'Acht 2005 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (14):

"(15) Ar agus ó lá bunaithe an Údaráis (de réir bhrí *Chuid 4* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*), déanfar tagairt san alt seo don Údarás a fhorléiriú mar thagairt don Údarás (de réir bhrí *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*).

(16) Ar agus ó aisghairm alt 3(1) le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, leanfaidh na mínithe ar 'Coimisinéir an Gharda', 'údarás áitiúil', 'comhalta' i ndáil leis an nGarda Síochána agus 'Aire' san alt sin 3(1), chun críocha an ailt seo, d'fheidhm a bheith acu amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an t-alt sin 3(1) a aisghairm.

(17) Ar agus ó aisghairm alt 34 le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, leanfaidh an míniú ar 'limistéar riaracháin' san alt sin 34, chun críocha an ailt seo, d'fheidhm a bheith aige amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an t-alt sin 34 a aisghairm.

(18) Ar agus ó aisghairm alt 36 le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, déanfar tagairt san alt seo do chomhchoiste póilíneachta a fhorléiriú mar thagairt do chomhpháirtíocht sábháilteachta (de réir bhrí *Chuid 3* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*).

(19) Más rud é, tar éis alt 36 a aisghairm le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, nach mbeidh comhchoiste póilíneachta díscaoilte de bhun rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 114(1)* den *Acht* sin *2024*, déanfar tagairt san alt seo i leith limistéar riaracháin a fhorléiriú, fad nach mbeidh an comhchoiste póilíneachta díscaoilte, mar thagairt a fholaíonn tagairt don chomhchoiste póilíneachta sin i leith an limistéir riaracháin lena mbaineann.

(20) Más rud é, díreach roimh aisghairm alt 36 le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, go mbeidh comhchomhairliúchán ar siúl ag údarás áitiúil de réir fho-alt (3)(c) agus go ndearnadh beart amháin nó níos mó sa chomhchomhairliúchán de réir an fho-ailt sin roimh an aisghairm sin, féadfar bearta eile sa chomhchomhairliúchán a dhéanamh ar an aisghairm sin nó dá héis de réir an ailt seo arna leasú le *halt 279* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*.".

Leasú ar alt 95A den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008

280. Leasaítear alt 95A den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (i):

"(i) Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta, i leith chóras bainistithe cásanna an Ombudsman Póilíneachta;",

agus

(b) i bhfo-alt (3), trí "*alt 39* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "alt 31 d'Acht an Gharda Síochána, 2005".

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009

281. (1) Leasaítear Acht 2009—

(a) in alt 1—

(i) trí na mínithe seo a leanas a scriosadh:

(I) "cathaoirleach";

(II) "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman";

(III) "comhalta den Choimisiún Ombudsman";

(IV) "Coimisiún Ombudsman",

(ii) sa mhíniú ar "comhalta den Gharda Síochána", trí "comhalta den Gharda Síochána de réir bhrí *Acht 2024*, seachas comhalta ar chéim garda cúltaca" a chur in ionad "comhalta den Gharda Síochána de réir bhrí alt 3 d'Acht an Gharda Síochána 2005, seachas duine dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú sin",

(iii) sa mhíniú ar "Aire iomchuí", i mír (a)(ii), trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman" agus trí "i gcoimeád an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "i gcoimeád an Choimisiúin Ombudsman",

(iv) sa mhíniú ar "oifigeach uachtarach", tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (aa):

"(aa) i gcás an Ombudsman Póilíneachta, oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta;",

agus

(v) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

ciallaíonn 'oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta' oifigeach sainainmnithe de réir bhrí *Acht 2024*;

tá le 'Scrúdaitheoir Neamhspleách' an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2024*;

ciallaíonn 'oifigeach sainainmnithe sinsearach don Ombudsman Póilíneachta' oifigeach sainainmnithe sinsearach de réir bhrí *Acht 2024*;",

(b) in alt 2, trí "oifigigh shainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman" sa dá áit a bhfuil sé,

(c) in alt 3, trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(d) in alt 4(1A), trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman" agus trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag an gCoimisiún Ombudsman",

(e) in alt 5(7), trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(f) in alt 7—

(i) i bhfo-alt (1), trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(ii) i bhfo-alt (7)(c), trí "an oifigigh shainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman", agus

(iii) i bhfo-alt (12), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (aa):

"(aa) i gcás oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta, don Ombudsman Póilíneachta,",

(g) in alt 8—

(i) i bhfo-alt (1), trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(ii) i bhfo-alt (7)(c), trí "an oifigigh shainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an oifigigh ainmnithe don Choimisiún Ombudsman", agus

(iii) i bhfo-alt (10), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (aa):

"(aa) i gcás oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta, don Ombudsman Póilíneachta,",

(h) in alt 11—

(i) i bhfo-alt (5)—

(I) trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman" agus trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag an gCoimisiún Ombudsman", agus

(II) i mír (d), trí "don Scrúdaitheoir Neamhspleách" a chur in ionad "don bhreitheamh arna ainmniú nó arna hainmniú faoi alt 12",

(ii) i bhfo-alt (10), trí "i bhfeighil áitreabh Garda Síochána de réir bhrí *Chuid 6 d'Acht 2024*, áit atá faoi rialú an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "i bhfeighil stáisiúin Garda Síochána de réir bhrí alt 99(10) d'Acht an Gharda Síochána 2005, áite atá faoi rialú an Choimisiúin Ombudsman", agus

(iii) i bhfo-alt (11)(b), trí "ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi alt 12(4)" a chur in ionad "ag an mbreitheamh ainmnithe faoi alt 12(8)",

(i) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 12:

"Dualgais an Scrúdaitheora Neamhspleách i ndáil leis an Acht

12. (1) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách na dualgais a shonraítear san alt seo a ghabháil de láimh.

(2) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách a fhionnadh an bhfuil an tAcht seo á chomhlíonadh ag an nGarda Síochána, ag an Ombudsman Póilíneachta, ag Óglaigh na hÉireann, ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

(3) D'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi fho-alt (2), féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách imscrúdú a dhéanamh ar aon chás ina n-eiseofar údarú faoi alt 5 nó ina n-athnuafar nó ina n-athrófar údarú faoi alt 6 nó ina ndeonófar ceadú faoi alt 7 nó 8.

(4) Gan dochar *d'alt 242 d'Acht 2024*, aon duine atá i bhfeighil áitreabh Garda Síochána de réir bhrí *Chuid 6 d'Acht 2024*, áit atá faoi rialú an Ombudsman Póilíneachta, Óglaigh na hÉireann, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí nó aon áit eile ina gcoimeádtar doiciméid is doiciméid iomchuí maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách, cinnteoidh sé nó sí go mbeidh rochtain ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách ar na háiteanna sin, agus ar na húdaruithe, na taifid scríofa ar cheadú, na tuarascálacha agus na doiciméid iomchuí eile a iarrfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách.

(5) I gcás go ndéanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách imscrúdú ar chás faoi fho-alt (3) agus gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí an cás sin a tharchur chuig an Réiteoir chun go ndéanfar imscrúdú faoi alt 11(11).",

(j) in alt 13(4)—

(i) sa mhíniú ar "duine údaraithe"—

(I) i mír (a), trí "*alt 80(4)(a) d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 62(4)(a) d'Acht an Gharda Síochána 2005", agus

(II) i mír (d)(i), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "cathaoirleach an Choimisiúin Ombudsman",

agus

(ii) sa mhíniú ar "duine iomchuí"—

(I) i mír (a), trí "ina oifigeach sainainmnithe nó ina hoifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ina oifigeach ainmnithe nó ina hoifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman",

(II) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) ina chomhalta nó ina comhalta den Gharda Síochána agus céim garda cúltaca aige nó aici,",

(III) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (ba):

"(ba) ina oifigeach nó ina hoifigeach don Ombudsman Póilíneachta seachas oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta,",

(IV) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

"(d) ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda (de réir bhrí *Acht 2024*) nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann shibhialtach Óglaigh na hÉireann, nó",

agus

(V) i mír (e), trí "leis an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "leis an gCoimisiún Ombudsman" agus trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman",

(k) in alt 14, trí "oifigeach sainainmnithe don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "oifigeach ainmnithe don Choimisiún Ombudsman" sa dá áit a bhfuil sé, agus

(l) in alt 15(2)(c), trí "an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Choimisiúin Ombudsman".

(2) Ar feadh tréimhse 3 mhí ón dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, leanfaidh Acht 2009, chun na críche a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, d'fheidhm a bheith aige amhail is dá mba rud é nár leasaíodh alt 12 den Acht sin le *fo-alt (1)(i)*.

(3) Is í an chríoch dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* go gceadófar don bhreitheamh, arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi alt 12 d'Acht 2009, na feidhmeanna a shonraítear san alt sin a chomhlíonadh, sa mhéid go mbaineann na feidhmeanna sin le hoibriú ailt 4 go 8 den Acht sin, roimh theacht i ngníomh don alt seo.

(4) Gan dochar *d'fho-alt (2)* agus d'ainneoin teacht i ngníomh *d'fho-alt (1)(i),* leanfaidh fo-ailt (6) agus (7) d'alt 12 d'Acht 2009 d'fheidhm a bheith acu maidir le tuarascáil arna hullmhú de bhun *fho-alt (3),* amhail is dá mba rud é nár leasaíodh an fo-alt sin le *fo-alt (1)(i)*.

(5) San alt seo, ciallaíonn "Acht 2009" an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009.

Leasú ar alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009

282. Leasaítear alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009—

(a) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

"(a) le haon chomhpháirtíocht áitiúil um shábháilteacht pobail arna bunú faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 114(1)* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024* i leith limistéar riaracháin an údaráis,",

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

"(8) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *d'alt 282* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, go mbeidh comhchomhairliúchán ar siúl ag údarás tithíochta de réir fho-alt (5)(a) agus go ndearnadh beart amháin nó níos mó sa chomhchomhairliúchán de réir an fho-ailt sin roimh an teacht i ngníomh sin, féadfar bearta eile sa chomhchomhairliúchán a dhéanamh ar an teacht i ngníomh sin nó dá éis de réir an fho-ailt sin arna leasú leis an alt sin.

(9) Más rud é, tar éis alt 36 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 a aisghairm le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, nach mbeidh comhchoiste póilíneachta díscaoilte de bhun rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 114(1)* den dara hAcht sin a luaitear, déanfar tagairt i bhfo-alt (5)(a) do chomhpháirtíocht áitiúil um shábháilteacht pobail i leith limistéar riaracháin a fhorléiriú, fad nach mbeidh an comhchoiste póilíneachta díscaoilte, mar thagairt a fholaíonn tagairt don chomhchoiste póilíneachta sin i leith an limistéir riaracháin lena mbaineann.".

Leasú ar alt 40A den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010

283. Leasaítear alt 40A(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 trí "comhaltaí d'fhoireann an Gharda (de réir bhrí *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*)" a chur in ionad "comhaltaí d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána".

Leasú ar alt 81 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010

284. Leasaítear alt 81 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010—

(a) i bhfo-alt (8), trí "comhalta d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána", agus

(b) i bhfo-alt (9)—

(i) tríd an míniú ar "comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána" a scriosadh,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "comhalta den Gharda Síochána":

"folaíonn 'comhalta den Gharda Síochána', seachas i bhfo-ailt (4) agus (7), comhalta d'fhoireann an Gharda;",

agus

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"déanfar 'comhalta d'fhoireann an Gharda' a fhorléiriú de réir *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;".

Leasú ar an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011

285. (1) Leasaítear Acht 2011—

(a) in alt 1(1), tríd an míniú ar "breitheamh ainmnithe" a scriosadh,

(b) in alt 6E—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Ní dhéanfaidh oifigeach uachtarach ar chuige nó chuici a dhéanfar iarratas faoi fho-alt (1) údarú a eisiúint faoin alt seo ach amháin más deimhin leis nó léi—

(a) go bhfuil feidhm ag mír (a) nó (b) den fho-alt i leith sonraí suímh lena mbaineann ó láithreán cille,

(b) gur gá an t-údarú a eisiúint chun na gcríoch ar chucu a dhéanfar an t-iarratas, agus go bhfuil eisiúint an údaraithe i gcomhréir leis na críocha sin, agus an tionchar a bheidh ag nochtadh na sonraí suímh lena mbaineann ó láithreán cille de bhun an údaraithe ar chearta bunúsacha pearsan aonair á chur i gcuntas, agus

(c) go bhfágfaí, mar gheall ar phráinn na n-imthosca as a ndéanfar an t-iarratas, nárbh indéanta féachaint leis an gcuspóir a shonraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (1), de réir mar a bheidh, a bhaint amach faoi aon fhoráil eile den Acht seo.",

(ii) i bhfo-alt (3), trí "faoin alt sin, faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar tagairt sna fo-ailt sin d'oifigeach uachtarach a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach uachtarach de réir bhrí an ailt seo." a chur in ionad "faoin alt sin.",

(iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Ní dhéanfar iarratas ar údarú faoin alt seo chuig oifigeach uachtarach a raibh aon bhaint aige nó aici le gníomh a rinne an Garda Síochána mar fhreagairt do na himthosca ba chúis leis an iarratas a dhéanamh agus, dá réir sin, ní bhreithneoidh oifigeach uachtarach den sórt sin iarratas den sórt sin ná ní eiseoidh sé nó sí údarú ar iarratas den sórt sin a bheith déanta.",

agus

(iv) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(6) San alt seo, d'ainneoin an mhínithe ar 'oifigeach uachtarach' in alt 1(1), ciallaíonn 'oifigeach uachtarach' comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire.",

agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 12:

"12. (1) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách na dualgais a shonraítear san alt seo a ghabháil de láimh.

(2) Déanfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách a fhionnadh an bhfuil an tAcht seo á chomhlíonadh ag an nGarda Síochána, ag Buan-Óglaigh na hÉireann, ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

(3) D'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo, maidir leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách—

(a) tá an chumhacht aige nó aici aon chás ina ndéanfar iarraidh ar nochtadh a imscrúdú, agus

(b) féadfaidh sé nó sí rochtain a fháil ar aon doiciméid nó taifid oifigiúla a bhaineann leis an iarraidh agus iad a iniúchadh.

(4) Gan dochar *d'alt 242 d'Acht 2024*, aon duine a raibh baint aige nó aici le hiarraidh ar nochtadh a ullmhú nó a dhéanamh, nó a bhfuil faisnéis aige nó aici is iomchuí maidir leis an gcéanna, déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis a bhaineann leis an iarraidh ar nochtadh agus atá i seilbh an duine a thabhairt don Scrúdaitheoir Neamhspleách ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi.

(5) Féadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách, má mheasann sé nó sí gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, cumarsáid a dhéanamh leis an Taoiseach nó leis an Aire maidir le hiarrataí ar nochtadh agus leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí i dtaca le feidhmeanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoin Rialachán maidir le Cosaint Sonraí agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

(6) Ní dhéanfar difear le haon ní san alt seo d'fheidhmeanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

(7) San alt seo—

ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

ciallaíonn 'an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí' Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016[2] maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí);

tá le 'Scrúdaitheoir Neamhspleách' an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2024*.".

2 IO Uimh. L119, 4.5.2016, lch. 1

(2) Ar feadh tréimhse 3 mhí ón dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, leanfaidh Acht 2011, chun na críche a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, d'fheidhm a bheith aige amhail is dá mba rud é nár leasaíodh alt 12 den Acht sin le *fo-alt (1)(c).*

(3) Is í an chríoch dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* go gceadófar don bhreitheamh sainainmnithe (de réir na brí atá le breitheamh ainmnithe in Acht 2011) na dualgais a shonraítear in alt 12 d'Acht 2011 a ghabháil de láimh, sa mhéid go bhfuil feidhm ag na dualgais sin maidir le hoibriú an Achta sin, agus le comhlíonadh a fhorálacha, roimh theacht i ngníomh don alt seo.

(4) San alt seo, ciallaíonn "Acht 2011" an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011.

Leasú ar alt 26 den Acht um Leas Cúnna, 2011

286. Leasaítear alt 26(3)(d) den Acht um Leas Cúnna, 2011 trí "*alt 10* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "alt 8 d'Acht an Gharda Síochána, 2005".

Leasú ar alt 6 den Acht um Europol, 2012

287. Leasaítear alt 6(4) den Acht um Europol, 2012 trí "faoi *alt 50* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "faoi alt 14 d'Acht an Gharda Síochána, 2005".

Leasú ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012

288. Leasaítear an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012—

(a) in alt 7(2), trí "*alt 9* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005", agus

(b) i Sceideal 2—

(i) trí "12. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána." a scriosadh, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 12:

"13. Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta.".

Leasú ar alt 55 den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013

289. Leasaítear alt 55(1)(c) den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 trí "*alt 10* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "alt 8 d'Acht an Gharda Síochána, 2005".

Leasú ar alt 9 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013

290. Leasaítear alt 9(6)(i) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 trí "*alt 174(9)* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024"* a chur in ionad "alt 68(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005".

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014

291. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014—

(a) in alt 2(1)—

(i) tríd an míniú ar "an Coimisiún Ombudsman" a scriosadh, agus

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"déanfar 'comhalta d'fhoireann an Gharda', seachas in alt 42(2), a fhorléiriú de réir *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;",

(b) in alt 40, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "comhalta den Gharda Síochána":

"tá le 'comhalta den Gharda Síochána' an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*.",

(c) in alt 41(2)—

(i) i mír (b), trí "lena mbaineann alt 42(2)(b);" a chur in ionad "lena mbaineann alt 42(2)(b).", agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

"(c) duine a ligfear isteach, de réir *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024,* chun oiliúint a fháil i ndáil le comhaltas (lena n-áirítear mar chomhalta ar chéim garda cúltaca) den Gharda Síochána.",

(d) in alt 42—

(i) i bhfo-alt (2)—

(I) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) duine a ligfear isteach, de réir *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024* chun oiliúint a fháil i ndáil le comhaltas (lena n-áirítear mar chomhalta ar chéim garda cúltaca) den Gharda Síochána;",

agus

(II) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) comhalta d'fhoireann an Gharda—

(i) a cheapfar faoi *alt 54(1)* nó *(2)* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024* mar chomhalta foirne den sórt sin,

(ii) a shainainmneofar le hordú ón Aire faoi *alt 54(5)* den Acht sin, agus a ceapadh mar chomhalta foirne den sórt sin tar éis thosach feidhme an ailt seo, nó

(iii) díreach roimh theacht i ngníomh d'ordú ón Aire faoi *alt 54(5)* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, ba chomhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána a ceapadh mar chomhalta den sórt sin tar éis thosach feidhme an ailt seo.",

agus

(ii) i bhfo-alt (3)—

(I) i mír (a), trí "An Garda Síochána" a chur in ionad "the Garda Síochána" sa leagan Béarla, agus

(II) i mír (c), trí "d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána",

(e) in alt 44(2)(b), trí "an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Choimisiúin Ombudsman",

(f) in alt 45(2)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

"(ba) duine a bheidh ligthe isteach, de réir *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, chun oiliúint a fháil i ndáil le comhaltas (lena n-áirítear mar chomhalta ar chéim garda cúltaca) den Gharda Síochána;",

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) comhalta d'fhoireann an Gharda.",

(g) in alt 67(2)(d), trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman",

(h) in alt 72(2)(d), trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman",

(i) in alt 73, trí "ar an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ar an gCoimisiún Ombudsman" agus trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman",

(j) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 99:

"Feidhm na Coda maidir leis an Ombudsman Póilíneachta

99. Déanfar na tagairtí sa Chuid seo don Choimisinéir a fhorléiriú, chun an Chuid seo a chur chun feidhme maidir leis an Ombudsman Póilíneachta, mar thagairtí don Ombudsman Póilíneachta.",

(k) in alt 121(1)(b), trí "d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána",

(l) in alt 126(2), trí "d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána",

(m) in alt 146, trí "*alt 93* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "alt 28 d'Acht an Gharda Síochána, 2005",

(n) in alt 152(1)(b), trí "d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána",

(o) in alt 156(3)(d), trí "i gcás an Ombudsman Póilíneachta, i dtaifid an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "i gcás an Choimisiúin Ombudsman, i dtaifid an Choimisiúin Ombudsman",

(p) in alt 157, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *d'alt 170* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, go mbeidh cód cleachtais arna ullmhú faoi fho-alt (2) ceadaithe faoin alt seo, measfar an cód cleachtais a bheith ullmhaithe ag an Ombudsman Póilíneachta.",

(q) in alt 158, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Más rud é, díreach roimh theacht i ngníomh *d'alt 170* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, go mbeidh socruithe, trí phrótacail scríofa, déanta maidir leis na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1), measfar na socruithe a bheith déanta ag Stiúrthóir EFÉ, ag an gCoimisinéir agus ag an Ombudsman Póilíneachta.",

agus

(r) in alt 159(1)(m), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag an gCoimisiún Ombudsman".

Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

292. Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014—

(a) in alt 2(1), sa mhíniú ar "ceann comhlachta saorála faisnéise", tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (o):

"(o) i ndáil le Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta, an tOmbudsman Póilíneachta, agus",

(b) in alt 42—

(i) i mír (d), trí "roimh aisghairm an ailt sin le *halt 5* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur isteach i ndiaidh "d'Acht an Gharda Síochána, 2005", agus

(ii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

"(da) maidir le taifead a bhaineann le fiosrúchán de réir bhrí *Chaibidil 8* de *Chuid 2* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, cibé acu atá an taifead lena mbaineann—

(i) i seilbh duine ceaptha (de réir bhrí na Caibidle sin), nó

(ii) ar an bhfiosrúchán a dhíscaoileadh, i seilbh aon chomhlacht eile a bhfuil taifead den sórt sin ina choimeád,

seachas—

(I) taifead a bhaineann le duine ceaptha (de réir bhrí na Caibidle sin) a cheapadh, nó

(II) taifead a bhaineann le caiteachais fiosrúcháin nó le nithe eile a bhaineann le riaradh ginearálta fiosrúcháin faoin gCaibidil sin,

(db) maidir le taifead atá ina sheilbh nó ina seilbh, nó arna chruthú, ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála,",

(c) in alt 45, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

"(10) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) faisnéis, doiciméid nó rudaí, nó aicmí díobh, a fhorordaítear le rialacháin faoi *mhír (a) d'alt 260* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*, nó

(b) áitribh Garda Síochána a fhorordaítear le rialacháin faoi *mhír (b)* den alt sin,

ach amháin a mhéid a shonraítear i dtreorú ón Aire Dlí agus Cirt.",

agus

(d) i Sceideal 1, i gCuid 1—

(i) i mír (m), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána",

(ii) i mír (n), trí "nó sainfhála, nó le taifid arna n-aistriú chuig an nGarda Síochána faoi *alt 159(2)* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*" a chur in ionad "nó sainfhála",

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (o):

"(o) An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le hiniúchadh (de réir bhrí *Chuid 4* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*);",

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (y):

"(y) an tOmbudsman Póilíneachta, a mhéid a bhaineann sé le taifid a bhaineann le himscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta faoi *Chuid 6* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;",

(v) i mír (an), trí "na bhfeidhmeanna sin;" a chur in ionad "na bhfeidhmeanna sin.", agus

(vi) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (an):

"(ao) Bord an Gharda Síochána, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid riaracháin maidir le hacmhainní daonna nó le cúrsaí airgeadais nó sainfhála;

(ap) an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024* nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin.".

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016

293. Leasaítear Sceideal 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016—

(a) i mír 1—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (d):

"(d) le Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta,",

(ii) trí fhomhír (e) a scriosadh,

(iii) i bhfomhír (o), trí "Náisiúnta," a chur in ionad "Náisiúnta.", agus

(iv) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (o):

"(p) leis an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail,

(q) le hOifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála.",

agus

(b) i mír 3, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) mar chomhalta den Gharda Síochána a bhfuil céim garda cúltaca aige nó aici.".

Leasú ar alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta a bhaineann le Córais Faisnéise), 2017

294. Leasaítear alt 7(9) den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta a bhaineann le Córais Faisnéise), 2017 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "comhalta":

"ciallaíonn 'comhalta' comhalta den Gharda Síochána de réir bhrí *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024* seachas comhalta a bhfuil céim garda cúltaca aige nó aici.".

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017

295. Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 7:

"7. Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta.".

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017

296. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017—

(a) in alt 2(1)—

(i) trí na mínithe seo a leanas a scriosadh:

(I) "Acht 2005";

(II) "oifigeach don Choimisiún Ombudsman";

(III) "an Coimisiún Ombudsman",

(ii) sa mhíniú ar "gearán", trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman",

(iii) sa mhíniú ar "duine den teaghlach", i mír (g)(ii), trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman",

(iv) sa mhíniú ar "comhalta den Gharda Síochána", trí "*Acht 2024*" a chur in ionad "alt 3 d'Acht 2005", agus

(v) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

ciallaíonn 'oifigeach don Ombudsman Póilíneachta'—

(a) oifigeach don Ombudsman Póilíneachta de réir bhrí *Acht 2024*, nó

(b) duine atá fruilithe ag an Ombudsman Póilíneachta de bhun socrú faoi *alt 181* den Acht sin;",

(b) in alt 3, trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman",

(c) in alt 7, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(d) in alt 8, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(e) in alt 11, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(f) in alt 12, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(g) in alt 14, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(h) in alt 15, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(i) in alt 16, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(j) in alt 17, trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman" agus trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag an gCoimisiún Ombudsman",

(k) in alt 18, trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman" agus trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman",

(l) in alt 19(1), trí "ag an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ag an gCoimisiún Ombudsman",

(m) in alt 22, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(n) in alt 23, trí "don Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "don Choimisiún Ombudsman" agus trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman",

(o) in alt 24, tríd an leagan cuí gramadaí de "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "an Coimisiún Ombudsman" gach áit a bhfuil sé,

(p) in alt 25, trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman", agus

(q) in alt 36, trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "an Coimisiún Ombudsman" agus trí "ar an Ombudsman Póilíneachta" a chur in ionad "ar an gCoimisiún Ombudsman".

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018

297. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018—

(a) in alt 17(9), sa mhíniú ar "oifigeach Éireannach iomchuí"—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (g):

"(g) an tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta,",

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (h):

"(h) comhalta den Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail,",

agus

(b) i Sceideal 1, i mír 1—

(i) trí fhomhír (m) a scriosadh,

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (n):

"(n) Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta;",

agus

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (o):

"(o) An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail;".

Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta), 2019

298. Leasaítear alt 3(4)(c) den Acht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta), 2019 trí "*alt 9* den *Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024"* a chur in ionad "alt 7 d'Acht 2005".

Leasú ar alt 2 den Acht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise), 2019

299. Leasaítear alt 2(2) den Acht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise), 2019 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) chuig comhaltaí d'fhoireann an Gharda (de réir bhrí *an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*) arna sonrú de réir gráid, poist, ainm nó ar shlí eile,".

Leasú ar Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta), 2022

300. Leasaítear Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta), 2022—

(a) in alt 2—

(i) sa mhíniú ar "Coimisinéir an Gharda Síochána"—

(I) trí "*alt 26 d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 9 d'Acht 2005", agus

(II) trí "de bhun *fho-alt (1)* nó *(4) d'alt 28* den Acht sin" a chur in ionad "de bhun údarú faoi alt 32 den Acht sin",

(ii) sa mhíniú ar "Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath", trí "faoi *fho-alt (1)(c)(i) d'alt 33 d'Acht 2024* nó a measfar faoi *fho-alt (4)* den alt sin gur cinneadh amhlaidh é" a chur in ionad "faoi alt 33(1) d'Acht 2005",

(iii) sa mhíniú ar "rannán Garda Síochána"—

(I) i mír (a), trí "*alt 33(1)(c)(i) d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 33(1) d'Acht 2005", agus

(II) i mír (b), trí "*alt 33(1)(c)(i) d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 33(1) d'Acht 2005",

agus

(iv) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;",

(b) in alt 3(3), trí "faoi *fho-alt (1)(c)(i) d'alt 33 d'Acht 2024* nó go measfar faoi *fho-alt (4)* den alt sin go ndearna sé nó sí cinneadh den sórt sin" a chur in ionad "faoi alt 33(1) d'Acht 2005",

(c) in alt 9(1), trí "arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)(c)(i) d'alt 33 d'Acht 2024* nó a mheasfar faoi *fho-alt (4)* den alt sin a bheith déanta amhlaidh" a chur in ionad "faoi alt 33(1) d'Acht 2005", agus

(d) in alt 26(1), trí "faoi *fho-alt (1)(c)(i) d'alt 33 d'Acht 2024* nó lena mbaineann *fo-alt (4)* den alt sin" a chur in ionad "faoi alt 33(1) d'Acht 2005".

Leasú ar Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022

301. Leasaítear Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022—

(a) in alt 2—

(i) sa mhíniú ar "Coimisinéir an Gharda"—

(I) trí "*alt 26 d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 9 d'Acht 2005", agus

(II) trí "de bhun *alt 28* den Acht sin" a chur in ionad "de bhun údarú faoi alt 32 den Acht sin",

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "comhalta":

"ciallaíonn 'comhalta'—

(a) comhalta den Gharda Síochána de réir bhrí *Acht 2024*, agus

(b) oiliúnaí de réir bhrí *Acht 2024*;",

agus

(iii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;

tá le 'comhalta d'fhoireann an Gharda' an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2024*;",

(b) in alt 12, trí "d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána" sa dá áit a bhfuil sé, agus

(c) in alt 34—

(i) trí "*alt 39 d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 31 d'Acht 2005" sa dá áit a bhfuil sé,

(ii) gan dochar do *mhír (i)*, i bhfo-alt (1), trí "*Acht 2024*" a chur in ionad "Acht 2005" agus trí "*d'Acht 2024*" a chur in ionad "d'Acht 2005", agus

(iii) i bhfo-alt (2), trí "d'fhoireann an Gharda" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána".

Leasú ar Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023

302. Leasaítear Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023—

(a) in alt 2—

(i) sa mhíniú ar "comhalta de phearsanra an Gharda", i mír (b), trí "d'fhoireann an Gharda de réir bhrí *Acht 2024*" a chur in ionad "d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána a ceapadh, nó a sainainmníodh le hordú, faoi alt 19 d'Acht 2005",

(ii) sa mhíniú ar "comhalta den Gharda Síochána", trí "*Acht 2024*" a chur in ionad "alt 3(1) d'Acht 2005", agus

(iii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn '*Acht 2024*' *an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024*;",

(b) in alt 3(3), trí "alt 1(2)" a chur in ionad "alt 2",

(c) in alt 6(2), trí "*alt 261(3) d'Acht 2024*" a chur in ionad "alt 59(3) d'Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015",

(d) in alt 7, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(3) Ar agus ó lá bunaithe an Údaráis (de réir bhrí *Chuid 4 d'Acht 2024*), déanfar tagairt in alt 38 d'Acht 2005 don Údarás a fhorléiriú, ar feadh

tréimhse 4 bliana tar éis an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, mar thagairt don Údarás (de réir bhrí *Acht 2024*).",

(e) in alt 28—

(i) i bhfo-alt (3)(c), trí "leis an gcomhpháirtíocht sábháilteachta" a chur in ionad "leis an gcomhchoiste póilíneachta",

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

"(7) San alt seo, ciallaíonn "comhpháirtíocht sábháilteachta" comhpháirtíocht sábháilteachta de réir bhrí *Chuid 3 d'Acht 2024*.",

agus

(iii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

"(8) Más rud é, tar éis alt 36 d'Acht 2005 a aisghairm le *halt 5 d'Acht 2024*, nach mbeidh comhchoiste póilíneachta díscaoilte de bhun rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 114(1)* den dara hAcht sin a luaitear, déanfar tagairt san alt seo do chomhpháirtíocht sábháilteachta i leith limistéar riaracháin údaráis áitiúil a fhorléiriú, fad nach mbeidh an comhchoiste póilíneachta díscaoilte, mar thagairt a fholaíonn tagairt don chomhchoiste póilíneachta sin i leith an limistéir riaracháin lena mbaineann.

(9) Más rud é, díreach roimh aisghairm alt 36 d'Acht 2005 le *halt 5 d'Acht 2024*, go mbeidh comhchomhairliúchán ar siúl ag údarás áitiúil de réir fho-alt (3)(c) agus go ndearnadh beart amháin nó níos mó sa chomhchomhairliúchán de réir an fho-ailt sin roimh an aisghairm sin, féadfar bearta eile sa chomhchomhairliúchán a dhéanamh ar an teacht i ngníomh sin nó dá éis de réir an fho-ailt sin arna leasú le *mír (e)(i) d'alt 302 d'Acht 2024."*,

(f) in alt 44(2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

"(a) áitreabh Garda Síochána de réir bhrí *Chuid 6 d'Acht 2024*, agus",

(g) in alt 47(3)(b)—

(i) i bhfomhír (ii), trí "An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail" a chur in ionad "an tÚdarás Póilíneachta",

(ii) i bhfomhír (iii), trí "an tOmbudsman Póilíneachta" a chur in ionad "Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána", agus

(iii) trí fhomhír (iv) a scriosadh,

agus

(h) in alt 48—

(i) i bhfo-alt (1), trí "in imeachtaí coiriúla, sibhialta agus iomchuí" a chur in ionad "in imeachtaí coiriúla agus sibhialta agus i mbearta araíonachta", agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

"(6) San alt seo, ciallaíonn 'imeachtaí iomchuí' imeachtaí iompair de réir bhrí *Acht 2024* nó imeachtaí feidhmíochta de réir bhrí *Chuid 6* den Acht sin."

SCEIDEAL 1

Alt 5

AISGHAIRMEACHA

(1) Uimhir Thagartha	(2) Uimhir agus Bliain	(3) Gearrtheideal an Achta	(4) Méid na hAisghairme
1.	Uimh. 24 de 2001	Acht na Leanaí, 2001	Ailt 44 agus 45
2.	Uimh. 20 de 2005	Acht an Gharda Síochána, 2005	Na forálacha go léir
3.	Uimh. 29 de 2007	An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007	Ailt 1(6) agus 41
4.	Uimh. 30 de 2014	An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014	Ailt 45(10) agus (11)
5.	Uimh. 49 de 2015	Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015	Na forálacha go léir

SCEIDEAL 2

Alt 46

Dearbhú sollúnta ó chomhaltaí

Dearbhaím agus dearbhascaim go sollúnta, go fíréanta agus go fírinneach—

- go ndéanfaidh mé dualgais comhalta den Gharda Síochána a chomhall go dílis ar bhealach cothrom, ionraic, dícheallach agus neamhchlaonta, ar mhodh ar a ndéanfar cearta an duine a chosaint agus a shuíomh, agus an Bunreacht agus na dlíthe á gcosaint agam agus meas comhionann á thabhairt ar gach duine agam,
- fad a leanfaidh mé de bheith i mo chomhalta, go ndéanfaidh mé, ar feadh iomlán mo chumais agus m'eolais, mo dhualgais go léir a chomhall de réir an dlí agus go n-iompróidh mé mé féin de réir an chóid eitice arna eisiúint faoi *alt 78*, agus
- nach mbainim le haon pháirtí polaitíochta ná le haon chumann rúnda ar bith agus nach ndéanfaidh mé, fad a bheidh mé i mo chomhalta, aon pháirtí polaitíochta ná aon chumann rúnda a bhunú ná nach mbainfidh mé, ná nach dtaobhóidh mé, leis an gcéanna.

SCEIDEAL 3

Alt 54(8)

Téarmaí agus coinníollacha comhaltaí den fhoireann shibhialtach a thagann chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Gharda

1. Ach amháin de réir comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine a thiocfaidh faoi *alt 54(5)* chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda, ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Gharda Síochána, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse a mbeidh sé nó sí faoina réir ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse a raibh sé nó sí faoina réir díreach sular tháinig sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda.

2. Go dtí cibé uair a dhéanfaidh Coimisinéir an Gharda, le comhaontú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, tar éis dul i gcomhairle le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, scála pá agus téarmaí agus coinníollacha seirbhíse duine a tháinig chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda a athrú, leanfaidh an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse, na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh sé nó sí faoina réir díreach sular tháinig an duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda, d'fheidhm a bheith acu maidir leis nó léi agus féadfaidh Coimisinéir an Gharda iad a chur i bhfeidhm nó a fhorchur fad a bheidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda agus ní oibreoidh aon athrú den sórt sin chun gur measa an scála pá sin nó na téarmaí nó na coinníollacha seirbhíse sin a bhain leis an duine sin díreach sular tháinig an duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Gharda, ach amháin de réir comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann.

SCEIDEAL 4

Alt 91(2)

Cuid 1

AN COMHAONTÚ IDIR RIALTAS NA hÉIREANN AGUS RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN MAIDIR LE COMHAR PÓILÍNEACHTA, ARNA DHÉANAMH I MBÉAL FEIRSTE AN 29 AIBREÁN 2002

Tá Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann:

Ag féachaint don Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann arna dhéanamh i mBéal Feirste an 10 Aibreán 1998 ("Comhaontú na Breataine-na hÉireann") agus don Chomhaontú Ilpháirtí ar thángthas air i mBéal Feirste an 10 Aibreán 1998 atá i gceangal leis an gComhaontú a dúradh;

Ag féachaint don Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann arna dhéanamh i mBaile Átha Cliath an 8 Márta 1999 ag bunú Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann;

Tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil an Choimisiúin Neamhspleách um Póilíniú do Thuaisceart Éireann a foilsíodh i Meán Fómhair 1999 ("Tuarascáil Patten");

Ag féachaint don dul chun cinn a rinneadh laistigh den Aontas Eorpach maidir le comhar póilíneachta a fheabhsú de bhun fhorálacha Theideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

Ag meabhrú na bpléití a tharla idir an dá Rialtas ag Weston Park in Iúil 2001, na mbeart a fógraíodh an 1 Lúnasa 2001 agus an Phlean Cur i nGníomh Uasdátaithe i gcomhair Thuarascáil Patten a foilsíodh i Lúnasa 2001;

Ag tabhairt dá n-aire gur bunaíodh Bord nua Póilíneachta i gcomhair Thuaisceart Éireann;

Tar éis comhaontú mar a leanas:

Airteagal 1

Teideal iarratas a dhéanamh ar phoist

(1) (a) Déanfaidh Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann na bearta riaracháin agus reachtaíochta is gá a thabhairt isteach chun a chumasú do chomhaltaí den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh ar phoist ag céimeanna os cionn leibhéal an Chigire i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

(b) Nuair a bheidh incháilitheacht comhalta den Gharda Síochána chun iarratas a dhéanamh ar phoist den sórt sin i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann á cinneadh, tabharfar aitheantas cuí don chéim, don taithí agus do na cáilíochtaí a mbeadh gá leo i gcomhair céim choibhéiseach sa Gharda Síochána. Ceanglófar ar iarratasóir incháilithe dul san iomaíocht leis na hiarratasóirí go léir eile i nós imeachta roghnóireachta a bheidh bunaithe ar thuillteanas.

(2) (a) Déanfaidh Rialtas na hÉireann na bearta riaracháin agus reachtaíochta is gá a thabhairt isteach chun a chumasú do chomhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann iarratas a dhéanamh ar phoist ag céimeanna os cionn leibhéal an Chigire sa Gharda Síochána.

(b) Nuair a bheidh incháilitheacht comhalta de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann chun iarratas a dhéanamh ar phost sa Gharda Síochána á cinneadh, tabharfar aitheantas cuí don chéim, don taithí agus do na cáilíochtaí a mbeadh gá leo i gcomhair céim choibhéiseach i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. Ceanglófar ar iarratasóir incháilithe dul san iomaíocht leis na hiarratasóirí go léir eile i nós imeachta roghnóireachta a bheidh bunaithe ar thuillteanas.

Airteagal 2

Iasachtú fara Cumhachtaí Póilíneachta

(1) (a) Déanfaidh Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann na bearta riaracháin agus reachtaíochta is gá a thabhairt isteach chun a chumasú comhaltaí den Gharda Síochána a iasachtú chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann go ceann tréimhsí nach faide ná trí bliana.

(b) Ar feadh ré na n-iasachtuithe sin, beidh ag an gcomhalta a bheidh i gceist na cumhachtaí, na dualgais, na cearta agus na hoibleagáidí céanna, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, caitheamh na héide, atá ag comhalta fianaithe de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. Ar feadh ré an iasachtaithe, ní bheidh an comhalta faoi réir stiúradh agus rialú Choimisinéir an Gharda agus ní dhéanfaidh an comhalta cumhachtaí póilíneachta a fheidhmiú laistigh de dhlínse Rialtas na hÉireann.

(2) (a) Déanfaidh Rialtas na hÉireann na bearta riaracháin agus reachtaíochta is gá a thabhairt isteach chun a chumasú comhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a iasachtú chuig an nGarda Síochána go ceann tréimhsí nach faide ná trí bliana.

(b) Ar feadh ré na n-iasachtuithe sin, beidh ag an gcomhalta a bheidh i gceist na cumhachtaí, na dualgais, na cearta agus na hoibleagáidí céanna, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, caitheamh na héide, atá ag comhalta fianaithe den Gharda Síochána. Ar feadh ré an iasachtaithe, ní bheidh an comhalta faoi réir stiúradh agus rialú Ard-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus ní dhéanfaidh an comhalta cumhachtaí póilíneachta a fheidhmiú laistigh de Thuaisceart Éireann.

Airteagal 3

Prótacail Phóilíneachta

(1) Déanfaidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána, de réir mar is cuí, Prótacail i scríbhinn a tharraingt suas eatarthu ina dtabharfar aghaidh ar mhionghnéithe den chomhar eatarthu, lena n-áirítear go háirithe na saincheisteanna dá dtagraítear in Airteagail 2, 3, 5, 6, 7, 8, 9 agus 10 den Chomhaontú seo.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána agus Ard-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann na Prótacail sin a shíniú nó déanfaidh daoine a bheidh údaraithe chun déanamh amhlaidh thar a gceann iad a shíniú. Déanfar cóipeanna de gach Prótacal den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, chuig Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann agus chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

(3) Ní comhaontuithe idirnáisiúnta iad na Prótacail sin agus ní bheidh éifeacht cheangailteach acu ar cheachtar Rialtas.

Airteagal 4

Comhdháil Bhliantúil

Comórfar comhdháil bhliantúil idir Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána. Déanfaidh an dá sheirbhís an chomhdháil a óstáil ar bhonn sealaíochta agus is trí shocrú frithpháirteach idir an dá sheirbhís a chinnfear na nithe a bheidh faoi chaibidil sa chomhdháil. Is í an óstseirbhís a íocfaidh costais na comhdhála agus íocfaidh gach seirbhís ar leith a gcostais taistil féin i ndáil le freastal ar an gcomhdháil.

Airteagal 5

Malartuithe Pearsanra

(1) Tabharfar isteach clár trína n-éascófar comhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a lonnú sa Gharda Síochána, agus comhaltaí den Gharda Síochána a lonnú i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, ar feadh tréimhsí nach faide ná bliain.

(2) Is é cuspóir na lonnuithe sin naisc a fheabhsú tuilleadh, agus taithí agus saineolas a aistriú, lena n-áirítear taithí agus saineolas i réimse na hoiliúna.

(3) Tuairisceoidh comhaltaí den Gharda Síochána do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, agus oibreoidh siad léi, ar feadh ré a lonnaithe. Leanfaidh an comhalta a bheidh lonnaithe de bheith ina chomhalta iomlán nó ina comhalta iomlán den Gharda Síochána, áfach, faoi réir stiúradh agus rialú foriomlán Choimisinéir an Gharda agus ní fheidhmeoidh sé nó sí aon chumhachtaí póilíneachta i dTuaisceart Éireann.

(4) Tuairisceoidh comhaltaí de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann don Gharda Síochána, agus oibreoidh siad leis, ar feadh ré a lonnaithe. Leanfaidh an comhalta a bheidh lonnaithe de bheith ina chomhalta iomlán nó ina comhalta iomlán de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, áfach, faoi réir stiúradh agus rialú foriomlán an Ard-Chonstábla agus ní fheidhmeoidh sé nó sí aon chumhachtaí póilíneachta i ndlínse Rialtas na hÉireann.

Airteagal 6

Idirchaidreamh

(1) Déanfar oifigigh sa dá sheirbhís a ainmniú mar oifigigh idirchaidrimh de réir mar a mheasfar is cuí chun cur leis an gcomhoibriú idir an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána agus Ard-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, i gcomhairle leis na Rialtais faoi seach, modhanna eile chun cur leis an idirchaidreamh a scrúdú, lena n-áirítear malartú ionchasach oifigeach idirchaidrimh.

Airteagal 7

Oiliúint

Cuirfidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána feabhas ar struchtúir a bhaineann le comhoibriú i réimse na hoiliúna.

Airteagal 8

Pleanáil i gcomhair Tubaistí

Oibreoidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána i dteannta a chéile, i gcomhairle le húdaráis eile a mbeidh freagracht orthu i ndáil leis na seirbhísí éigeandála sa dá dhlínse, chun comhphleanáil fheabhsaithe a chur chun cinn.

Airteagal 9

Imscrúduithe Comhpháirteacha

(1) Bainfidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána, de réir mar is cuí, lánúsáid as socruithe láithreacha chun imscrúduithe comhpháirteacha a éascú agus as socruithe breise a chuirfear ar bun i gcomhthéacs forbairtí Aontais Eorpaigh.

(2) Bunóidh an dá Rialtas gasra saineolaithe chun na socruithe láithreacha a athbhreithniú agus chun moltaí a dhéanamh maidir le bearta dlíthiúla agus riaracháin a d'fhéadfaí a dhéanamh chun oibriú imscrúduithe comhpháirteacha de chuid Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Gharda Síochána a éascú tuilleadh.

Airteagal 10

Cumarsáid

(1) Déanfaidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána athbhreithniú ar naisc chumarsáide ar bhonn leanúnach d'fhonn cumarsáid thapa, éifeachtach agus iontaofa a bhunú agus a fheabhsú.

(2) Rachaidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána, de réir mar is cuí, i gcomhairle lena chéile i gcomhthéacs shainfháil agus fhorbairt a gcóras teicneolaíochta cumarsáide agus faisnéise, agus cuirfidh siad i gcuntas a inmhianaithe atá sé comhoiriúnacht níos mó a bhaint amach idir a gcórais.

Airteagal 11

An bhaint le comhaontuithe idirnáisiúnta eile

Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eile.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tabharfaidh gach Rialtas ar leith fógra i scríbhinn don Rialtas eile á rá go bhfuil na ceanglais maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe tugtha i gcrích, a mhéid a bhaineann leis. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an dáta a gheofar an ceann is déanaí den dá fhógra.

Dá fhianú sin, tá siad siúd a bhfuil a sínithe thíos, agus údarás cuí acu chuige ó na Rialtais faoi seach, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Arna dhéanamh in dhá chóip bhunaidh i mBéal Feirste an Naoú Lá Fichead d'Aibreán 2002.

Thar ceann Rialtas na hÉireann: SEÁN Ó DONNCHÚ

Thar ceann Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann: JOHN REID

Cuid 2

Leasú ar an gComhaontú idir rialtas na hÉireann agus rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar póilíneachta

Diarmuid Ó hEachthairn, TD

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

94 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

8 Aibreán 2010

A Dhiarmuid, a chara,

AN COMHAONTÚ IDIR-RIALTASACH MAIDIR LE COMHAR PÓILÍNEACHTA

Is onóir dom tagairt a dhéanamh don Chomhaontú idir ár dhá Rialtas maidir le Comhar Póilíneachta, a síníodh in 2002, tar éis pléití in Weston Park.

Is onóir dom thairis sin tagairt a dhéanamh do phléití a rinneadh le déanaí idir ár dhá Rialtas lenar dearbhaíodh gur léiriú tábhachtach é oibriú leanúnach an Chomhaontaithe ar an gcomhar idir ár dhá Rialtas, a bhfuil an reachtaíocht riachtanach tugtha isteach acu chun a cheadú d'oifigigh phóilíneachta dul isteach go tobhach sna fórsaí agus chun iasachtú oifigeach póilíneachta idir na fórsaí a cheadú. Tugtar i gcuntas sa Chomhaontú an creat ar laistigh de a fhéadfaidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána prótacail oibríochta a chomhaontú ar ábhair a shonraítear sa Chomhaontú, eadhon iasachtuithe, malartuithe, oifigigh idirchaidrimh, oiliúint, pleanáil i gcomhair tubaistí, imscrúduithe comhpháirteacha, agus cumarsáid.

Ag féachaint do na pléití thuas, is onóir dom a mholadh go ndéanfar an Comhaontú a leasú mar a leanas:

Airteagal 3 Prótacail Phóilíneachta:

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána agus Ard-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann na Prótacail sin a shíniú nó déanfaidh daoine a bheidh údaraithe chun

déanamh amhlaidh thar a gceann iad a shíniú. Déanfar cóipeanna de gach Prótacal den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, chuig an Roinn Dlí agus Cirt i dTuaisceart Éireann, chuig Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann agus chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Má tá na moltaí sin roimhe seo inghlactha ag do Rialtas, is onóir dom a mholadh go measfar gurb ionann an litir seo agus do fhreagra chuige sin agus Comhaontú idir ár dhá Rialtas a thiocfaidh i bhfeidhm láithreach ar dháta do fhreagra.

Is mise, le meas,

An Ró-Onórach Paul Goggins, MP

Aire Stáit Thuaisceart Éireann

An Ró-Onórach Paul Goggins, MP

Aire Stáit Thuaisceart Éireann

Foirgnimh an Chaisleáin

Béal Feirste BT4 3SG

Tuaisceart Éireann

Paul, a chara,

Is onóir dom a admháil go bhfuarthas do litir dar dáta an 8 Aibreán 2010, atá mar a leanas:

"Is onóir dom tagairt a dhéanamh don Chomhaontú idir ár dhá Rialtas maidir le Comhar Póilíneachta, a síníodh in 2002, tar éis pléití in Weston Park.

Is onóir dom thairis sin tagairt a dhéanamh do phléití a rinneadh le déanaí idir ár dhá Rialtas lenar dearbhaíodh gur léiriú tábhachtach é oibriú leanúnach an Chomhaontaithe ar an gcomhar idir ár dhá Rialtas, a bhfuil an reachtaíocht riachtanach tugtha isteach acu chun a cheadú d'oifigigh phóilíneachta dul isteach go tobhach sna fórsaí agus chun iasachtú oifigeach póilíneachta idir na fórsaí a cheadú. Tugtar i gcuntas sa Chomhaontú an creat ar laistigh de a fhéadfaidh Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána prótacail oibríochta a chomhaontú ar ábhair a shonraítear sa Chomhaontú, eadhon iasachtuithe, malartuithe, oifigigh idirchaidrimh, oiliúint, pleanáil i gcomhair tubaistí, imscrúduithe comhpháirteacha, agus cumarsáid.

Ag féachaint do na pléití thuas, is onóir dom a mholadh go ndéanfar an Comhaontú a leasú mar a leanas:

Airteagal 3 Prótacail Phóilíneachta:

(2) Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána agus Ard-Chonstábla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann na Prótacail sin a shíniú nó déanfaidh daoine a bheidh údaraithe chun déanamh amhlaidh thar a gceann iad a shíniú. Déanfar cóipeanna de gach Prótacal den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, chuig an Roinn Dlí agus Cirt i dTuaisceart Éireann, chuig Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann agus chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Má tá na moltaí sin roimhe seo inghlactha ag do Rialtas, is onóir dom a mholadh go measfar gurb ionann an litir seo agus do fhreagra chuige sin agus Comhaontú idir ár dhá Rialtas a thiocfaidh i bhfeidhm láithreach ar dháta do fhreagra."

Mar fhreagra air sin, is onóir dom a chur in iúl duit go bhfuil na moltaí sin roimhe seo inghlactha ag Rialtas na hÉireann, a mheasfaidh gurb ionann do litir agus an freagra seo agus Comhaontú idir ár dhá Rialtas a thiocfaidh i bhfeidhm ar dháta an lae inniu.

Diarmuid Ó hEachthairn, TD

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

19 Aibreán 2010

SCEIDEAL 5

Alt 171(9)

Duine a Shealbhaíonn Oifig Bhreithiúnach a Cheapadh ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta

Breitheamh den Chúirt Uachtarach, nó iarbhreitheamh den Chúirt Uachtarach, a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta

1. (1) I gcás gur gnáthbhreitheamh den Chúirt Uachtarach é nó í an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach sin, féadfar breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Chúirt Uachtarach dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gur iarPhríomh-Bhreitheamh ar an gCúirt Uachtarach é nó í an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le halt 14(1)(a) d'Acht 1975 maidir leis nó léi i leith a cheapacháin nó a ceapacháin mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta go feadh an mhéid chéanna atá feidhm aige maidir le hiarPhríomh-Bhreitheamh a cheaptar chun bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir (de réir bhrí an Achta sin).

Breitheamh den Chúirt Achomhairc, nó iarUachtarán ar an gCúirt Achomhairc, a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta

2. (1) I gcás gurb é nó í Uachtarán na Cúirte Achomhairc an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, nó i gcás gur gnáthbhreitheamh den Chúirt Achomhairc an duine a cheapfar amhlaidh, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach a bhí á sealbhú aige nó aici ar é nó í a cheapadh amhlaidh, féadfar breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Chúirt Achomhairc dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gur iarUachtarán ar an gCúirt Achomhairc é nó í an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le halt 14(1)(aa) d'Acht 1975 maidir leis nó léi i leith a cheapacháin nó a ceapacháin mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta go feadh an mhéid chéanna atá feidhm aige maidir le hiarUachtarán ar an gCúirt Achomhairc a cheaptar chun bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir (de réir bhrí an Achta sin).

(3) I gcás gurb é nó í Uachtarán na Cúirte Achomhairc an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, féadfaidh sé nó sí, ó am go ham, fad a bheidh sé nó sí ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, gnáthbhreitheamh den Chúirt Achomhairc a cheapadh chun an dlínse go léir is infheidhmithe ag Uachtarán na Cúirte Achomhairc faoi alt 7D d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, a fheidhmiú thar a

cheann nó thar a ceann (agus cumhachtaítear don bhreitheamh sin leis seo an dlínse sin a fheidhmiú).

Breitheamh den Ard-Chúirt, nó Uacharán na hArd-Chúirte, nó iarUachtarán ar an Ard-Chúirt, a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta

3. (1) I gcás gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, nó i gcás gur gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt an duine a cheapfar amhlaidh, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach a bhí á sealbhú aige nó aici ar é nó í a cheapadh amhlaidh, féadfar breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Ard-Chúirt dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gur iarUachtarán ar an Ard-Chúirt é nó í an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le halt 14(1)(b) d'Acht 1975 maidir leis nó léi i leith a cheapacháin nó a ceapacháin mar an tOmbudsman Póilíneachta nó mar an Leas-Ombudsman Póilíneachta go feadh an mhéid chéanna atá feidhm aige maidir le hiarUachtarán ar an Ard-Chúirt a cheaptar chun bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir (de réir bhrí an Achta sin).

(3) I gcás gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, féadfaidh sé nó sí, ó am go ham, fad a bheidh sé nó sí ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt a cheapadh chun an dlínse go léir is infheidhmithe ag Uachtarán na hArd-Chúirte faoi alt 10(5) d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann (agus cumhachtaítear don bhreitheamh sin leis seo an dlínse sin a fheidhmiú).

Breitheamh den Chúirt Chuarda, nó Uachtarán na Cúirte Cuarda, a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta

4. (1) I gcás gur gnáthbhreitheamh den Chúirt Chuarda é nó í an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach sin, féadfar breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Chúirt Chuarda dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gurb é nó í Uachtarán na Cúirte Cuarda an duine a cheapfar ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, féadfar, fad a bheidh sé nó sí ina Ombudsman Póilíneachta nó ina hOmbudsman Póilíneachta nó ina Leas-Ombudsman Póilíneachta, breitheamh eile a cheapadh chun ról Uachtarán na Cúirte Cuarda agus féadfaidh sé nó sí an dlínse go léir is infheidhmithe ag Uachtarán na Cúirte Cuarda faoi alt 10 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann (agus cumhachtaítear don bhreitheamh sin leis seo an dlínse sin a fheidhmiú).

SCEIDEAL 6

Alt 233(8)

Duine a shealbhaíonn oifig bhreithiúnach a cheapadh ina scrúdaitheoir neamhspleách

Breitheamh den Chúirt Uachtarach, nó iarbhreitheamh den Chúirt Uachtarach, a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách

1. (1) I gcás gur gnáthbhreitheamh den Chúirt Uachtarach é nó í an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach sin, féadfar breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Chúirt Uachtarach dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gur iarPhríomh-Bhreitheamh ar an gCúirt Uachtarach é nó í an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le halt 14(1)(a) d'Acht 1975 maidir leis nó léi i leith a cheapacháin nó a ceapacháin mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách go feadh an mhéid chéanna atá feidhm aige maidir le hiarPhríomh-Bhreitheamh a cheaptar chun bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir (de réir bhrí an Achta sin).

Breitheamh den Chúirt Achomhairc, nó iarUachtarán ar an gCúirt Achomhairc, a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách

2. (1) I gcás gurb é nó í Uachtarán na Cúirte Achomhairc an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, nó i gcás gur gnáthbhreitheamh den Chúirt Achomhairc an duine a cheapfar amhlaidh, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach a bheidh arna sealbhú aige nó aici ar é nó í a cheapadh amhlaidh, féadfar breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Chúirt Achomhairc dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gur iarUachtarán ar an gCúirt Achomhairc é nó í an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le halt 14(1)(aa) d'Acht 1975 maidir leis nó léi i leith a cheapacháin nó a ceapacháin mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách go feadh an mhéid chéanna atá feidhm aige maidir le hiarUachtarán ar an gCúirt Achomhairc a cheapfar chun bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir (de réir bhrí an Achta sin).

(3) I gcás gurb é nó í Uachtarán na Cúirte Achomhairc an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, féadfaidh sé nó sí, ó am go ham, fad a bheidh sé nó sí ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, gnáthbhreitheamh den Chúirt Achomhairc a cheapadh chun an dlínse go léir is infheidhmithe ag Uachtarán na Cúirte Achomhairc faoi alt 7D d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann (agus cumhachtaítear don bhreitheamh sin leis seo an dlínse sin a fheidhmiú).

Breitheamh den Ard-Chúirt, nó Uachtarán na hArd-Chúirte, nó iarUachtarán ar an Ard-Chúirt, a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách

3. (1) I gcás gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, nó i gcás gur gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt an duine a cheapfar amhlaidh, nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach a bheidh arna sealbhú aige nó aici ar é nó í a cheapadh amhlaidh, féadfar

breitheamh amháin a chur le líon na ngnáthbhreithiúna den Ard-Chúirt dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) I gcás gur iarUachtarán ar an Ard-Chúirt é nó í an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le halt 14(1)(b) d'Acht 1975 maidir leis nó léi i leith a cheapacháin nó a ceapacháin mar an Scrúdaitheoir Neamhspleách go feadh an mhéid chéanna atá feidhm aige maidir le hiarUachtarán ar an Ard-Chúirt a cheapfar chun bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir (de réir bhrí an Achta sin).

(3) I gcás gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte an duine a cheapfar ina Scrúdaitheoir Neamhspleách nuair a cheapfar amhlaidh é nó í, féadfaidh sé nó sí, ó am go ham, fad a bheidh sé nó sí ina Scrúdaitheoir Neamhspleách, gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt a cheapadh chun an dlínse go léir is infheidhmithe ag Uachtarán na hArd-Chúirte faoi alt 10(5) d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann (agus cumhachtaítear don bhreitheamh sin leis seo an dlínse sin a fheidhmiú).

SCEIDEAL 7

Alt 261

Rialacháin agus Orduithe arna ndéanamh faoi, nó arna gcoimeád i bhfeidhm faoi, Achtachán a aisghairtear le hAlt 5 nach gcoimeádfar i bhfeidhm faoin Acht seo

(1) **Uimhir Thagartha**	**(2)** **Uimhir agus Bliain**	**(3)** **Teideal**	**(4)** **Méid na cúlghairme**
1.	04/02/1925	Na Rialacháin um Chiste Luach Saothair an Ghárda Síochána, 1925	An ionstraim reachtúil iomlán
2.	10/02/1925	Na Rialacháin um Chiste Luach Saothair an Ghárda Síochána (Riara), 1925	An ionstraim reachtúil iomlán
3.	I.R. Uimh. 441 de 1994	An tOrdú um Pá an Gharda Síochána, 1994	An ionstraim reachtúil iomlán
4.	I.R. Uimh. 214 de 2007	Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht)	An ionstraim reachtúil iomlán seachas sa mhéid go mbaineann sí le himeachtaí araíonachta (de réir bhrí na hionstraime reachtúla) i ndáil le comhalta arb imeachtaí iad a tosaíodh ach nár críochnaíodh roimh theacht i ngníomh *d'alt 261*
5.	I.R. Uimh. 640 de 2016	Na Rialacháin um Acht an Gharda Síochána, 2005 (Alt 52), 2016	An ionstraim reachtúil iomlán

6.	I.R. Uimh. 641 de 2016	Na Rialacháin um Acht an Gharda Síochána, 2005 (Ceapacháin chun na gcéimeanna arb éard iad Coimisinéir Cúnta den Gharda, ardcheannfort agus ceannfort), 2016	An ionstraim reachtúil iomlán
7.	I.R. Uimh. 28 de 2018	Na Rialacháin um Acht an Gharda Síochána, 2005 (Scor), 2018	An ionstraim reachtúil iomlán
8.	I.R. Uimh. 287 de 2020	Rialacháin an Gharda Síochána (Céimeanna), 2020	An ionstraim reachtúil iomlán

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

———————

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€27.18

9 781399 341257